

An Chéad Bhliain Lámhleabhar an Mhúinteora



Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

Nótaí d'iar-bhunscoileanna Gaeltachta
agus lán-Ghaeilge

Lámhleabhar an Mhúinteora





An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta

23 Plás Windsor
Baile Átha Cliath 2
www.cogg.ie

Dearadh agus leagan amach: Denis M-Baker, www.tudco.ie

Bainisteoir tionscadail: Pádraig Ó Beaglaoich

Eagarthóir: Darragh Mac Giolla Phádraig

Údair (www.ceacht.ie): Aoife Ní Chonchúir & Úna Nic Gabhann

Comhairleoir (www.ceacht.ie): Siuán Ní Mhaonaigh

Nótaí agus cleachtaí litríochta: Shane Ó Ruairc

Grianghraf: Ducklings: Peggy2012CREATIVELENZ. Princess Kate: Ricky Wilson - <https://www.flickr.com/photos/rwilsonphotography/13773362623>. Enda Kenny: Pete Souza (Executive Office of the President of the United States of the United States) - whitehouse.gov. Portrait of Angela Merkel: http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Christoph_Braun. Marlyn Monroe: http://en.wikipedia.org/wiki/20th_Century_Fox. Elvis Presley: <https://www.flickr.com/photos/117123465@N06/12439301195>. O4C: "President Barack Obama" by Official White House Photo by Pete Souza - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:President_Barack_Obama.jpg. Gabriel Byrne: By Ian Smith from London, England (Flickr) [CC BY-SA 2.0 (<http://creativecommons.org/licenses/by-sa/2.0/>)], via Wikimedia Commons. President Higgins: <https://www.flickr.com/photos/labourparty/6292087598/>. "Dog" by Olympic1981 - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:My_dog_-_Sierak%C3%B3w_-_at_home_in_summer.jpg. Cartoon dog by: Johnny automatic. https://openclipart.org/user-detail/johnny_automatic. Victoria Beckham: <https://www.flickr.com/photos/jingdianmeinv1/4016979206>. 'The Americans': logo by Supernino - Self created. - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:The_Americans_logo.png. Facebook logo courtesy of Facebook. "Debate Logo" via Wikipedia - http://en.wikipedia.org/wiki/File:Debate_Logo.svg#/media/File:Debate_Logo.svg. MABS logo, courtesy of MABS. "Participantes do Enem" by Wilson Dias/ABR - <http://www.agenciabrasil.gov.br/media/images/2007/08/26/1425WD9825.jpg/view>. "LazyGirl6" by Maria Raquel Cochez - <http://commons.wikimedia.org/wiki/File:LazyGirl6.jpg#/media/File:LazyGirl6.jpg>. "Donkeys at farm sanctuary" by Dave Crosby - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Donkeys_at_farm_sanctuary.jpg#/media/File:Donkeys_at_farm_sanctuary.jpg. Trocaire logo courtesy of Trocaire. "Irish stew" By Charles Haynes - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Irish_stew.jpg#/media/File:Irish_stew.jpg. Recycling image. http://en.wikipedia.org/wiki/Recycling#/media/File:Recycling_symbol.svg. "Electric car charging Amsterdam" by Ludovic Hirliemann - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Electric_car_charging_Amsterdam.jpg#/media/File:Electric_car_charging_Amsterdam.jpg. "Socket 5" by Firstfreddy - http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Socket_5.jpg#/media/File:Socket_5.jpg. "Children at School" - Lucélia Ribeiro <https://www.flickr.com/photos/lupuca/8720604364>. Symbol: Cyberbullying By Petar Milošević: http://commons.wikimedia.org/wiki/File:Phone_photography.jpg. Hurling picture under Creative Commons license: <http://pixabay.com/en/hurling-liam-mellows-gaa-ireland-1381972/>. Nelson Mandela & Dali Lama picture under Creative Commons license: <https://www.flickr.com/photos/kkendall/3293389888>. Photo by: Obed Zilwa. Aung San Suu Kyi picture under Creative Commons license: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Remise_du_Prix_Sakharov_%C3%A0_Aung_San_Suu_Kyi_Strasbourg_22_octobre_2013-04.jpg. Photo by: Claude TRUONG-NGOC. Martin Luther King picture under Creative Commons license: https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Martin_Luther_King,_Jr._I_Have_a_Dream_Speech_08-28-1963_Lincoln_Memorial.jpg. Courtesy of the US National Archives. Fairy Ring picture © Denis Baker, www.tudco.ie. Drugdealing & Protest March pictures courtesy of Dreamstime.com.

01 Reading-Free photo 6084011 © Paul Wetering - Dreamstime.com 01b Reading-Free photo 5505630 © Ustyujanin - Dreamstime.com 02 Books-Free photo 3880255 © Tyler Boyes - Dreamstime.com 03 Wizard-Free photo 6555634 © Shawn And Sue Roberts - Dreamstime.com 04 Students Writing-Free photo 8417282 © Monika Wisniewska - Dreamstime.com 04b FREE-Students Writing-2557396.jpg 05 FREE Image by roninmd 2537191 Pixabay 07 LP ID 62150279 © Vadmvdrobot | Dreamstime.com 08 LP https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Hurling_Ball_and_Hurley.JPG 10 LP ID 146812652 © Andreabzverova | Dreamstime.com 11 LP ID 28984991 © Woolfenden | Dreamstime.com 11b LP ID 43062574 © Marcin Ciesielski | Sylwia Cisek | Dreamstime.com 12 LP ID 99695549 © Milkos | Dreamstime.com 13 LP ID 5015415 © Kelliem | Dreamstime.com 14 LP ID 101281417 © Jaysi | Dreamstime.com 145 LP ID 41533629 © Monkey Business Images | Dreamstime.com 146 A LP ID 25077037 © graphicjet | Dreamstime.com 15 LP ID 114652780 © Vian1980 | Dreamstime.com 19 LP ID 83395125 © Vanessa Van Rensburg | Dreamstime.com 23 LP ID 28316562 © Chatchai Sangsri | Dreamstime.com 24 LP ID 45829399 © Photographerlondon | Dreamstime.com 26 LP ID 51990310 © Katarzyna Bialasiewicz | Dreamstime.com 27 LP ID 53905602 © Artranq | Dreamstime.com 28 LP ID 50875351 © Ocusfocus | Dreamstime.com 30 LP ID 111546210 © Nuiiko | Dreamstime.com 32 LP ID 112941442 © Scott Griessel | Dreamstime.com 36 LP ID 41721990 © Flair Images | Dreamstime.com 37 LP ID 112941438 © Scott Griessel | Dreamstime.com 38 LP ID 134206766 © Monkey Business Images | Dreamstime.com 39 LP ID 97526479 © Syda Productions | Dreamstime.com 40 LP ID 113158651 © Serhii Bobyk | Dreamstime.com 41 LP ID 78801088 © Rinofelino | Dreamstime.com 54AB LP by Arun Marsh https://commons.wikimedia.org/wiki/File:2009_Six_Nations_Champions_-_Ireland.jpg 54AC LP by Joseph Cripps - Kilmainham Gaol Museum, KMGLM 2011.0188, Public Domain, <https://commons.wikimedia.org/w/index.php?curid=65041252> 54C LP ID 81138797 © Mykola Kravchenko | Dreamstime.com 54D LP ID 107295534 © Lifeontheside | Dreamstime.com 54F LP ID 138453101 © Antonio Guillem | Dreamstime.com 54G LP ID 33758248 © Rihardzz | Dreamstime.com 54H LP ID 49332799 © Jozef Klopacka | Dreamstime.com 54J LP ID 66853160 © Furtaev | Dreamstime.com 54O LP ID 146461142 © Gennadii Chebeliaev | Dreamstime.com 55 LP ID 54961897 © Monkey Business Images | Dreamstime.com 55D LP ID 12756036 © Konstantin Kirillov | Dreamstime.com 55E LP ID 17366975 © Patryk Kosmider | Dreamstime.com 57 LP ID 81736249 © Crisfotolux | Dreamstime.com 59 LP ID 99966209 © Monkey Business Images | Dreamstime.com 60 LP ID 93210632 © Wavebreakmedia Ltd | Dreamstime.com 61 LP ID 84139569 © Dtiberio | Dreamstime.com 62 LP https://commons.wikimedia.org/wiki/File:Clough_bins,_May_2010.JPG 66 LP <http://www.flickr.com/photos/nlireland/12584715825/> 68 LP ID 122548732 © James Byard | Dreamstime.com 69 LP ID 96040280 © James Byard | Dreamstime.com 70 LP ID 56044001 © Dmi5050 | Dreamstime.com 72 LP ID 2141222 © Zoom-zoom | Dreamstime.com 73 LP ID 144985827 © Syda Productions | Dreamstime.com 74 LP ID 94439360 © Madrugadaverde | Dreamstime.com 75 LP ID 586181 © Dmires | Dreamstime.com 77 LP ID 98364787 © Jitka Laníková | Dreamstime.com 78 LP ID 107701990 © Chernetskaya | Dreamstime.com 80 LP ID 111376157 © Seventyfourimages | Dreamstime.com 82 LP Luas tram by William Murphy: <https://www.flickr.com/photos/informatique/5491772646> 85 LP by Pete Markham: <https://www.flickr.com/photos/pmarkham/1785092008> 91 LP Frustrated Computer User by Jack Sem <https://www.semtrio.com/> 92 LP ID 19493165 © Ajphotos | Dreamstime.com

Cad é Ceacht.ie?

Is tionscadal é **www.ceacht.ie** atá dírithe ar mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelcholáistí, ach is féidir le gach múinteoir Gaeilge úsáid a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil ann. Tá an t-ábhar bunaithe ar shaol an duine óig agus baintear úsáid as ábhar nua-aimseartha agus tarraingteach ann.

Ábhar don tSraith Shóisearach

Tá sé chaibidil nó sé thopaic i Ceacht.ie agus gach ceann acu roinnte i bhfothopaicí. Is ceithre thopaic atá sa leagan nótaí seo agus iad oiriúnaithe do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (An Chéad Bhliain).

An Cineál Ábhair atá ann

Cuirtear ábhar na ndaltaí i láthair i bhfoirm Powerpoint. Bíonn tascanna labhartha, scríofa, éisteachta agus tuisceana le déanamh acu.

Mar aon leis sin, cuirtear plean ceachta cuimsitheach ar fáil do mhúinteoirí le smaointe agus treoracha faoi conas an t-ábhar a úsáid go héifeachtach le gach rang; ag an am céanna, fágfar solúbthacht ag an múinteoir an plean a chur in oiriúint don rang atá aici/aige.

Tá ábhar físe agus fuaime ann le daltaí i nGaelcholáistí taobh istigh agus taobh amuigh den Ghaeltacht, iad ag caint fúthu féin, nó i mbun díospóireachta, nó ag freagairt ceisteanna. Tugann sé seo deis do dhaltaí ar fud na tíre éisteacht lena bpiaraí agus na canúintí a chur i gcomparáid lena chéile.

Caighdeáin éagsúla

Úsáidtear dathanna éagsúla le caighdeáin na bhfothopaicí a léiriú: glas do na topaicí bunúsacha, oráiste do thopaicí atá measartha dúshlánach agus dearg dóibh siúd atá dúshlánach.

Bunúsach

Measartha dúshlánach

Dúshlánach

Liosta de litríocht shamplach

Tá liosta litríochta curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar www.curriculumonline.ie

Ábhar samplach atá anseo atá ina threoir do mhúinteoirí maidir le téacsanna oiriúnacha.

Tá rogha de litríocht na chéad bhliana (gearrscéalta, amhráin agus dánta) leis na nótaí seo ach is faoi mhúinteoirí agus daltaí é a rogha féin a dhéanamh.

Ceacht.ie
Acmhainní do mhúinteoirí Gaeilge

Cad é Ceacht.ie?

Acmhainní don Teacht Sóisearach

- 01. Saol na hÉire
- 02. Saol sóisialta
- 03. Múinteoir agus na mháistir
- 04. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht
- 05. Múinteoir agus na mháistir
- 06. Múinteoir agus na mháistir

Fáilte go Ceacht.ie

Is tionscadal de chuid na Comhairle um Oibríochas Cealtach & Gaelcholáistí é Ceacht.ie.

Is é áitlín an tionscadail ná áitlín foghlaim agus teagasc atá nua-aimseartha agus dúshlánach a chur ar fáil do mhúinteoirí Gaeilge i scoileanna Gaeltachta agus i nGaelcholáistí.

Éirí leis na hÉire, Áitlín na hÉire agus Óra Kic Gaeilge, ag léamh faoi Ceacht.ie. Fágfar an tionscadal seo chun baint a bhaint as an tionscadal agus an tionscadal seo.

Bíonn ag cur le hálthair an tionscadail go dtí na hÉire na hÉire.

- Acmhainní don Teacht Sóisearach
- Acmhainní don Teacht
- Acmhainní don Teacht

Tuighde faoi chur i bhfeidhm Gaeilge i bhfoirm na hÉire. Gíogáil ar an tionscadal.

Ábhair Nua

Atá thionscadal seo go dtí na hÉire agus an tionscadal seo chun baint a bhaint as an tionscadal seo.

Is é áitlín na hÉire.

Cliceáil

Innéacs

Leagan Nótaí Ceacht.ie

1. Saol na scoile	6	7
A. Ábhair scoile (Jaic)		8
B. Ábhair scoile (Nicole)		11
C. Ábhair scoile (Pádraig)		13
D. Ábhair scoile sa saol (Measartha dúshlánach)	7	17
E. Ábhair scoile sa saol (Dúshlánach)	11	21
F. Bunscoil vs Meánscoil	15	25
G. An scrúdú cainte Gaeilge (Dúshlánach)		31
H. An Scoil i gCúba (Dúshlánach)	21	35
I. Scoil Thrítheangach (Réasúnta dúshlánach)	26	40
J. Tar éis am scoile (Dúshlánach)	32	46
K. Fócas ar Theanga: i. Litriú (caol & leathan)	36	50
ii. An aimsir láithreach	38	52
iii. Na bunuimhreacha (1 - 10)	42	56
2. Saol sóisialta	44	58
A. Am saor (Aoife & Liam)		59
B. Am saor (Bertie)		63
C. Saol sóisialta	45	67
D. Nuair a bhí mé i mo dhéagóir (Réasúnta dúshlánach)		70
E. Díospóireachtaí Uí Chadhain (Dúshlánach)	48	76
F. Déagóirí Sásta (Measartha dúshlánach)	53	81
G. Déagóirí Sásta (Dúshlánach)	57	85
H. Dán – Fear Lasta Lampáí (Réasúnta dúshlánach)		90
I. Iris na Scoile	62	94
J. Fócas ar Theanga: i. Litriú	65	97
ii. Na tuisil	68	100
iii. Uimhreacha	73	105
3. Mo mhuintir agus mo chairde	75	107
A. Ag cabhrú timpeall an tí (Réasúnta dúshlánach)		108
B. Ag cur aithne ar dhaoine	76	114
C. Ag tabhairt comhairle (Dúshlánach)	82	120
D. Mo sheanmháthair (Dúshlánach)	88	126
E. Mo theaghlach (Réasúnta dúshlánach)	93	131
F. Tréithe daoine (Réasúnta dúshlánach)	100	138
G. Tuismitheoirí bochta (Réasúnta dúshlánach)		143
H. Fócas ar Theanga: i. An tuiséal gairmeach	105	147
ii. An modh ordaitheach	107	149
iii. An t-ainm briathartha	110	152

4. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht	114	156
A. Ag sealbhú Gaeilge (Dúshlánach)	115	157
B. An Ghaeilge agus mé féin	121	163
C. An Ghaeilge thar lear (Measartha dúshlánach)	125	167
D. An tOireachtas (Dúshlánach)		173
E. Coimhthígh le chéile	131	178
F. Na Teangacha Ceilteacha (Dúshlánach)	137	184
G. Réaltaí na Gaeilge (Measartha dúshlánach)		191
H. Fócas ar Theanga: i. Inscne	144	197
ii. 'sa' agus 'i'	147	200
5. Litríocht na Chéad Bhliana	149	
Gearrscéalta:	150	
Bíonn an fhírinne searbh	154	
Púdar Draíochta	163	
Focalghníomh	175	
Díol agus Ceannach	187	
Eachtraí Aoibhne	198	
Na Gearrscannáin:	210	
Cúilín Dualach	211	
Clare sa Spéir	218	
Amhráin:	227	
Amhrán na bhFiann	229	
Amhrán na Scadán	236	
An Cailín Álainn	243	
Ná habair é, déan é	249	
Oíche Nollag	255	
Fáinne Geal an Lae	261	
Tír na nÓg	267	
An Philíocht:	275	
Athchúrsáil	279	
Cuimhní Cinn	288	
An Chéad Bhróg	297	
Clapsholas i nGort na Móna	306	
An Dall sa Studio	315	
Gealt?	323	
Mo Ghooglaíl	332	
Liosta na dtéacsanna molta	343	

Caibidil 1: Saol na Scoile

- A. Ábhair scoile (Jaic)
- B. Ábhair scoile (Nicole)
- C. Ábhair scoile (Pádraig)
- D. Ábhair scoile sa saol (Measartha dúshlánach)
- E. Ábhair scoile sa saol (Dúshlánach)
- F. Bunscoil vs Meánscoil
- G. An scrúdú cainte Gaeilge (Dúshlánach)
- H. An Scoil i gCúba (Dúshlánach)
- I. Scoil Thrítheangach (Réasúnta dúshlánach)
- J. Tar éis am scoile (Dúshlánach)
- K. Fócas ar Theanga:
 - i. Litriú
 - ii. An aimsir láithreach
 - iii. Uimhreacha



1D. Ábhair scoile sa saol: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile sa saol
Stór focal	Ábhair scoile sa saol

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír darb ainm *Fócas ar an Stair* a fuarthas ar *iTunes* ar shuíomh COGG. Ní téacs ródheacair é de bhrí gur múinteoir í an cainteoir ag déanamh cur síos ar cad is stair ann. Caint phragmatach atá ann murab ionann agus comhrá nádúrtha.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an script tugtha chomh maith agus is féidir í a úsáid le rang atá níos laige.



Réamhobair

- ✓ Is féidir na treoracha a léamh leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin ligean dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✓ Téigh siar ar gach abairt sa bhosca ar dheis áfach má cheapann tú nach bhfuil siad ar eolas ag an rang.



Réamhobair 2

- ✓ Ní hamháin go bhfuil sé tábhachtach go dtuigeann na foghlaimeoirí an stór focal ach tá sé chomh tábhachtach céanna go ndírítear aird na bhfoghlaimeoirí ar a bpróiseas foghlama féin – feacht fhoghlama.
- ✓ Léigh na pointí leo ag tabhairt tuilleadh samplaí más gá.
- ✓ Tabhair seans dóibh féin brí na bhfocal a aimsiú sula gcuireann tusa an leagan Béarla ina láthair.



Éisteacht

- ✓ Cuir an mhír ar siúl agus iarr orthu na ceisteanna 1-3 a fhreagairt. Cuir stop leis an mír tar éis gach píosa eolais más gá, ag brath ar leibhéal an ranga.
- ✓ Feacht teanga atá i gceist le ceist 4. Is fiú go mór comparáidí a dhéanamh idir an Béarla agus an Ghaeilge chun struchtúr na Gaeilge a shoiléiriú. Sa chás seo, tagann an aidiacht tar éis an ainmfhocail sa Ghaeilge agus a mhalairt atá i gceist leis an mBéarla.



Iarphlé

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 1' agus Ról A do dhuine 1 agus tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 2' agus Ról B do dhuine 2.

- ✓ Tá ar dhuine 1 an script faoi Ról A a léamh amach do dhuine 2 agus caithfidh duine 2 na bearnaí a líonadh i 'Rólghníomhaíocht – duine 2'.
- ✓ Iarr orthu na rólanna a mhalartú ansin – caithfidh duine 2 an script faoi Ról B a léamh agus caithfidh duine 1 na bearnaí a líonadh i 'Rólghníomhaíocht – duine 1'.
- ✓ Nuair atá sé déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.

Freagraí

Réamhobair 1

An Eacnamaíocht Bhaile	Ag bácáil cáca milis deas do do mháthair ar Lá na Máithreacha.
Oideachas Reiligiúin	Ag déanamh plé ar na difríochtaí idir an Caitliceachas agus an Búdachas.
An Tíreolaíocht	Ag insint do thurasóirí cá bhfuil cathair na Gaillimhe.
An Fhraincis	Ag ceannach aráin i mbácús i mbaile beag i ndeisceart na Fraince.
An Béarla	Ag féachaint ar an scannán is fearr leat agus ag léamh Harry Potter.
An Teicneolaíocht	Ag scríobh aiste ar an ríomhaire agus ag cur téacs chuig do chara.
An Eolaíocht	Ag bruith / ag beiriú uisce le do phasta a chócaireacht ann.
An Ghaeilge	Ag labhairt le do chairde sa sos.
An Corpoideachas	Ag imirt cluichí amuigh faoin aer le do chuid cairde.
An Mata	Ag roinnt bille le cara tar éis caife a ól i lár an bhaile.

Réamhobair 2

go léir – *all*

ócáidí speisialta – *special occasions*

saoire thaitneamhach – *nice holiday*

ócáidí brónacha – *sad occasions*

imeachtaí tábhachtacha – *important events*

i bhfad i gcéin – *far away*

formhór – *majority*

dúnmharú – *murder*

tuirling – *to land*

An Dara Cogadh Domhanda – *The Second World War*

an buama adamhach – *the atomic bomb*

eachtraí – *incident / event*

na céadta bliain – *hundreds of years*

ag éirí aníos – *growing up*

Sleamhnán 4	Ábhair scoile sa saol larphlé 1 Rólghníomhaíocht Duine 1 Tá mé féin sa Tríú Bliain ar scoil. Is é an t-ábhar is fearr liom ná an _____. Is maith liom an tíreolaíocht mar tá an múinteoir _____. Déanaimid staidéar ar a lán rudaí éagsúla – an domhan mar atá sé; na _____ ar fad; an difríocht idir ceantair tuaithe agus _____; léarscáileanna agus _____. Ní thaitníonn _____ liom in aon chor, bíim caillte sa rang. Nuair a bhíonn cluaistuiscint á déanamh againn sa rang, _____ focal. An labhraíonn na Francaigh chomh tapa sin i gcónaí?	Obair bheirte: éisteacht agus bearnaí le líonadh.
Sleamhnán 5	Ábhair scoile sa saol larphlé 2 Rólghníomhaíocht Duine 2 Clíona is ainm dom agus tá mé ag déanamh an Teastais Shóisearaigh _____. Is breá liom _____ ar fad, go háirithe an Spáinnis agus an Ghaeilge. Tá Gaeilge agus Béarla _____ agam agus ceapaim go gcabhraíonn sé sin liom teanga eile a fhoghlaim. _____ liom an Mata chomh maith mar nuair a thuigean tú rud éigin tá sé éasca ansin na cleachtaí a dhéanamh. Déanaimid _____ ailgéabar, ar _____ agus ar gheoiméadracht agus a lán eile.	Obair bheirte: éisteacht agus bearnaí le líonadh.

1E. Ábhair scoile sa saol: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ábhair scoile sa saol
Stór focal	Ábhair scoile sa saol

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír darb ainm *Fócas ar an Stair* a fuarthas ar iTunes ar shuíomh COGG. Ní téacs ródheacair é de bhrí gur múinteoir í an cainteoir ag déanamh cur síos ar cad is stair ann. Caint phragmatach atá ann murab ionann agus comhrá nádúrtha.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin. Mar shampla:

An Mata 8

An Ghaeilge 4

An Béarla 5

An Tíreolaíocht 1

An Fhraincis 7

An Eolaíocht 2

An Teicneolaíocht 3

Oideachas Reiligiúin 6

“Is fuath liom an mata, tá sé an-deacair ar fad. Is breá liom an tíreolaíocht mar ceapaim go bhfuil sé suimiúil agus is maith liom bheith ag léamh léarscáileanna. Ní maith liom an Fhraincis ach an oiread...” agus mar sin de.

- ✓ Tabhair deis dóibh na ceisteanna a chur ar a chéile i mbeirteanna nó i ngrúpaí, ag brath ar chumas an ranga.



Éisteacht 1

- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad an stór focal. Déan iarracht an t-eolas a fháil ó na foghlaimeoirí féin ar dtús sula gcuirfidh tú an leagan Béarla ar fáil dóibh.
- ✓ Léigh na ceisteanna leo agus cuir an mhír ar siúl faoi dhó. Iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt tar éis dóibh éisteacht leis an mír. Murar éirigh leo na ceisteanna ar fad a fhreagairt cuir an mhír ar siúl arís, ag cur stop léi tar éis an eolais chuí.
- ✓ Feasacht fhoghlama atá i gceist leis an dá cheist dheireanacha – déan iarracht i gcónaí aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar a bpróiseas foghlama féin.



Éisteacht 2

- ✓ Ceacht é seo ar an aimsir láithreach agus ar an tuiséal ainmneach. Caithfidh na foghlaimoirí an leagan ceart den fhocal a roghnú ó leathanach 'Éisteacht 2b'.
- ✓ Iarr orthu na freagraí a sholáthar gan éisteacht leis an mír agus cuir an mhír ar siúl ansin leis na freagraí a sheiceáil.



Iarphlé

- ✓ Léigh na treoracha ar an mbileog ar fad agus iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.



Moltaí eile

- ✓ Is féidir cúpla eachtra i stair na hÉireann a bhreacadh ar an gclár bán agus seans a thabhairt do gach beirt, nó do gach grúpa, 3 nó 4 phointe eolais faoi gach eachtra a phlé le chéile. An Gorta Mór mar shampla.
- ✓ Is féidir iarraidh ar gach beirt nó gach grúpa 3 nó 4 eachtra nó imeacht a tharla ina gceantair féin a bhreacadh síos agus a phlé. Buachan Chraobh na hÉireann sa pheil ghaelach mar shampla.
- ✓ Is féidir 'Stair – Éisteacht 2' a úsáid leis féin mar thacaíocht ar aon cheacht eile a phléann an aimsir láithreach.

1E. Ábhair scoile sa saol

Sleamhnán 1

Ábhair scoile sa saol

Réamhobair

Tú féin:

1. Breac síos na hábhair scoile atá á staidéar agat. Bí cinnte go bhfuil siad litrithe i gceart.
2. Cuir in ord tosaíochta iad anois trí uimhir 1 a chur in aice leis an ábhar is fearr leat, uimhir 2 in aice leis an dara hábhar is fearr leat agus mar sin de.
3. Bí in ann a rá cén fáth a dtaitníonn nó nach dtaitníonn na hábhair leat!

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuir na ceisteanna seo ar a chéile:

1. Cad iad na hábhair scoile is fearr leat? Cén fáth?
2. Cad iad na hábhair scoile nach maith leat in aon chor? Cén fáth?
3. Cad iad na hábhair a mbaineann na pictiúir thíos leo, cén fáth?



Tasc scríofa: ábhair scoile; **obair bheirte:** comparáid a dhéanamh le do pháirtí.

Sleamhnán 2

Ábhair scoile sa saol

Éisteacht 1

Sula n-éistean tú leis an mír féach ar na focail seo thíos. Cad is brí leo?

i bhfad i gcéin
formhór
dúnmharú
tuirling
An Dara Cogadh Domhanda
ag éirí aníos

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna seo:

1. Cad iad na samplaí ar fad den stair a luaitear sa mhír?
2. Cad é an sainmhíniú a thugann an cainteoir ar an stair?

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

1. An raibh sé éasca an cainteoir a thuiscint? Cén fáth?
2. An raibh aon chuid den mhír nár thuig tú?
3. Ar chuidigh na focail Bhéarla leat an mhír a thuiscint?

Stór focal; Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt; **feasacht foghlama:** cumas tuisceana.

Sleamhnán 3

Ábhair scoile sa saol

Éisteacht 2a

Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den fhocal:

Cad a bhíonn á dhéanamh againn agus staidéar á _____ (1) ar an stair againn? Is cuimhin linn go léir rudai a tharla dúinn san am atá thart. Is cuimhin leis an gcuid is mó againn ócáidí speisialta _____ (2) áthas orainn, _____ (3) lá againn ar scoil cuir i gcás nó saoire thaitneamhach nó _____ (4). Bíonn cuimhní againn ar ócáidí brónacha chomh maith, ar thimpiste nó ar bhás duine den teaghlach againn. Ní hamháin go _____ (5) muid ag féachaint siar ar eachtraí a tharla lenár linn féin ach b'fhéidir go mbeadh cuimhne againn ar imeachtaí tábhachtacha (important events) a tharla inár gceantar féin, inár dtír féin nó in áiteanna i bhfad i gcéin sa domhan chomh maith.

Dá n-iarrrá ar do mhuintir liosta a _____ (6) d'imeachtaí móra bheadh cuimhne acu ar a lán imeachtaí a tharla lena linn féin. Is dócha go mbeadh cuimhne ag an bhformhór ar dhúnmharú an Uachtaráin, J.F. Kennedy, i mí na Samhna, míle naoi gcéad seasca trí, agus ar an gcéad uair a thuirling duine ar an ngealach, mí Iúil, míle naoi gcéad seasca naoi.

Bheadh cuimhne ag do sheanmhuintir ar rudai a tharla i bhfad níos faide siar san am atá thart. B'fhéidir go mbeadh cuimhne acu an lá a thosaigh an dara cogadh domhanda agus an lá a scaoileadh an chéad bhuama adamhach (atomic bomb), ar Hiroshima na Seapáine, Lúnasa, míle naoi gcéad ceathracha a cúig.

Féachaint siar ar an am atá thart ar an tsli sin, mar sin a _____ (7) staidéar ar an stair. Ní hamháin go _____ (8) an stair dúinn conas mar a bhí an saol nuair a bhí ár muintir agus ár seanmhuintir ag éirí aníos. _____ (9) sé dúinn chomh maith conas mar a bhí an saol ag daoine na céadta bliain ó shin.

Éisteacht; Gramadach: aimsir láithreach, tuiséal ainmneach

Sleamhnán 4

Ábhair scoile sa saol

Éisteacht 2b

1. dhéanamh	déanamh	ndéanamh
2. cuireann	gcuireann	chuireann
3. gcéad	chéad	céad
4. an Nollaig	na Nollag	an Nollag
5. bíonn	bhíonn	mbíonn
6. déanaim	dhéanta	dhéanamh
7. déantar	dhéantar	ndéantar
8. dtaispeánann	thaispeánann	thaispeáin
9. Insím	Insíonn	Insítear

Éisteacht; Gramadach: aimsir láithreach, tuiseal ainmneach

Sleamhnán 5

Ábhair scoile sa saol

Iarphlé

A. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

1. Cén sainmhíniú a thabharfá féin ar an stair?
2. Cén fáth a bhfuil sé tábhachtach staidéar a dhéanamh ar an stair?

B. Breac síos na hábhair scoile atá á staidéar agat arís. Anois, scríobh abairt amháin in aice le gach ábhar, a dhéanann cur síos ar an ábhar sin. Mar shampla:

Mata: Déanaimid staidéar ar uimhreacha agus ar chomhaireamh.

*Ná déan dearmad go mbíonn séimhiú ar an bhfocal tar éis 'ar' go minic!

C. Léigh amach gach sainmhíniú a scríobh tú don duine in aice leat gan a insint dó nó di an t-ábhar. Caithfidh an duine sin buille faoi thuairim a thabhairt agus a rá cén t-ábhar atá i gceist. Mar shampla:

Duine A: Déanaimid staidéar ar uimhreacha agus ar chomhaireamh.
Duine B: Mata.

Malartaígi rólanna ansin.

Obair bheirte: stair, ábhair scoile.

1F. Bunscoil vs. Meánscoil: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisciana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / comparáid idir an bhunscoil agus an mheánscoil
Stór focal	An bhunscoil agus an mheánscoil

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil dalta ón gcéad bhliain ag déanamh comparáide idir an saol sa bhunscoil agus sa mheánscoil. Tá an mhír éasca go leor agus i gcanúint na Mumhan.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le dalta ag caint ar a shaol sa bhunscoil i gcomparáid lena shaol sa mheánscoil (sleamhnán 1).
- ✓ Tá dhá aidhm le sleamhnán 2: stór focal a leathnú agus díriú ar an struchtúr a bhaineann le céimeanna comparáide na haidiachta. Is féidir leat díreach an méid atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh leis an rang nó más maith leat, d'fhéadfá breis samplaí a chur ar fáil do na daltaí.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad (féach Freagraí thíos).



Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



Iarphlé 1

- ✓ Bheadh sé go maith dá bhféadfaí na daltaí a chur i ngrúpaí beaga (beirt nó triúr) chun an chéad chleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh le chéile ar feadh cúpla nóiméad. Muna bhfuil sé sin réalaíoch, déan iarracht plé ranga a chothú timpeall ar na ceisteanna atá ann.
- ✓ Ba cheart go mbeadh go leor samplaí de chéimeanna comparáide na haidiachta ag teacht chun cinn go nádúrtha sa chaint. Nuair a bheidh an plé thart, leag béim ar na samplaí a tháinig chun cinn ach ní gá ceacht gramadaí a bhunú orthu.
- ✓ Leag béim ar an nath cainte 'braithim uaim...' Bí cinnte go dtuigeann na daltaí conas é a úsáid. Tá sé tábhachtach mar is minic a úsáideann daoine 'misseáilim...' seachas 'braithim uaim...' Má theastaíonn uait dúshlán breise a thabhairt don rang abair leo na rudaí seo a leanas a rá as Gaeilge duit: *you miss...* (braitheann tú uait); *he misses...* (braitheann sé uaidh); *she misses...* (braitheann sí uaidh); *we miss...* (braithimid uainn); *you (pl) miss...* (braitheann sibh uaibh); *they miss...* (braitheann siad uathu).



Iarphlé 2

- ✓ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltáí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.



Iarphlé 3

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná luach a thabhairt do dhaltáí ar leaganacha fatacha na Gaeilge seachas iad a bheith ag úsáid focal ar nós ‘actually’, ‘just’, ‘really’ in ionad.
- ✓ Tá focail eile ann a bhfuil an ról céanna sa teanga acu is atá ag ‘dheara’ (féach Freagraí thíos).



Iarphlé 4

- ✓ Earráid an-chomónta i gcaint na ndaltaí is ea “an dara bhliain”. Gan amhras, níor cheart an séimhiú sin a bheith ann. Mínigh dóibh nach leanann séimhiú aon cheann de na horduimhreacha seachas ‘an chéad’.
- ✓ Abair leo an cleachtadh a dhéanamh le chéile agus ceartaigh ansin é (féach Freagraí thíos).
- ✓ Ceartaigh na daltaí gach uair a chloisfidh tú iad ag déanamh na hearráide sin as seo amach!

Freagraí

Réamhobair

6. níos fearr / níos measa
7. níos deacra / níos éasca (níos furasta / níos fusa)
8. níos faide / níos giorra
9. níos suimiúla / níos leadránaí

Iarphlé 2

1. An babhta deireanach: *an uair **dheireanach** (le séimhiú ar deireanach toisc uair a bheith baininscneach)*
2. Sin difríocht millteach ar fad: *Sin difríocht an-mhór go deo*
3. Sinne na leanaí óga atá sa scoil: *Muidne na páistí óga atá sa scoil*
4. Bíonn siad thíos faoin mbaile: *bíonn siad thíos i lár an bhaile / sa bhaile*
5. Cluiche caide: *cluiche peile*

Iarphlé 3

Leaganacha eile den bhfocal ‘dheara’:

mhuise

muis

leoga

(B’fhéidir go bhfuil cinn eile agat féin)

Iarphlé 4

First year:	an chéad bh liain
Second year:	an dara bliain
Third year:	an tríú bliain
Fourth year:	an ceathrú bliain
Fifth year:	an cúigiú bliain
Sixth year:	an séú bliain

1F. Bunscoil v. Meánscoil

Sleamhnán 1	Bunscoil vs. Meánscoil Ar ball, beidh tú ag éisteacht le Pádraig, dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, ag labhairt faoi na difríochtaí atá idir an saol sa bhunscoil agus an saol sa chéad bhliain sa mheánscoil. Sula n-éisteann tú leis, tabhair faoin gcleachtadh seo a leanas... 	Réamhrá
Sleamhnán 2	Bunscoil vs. Meánscoil réamhobair Cuir ar fáil a mhalairt de rud thíos... Sampla: níos mó / níos lú 1. níos fearr/ níos ...? 2. níos deacra/ níos ...? 3. níos faide / níos ...? 4. níos suimiúla / níos ...? 	Stór focal: céimeanna comparáide na haidiachta.
Sleamhnán 3	Bunscoil vs. Meánscoil éisteacht Éist le Pádraig, dalta ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne, agus aimsigh freagraí na gceisteanna seo a leanas: 1. Cé mhéad duine a bhí i mbunscoil Phádraig, ar an iomlán? 2. Cé mhéad duine a bhí sa rang in éineacht leis sa bhunscoil? 3. Cé mhéad duine atá sa rang in éineacht leis sa mheánscoil anois? 4. Cad iad na rudaí a bhraitheann Pádraig uaidh ón mbunscoil? 5. Cad nach bhfuil cead ag an gcéad bhliain a dhéanamh fós? Cad a dhéanann Pádraig agus a chairde ina ionad?	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 4	Bunscoil vs. Meánscoil Iarphlé 1 I do chás féin, an bhfuil na rudaí seo a leanas níos fearr nó níos measa sa mheánscoil ná mar a bhí sa bhunscoil? 1. cairde 2. múinteoirí 3. an t-atmaisféar sa scoil 4. na háiseanna atá sa scoil 5. an cleachtadh agus an spraoi An mbraitheann tú aon rud uait ón mbunscoil? Cad é? <i>Braithim uaim...</i> <i>Ní bhraithim uaim...</i>	Obair bheirte/ghrúpa: plé ar na difríochtaí idir bunscoil agus iar-bhunscoil; Céimeanna comparáide na haidiachta; nath cainte: braithim uaim;
Sleamhnán 5	Bunscoil vs. Meánscoil Iarphlé 2 Conas a deir tusa é? Bíonn difríochtaí sna canúintí go minic sa Ghaeilge. An bhfuil slite eile agatsa chun na rudaí seo a rá? “An babhta deireanach...” “Sin difríocht millteach ar fad..” “Sinne na leanaí óga atá sa scoil.” “Bíonn siad thíos faoin mbaile.” “Cluiche caide”	Feasacht teanga: na canúintí.
Sleamhnán 6	Bunscoil vs. Meánscoil Iarphlé 3 Úsáideann Pádraig an focal ‘dheara’... agus é ag caint (mar a úsáideann gach cainteoir i gCorca Dhuibhne). Cén ról atá ag an bhfocal ‘dheara’ sa chaint? Do mhuintir na nGaeltachtaí eile agus na nGaelscoileanna: An bhfuil leagan eile den bhfocal ‘dheara’ i do chanúint áitiúil féin? Cad é?	Feasacht teanga: Béarla a sheachaint, Gaeilge a shaibhriú.

Sleamhnán 7

Bunscoil vs. Meánscoil

Iarphlé 4

Earráid chomónta!

Is minic a chloisfeá foghlaimeoirí Gaeilge ag rá 'an dara bhliain'. Ta sé sin mícheart! Ceapann siad toisc go ndeirtear 'an chéad bhliain' gur cheart dóibh séimhiú a chur ann. Ní mar sin atá. Cad é an rud ceart, mar sin? Pléigh leis an duine in aice leat conas na rudaí seo a rá i gceart:

First year
Second year
Third year
Fourth year
Fifth year
Sixth year

Feasacht teanga: earráid chomónta – an dara bhliain (ní cóir h a chur isteach)

1H. An Scoil i gCúba: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / ginearálta
Stór focal	Saol na scoile

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar shliocht ó dhialann dalta scoile i gCúba. Ní téacs ródheacair é agus tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht **An Aimsir láithreach** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid i dteannta leis na gníomhaíochtaí seo.



Réamhobair 1

- ✓ Léigh na ceisteanna leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✓ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✓ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.



Réamhobair 2

- ✓ Tabhair deis do na foghlaimeoirí na focail sa dá cholún a cheangal le chéile. Cuir béim arís ar na bealaí atá ann chun cuidiú leo an rogha ceart a dhéanamh fiú mura bhfuil an focal ar eolas acu – níos mó ná focal amháin sa fhrása / aidiacht / focail atá cosúil lena chéile sa dá theanga.
- ✓ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh thusa ansin iad.
- ✓ Iarr ar gach dalta cúpla focal a bhreacadh sa bhosca faoi Chúba, mar shampla: seanghluaisteáin, tír bhocht, tír shóisialach, ceol traidisiúnta, siúcra (cána siúcra), cnónna cócó agus araile.
- ✓ Iarr ar gach beirt a gcuid tuairimí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh thusa ansin iad.



Léamh

- ✓ Léigh an t-alt leis an rang ar fad.
- ✓ Téigh siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.
- ✓ Iarr ar dhalta éagsúla cuid den léitheoireacht a dhéanamh amach os ard.



Léamhthuiscint

- ✓ Iarr ar an rang na ceisteanna faoin alt a dhéanamh leo féin ar dtús agus ansin nuair atá siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



Iarphlé

- ✓ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile. Beidh orthu dul siar ar an alt chun na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Is cinnte go bhfuil deacrachtaí ann daoine óga a chur le chéile chun caint mar seo a dhéanamh ach, is féidir duine lag (nó toirmeascach) a chur in aice le duine níos fearr (scoláire maith). Iarr orthu nótaí a scríobh síos chomh maith a chuideoidh leo a n-intinn a dhíriú ar an gcaint i gceist.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.



Scríobh

- ✓ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag scríobh cúpla alt faoin ngnáthshaol scoile ina saol féin.
- ✓ Abair leo an píosa a scríobh san aimsir (ghnáth)láithreach.
- ✓ Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi léith a dhíriú ar an litriú.



Moltaí eile

- ✓ Is féidir beirt a chur le chéile chun an t-alt a léamh amach os ard ina mbeirteanna, léitheoir láidir le léitheoir lag mar shampla.
- ✓ Is féidir iarraidh ar dhalta maith cur síos a dhéanamh os comhair an ranga ar ghnáthlá ina scoil féin agus ceisteanna a chur ar na daltaí eile faoi cad a dúirt sé.

Freagraí

Réamhobair 1

13. I Muir Chairib.
14. Raúl Castro
15. Habana
16. Sóisialachas
17. An Spáinnis
18. Turasóireacht
19. Teannasach
20. 5 bliana i bpríosún

Réamhobair 2

is ar éigean	<i>barely</i>
thobair go	<i>nearly</i>
confach	<i>furious</i>
bhí rún agam	<i>I had intended</i>
dúthrachtach	<i>diligent</i>
cairdeolaí	<i>cardiologist</i>
bheadh fuath agam ar	<i>I would hate</i>
cumha	<i>loneliness / nostalgia</i>

Léamhthuisctint

1. Bréagach (bhí sé ag damhsa salsa i dteach a aintín go mall san oíche).
2. Bréagach (cuirtear lón ar fáil sa scoil).
3. Ní deirtear (cé mhéad ríomhaire a fuarthas).
4. Bréagach (níl se cinnte níos mó).
5. Fíor.
6. Fíor.

1H. An Scoil i gCúba

Sleamhnán 1

An scoil i gCúba

Réamhobair 1

Cuir tic in aice leis an bhfreagra ceart.

1. Cá bhfuil Cúba suite?
☐ i Muir Éireann ☐ i Muir Chairib ☐ sa Mhuir Rua
 2. Cé hé Uachtarán na tíre?
☐ Fidel Castro ☐ Raúl Castro ☐ Fulgencio Batista
 3. Cad í príomhchathair Chúba?
☐ Habana ☐ Buenos Aires ☐ San José
 4. Cén cineál córas polaitíochta atá i gCúba?
☐ Cumannachas ☐ Sóisialachas ☐ Caipitleachas
 5. Cad í an teanga oifigiúil?
☐ An Béarla ☐ An Spáinnis ☐ An Fhraincis
 6. Cad í an tionsclaíocht is mó sa tír?
☐ Caife ☐ Siúcra ☐ Turasóireacht
 7. Cén cineál caidrimh atá idir Cúba agus na Stáit Aontaithe?
☐ an-mhaith ☐ teannasach ☐ trodach
 8. Má úsáidtear an t-idirlíon gan chead gearrtar:
☐ 5 bliana i bpríosún ☐ 5 lá i bpríosún ☐ 5 mhí i bpríosún
- Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Obair aonair: tabhairt faoi na ceisteanna a fhreagairt; **obair bheirte:** freagraí a chur i gcomparáid le chéile; **plé ranga:** na freagraí a phlé le chéile.

Sleamhnán 2

An scoil i gCúba

Réamhobair 2

Beidh tú ag léamh sleachta ó dhialann dalta scoile ó Chúba ar ball. An féidir leat na focail Bhéarla a cheangal leis na focail Ghaeilge? Beidh na focail sa sliocht a léifidh tú.

is ar éigean	cross
thobair go	loneliness / nostalgia
confach	barely
bhí rún agam	cardiologist
dúthrachtach	I would hate
cairdeolaí	nearly
bheadh fuath agam ar	I had intended
cumha	diligent

An féidir leat cúpla focal eile a ritheann leat (*comes to mind*) nuair a smaoiníonn tú ar Chúba a bhreacadh sa bhosca.



Aimsir the,

Cad a bhí ag an duine in aice leat?

Stór focal: focail dhúshlánacha a cheangal lena míniú i mBéarla;

Sleamhnán 3

An scoil i gCúba

Léamh

Dé Céadaoin, 2 Bealtaine 2012

Is ar éigean ar éirigh mé amach as an leaba ar maidin le freastal ar an scoil, bhí mé tuirseach traochta. Chaith mé an lá ar fad inné ag máirseáil ar son an tsóisialachais i dteannta gach dalta scoile eile i gCúba. Bhí cóisir ag mo theaghlach i dteach m'aintín agus níor éirigh mé as an damhsa salsa go dtí a haon a chlog ar maidin! Thobair gur thit mé i mo chodladh le linn rang na Matamaitice ar maidin, an chéad rang a thosaíonn ar a hocht. Is maith liom an Mhatamaitic ach is féidir leis an múinteoir a bheith confach go leor agus ní raibh sí sásta liomsa inniu. Ceapaim go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid ar a hocht agus críochnaímid ar a ceathair a chlog, agus bíonn lón uair an chloig againn. Cuireann an scoil an lón ar fáil agus is annamh nach mbíonn rís, pónaireí agus glasaí againn ach is cuma liom, is breá liom am lóin.

Déardaoin, 3 Bealtaine 2012

Bhain mé sup as an lá scoile inniu. Is iad an Eolaíocht; Stair agus Tíreolaíocht idirnáisiúnta; agus an Mheicnic na hábhair is fearr liom agus bhí siad ar fad agam inniu. Seo hiad na hábhair eile atá á staidéar agam: Matamaitic; Spáinnis; Litríocht; Eolaíocht; Stair agus Tíreolaíocht; Ceol; Ealaín; Adhmadóireacht, Béarla agus Spórt. Is iad na hábhair roghnacha ná Cócaireacht, Fuail agus an Mheicnic. Chomh maith leis sin bhí cúpla uair an chloig againn ar na ríomhairí nua a fuair an scoil anuraidh (ní raibh aon ríomhaire againn roimhe sin in aon chor). B'fhéidir go mbeidh an t-idirlíon againn amach anseo . . .

Léamhthuisicint: léitheoireacht.

Sleamhnán 4	An scoil i gCúba Léamh ar lean Bhí rún agam bheith i mo dhochtúir i gcónaí, ach níl mé cinnte faoi sin anois. Is dochtúir í mo mháthair agus is é m'athair atá i mbun an tí - tá teach 'Leaba agus Bricfeasta' againn. Oibríonn an bheirt acu go dúthrachtach ach saothraítear i bhfad níos mó airgid leis an 'Leaba agus Bricfeasta' ná mar a shaothraíonn mo mháthair, agus chaith síse cúig bliana déag tar éis na meánscoile ag staidéar le bheith ina cairdeolaí. Cén fáth a gcráfaínn mo chroí ar feadh na mblianta ag staidéar nuair a shaothraíonn tuilleadh airgid ag obair mar fhear tacaí? Dé hAoine, 4 Bealtaine 2012 Bhí sé ag stealladh báistí ar maidin agus mé ar mo rothar chun na scoile, bhí mé fliuch báite nuair a bhain mé an scoil amach, 8km ón teach! Is fuath liom m'éide scoile, is annamh a oireann sí don aimsir, i i gcónaí róthe agus róthrom. Ach ní agamsa atá an saol is measa, bíonn ar mhuintir na tuaithe freastal ar scoileanna cónaithe toisc iad bheith rófhada ar shiúl ón scoil. Bheadh fuath agam air sin, bheadh cumha milleanach orm! Nuair a smaoinim chomh maith nach bhfuil comhoideachas i dtíortha áirithe agus go gcaithfidh cailíní agus buachaillí bheith scartha óna chéile sna blianta órga! Bheinn féin cailte gan na cailíní, ní hamháin go bhfuil dúil agam iontu ach cuidíonn siad liom mo chuid obair bhaile a dhéanamh go minic. Níl ach seachtain amháin fágtha go dtí go mbaileoidh mé liom leis na daltaí eile i mo rang go dtí feirm mhór i lár na tíre. Bíonn ar gach dalta scoile obair fheirme a dhéanamh ar feadh míosa gach bliain.	Léamhthuisct: léitheoireacht.
Sleamhnán 5	An scoil i gCúba Léamhthuisct Léigh na ráitis faoin alt agus cuir tic le A, B nó C i ngach cás: - Bhí an buachaill tuisceach mar bhí sé ag siúlóid an lá roimhe sin. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear - Tugann sé ceapairí leis chun na scoile gach lá. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear - Fuair an scoil caoga ríomhaire nua anuraidh. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear - Ba mhaith leis an mbuachaill a bheith ina dhochtúir. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear - Níor mhaith leis bheith ag freastal ar scoil chónaithe mar bheadh uaigneas air. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear - Caithfidh sé obair fheirme a dhéanamh ar feadh míosa. A. Fíor B. Bréagach C. Ní deirtear	Léamhthuisct: ceisteanna le freagairt;
Sleamhnán 6	An scoil i gCúba Iarphlé & Scriobh Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat: - Déan liosta de na difríochtaí idir an saol scoile atá agat féin agus an saol scoile atá ag an duine a scríobh an sliocht. - An bhfuil aon rud ón saol scoile i gCúba a thaitníonn leat? Cad iad? - An bhfuil aon rud ón saol scoile i gCúba nach dtaitníonn leat? Cad iad? - An bhfuil an córas oideachais níos fearr i gCúba ná mar atá anseo dar leat? Cén fáth? Scriobh - Léigh an t-alt arís agus cuir líne faoi gach sampla den Aimsir Láithreach*. - Scriobh leathanach amháin faoi sheachtain scoile i do shaol féin anois.	Obair bheirte: freagraí a phlé le chéile; tasc scríofa: alt faoi shaol na scoile; léitheoireacht/ labhairt: an t-alt a léamh amach os ard.

11. Scoil thrítheangach: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Réasúnta dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gaelscolaíocht
Stór focal	An dátheangachas

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar bhunscoil thrítheangach in Arizona, Stáit Aontaithe Mheiriceá. Tá cuid de na habairtí/coincheapa sa téacs deacair ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar na tréithe a bhaineann le gaelscoil/scoil Ghaeltachta chomh maith le tréithe eile a bhaineann lena scoil féin.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu. Is féidir leat iad a chur ag plé na ceiste ina mbeirteanna ar feadh nóiméad nó dhó.
- ✓ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.



Réamhobair 2

- ✓ Abair leis na daltaí díriú ar chuid (a) ar dtús ar feadh cúpla nóiméad. Pléigh na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán. Muna mbeidh siad ábalta smaoineamh ar aon tír eile cuir cúpla ceann ar fáil dóibh (An Bhreatain Bheag – An Bhreatnais agus an Béarla / Tír na mBascach – An Bhascais agus an Spáinnis / An Albain – Gaeilge na hAlban agus an Béarla).
- ✓ Pléigh cuid (b) agus (c) leis an rang iomlán ansin le go mbeidh tuiscint acu ar na coincheapa 'mórtheanga' agus 'mionteanga'.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad gur mionteanga í an Ghaeilge fiú amháin sa Ghaeltacht.



Réamhobair 3

- ✓ Tabhair seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na ceistanna atá ar an sleamhnán seo agus nuair a phléifidh sibh mar rang iomlán iad bí cinnte go luafaidh sibh grúpaí éagsúla daoine sna Stáit i.e. na bundúchasaigh (*Native Americans*), daoine de bhunadh Mheiriceá Laidineach, inimircigh eile.
- ✓ Réamhobair 3 ar lean: Mínigh do na daltaí gur seo ainmneacha de threibheanna bundúchasacha i Meiriceá. Is slí é an sleamhnán seo chun na focail 'treibh' agus 'bundúchasach' a chur i láthair na ndaltaí.
- ✓ Bog ar aghaidh go dtí an chéad sleamhnán eile a mhíníonn do na daltaí cad a bheidh i gceist sa chéad tasc eile.



Léamh

- ✓ Cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- ✓ Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ar na sleamhnáin ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheidh acu.



Léamhthuiscint

- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



Iarphlé

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag machnamh ar a bhféiniúlacht féin mar dhaoine dátheangacha. Bí cinnte go dtuigeann siad ar fad cad is brí le ‘teanga dhúchais / máthairtheanga’ .i. an teanga theaghlaigh atá ag duine.
- ✓ Cinntigh go dtuigeann siad a bhfuil i gceist leis an 3 rogha agus fiosraigh an bhfuil aon duine sa rang a bhfuil cúlra teanga eile ar fad aige/aici .i. duine nach bhfuil Gaeilge ná Béarla sa bhaile aige/aici.



Scríobh

- ✓ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag ligean orthu féin go mbeidh siad ag scríobh ríomhphoist chuig cara pinn ag déanamh cur síos ar a scoil féin.
- ✓ Abair leo tír a roghnú ina bhfuil an cara pinn ina c(h)ónaí agus an ríomhphost a scríobh ina gcóipleabhar. Abair leo go mbeidh deich nóiméad acu ar a mhéid chun an ríomhphost a scríobh.
- ✓ Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi leith a dhíriú ar an litriú. Nuair a bheidh an t-am istigh éist le cuid den mhéid a bheidh scríofa ag daltaí éagsúla.

1I. Scoil thrítheangach

Sleamhnán 1	Scoil thrítheangach Réamhobair 1 “Abair liom faoi do scoil!”  Lig ort féin go bhfuil cuairteoir timpeall a chuireann ceist ort faoi do scoil. Cad a déarfadh tú leis? Smaoinigh – níl tuairim dá laghad aige cad is gaelscoil/scoil Ghaeltachta ann! Pléigh é seo leis an duine in aice leat ar feadh cúpla nóiméad.	Obair bheirte: cur síos ar do scoil; feasacht: cad is Gaelscoil/scoil Ghaeltachta ann.
Sleamhnán 2	Scoil thrítheangach Réamhobair 2 (a) Smaoinigh anois ar thrí thír eile a bhfuil pobail ina gcónaí iontu a bhfuil teanga dá gcuid féin acu. 1. _____ 2. _____ 3. _____ (b) An bhfuil a fhios agat cén rud í mionteanga agus cén rud í mórtheanga? (c) Idir an Ghaeilge agus an Béarla, cé acu ceann an mhionteanga agus cé acu ceann an mhórtheanga?	Feasacht teanga: mionteanga vs mórtheanga.
Sleamhnán 3	Scoil thrítheangach Réamhobair 3 An dóigh leat go bhfuil aon mhionteangacha i Meiriceá?  Cé hiad na daoine, a déarfá a mbeadh mionteanga á labhairt acu ann?	Plé ranga: mionteangacha i Meiriceá.

Sleamhnán 4	Scoil thrítheangach Réamhobair 3 ar lean An aithníonn sibh na hainmneacha seo? Cad iad? Cherokee Choctaw Cree Hopi Navajo 	Eolas: treibheanna bundúchasacha i Meiriceá
Sleamhnán 5	Scoil thrítheangach Léamh <i>Bunaithe ar mhír in Knau Arizona Public Radio (www.knau.org)</i>  I Flagstaff, Arizona, tá bunscoil an-neamhghnáthach ar fad – scoil thrítheangach. Foghlaimíonn gach duine Béarla ann ach foghlaimíonn siad Spáinnis nó Navajo ann chomh maith. Múineann Eileen Ryan sa scoil agus an chéad teanga atá ag Eileen ná Diné, an teanga Navajo. Deir sí nach mbíonn seans ag an méid céanna leanaí Diné a chloistéil is a bhíodh nuair a bhí sí féin ina leanbh. “Is dóigh liom go dtugann an scoil seo seans do na leanaí a thuiscint go bhfuil teanga leo féin ag a muintir agus cultúr leo féin,” a deir sí. Tá sé seo an-tábhachtach mar is mionlaigh iad 50% de dhaoine an scoilcheantair – daoine a bhfuil cúlra Spáinnise acu agus daoine a bhfuil cúlra bundúchasach acu. Deich mbliana ó shin i Flagstaff, is minic a theipeadh ar dhaltaí nach raibh Béarla acu mar mháthairtheanga sa scrúdú stáit Béarla. D’fhág go leor acu scoil.	Obair bheirte: léitheoireacht.
Sleamhnán 6	Scoil thrítheangach Léamh <i>Bunaithe ar mhír in Knau Arizona Public Radio (www.knau.org)</i>  I Flagstaff, Arizona, tá bunscoil an-neamhghnáthach ar fad – scoil thrítheangach. Foghlaimíonn gach duine Béarla ann ach foghlaimíonn siad Spáinnis nó Navajo ann chomh maith. Múineann Eileen Ryan sa scoil agus an chéad teanga atá ag Eileen ná Diné, an teanga Navajo. Deir sí nach mbíonn seans ag an méid céanna leanaí Diné a chloistéil is a bhíodh nuair a bhí sí féin ina leanbh. “Is dóigh liom go dtugann an scoil seo seans do na leanaí a thuiscint go bhfuil teanga leo féin ag a muintir agus cultúr leo féin,” a deir sí. Tá sé seo an-tábhachtach mar is mionlaigh iad 50% de dhaoine an scoilcheantair – daoine a bhfuil cúlra Spáinnise acu agus daoine a bhfuil cúlra bundúchasach acu. Deich mbliana ó shin i Flagstaff, is minic a theipeadh ar dhaltaí nach raibh Béarla acu mar mháthairtheanga sa scrúdú stáit Béarla. D’fhág go leor acu scoil.	Eolas: treibheanna bundúchasacha i Meiriceá


Sleamhnán 7	Scoil thrítheangach Léamh ar lean “An tuairim a bhí taobh thiar de Puente de Hozho ná áit a chruthú go bhféadfadh daltaí ó chúirai dífriúla teanga agus cultúrtha foghlaim le chéile agus áit nach mbeadh daoine ag ceapadh gur ‘fadhbanna’ iad cainteoirí mionteanga ach gurb iad croí na scoile iad”, a deir Michael Fillerup, Stiúrthóir Oideachas Dátheangach na scoile. Faoi láthair, tá ag éirí le formhór na ndaltaí i Puente de Hozho sna scrúduithe stáit agus iad ag foghlaim dhá theanga ag an am céanna. Caitheann na daltaí a roghnaigh Spáinnis leath an lae i seomra ranga ina labhraítear Béarla amháin agus an leath eile i seomra ranga ina labhraítear Spáinnis amháin. Tá ag éirí chomh maith leis an scoil go bhfuil liosta fada feithimh chun áit a fháil ann. Caitheann siad 80 duine a chur ó dhoras gach bliain. Léiríonn taighde go bhfuil buntáistí ann do leanaí a fhoghlaimíonn an dara teanga. Deirtear go mbíonn siad níos fearr ag réiteach fadhbanna agus go bhfuil scileanna cognaíocha níos forbartha acu.	Obair bheirte: léitheoireacht.
Sleamhnán 8	Scoil thrítheangach Léamhthuiscint Freagair na ceisteanna seo a leanas. 1. Úsáidtear thrí theanga sa bhunscoil Puente de Hozho. Cad iad? 2. Cé hiad na mionlaigh is mó atá i Flagstaff? 3. Is cainteoir dúchais Diné í an múinteoir Eileen Ryan. Cad a deir sí mar gheall ar chainteoirí Diné sa lá atá inniu ann? 4. An bhfuil ag éirí go maith leis an scoil Puente de Hozho? Conas atá a fhios agat? 5. An rud maith é cúpla teanga a bheith ag duine, dar leis an alt? Cén fáth?	Obair aonair agus bheirte: freagraí a aimsiú agus a phlé; tasc scríofa: freagraí a scríobh amach.
Sleamhnán 9	Scoil thrítheangach Iarphlé (a) Cad is brí le teanga dhúchais / máthairtheanga? (b) Cén cur síos is fearr a oireann duitse? 1. Is cainteoir dúchais Gaeilge mé. Labhraím Gaeilge sa bhaile le mo chlann agus táim líofa sa Bhéarla. Is mionteanga í mo mháthairtheanga. 2. Is cainteoir dúchais Béarla mé. Labhraím Béarla sa bhaile le mo chlann ach táim líofa sa Ghaeilge chomh maith. Is mórtheanga í mo mháthairtheanga. 3. Is cainteoir dúchais Gaeilge agus Béarla mé. Labhraím Gaeilge le tuismitheoir amháin agus Béarla leis an tuismitheoir eile sa bhaile. Tá mionteanga agus mórtheanga ó dhúchas agam.	Feasacht teanga: daltaí a chur ag machnamh ar a bhféiniúlacht féin mar dhaoine dátheangacha.

Sleamhnán 10

Scoil thrítheangach

Scriobh

Scriobh ríomhphost chuig cara pinn leat i meánscoil i do rogha tír. Inis dó/dí faoi do scoil: cén saghas scoile í, cad a cheapann tú den scoil, na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leat faoin scoil agus bí cinnte a mhíniú dó/dí faoi chúrsaí Gaeilge sa scoil.



Tasc scríofa: ríomhphost a scríobh ag déanamh cur síos ar an scoil agus ar áit na Gaeilge sa scoil.

1J. Tar éis am scoile – Caoimhe: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / tar éis am scoile
Stór focal	Ábhair Scoile / imeachtaí tar éis am scoile

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe i gcanúint Uladh a bhfuil cailín óg ag labhairt inti. Tá an tSraith Shóisearach idir lámha aici.

Moltar an ceacht **Saol na Scoile – Uimhreacha** ó ‘Fócas ar Theanga’ a dhéanamh i dteannta na gceachtanna seo.



Réamhobair 1

- ✓ Léigh na focail sa dá cholún leis na foghlaimeoirí agus iarr orthu na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail a bhfuil an míniú céanna acu ar dheis.
- ✓ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✓ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.
- ✓ Mínigh do na daltaí gur cheart dóibh bheith eolach ar fhocail ó chanúintí eile ach nach bhfuil gá ach le leagan amháin a bheith acu féin agus iad ag scríobh.
- ✓ Nuair atá na focail pléite tabhair deis labhartha do na foghlaimeoirí.
- ✓ Léigh na ceisteanna sa cholún ar chlé leo (an cheist) agus abair leo an freagra atá ceart fúthu féin a bhreacadh isteach sa dara colún (Tú féin). Ansin caithfidh siad na ceisteanna sa chéad cholún a chur ar dhuine amháin eile sa rang.
- ✓ Cuir thusa ceisteanna ar dhaltaí éagsúla tar éis tamaill. Bíodh an comhrá mar seo:

Múinteoir: A Emma, cé leis a raibh tú ag caint?

Emma: Le Máire.

Múinteoir: Agus, cé mhéad uair an chloig a chaitheann Máire ag staidéar le linn na seachtaine?

Emma: Caitheann sí timpeall trí uair an chloig gach lá ag staidéar.



Éisteacht 1

- ✓ Léigh na ceisteanna leis an rang agus mínigh dóibh go mbeidh siad ag éisteacht le cailín ag déanamh cur síos ar cad a dhéanann sí le linn na seachtaine.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl ar a laghad dhá uair nó níos mó más gá.
- ✓ Ceartaigh na ceisteanna leis an rang iomlán.



Éisteacht 2

- ✓ Mínigh do na daltaí cad atá le déanamh agus léigh gach ceist leo.
- ✓ Iarr ar gach dalta an obair a dhéanamh leis féin ar dtús. Ansin iarr orthu a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le dalta eile.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís le seans a thabhairt do na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a sheiceáil.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang iomlán.



Iarphlé

- ✓ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✓ Is cinnte go bhfuil deacrachtaí ann daoine óga a chur le chéile chun caint mar seo a dhéanamh ach, is féidir duine lag (nó toirmeascach) a chur in aice le duine níos fearr (scoláire maith). Iarr orthu nótaí a scríobh síos chomh maith a chuideoidh leo a n-intinn a dhíriú ar an gcaint i gceist.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.
- ✓ * Féach **Saol na Scoile – Uimhreacha** ó ‘Fócas ar Theanga’.

Freagraí

Réamhobair 1

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10
b	e	h	i	f	a	c	j	g	d

Éisteacht 2

1.

Caoimhe: Tá mé ag an am seo ag staidéar deich n-ábhar **le haghaidh** na Sraithe Sóisearaí. Tá **a lán** le staidéar agam agus bím i mo shuí mall san oíche, agus tá súil agam go ndéanfaidh mé go maith mar tá tréan oibre curtha isteach agam ann.

Caitlín: Oh, tá sin **an-mhaith**. Cé mhéad uair a mheasann tú féin a chaitheann tú ag staidéar?

Caoimhe: Bhuel, ar na laethanta seo a bhím ar scoil, i ndiaidh am scoile caithim **timpeall** trí uair ag staidéar agus ag an deireadh seachtaine ó cúig go sé uair ag staidéar fá choinne na Sraithe Sóisearaí.

2.

Bíonn mo mháthair ina suí mall san oíche

Bíonn m'athair ina shuí mall san oíche.

Bíonn mo dheirfiúr ina suí mall san oíche.

Bíonn mo dheartháir ina shuí mall san oíche.

1J. Tar éis am scoile - Caoimhe

Sleamhnán 1

Tar éis am scoile

Réamhobair

Tá canúint Uladh ag Caoimhe, an cailín a mbeidh sibh ag éisteacht léi ar ball. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na leaganacha Ultacha a cheangal leis na leaganacha caighdeánacha?

Leagan Ultach	Leagan Caighdeánach
1. fá choinne	a) freisin
2. cuid mhór	b) le haghaidh/i gcomhair
3. iontach maith	c) leo
4. thart fá	d) scith
5. achan	e) a lán
6. fosta	f) gach
7. leofa	g) dom
8. uilig	h) an-mhaith
9. domh	i) timpeall
10. sciste	j) gach uile

Líon an bosca fút féin ar dtús agus ansin labhair le duine amháin eile sa rang leis an eolas faoin duine sin a fháil.

An Cheist	Tú féin	Duine eile
Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ag staidéar le linn na seachtaine?		
Cé mhéad uair an chloig a chaitheann tú ag staidéar le linn an deireadh seachtaine?		
An ndéanann tú aon imeacht eile tar éis am scoile?		

Stór focal: canúint Uladh i gcomparáid leis an gcaighdeán; **tasc labhartha:** ceisteanna a chur agus a fhreagairt.

Sleamhnán 2

Tar éis am scoile

Éisteacht(1)

Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna:

1. Cé mhéad ábhar atá á staidéar ag Caoimhe?

2. An éireoidh go maith léi sna scrúduithe, dar leat? Cén fáth?

3. Cé mhéad uair a chaitheann sí ag staidéar?

4. Cad a dhéanann Caoimhe nuair a bhíonn am saor aici?

5. Cén fáth a luann sí *The Lion King*?

6. An ndéanann mórán daltaí sa scoil bailé?

Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 3

Tar éis am scoile

Éisteacht(2)

1. Féach ar an síocht seo ón mír. Líon na bearnaí leis an leagan caighdeánach (nó an leagan atá agat féin) de na focail ón mbosca ó leathanach 'Tar éis am scoile – réamhobair'.

Caoimhe

Tá mé ag an am seo ag staidéar deich n-ábhar _____ an Teastas Sóisearach. Tá _____ le staidéar agam agus bíim i mo shuí mall san oíche, agus tá súil agam go ndéanfaidh mé go maith mar tá tréan oibre curtha isteach agam ann.

Caitlín

Oh, tá sin _____. Cé mhéad uair a mheasann tú féin a chaitheann tú ag staidéar?

Caoimhe

Bhuel, ar na leathanta seo a bhím ar scoil, i ndiaidh am scoile caithim _____ trí n-uair ag staidéar agus ag an deireadh seachtaine ó cúig go sé uaire ag staidéar fá choinne an Teastas Sóisearach.

2. Éist leis an mír arís le feiceáil ar líon tú na bearnaí i gceart. Cuir ceist ar do mhúinteoir le bheith cinnte.

3. Féach ar an nath cainte seo ón mír:

‘bíim i mo shuí mall san oíche’

Cad faoi d'athair agus do mháthair féin? Scriobh amach an abairt arís ag tagairt do bhaill éagsúla ó do theaghlach.

_____ mall san oíche (máthair)
_____ mall san oíche (athair)
_____ mall san oíche (deirfiúr)
_____ mall san oíche (deartháir)

Tasc éisteachta: líon na bearnaí; **gramadach:** ina suí / ina shuí.

Sleamhnán 4

Tar éis am scoile larphlé

A. Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

1. Cé mhéad ábhar atá á staidéar agat?
2. Cad é an t-ábhar is fearr leat? Cén fáth?
3. Cad é an t-ábhar nach maith leat ar chor ar bith? Cén fáth?

B. Féach ar na ceisteanna seo agus breac síos abairt nó dhó atá fíor fút féin.

An ndéanann tú mórán botún agus tú ag labhairt i nGaeilge?

An ndéanann tú mórán botún agus tú ag labhairt i mBéarla?

Cé acu teanga is deacra duit féin a labhairt – an Ghaeilge nó an Béarla? Cén fáth?

Obair bheirte: ceisteanna le plé; **plé ranga:** ceisteanna faoi Ghaeilge agus Béarla.

Fócas ar Theanga Litriú (caol & leathan): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar litriú na Gaeilge
Stór focal	Ábhair Scoile

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Na hÁbhair Scoile**, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na teoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí an riail faoi chaol le caol agus leathan le leathan.

Freagraí

Polaiteoir:	Pol-ait-eoir
Scoileanna:	Scoil-ean-na
Iodáilis:	Iod-áil-is
Léitheoireacht:	Léith-eoir-eacht
Múinteoir:	Múin-teoir
Eolaíocht:	Eo-laí-ocht
Leithreas:	Leith-reas
Gramadach:	Gram-a-dach
Foclóir:	Foc-lóir

Fócas ar Theanga An Aimsir Láithreach:

Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Rialacha na haimsire láithrí a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ábhair Scoile

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **An scoil i gCúba**, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na teoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin aimsir láithreach.

Freagraí

Aimsir láithreach 1

Ceapaim (1 réimniú / 1 pearsa uatha) go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid (2 réimniú / 1 pearsa iolra) ar a hocht agus criochnaímid (2 réimniú / 1 pearsa iolra) ar a ceathair a chlog, agus bíonn (1 réimniú / 3 pearsa uatha) lón uair an chloig againn.

Aimsir láithreach 2

<u>Ceannaigh</u> Ceannaím Ceannaíonn tú/sé/sí Ceannaímid Ceannaíonn sibh Ceannaíonn siad	<u>Bris</u> Brisim Briseann tú/sé/sí Brisimid Briseann sibh Briseann siad	<u>Foghlaim</u> Foghlaimím Foghlaimíonn tú/sé/sí Foghlaimimid Foghlaimíonn sibh Foghlaimíonn siad	<u>Dún</u> Dúnaim Dúnann tú/sé/sí Dúnaimid Dúnann sibh Dúnann siad
<u>Imir</u> Imrím Imríonn tú/sé/sí Imrímid Imríonn sibh Imríonn siad	<u>Roghnaigh</u> Roghnaím Roghnaíonn tú/sé/sí Roghnaímid Roghnaíonn sibh Roghnaíonn siad	<u>Scríobh</u> Scríobhaim Scríobhann tú/sé/sí Scríobhaimid Scríobhann sibh Scríobhann siad	Léigh Léim Léann tú/sé/sí Léimid Léann sibh Léann siad

Aimsir láithreach - ceisteanna

An gceannaíonn tú ceapaire gach lá?

An ólann tú?

An gcaithim?

An mbailíonn sibh?

An imíonn siad?

Aimsir láithreach – Briathra mírialta

*Tá – an aimsir láithreach

**Bí – an aimsir ghnáthláithreach

Aimsir láithreach – Gníomhaíocht

Iarr ar gach dalta an pictiúr atá fíor fúthu féin a roghnú le haghaidh gach abairt. Bí cinnte go bhfuil an focal ceart acu.

1. Ithim tósta / gránach / bricfeasta friochta don bhricfeasta.
2. Tagaim go dtí an scoil ar mo rothar / ar an mbus / sa charr.
3. Bíonn pasta / ceapaire/ burgar agam don lón.
4. Téim abhaile ar a ceathair / cúig / sé a chlog.
5. Féachaim ar an teilifís / ar *youtube* ar an idirlíon / ar chluichí peile tar éis na scoile.
6. Déanaim m'obair bhaile ar feadh uair an chloig / dhá uair an chloig / trí uair an chloig.

Anois iarr orthu labhairt le ceathrar eile sa rang agus ceisteanna a chur ar a chéile faoin eolas ar an mbileog. Más rang maith atá agat is féidir a rá leo an gníomhaíocht a dhéanamh. Bí cinnte áfach go bhfuil na ceisteanna cearta ag na daltaí ar fad más rang lag atá agat. Cuir béim ar an bhfreagra gonta:

An itheann tú tósta don bhricfeasta?

Ní ithim. Ithim gránach don bhricfeasta.

Nó

An itheann tú tósta don bhricfeasta?

Ithim. Agus bíonn cupán tae agam freisin.

*Féach leathanach 1 – 20 sa leabhar **Cogar Nua**

Fócas ar Theanga: An Aimsir Láithreach

Sleamhnán 1

An Aimsir Láithreach 1

Féach ar an abairt ag bun an leathanaigh agus cuir líne faoi gach briathar atá san aimsir láithreach. Bí in ann a rá (1) cén pearsa atá i gceist agus (2) an bhfuil siad leathan nó caol! Féach:

- An chéad phearsa uatha**
- aim / - im **nó** - aim / - ím (mé)
- An dara pearsa uatha**
- ann / - eann **nó** - aionn / - ionn (tú)
- An tríú pearsa uatha**
- ann / - eann **nó** - aionn / - ionn (sé, sí)
- An chéad phearsa iolra**
- aimid / imid **nó** - aimid / - imid (muid)
- An dara pearsa iolra**
- ann / - eann **nó** - aionn / - ionn (sibh)
- An tríú pearsa iolra**
- ann / - eann **nó** - aionn / - ionn (siad)

Ceapaim go bhfuil an lá scoile níos faide i gCúba ná mar atá i dtíortha eile, tosaímid ar a hocht agus críochnaímid ar a ceathair a chlog, agus bíonn lón uair an chloig againn.

Gramadach: An aimsir láithreach, na deirí;
obair aonair: briathra san aimsir láithreach a aithint.

Sleamhnán 2

An Aimsir Láithreach 2

Roghnaigh na deirí cearta ó leathanach 1 chun na briathra sna boscaí a scríobh amach i ngach pearsa.

Bí cinnte:

- Go roghnaíonn tú an deireadh oiriúnach don chéad agus don dara réimniú!
- Nach ndéanann tú dearmad ar an raiil ‘caol le caol agus leathan le leathan’!

Ceannaigh	Bris	Foghlaím	Dún
Imir	Roghnaigh	Scríobh	Léigh

Gramadach, obair aonair: briathra éagsúla a chur san aimsir láithreach.

Sleamhnán 3

An Aimsir Láithreach Ceisteanna

Cuir na focail agus na litreacha seo le chéile chun ceist a chumadh san aimsir láithreach:

ceannaíonn lá An gach
tú ceapaire g?

Féach ar an seidiosta thíos chun ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach:

- ✓ Tosaíonn an cheist le ‘An’.
- ✓ Cuirtear urú ar an mbriathar tar éis ‘an’: ‘An dtiteann’.
- ✓ Tagann an forainm díreach tar éis an bhriathair ‘An dtiteann tú?’

Cum ceisteanna leis na briathra seo anois:

Ól Caith Bailigh Imigh

Gramadach: ceisteanna a chumadh san aimsir láithreach.

Sleamhnán 4

An Aimsir Láithreach

Freagraí

An dtiteann sé go minic?
Titeann / Ní thiteann.

An ólann tú caife?
Ólaim / Ní ólaim

- ✓ Tugtar freagra leis an mbriathra céanna i gcónaí!
- ✓ Úsáidtear ‘Ní’ chun an diúltach a chur in iúl.
- ✓ Tagann séimhiú ar chonsan tar éis ‘Ní’ agus ní bhíonn aon athrú ar ghuta tar éis ‘Ní’.

Gramadach: freagraí ar cheisteanna san aimsir láithreach.

Sleamhnán 5

An Aimsir Láithreach

Briathra Mírialta

Abair deirim deir tú deir sé/sí deirimid deir sibh deir siad an ndeir tú? deir / ní deir	Beir beirim beireann tú beireann sé/sí beirimid beireann sibh beireann siad an mbeireann sé? beireann/ní bheireann	Clois cloisim cloiseann tú cloiseann sé/sí cloisimid cloiseann sibh cloiseann siad an gcloisimid? cloisimid/ní chloisimid	Déan déanaim déanann tú déanann sé/sí déanaimid déanann sibh déanann siad an ndéanann siad? déanann siad/ní dhéanann siad
Faigh faighim faigheann tú faigheann sé/sí faighimid faigheann sibh faigheann siad an bhfaigheann tú? faigheann/ní fhaigheann	Feic feicim feiceann tú feiceann sé/sí feicimid feiceann sibh feiceann siad an bhfeiceann sibh? feiceann/ ní fheiceann	Ith ithim itheann tú itheann sé/sí ithimid itheann sibh itheann siad an itheann tú? ithim/ní ithim	Tar tagaim tagann tú tagann sé/sí tagaimid tagann sibh tagann siad an dtagann sé? tagann/ní thagann
Tabhair tugaim tugann tú tugann sé/sí tugaimid tugann sibh tugann siad an dtugann tú? tugaim/ní thugaim	Téigh téim téann tú téann sé/sí téimid téann sibh téann siad an dtéann siad? téann/ní théann	Bí bíim bíonn tú bíonn sé/sí bíimid bíonn sibh bíonn siad an mbíonn tú? bíim/ní bhím	Tá táim/tá mé tá tú tá sé/sí táimid tá sibh tá siad an bhfuil sé? tá/níl

Gramadach: na briathra neamhrialta san aimsir láithreach.

Sleamhnán 6

An Aimsir Láithreach

Gníomhaíocht

- Ithim _____ don bhricfeasta.


- Tagaim go dtí an scoil _____.


- Bíonn _____ agam don lón.


- Téim abhaile ar a _____.

16.0017.0018.00
- Féachaim ar _____ tar éis na scoile.


- Déanaim m'obair bhaile ar feadh _____.

uair an chloigdhá uair an chloigtrí uair an chloig

Gramadach: Abairtí san aimsir láithreach a chríochnú.

Fócas ar Theanga Na bunuimhreacha (1-10): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Rialacha na mbunuimhreacha
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Tar éis am scoile – Caoimhe**, Aonad 1 (Saol na Scoile). Léigh na treoracha leis na daltaí. Abair leis na foghlaimeoirí aithris a dhéanamh ar na samplaí tugtha mura bhfuil na rialacha ar eolas acu cheana féin. Déan druil leis na foghlaimeoirí ag cleachtadh rialacha na mbunuimhreacha, mar shampla:

Scríobh a leithéid seo ar an gclár bán agus iarr ar dhaltaí éagsúla an dá fhocal a chur le chéile:

2 + bróg

7 + cathaoir

3 + asal

Is féidir amhlaidh a dhéanamh leis na hainmfhocail mírialta. Is féidir chomh maith iarraidh ar na daltaí abairtí a chumadh leo.

Freagraí

Bunuimhreacha (1-10)

	Consain	Gutaí
1	aon bhord amháin aon bhád amháin	aon ábhar amháin aon úll amháin
2-6	dhá bhord sé bhád	sé ábhar cúig úll
7-10	ocht mbord naoi mbád	naoi n-ábhar seacht n-ábhar

Fócas ar Theanga: Na bunuimhreacha



Sleamhnán 1

Bunuimhreacha (1-10)

Rialacha

1. An bhfuil na rialacha a bhaineann le rudai a chomhaireamh ar eolas agat? Lón na bearnaí sa bhosca thíos leis an duine in aice leat. Bain úsáid as na focail – **bád** agus **úll** chun na bearnaí a líonadh. Tá sampla déanta.

	Consain	Gutai
1	aon bhord amháin	aon ábhar amháin
2-6	dhá bhord	sé ábhar
7-10	ocht mbord	naoi n-ábhar

2. Cuir na huimhreacha seo a leanas in abairtí lena mbrí a léiriú:

a dó
dhá
a ceathair
ceithre

Gramadach: bunuimhreacha 1 - 10

Sleamhnán 2

Bunuimhreacha (eisceachtaí)

Rialacha

Féach ar na hainmfhocail nach mbaineann na gnáthrialacha leo. Cén fáth a bhfuil na hainmfhocail seo neamhrialta, dar leat?

Bilain	bilain amháin 1	dhá bhilain 2	trí bilana 3-6	ocht mbilana 7-10
Uair	uair amháin 1	dhá uair 2	ceithre huair 3-6	seacht n-uair 7-10
Ceann	ceann amháin 1	dhá cheann 2	cúig cinn 3-6	naoi gcinn 7-10
Seachtain	seachtain amháin 1	dhá sheachtain 2	sé seachtaine 3-6	deich seachtaine 7-10

Gramadach: Bunuimhreacha eisceachtaí.

Plean Ceachta do Chaibidil 2

Caibidil 2: Saol sóisialta

- A. Am saor (Aoife & Liam)
- B. Am saor (Bertie)
- C. Saol sóisialta
- D. Nuair a bhí mé i mo dhéagóir (Réasúnta dúshlánach)
- E. Díospóireachtaí Uí Chadhain (Dúshlánach)
- F. Déagóirí agus sástacht (Measartha dúshlánach)
- G. Déagóirí agus sástacht (Dúshlánach)
- H. Dán – Fear Lasta Lampaí (Réasúnta dúshlánach)
- I. Iris na Scoile
- J. Fócas ar Theanga:
 - i. Litriú
 - ii. Na tuisil
 - iii. Uimhreacha

Ceacht.ie
comharsan do mhúinteoirí Gaeilge

Cuid é Ceacht?

Comharsan do Mhúinteoirí Gaeilge

Fócas ar theanga

Tábla 1: Saor na Scoile

Tábla 2: Saor sóisialta

Tábla 3: Am saor (Aoife & Liam)

Tábla 4: Am saor (Bertie)

Tábla 5: Saol sóisialta

Tábla 6: Nuair a bhí mé i mo dhéagóir

Tábla 7: Díospóireachtaí Uí Chadhain

Tábla 8: Déagóirí agus sástacht (Measartha dúshlánach)

Tábla 9: Déagóirí agus sástacht (Dúshlánach)

Tábla 10: Dán – Fear Lasta Lampaí

Tábla 11: Iris na Scoile

Fócas ar theanga

Tábla 12: Am saor (Aoife & Liam)

Tábla 13: Am saor (Bertie)

Tábla 14: Saol sóisialta

Tábla 15: Nuair a bhí mé i mo dhéagóir

Tábla 16: Díospóireachtaí Uí Chadhain

Tábla 17: Déagóirí agus sástacht (Measartha dúshlánach)

Tábla 18: Déagóirí agus sástacht (Dúshlánach)

Tábla 19: Dán – Fear Lasta Lampaí

Tábla 20: Iris na Scoile

2C. Saol Sóisialta Bertie agus Anna: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / áiseanna i gceantar
Stór focal	Saol Sóisialta / Áiseanna i gceantar

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt ó scoileanna difriúla ag cur síos ar an saol sóisialta a bhíonn ag daoine óga ina gceantar féin. Tá an mhír réasúnta éasca agus tá canúint Chonnacht i gceist leis an gcéad chainteoir agus canúint Uladh i gceist leis an dara cainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Abair leis na daltaí nótaí a bhreacadh ina gcóipleabhair ar na ceisteanna atá ar an sleamhnán.
- ✓ Pléigh cuid de na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán.



Réamhobair 2

- ✓ Is éard atá i gceist leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag smaoineamh ar na rudaí éagsúla atá le déanamh ina gceantar féin do dhaoine óga.
- ✓ Cuir ag obair ina mbeirteanna iad chun é a dhéanamh níos éasca dóibh, más gá.
- ✓ Abair le daltaí éagsúla a bpleananna a ghlaoch amach chugat ag an deireadh agus dírig ar aon earráidí móra a dhéanfaidh siad sa chaint.



Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Tá an bheirt chainteoirí ar fáil sa mhír chéanna.



Iarphlé

- ✓ D'fhéadfá a rá leis na daltaí freagraí na gceisteanna seo a scríobh síos ina gcóipleabhair ar dtús.

Pléigh a gcuid smaointe mar rang iomlán ansin agus cuir abairtí deasa a déarfadh siad ar an gclár. Tarraing aird ar dhea-abairtí agus ar ghramadach chruinn.

2C. Saol sóisialta – Bertie agus Anna

Sleamhnán 1	Saol Sóisialta Réamhobair 1 Do cheantar féin Smaoinigh ar an mbaile a bhfuil tú i do chónaí ann / is cóngaraí duit agus freagair na ceisteanna seo faoi: 1. An caife is fearr leat ann: _____ 2. An tsráid is fearr leat ann: _____ 3. Na siopaí is deise ann: _____ 4. Cá mbuaileann daoine óga le chéile ann? _____ 5. Na háiseanna is fearr leatsa atá ann: _____	Obair aonair: nótaí a bhreacadh faoi do cheantar féin; plé ranga: na freagraí a phlé le chéile.
Sleamhnán 2	Saol Sóisialta Réamhobair 2 Samhlaigh go bhfuil cuairteoir ag teacht chugat ar feadh seachtaine – déagóir ó áit éigin eile sa tír. Cad a dhéanfaidh sibh timpeall na háite gach lá? Déan amach plean agus smaoinigh ar na gnáthrudáí a dhéanann tú féin i gcaitheamh na seachtaine agus na rudáí atá le déanamh i do cheantar féin do dhaoine óga. Dé Luain: Dé Máirt: Dé Céadaoin: Déardaoin: Dé hAoine: Dé Sathairn: Dé Domhnaigh:	Obair bheirte: saol sóisialta sa cheantar.
Sleamhnán 3	Saol Sóisialta Éisteacht Éist leis an mír agus freagair na ceisteanna. 1. An bhfuil Bertie sásta leis an méid rudáí is féidir a dhéanamh ina cheantar féin? Cén fáth? 2. Cad a deir sé faoin spórtlann? 3. An dóigh le Bertie gur cheart go mbeadh níos mó saoirse ag déagóirí? Cén fáth? 4. Cad iad na háiseanna atá ar fáil do dhaoine óga i nGaoth Dobhair, dar le hAnna? 5. Cén fáth a dtéann na daoine óga i nGaoth Dobhair go Leitir Ceanainn? 6. Cad a deir Anna faoin gclub oíche atá i nGaoth Dobhair?	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 4

Saol Sóisialta

larphlé

Pléigh na ceistanna seo.

1. Tá Bertie agus Anna ina gcónaí i gceantair tuaithe i gConamara agus i nGaoth Dobhair. Cad fútsa? Déan cur síos ar d'áit chónaithe féin.
2. Cad iad do chuid tuairimí faoi bheith i do chónaí faoin tuath nó i gcathair? Cad a shíleann tú atá go maith/go holc faoin dá cheann?

Obair aonair scríofa: do cheantar féin; **saibhriú teanga:** frásaí deasa le cur síos a dhéanamh.

2E. Díospóireachtaí Uí Chadhain: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / díospóireachtaí
Stór focal	Díospóireachtaí

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil beirt chailíní ó scoileanna difriúla ag cur síos ar a bheith i gCraobh na hÉireann do Chomórtas Díospóireachta Uí Chadhain. Tá an mhír réasúnta éasca agus tá canúint Uladh i gceist leis an gcéad chainteoir agus canúint na Mumhan i gceist leis an dara cainteoir.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Tabhair seans do na daltaí an cleachtadh faoi (a) a dhéanamh ar feadh nóiméad nó dhó agus éist le cúpla tuairim a bheidh acu.
- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar chuid (b) ansin agus pléigh na freagraí a bheidh acu mar rang iomlán. Bí cinnte go mbeidh focail/frásaí acu ar nós ‘duine atá deisbhéalach’; ‘duine atá go maith á chur féin in iúl’; ‘duine atá muiníneach ag labhairt os comhair daoine eile’; ‘duine atá ábalta argóintí láidre a chur i láthair’; ‘duine atá go maith ag tabhairt daoine leis’.



Réamhobair 2

- ✓ Pléigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad.



Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú ar siúl an mhír ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.
- ✓ Tá an bheirt chainteoirí ar fáil sa mhír chéanna.



Iarphlé 1

- ✓ Seo deis chun na daltaí a chur ag machnamh ar leaganacha malartacha/canúnacha. Fiú más grúpa Ultach/Muimhneach atá sa rang iarr orthu smaoineamh ar shlite eile chun na frásaí atá ar an sleamhnán a rá (féach Freagraí thíos). Is maith an rud é deis a thabhairt do dhaltaí a gcuid stór focal a leathnú amach óna gcanúint féin/taithí féin.

- ✓ An aidhm atá leis an dara pointe ar an sleamhnán seo ná aird a tharraingt ar réimse úsáide an fhocail ‘galánta’. Úsáidtear i gCanúint Uladh é sa chiall ‘álainn’ / ‘an-deas’. E.g. Bhí an t-óstán sin galánta (ní fhuaimnítear an ‘á’).



Iarphlé 2

- ✓ Cuir na daltaí ag obair ar nathanna/frásaí a chur le chéile faoin gceithre theideal ar an sleamhnán. An aidhm atá leis an gcleachtadh seo ná cur le stór focal / saibhreas cainte na ndaltaí. Tá samplaí sna Freagraí thíos ach cuir leo tú féin.



Iarphlé 3

- ✓ Más maith leat, is féidir leat díospóireacht a eagrú sa rang pé slí a dhéanann tú féin de ghnáth é.
- ✓ Ní gá cloí leis an rún atá tugtha, gan amhras. D’fhéadfadh na daltaí ceann eile a roghnú dóibh féin.

Freagraí

Iarphlé 1

17. fosta: *freisin / chomh maith / leis*
18. domhsa: *domsa*
19. iontach deas: *an-deas*
20. Bhain mé sult millteanach as: *bhain mé sult mór as / taitneamh mór as*
21. *Ní rinne mé dath ar bith roimhe sin: *Ní dhearna mé rud ar bith / faic in aon chor / tada (*deir sí ‘ní rinne mé’ ach is ‘ní dhearna mé’ an leagan caighdeánach).*
22. An gcuabhair: *An ndeachaigh sibh*
23. Chuamar: *Chuaigh muid*

Iarphlé 2

Samplaí

Easaontú go láidir le duine:

Ní thagaim leat ar chor ar bith.

Sin seafóid amach is amach.

Níl an ceart agat ansin in aon chor.

Nach bhfuil a fhios agat go maith nach bhfuil sé sin fíor.

Ná habair liom go gcreideann tú é sin.

Easaontú go pointe le duine:

Ní thiocfainn leat céad faoin gcéad ansin.

B'fhéidir go bhfuil smut (cuid) den cheart agat, ach...

Tuigim do phointe ach mar sin féin...

Ní dóigh liom go bhfuil an ceart ar fad agat.

Aontú go pointe le duine:

Níl an rud atá tú ag rá as an tslí ar fad.

Tá pointe ansin áit éigin.

Tagaim leat sa mhéid sin.

Aontú go láidir le duine:

Tá an ceart ar fad agat.

Tagaim leat céad faoin gcéad sa mhéid sin.

Tá pointe fíormhaith déanta agat ansin.

Tá sé ráite agat.

2E. Díospóireachtaí Uí Chadhain

Sleamhnán 1	Díospóireachtaí Uí Chadhain réamhobair 1 (a) An bhfaca tú riamh duine a shíl tú a bhí an-mhaith go deo ag labhairt go poiblí? (e.g. Uachtarán éigin, polaiteoir éigin, aisteoir nó fear grinn/bean ghrinn, múinteoir ar scoil, cara duit etc.) Scríobh síos cúpla sampla. (b) Cad iad na tréithe a bhíonn ag daoine atá go maith ag díospóireacht? Breac síos trí cinn.	Obair aonair scríofa: tuairim a bhreacadh síos; plé ranga/grúpa: tréithe a bhaineann le cainteoir maith.
Sleamhnán 2	Díospóireachtaí Uí Chadhain réamhobair 2 (a) Cad atá ar eolas agat faoi Dhíospóireachtaí Uí Chadhain? (b) Ar ghlac tusa nó daoine i do rang páirt riamh i ndíospóireachtaí i nGaeilge...? ...nó i mBéarla? (c) An dtuigeann tú na focail seo: an rún i bhfabhar an rúin i gcoinne an rúin 	Plé ranga: díospóireachtaí.
Sleamhnán 3	Díospóireachtaí Uí Chadhain Éisteacht Feicfidh tú beirt chaillíní ag caint ar an uair ar ghlac siad páirt i nDíospóireachtaí Uí Chadhain; Ceithleann ó Phobalscoil Ghaoth Dobhair agus Iseult ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne. 1. Conas a d'éirigh le foireann Cheithleann sna díospóireachtaí? 2. Cad a bhí speisialta faoin gcomórtas do Cheithleann? 3. Cén t-athrú atá tagtha ar Cheithleann tar éis di páirt a ghlacadh sa díospóireacht? 4. Cad a deir Iseult faoin áit a raibh an babhta ceannais ar siúl? 5. Conas a bhraith Iseult nuair a bhí sí ag díospóireacht? Cén fáth ar bhraith sí mar sin?	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 4	Díospóireachtaí Uí Chadhain larphlé 1 Conas a deir tusa é? Bíonn difríochtaí sna canúintí go minic sa Ghaeilge. An bhfuil slite eile agatsa chun na rudal seo a rá? “fosta” “domhsa” “iontach deas” “Bhain mé sult millteanach as.” “*Ní rinne mé dath ar bith roimhe sin.” agus “An gcuabhair?” “Chuamar” Deir Iseult go raibh an seomra i gColáiste na Tríonóide ‘an-ghalánta’ ar fad. Is é sin le rá <i>grand</i> nó <i>posh</i>. Cad iad na slite eile atá ann chun an focal sin a úsáid (go háirithe i gCanúint Uladh)?	Feasacht teanga: canúintí; stór focal: focail ó chanúintí eile a fhoghlaim.
Sleamhnán 5	Díospóireachtaí Uí Chadhain larphlé 2 Ag aontú agus ag easaontú Scríobh síos cúpla nath (pé méid ceann gur féidir leat smaoineamh air) i gcomhair nuair a theastaíonn uait: 1. Easaontú go láidir le duine 2. Easaontú go pointe le duine 3. Aontú go pointe le duine 4. Aontú go láidir le duine	Stór focal: nathanna a bhaineann le díospóireachtaí.
Sleamhnán 6	Díospóireachtaí Uí Chadhain larphlé 3 Cabhróidh an múinteoir libh anois díospóireacht a eagrú sa rang! Seo daoibh an rún: Ba cheart cosc a chur ar éidí scoile i scoileanna na hÉireann.	Díospóireacht rang.

2F. Déagóirí Sásta: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gnáthshaol déagóra
Stór focal	Gnáthshaol déagóra

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí in Albain. Is alt é atá bunaithe ar fhíricí agus mar sin tá sé casta go leor ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi cad a dhéanann siad ina gcuid am saor.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✓ Abair leo an chéad cheist a dhéanamh leo féin ar dtús agus ansin ceist a dó a dhéanamh leis an duine in aice leo. Is cleachtadh cainte é seo agus is fiú nós na cainte a chruthú sa rang ón gcéad lá riamh.
- ✓ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.



Réamhobair 2

- ✓ Abair leis na daltaí díriú ar chuid (a) ar dtús ar feadh cúpla nóiméad. Pléigh na freagraí a bheidh acu leis an rang iomlán (féach Freagraí thíos).
- ✓ Pléigh cuid (b) leis an rang agus tabhair nóiméad do gach beirt cúpla abairt a scríobh sna boscaí. Ba cheart go mbeadh comhrá ag dul ar aghaidh idir gach beirt. Siúl timpeall an ranga le cinntiú nach i mBéarla atá an comhrá.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad.



Léamh

- ✓ Cuir na daltaí ag obair le chéile ina mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- ✓ Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.



Léamhthuiscint

- ✓ Scríobh na ceisteanna thíos ar an gclár bán:
- 1. As na déagóirí ar fad in Albain a rinneadh suirbhé orthu, cad é an t-aoisghrúpa is sona?
- 2. Cén fáth a bhfuil na déagóirí seo níos sásta ná déagóirí eile?
- 3. Ach ní hiad déagóirí na hAlban na déagóirí is sláintiúla, cén fáth?
- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.



Iarphlé 1/2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile. Tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 1' do dhuine 1 agus tabhair 'Rólghníomhaíocht – duine 2' do dhuine 2.
- ✓ Bíodh an sleamhnán 'Iarphlé 2' leis na ceisteanna in airde agat agus léigh na ceisteanna leis an rang iomlán.
- ✓ Cuir gach beirt le chéile agus abair leo gurb iadsan anois an duine sa phictiúr.
- ✓ Iarr orthu na ceisteanna a chur ar a chéile ansin. Bí cinnte go bhfuil siad in ann an t-ainmfhocal 'bliain' a láimhseáil go maith. Is féidir úsáid a bhaint as na bileoga **Bunuimhreacha (-10)** agus **Bunuimhreacha (10-)** i 'Fócas ar Theanga'.
- ✓ Iarr orthu na rólanna a mhalartú ansin.
- ✓ Nuair atá sé déanta acu iarr ar dhaoine éagsúla an ghníomhaíocht a dhéanamh os comhair an ranga.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna 1-4 a phlé le chéile. Bí ag siúl timpeall le cuidiú leo más gá.



Scríobh

- ✓ Iarr ar na daltaí leathleathanach a scríobh faoi na rudaí a dhéanann siad nuair a bhíonn am saor acu.

Freagraí

Réamhobair 1

Déagóir
Taighdeoir
Múinteoir
Péintéir
Ceoltóir
Glantóir
Búistéir

Sleamhnán 4

Déagóirí Sásta

Léamh

2

Na déagóirí is sona san Eoraip

Tá níos mó ná triúr cairde maithe ag an gcuid is mó de dhéagóirí (trí bliana déag d'aois) na hAlban agus is amhlaidh atá siad níos sásta ná déagóirí eile ar chomhaois leo fud fad an domhain dá bharr sin.

Is cosúil go gcaitheann déagóirí na hAlban, idir trí bliana déag agus cúig bliana déag, ceithre oíche nó níos mó i gcomhlúadar (*company*) a gcairde.

Ach ní dea-scéala amach is amach é. Murab ionann is na grúpaí céanna déagóirí sa Ríocht Aontaithe, tosaíonn déagóirí na hAlban ag caitheamh tobac agus iad níos óige, ní dhéanann siad an méid céanna aclaíochta (*exercise*) nó ní itheann siad an méid céanna torthaí.

As na tíortha ar fad a ndearnadh an suirbhé iontu ólann déagóirí na hAlban atá cúig bliana déag d'aois níos mó alcóil ná déagóirí in a lán tíortha eile.

Roghnaíodh 7,000 déagóirí go fánach in Albain chun an suirbhé a dhéanamh. Ba iad taighdeoirí ó St. Andrew's University a chur an suirbhé le chéile. Rinne 200,000 duine óg as 43 tír éagsúla an suirbhé.

Léitheoireacht; tuiscint: ceisteanna le freagairt – scríobh na ceisteanna ar an gclár bán; (tasc scríofa nó labhartha i mbeirteanna).

Sleamhnán 5

Déagóirí Sásta

Iarphlé 1

Rólghníomhaíocht

Duine 1

Ainm: Máire Ní Shúilleabháin
Aois: 16
Scoil: Pobalscoil Ghleann Cholm Cille
Am saor: ceol, snámh, pictiúrlann agus léamh



Rólghníomhaíocht

Duine 2

Ainm: Seán Ó Ceallaigh
Aois: 17
Scoil: Coláiste Eoin
Am saor: rugbaí, ceolchoirmeacha, dioscónna, clubanna agus leadóg



Priontáil amach an sleamhnán seo agus gearr ina dhá leath é.

Sleamhnán 6

Déagóirí Sásta

Iarphlé 2

Rólghníomhaíocht

Ceisteanna

Cad is ainm duit?

Cén aois* atá tú?

Cén scoil a bhfuil tú ag freastal uirthi?

Cad a dhéanann tú i d'am saor?

Bí ag obair i ngrúpa agus cuir na ceisteanna thíos ar a chéile:

1. Cé atá níos sásta, Máire nó Seán, dar leat? Cén fáth?
2. An ólann déagóirí na hÉireann an iomarca, dar leat? Cén fáth?
3. An bhfuil déagóirí na hÉireann chomh sásta le déagóirí Shasana, dar leat? Cén fáth?
4. An bhfuil déagóirí sa Ghaeltacht níos sásta ná déagóirí nach bhfuil ina gcónaí sa Ghaeltacht, dar leat? Cén fáth?

Obair bheirte: ceisteanna a chur ar a chéile; **gramadach:** bliain (aoiseanna)

Obair ghrúpa: na ceisteanna a phlé.

Tasc scríofa: Leath-leathanach a scríobh faoi na rudaí dhéanann siad nuair a bhíonn siad saor.

2G. Déagóirí Sásta: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol na scoile / gnáthshaol déagóra
Stór focal	Gnáthshaol déagóra – caitheamh aimsire agus fadhbanna

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt mar gheall ar shuirbhé a rinneadh ar dhéagóirí in Albain. Is alt é atá bunaithe ar fhíricí agus mar sin tá sé casta go leor ach tá sé scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi ghnáthshaol an déagóra. Beidh siad ag obair leo féin do cheist 1 agus ansin beidh said ag caint leis an duine in aice leo do cheist 2, 3 agus 4.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✓ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.
- ✓ Bí cinnte go bhfuil na focail / frásaí thíos ar eolas acu:
 - neamhord itheacháin (anoireicse, búilime)
 - an murtall
 - piarbhrú
 - lionn dubh / ísle brí
 - fadhbanna óil / drugaí
 - andúileach / andúiligh



Réamhobair 2

- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla na ceisteanna ar an sleamhnán a léamh amach os ard. Bí cinnte go dtuigeann gach duine gach ceist.
- ✓ Iarr ar gach beirt a bheith ag obair le chéile chun na freagraí cearta a roghnú. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad tar éis tamaill (féach Freagraí thíos).



Léamh

- ✓ Cuir na daltaí ag obair le chéile i mbeirteanna chun an t-alt a léamh.
- ✓ Ansin léigh an t-alt leis an rang ar fad ag dul siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheidh acu.



Léamhthuiscint

- ✓ Iarr ar an rang freagraí na gceisteanna faoin alt a dhéanamh amach iad féin ar dtús agus ansin nuair a bheidh siad críochnaithe iarr orthu na freagraí a phlé ina mbeirteanna.
- ✓ Má theastaíonn uait an ghníomhaíocht a dhéanamh níos deacra abair leo na freagraí a scríobh amach ina gcóipleabhair nó má theastaíonn uait é a bheith réasúnta éasca abair leo nach gá dóibh faic a scríobh síos.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang ansin.
- ✓ Iarr orthu ansin na bearnaí a líonadh sna habairtí.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leo ansin.



Iarphlé

- ✓ Iarr ar gach foghlaimeoir na bearnaí a líonadh san amchlár leis na himeachtaí a dhéanann siad ag na hamanna éagsúla.
- ✓ Abair leo labhairt le cúpla duine eile sa rang le fáil amach cad a dhéanann siadsan nuair a bhíonn am saor acu. Mínigh dóibh go gcaithfidh siad nótaí a ghlacadh faoi imeachtaí na ndaoine eile mar go mbeidh tusa á gceistiú faoin eolas ar fad a bhailigh siad. Téigh siar ar an aimsir fháistineach roimh an ngníomhaíocht más gá, go háirithe ceisteanna agus freagraí.
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla an t-eolas a fuair siad a sholáthar os comhair an ranga.



Scríobh

- ✓ Iarr ar na daltaí leathleathanach a scríobh faoi na fadhbanna nó na deacrachtaí is mó a fheiceann siad a bhíonn ag déagóirí na linne seo.

Freagraí

Réamhobair 2

1. An Tuirc
2. Sasana agus an Ungáir
3. An Spáinn
4. Na Stáit Aontaithe agus an Ghréig
5. Fíor
6. 25-29%
7. 15-19%

Léamhthuiscint

1. Ar chuala tú an **dea-scéala**? D'éirigh le Michelle sna scrúduithe.
2. Tá fadhb mhór óil ag muintir na hÉireann **de réir** figiúirí a foilsíodh le déanaí.
3. Níl sí chomh sean sin, tá sí **ar chomhaois** liomsa.
4. Foilsíodh an leabhar **ar na mallaibh**, ach níor léigh mé é go fóill.
5. **Is cosúil** nach mbeidh mé ábalta dul ann, tá an iomarca obair bhaile agam.

Sleamhnán 4

Saol Sóisialta

Léamh

Na déagóirí is sona san Eoraip

Tá déagóirí in Albain níos sona ná déagóirí eile na hEorpa de bharr an chairdis atá acu lena bpiaraí (their peers).

De réir suirbhé a rinneadh ar na mallaibh is iad déagóirí na hAlban na déagóirí is sona san Eoraip agus i Meiriceá Thuaidh.

Dúirt trí ghrúpa déagóirí a bhain le haoiseanna éagsúla in Albain go raibh siad sona sásta sa saol.

Ba iad na grúpaí a ceistíodh ná na haoiseanna seo a leanas: aon bhliain déag, trí bliana déag agus cúig bliana déag. Dúirt 91% de na déagóirí den aois aon bhliain déag go raibh siad breá sásta leis an saol agus ba iad an dream ba shona. 87% de dhéagóirí trí bliana déag a dúirt go raibh siad sásta agus 84.5% den tríú grúpa (cúig bliana déag) a dúirt go raibh siad sásta.

Is léir ón taighde gurb iad na déagóirí is sona iad na déagóirí a bhfuil cairde maithe agus saol maith sóisialta acu. Is daoine sóisialta iad déagóirí na hAlban de ghnáth a bhfuil saol maith sóisialta acu, a deir duine de na taighdeoirí, an Dochtúir Jo Inchley.

Léitheoireacht: na déagóirí is sona san Eoraip.

Sleamhnán 5

Saol Sóisialta

Léamh

Na déagóirí is sona san Eoraip

Tá níos mó ná tríúr cairde maithe ag an gcuid is mó de dhéagóirí (trí bliana déag d'aois) na hAlban agus is amhlaidh atá siad níos sásta ná déagóirí eile ar chomhaois leo fud fad an domhain dá bharr sin.

Is cosúil go gcaitheann déagóirí na hAlban, idir trí bliana déag agus cúig bliana déag, ceithre oíche nó níos mó i gcomhlúadar (company) a gcairde.

Ach ní dea-scéal amach is amach é. Murab ionann is na grúpaí céanna déagóirí sa Ríocht Aontaithe, tosaíonn déagóirí na hAlban ag caitheamh tobac agus iad níos óige, ní dhéanann siad an méid céanna aclaíochta (exercise) nó ní itheann siad an méid céanna torthaí.

As na tíortha ar fad a ndéana an suirbhé iontu ólann déagóirí na hAlban atá cúig bliana déag d'aois níos mó alcóil ná déagóirí in a lán tíortha eile.

Roghnaíodh 7,000 déagóirí go fánach in Albain chun an suirbhé a dhéanamh. Ba iad taighdeoirí ó St. Andrew's University a chur an suirbhé le chéile. Rinne 200,000 duine óg as daichead a trí tír éagsúla an suirbhé.

Léitheoireacht: na déagóirí is sona san Eoraip.

Sleamhnán 6

Saol Sóisialta

Léamhthuiscint

1. Cén fáth ar luadh na céatadáin seo: 91%, 87% agus 84.5%?
2. Cad a deirtear san alt faoi dhéagóirí a bhfuil saol maith sóisialta acu?
3. Cé mhéad oíche sa tseachtain a chaitheann déagóirí na hAlban lena gcuid cairde?
4. Cad iad na fadhbanna a bhíonn ag déagóirí na hAlban?
5. An ólann déagóirí na hAlban mórán alcóil?

Cuir an focal cuí ón liosta sna bearnaí.

ar chomhaois	dea-scála	is cosúil	ar na mallaibh	de réir

1. Ar chuala tú an _____? D'éirigh le Michelle sna scrúduithe.
2. Tá fadhb mhór óil ag muintir na hÉireann _____ figiúirí a foilsíodh le déanaí.
3. Níl sí chomh sean sin, tá sí _____ liomsa.
4. Foilsíodh an leabhar _____, ach níor léigh mé é go fóill.
5. _____nach mbeidh mé ábalta dul ann, tá an iomarca obair bhaile agam.

Tuiscint: ceisteanna ar an léitheoireacht; obair bheirt: freagraí a phlé le chéile; tasc scríofa/ labhartha: bearnaí a líonadh.

Sleamhnán 7

Saol Sóisialta

Iarphlé

Líon na bearnaí leis na himeachtaí a dhéanann tú nuair nach mbíonn tú ar an scoil.

	Dé Luain	Dé Máirt	Dé Céadaoin	Déardaoin
Maidin	ar scoil	ar scoil	ar scoil	ar scoil
Lón				
Iarnóin	ar scoil	ar scoil	ar scoil	ar scoil
Tráthnóna				

	Dé hAoine	Dé Sathairn	Dé Domhnaigh
Maidin	ar scoil		
Lón			
Iarnóin	ar scoil		
Tráthnóna			

Tasc aonair scríofa: Líon na bearnaí san amchlár; **gramadach:** dul siar ar an aimsir fháistineach; **obair ghrúpa:** na hamchláir a chur i gcomparáid lena chéile agus nótaí a bhreacadh síos; **cur i láthair:** an t-eolas a fuair siad a insint don rang.

Tasc scríofa: leathleathanach a scríobh faoi fhadhbanna/dheacrachtaí dhéagóirí na linne seo.

2I. Iris na Scoile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – saol sóisialta / imeachtaí sóisialta
Stór focal	Imeachtaí sóisialta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar shliocht a scríobh dalta d'iris na scoile i bPobalscoil Chorca Dhuibhne. Is teasc gearr é atá scríofa ar bhealach simplí.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud agus ansin lig dóibh an cleachtadh a dhéanamh leo féin.
- ✓ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil na freagraí ar eolas acu.
- ✓ Iarr ar gach beirt a gcuid freagraí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh na freagraí leis an rang ar fad.



Léamh

- ✓ Léigh an t-alt leis an rang ar fad.
- ✓ Téigh siar ar aon deacracht fuaime nó tuisceana a bheadh acu.
- ✓ Iarr ar dhalta éagsúla cuid den léitheoireacht a dhéanamh amach os ard.



Iarphlé 1

- ✓ Iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad agus na leaganacha malartacha a bheidh acu.



Iarphlé 2

- ✓ Tabhair deis do na daltaí smaoineamh ar na saghsanna rannóg a bheadh in Iris Scoile (e.g. rannóg spóirt, rannóg imeachtaí scoile, agallaimh le daltaí agus múinteoirí, rannóg litríochta etc).
- ✓ Pléigh a gcuid smaointe leis an rang ar fad maidir leis na saghas alt ba mhaith leo a chur san áireamh in Iris Scoile.



Scríobh

- ✓ Mínigh do na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag scríobh cúpla alt ar a rogha féin de na topaicí ar an sleamhnán (e.g. dráma a chonaic siad, cluiche spóirt ar ghlac siad páirt ann nó a chonaic siad, turas a thóg siad, gné ar bith dá saol sóisialta agus araile).
- ✓ Abair leo abairtí gearra, simplí a scríobh agus aird faoi leith a dhíriú ar an litriú.
- ✓ Abair le cúpla dalta an méid a bheidh scríofa acu a léamh amach duit.

2I. Iris na Scoile

Sleamhnán 1	Iris na Scoile Réamhobair I gceann tamaill beidh tú ag léamh ailt a scríobh dalta d'Iris na Scoile i bPobalscoil Chorca Dhuibhne faoi Chomórtas Díospóireachtaí Uí Chadhain. Ar dtús, déan an cleachtadh seo: Conas a déarfá... 1. We were very happy to qualify... 2. The second year in a row. 3. Our supporters. 4. They deserved it.	Saibhriú teanga, obair bheirte: nathanna a aistriú ón mBéarla.
Sleamhnán 2	Iris na Scoile Léamh Díospóireachtaí Uí Chadhain le hiseult Ní Lubhaing, Pobalscoil Chorca Dhuibhne Thosaigh an chéad bhabhta de chomórtas díospóireachtaí Uí Chadhain i mí Mheán Fómhair i nGaelcholáiste Chiarraí. Thugamar na cosa linn i gCill Áirne agus bhíomar ar mhuin na muice ag dul ar aghaidh go dtí an tríú babhta i Luimneach. B'fhearr ná san go raibh na sinsir in éineacht linn. Bhí áthas an domhain orainn cáiliú do Chraobh na hÉireann don dara bliain as a chéile agus chuireamar os ár gcomhair larracht a dhéanamh é a bhuanach. Bhí an chraobh ar siúl i gColáiste na Tríonóide i mBaile Átha Cliath i mí Eanáir. Bhí caighdeán níos airde ann ná mar a bhí anuraidh. Bhíomar an-neirbhíseach nuair a bhí an díospóireacht ar siúl ach bhí ár lucht tacaíochta agus ár múinteoirí laistiar dúinn an t-am ar fad. Rinneamar ár seacht ndícheall ach ar deireadh thiar thall bhuaigh Scoil Chuimsitheach Chiarraí agus bhí sé tuille acu. Bhíomar bailithe go maith nár bhuamar an €1000 agus an turas thar lear ach fós fuair eamar duals as a bheith sa chraobh. Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghabháil lenár múinteoir a thug treoir agus comhairle dúinn na díospóireachtaí a ullmhú. Táimid fíorbhuíoch den lucht tacaíochta a thaistil go Baile Átha Cliath linn.	Léitheoireacht ranga: fuaimeanna a chleachtadh/shoiléiriú, míniú ar fhocail deacra, léitheoireacht os ard.
Sleamhnán 3	Iris na Scoile Iarphlé 1 Cad is brí leis na nathanna seo a bhí san alt: • Thugamar na cosa linn • Chuireamar os ár gcomhair • Rinneamar ár seacht ndícheall • Bhíomar bailithe go maith An bhfuil slite eile agatsa chun an bhrí chéanna a léiriú do gach nath thuas? Breac síos iad.	Obair bheirte, saibhriú teanga: nathanna a mhíniú agus nathanna eile a aimsiú.

Sleamhnán 4

Iris na Scoile

Iarphlé 2

Samhlaigh gur tusa agus an duine in aice leat eagarthóirí Iris na Scoile i mbliana.

Déan amach plean beag don Iris ag smaoineamh ar na nithe seo a leanas:

- na rannóga difriúla a bheidh san Iris
- na hailt dhifriúla ba mhaith libh a bheith san iris
- na daltaí a scríobhfaidh na hailt sin daoibh

Obair bheirte: iris scoile a phleanáil; **plé ranga:** iris scoile.

Sleamhnán 5

Iris na Scoile

Scríobh

Scríobh alt gearr ar do rogha rud – (a) (b) nó (c) thíos.

- (a) Ócáid/ imeacht scoile a raibh baint agat leis
- (b) Léirmheas nó tuairisc ar ócáid / imeacht scoile a raibh tú sa lucht féachana / lucht tacaíochta ann.
- (c) Cuntas ar ócáid/imeacht éigin a raibh tú páirteach ann taobh amuigh den scoil

Scríbhneoireacht: cur síos ar imeacht scoile.

Fócas ar Theanga Litriú (Tíortha & Teangacha): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar litriú na Gaeilge
Stór focal	Tíortha agus Teangacha

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Déagóirí Sásta**, Aonad 2 (TS - Saol Sóisialta). Is gá i gcónaí córas agus struchtúr na teanga a chur i láthair na ndaltaí, agus más féidir é sin a dhéanamh ar bhealach loighciúil agus simplí is ea is fearr é. Cuir béim ar an struchtúr loighciúil seo sna gníomhaíochtaí agus ar an tslí ar féidir leis na foghlaimoirí cur lena n-eolas féin faoin teanga nuair atá an córas ar eolas acu.

Freagraí

Tá na tíortha baininsneach den chuid is mó sa Ghaeilge. Díriú aird na bhfoghlaimoirí ar dheirí na bhfocal chomh maith agus an tslí a gcríochnaíonn siad le consan caol – mar a bhíonn focail bhaininsneacha go minic.

Mínigh an difríocht idir **sa** agus **i**:

- sa = i + an (in the)
- cuirtear séimhiú ar chonsan tar éis **sa**
- cuirtear 'n' roimh ghuta agus 'fh'
- cuirtear 't' roimh fhocal baininsneach a thosaíonn le s

An Fhrainc	sa Fhrainc
An Spáinn	sa Spáinn
An Iodáil	san Iodáil
An Ghearmáin	sa Ghearmáin
An Iorua	san Iorua
An tSualainn	sa tSualainn
An Fhionlainn	san Fhionlainn
An Danmhairg	sa Danmhairg
An Tuirc	sa Tuirc
An Pholainn	sa Pholainn
An Ungáir	san Ungáir
An Ghréig	sa Ghréig
Éire	in Éirinn
Sasana	i Sasana
Na Stáit Aontaithe	sna Stáit Aontaithe*

Albain in Albain

Tá na teangacha baininscneach i nGaeilge de ghnáth. Críochnaíonn siad le consan caol den chuid is mó.

An Fhrainc	An Fhraincis
An Spáinn	An Spáinnis
An Iodáil	An Iodáilis
An Ghearmáin	An Ghearmáinis
An Iorua	An Ioruais
An tSualainn	An tSualainnis
An Fhionlainn	An Fhionlainnis
An Danmhairg	An Danmhairgis
An Tuirc	An Tuircis
An Pholainn	An Pholainnis
An Ungáir	An Ungáiris
An Ghréig	An Ghréigis

Fócas ar Theanga: Litriú (Tíortha & Teangacha)



Sleamhnán 1

Litriú Tíortha agus Teangacha

Féach ar na tíortha thíos, an focail bhaininscneacha nó fhirinscneacha iad? Conas atá a fhios agat?

An Fhrainc	_____
An Spáinn	_____
An Iodáil	_____
An Ghearmáin	_____
An Iorua	_____
An tSualainn	_____
An Fhionlainn	_____
An Danmhaig	_____
An Tuirc	_____
An Pholainn	_____
An Ungáir	_____
An Ghréig	_____
Éire	_____
Sasana	_____
Na Stáit Aontaithe*	_____
Albain	_____

Cuir *sa* nó *i* leis na tíortha anois, an féidir leat a rá cad is cúis le do rogha?

Gramadach: Firinscneach nó baininscneach – tíortha.

Sleamhnán 2

Litriú Tíortha agus Teangacha

Féach air seo:

An Fhrainc	An Fhraincis
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____
_____	_____

Anois, cad iad na teangacha is féidir a dhéanamh as na tíortha?

An focail bhaininscneacha nó fhirinscneacha iad na teangacha? Conas atá a fhios agat?

Gramadach: teangacha a dhéanamh as ainmneach tíortha. Baininscneach nó firinscneach.

Fócas ar Theanga

Na tuisil: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Na tuisil a chur i láthair na ndaltaí
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Nuair a bhí mé i mo dhéagóir**, Aonad 2 (An Saol Sóisialta).

Níl sé i gceist míniú iomlán agus cruinn a thabhairt do na daltaí ar na tuisil ar fad sa cheacht seo – tá ceachtanna ar gach tuiséal ar fáil ar leithligh sa rannóg Fócas ar Theanga. Níl anseo ach léargas ginearálta orthu.

An aidhm atá leis an gceacht seo ná díreach coincheap na dtuiseal a chur i láthair na ndaltaí. Níl sé i gceist go mbeidís an-eolach ar na tuisil ina dhiaidh ach díreach go mbeidh a fhios acu (i) go bhfuil a leithéid de rud ann; (ii) cé mhéad tuiséal atá ann agus (iii) a bheith ábalta buille faoi thuairim a thabhairt faoin tuiséal ina bhfuil ainmfhocal. Má tá grúpa daltaí agat a bhfuil cumas íseal acu sa teanga ní gá an ceacht ar fad a dhéanamh in aon rang amháin.

Is féidir aird a tharraingt ar na pointí seo a leanas má shíleann tú go mbeadh sé oiriúnach:

1. An tuiséal gairmeach: séimhítear ainmneacha cailíní agus buachaillí ach ní chaolaítear ach ainmneacha buachaillí. Ní chaolaítear ainmneacha cailíní.
2. An tuiséal tabharthach: má tá canúint Uladh in úsáid ag an ngrúpa daltaí abair leo an séimhiú a úsáid. Más ó Chonnachta nó ó Chúige Mumhan an grúpa, úsáid an t-urú. Muna bhfuil canúint ar leith ar an ngrúpa abair leo ceann amháin a roghnú agus cloí leis. Níor cheart riamh an dá chóras a mheascadh.
3. Bíonn sé deacair do dhaoine uaireanta a dhéanamh amach nuair atá ainmfhocal sa tuiséal ainmneach. Cuir ar fáil go leor samplaí dóibh mar sin, más gá.

1. Tá **an cailín** ina seasamh ar an **mbord**.

an cailín: tuiseal ainmneach

mbord: tuiseal tabharthach

2. An raibh tú ag an **gcluiche** inné?

gcluiche: tuiseal tabharthach

3. Chaill mé an rang **staire** inniu.

staire: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile *rang + stair*)

4. Cad a shíl tusa den dráma, a **Phádraig**?

a Phádraig: tuiseal gairmeach

5. Tá **an múinteoir** céanna agam i gcomhair Gaeilge agus Mata.

an múinteoir: tuiseal ainmneach

6. Cá bhfuil an seomra **eolaíochta**?

eolaíochta: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile *seomra + eolaíocht*)

7. Tá sé seo ródheacair. Tá níos mó **cabhrach** ag teastáil uaim.

cabhrach: tuiseal ginideach (tar éis focal a chuireann méid in iúl *níos mó*)

8. Bíonn orainn éide **scoile** a chaitheamh sa scoil seo.

scoile: tuiseal ginideach (dhá ainmfhocal ag teacht i ndiaidh a chéile *éide + scoil*)

9. Caithfidh mé dul chuig an **bhfiaclóir** amárach.

bhfiaclóir: tuiseal tabharthach

10. Cogar anois, a **Chiara**, ná bí mar sin!

a Chiara: tuiseal gairmeach

Fócas ar Theanga: Na tuisil

Sleamhnán 1	Na tuisil Cén rud é tuiséal? Is éard is tuiséal ann ná an t-athrú a thagann ar ainmfhocal ag brath ar na focail eile atá timpeall air. Athraíonn focail eile chomh maith i.e. <i>aidiachtaí</i> ach ní tuiséal atá i gceist ansin. Ní bhaineann tuisil ach amháin le hainmfhocail. Tá tuisil in a lán teangacha ar fud an domhain, mar shampla, san Fhionlainnis agus sa Ghréigis. Bhíodh tuisil ann fadó sa Bhéarla ach níl níos mó.	Gramadach: na tuisil, réamhrá.
Sleamhnán 2	Na tuisil Níl ach ceithre thuiséal sa Ghaeilge. Seo iad: An tuiséal gairmeach An tuiséal ainmneach An tuiséal tabharthach An tuiséal ginideach	Gramadach: na tuisil sa Ghaeilge.
Sleamhnán 3	Na tuisil Gairmeach An tuiséal gairmeach Seo an t-athrú a thagann ar ainmneacha Gaeilge nuair a bhíonn tú ag labhairt le duine (i.e. nuair a bhíonn 'a' rompu). Máire a <u>M</u>háire Siobhán a <u>S</u>hiobhán Seán a <u>S</u>heáin Ciarán a <u>C</u>hiaráin	Gramadach: an tuiséal gairmeach.

Sleamhnán 4	Na tuisil Ainmneach 1 An tuiséal ainmneach Bíonn ainmfhocal sa tuiséal ainmneach nuair a bhíonn sé sa ‘ghnáthstaid’ i.e. Nuair nach mbíonn aon rud ‘ag tarlú’ dó. Tá buachaill ag imirt peile (Níl faic ag ‘tarlú’ don fhocal buachaill.) Ach! Athraíonn an focal sa tuiséal ainmneach, ceart go leor, má bhíonn an focal ‘an’ roimhe...	Gramadach: an tuiséal ainmneach.										
Sleamhnán 5	Na tuisil Ainmneach 2 ... Féach ar na focail seo ar fad atá sa tuiséal ainmneach: <table><tr><th>Firinsneach</th><th>Baininsneach</th></tr><tr><td>an fear</td><td>an bhean</td></tr><tr><td>an t-urlár</td><td>an oifig</td></tr><tr><td>an samhradh</td><td>an tsochraid</td></tr></table> Athraíonn na hainmfhocail ag brath ar a bhfuil siad firinsneach nó baininsneach. Sin ceacht i gcomhair lá eile! Idir an dá linn, bí in ann a aithint má tá focal sa tuiséal ainmneach.	Firinsneach	Baininsneach	an fear	an b hean	an t -urlár	an oifig	an samhradh	an t sochraid	Gramadach: baininsneach agus firinsneach.		
Firinsneach	Baininsneach											
an fear	an b hean											
an t -urlár	an oifig											
an samhradh	an t sochraid											
Sleamhnán 6	Na tuisil Tabharthach 1 An tuiséal tabharthach Cuirtear ainmfhocail sa tuiséal tabharthach nuair a bhíonn réamhfhocal agus an t-alt rompu (e.g. ag an, ar an, leis an, roimh an, faoin, chuig an etc.). <table><tr><td>bus</td><td>ar an mbus</td></tr><tr><td>cathaoir</td><td>faoin gcathaoir</td></tr><tr><td>féasóg</td><td>ar an bhféasóg</td></tr><tr><td>gasúr</td><td>leis an ngasúr</td></tr><tr><td>poitigéir</td><td>ag an bpoitigéir</td></tr></table> Cuirtear urú ar an ainmfhocal ach amháin...	bus	ar an m bus	cathaoir	faoin g cathaoir	féasóg	ar an bh féasóg	gasúr	leis an ng asúr	poitigéir	ag an b poitigéir	Gramadach: an tuiséal tabharthach.
bus	ar an m bus											
cathaoir	faoin g cathaoir											
féasóg	ar an bh féasóg											
gasúr	leis an ng asúr											
poitigéir	ag an b poitigéir											

Sleamhnán 7

Na tuisil

Tabharthach 2

... Más ó Chúige Uladh tú cuirtear séimhiú ar an ainmfhocal in ionad urú sa tuiséal tabharthach.

bus	ar an bhus
cathaoir	faoin chathaoir
féasóg	ar an fhéasóg
gasúr	leis an ghasúr
poitigéir	ag an phoitigéir

Gramadach, feasacht teanga: canúint Chúige Uladh.

Sleamhnán 8

Na tuisil

Ginideach

An tuiséal ginideach

Tá cúig chúis ann go mbeadh ainmfhocal sa tuiséal ginideach.

1. **Dhá ainmfhocal i ndiaidh a chéile**
an samhradh: tús **an tsamhraidh**
rang: seomra **ranga**
2. **Tar éis réamhfhocal comhshuite**
an bhliain: i rith **na bliana**
an lá: tar éis **an lae**
3. **Tar éis ainm briathartha**
dinnéar: ag ithe **dinnéir**
peil: ag imirt **peile**
4. **Tar éis na focail 'timpeall' agus 'trasna'**
an scoil: timpeall **na scoile**
an pháirc: trasna **na páirce**
5. **Tar éis focail a chuireann méid in iúl**
airgead: a lán **airgid**
am: níos mó **ama**

Gramadach: an tuiséal ginideach – cén uair a úsáidtear é.

Sleamhnán 9

Na tuisil

Cén tuiséal?

Abair cén tuiséal atá i gceist leis na hainmfhocail atá i gcló dorchá.

1. Tá **an cailín** ina seasamh ar an **mbord**.
2. An raibh tú ag an **gcluiche** inné?
3. Chaill mé an rang **staire** inniu.
4. Cad a shíl tusa den dráma, a **Phádraig**?
5. Tá **an múinteoir** céanna agam i gcomhair Gaeilge agus Mata.
6. Cá bhfuil an seomra **eolaíochta**?
7. Tá sé seo ródheacair. Tá níos mó **cabhrach** ag teastáil uaim.
8. Bíonn orainn éide **scoile** a chaitheamh sa scoil seo.
9. Caithfidh mé dul chuig an **bhfiaclóir** amárach.
10. Cogar anois, a **Chiara**, ná bí mar sin!

Gramadach: ceisteanna – cén tuiséal?

Fócas ar Theanga

Na bunuimhreacha (10 -): Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Rialacha na mbunuimhreacha
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Déagóirí Sásta**, Aonad 2 (An Saol Sóisialta). Léigh na teoracha leis na daltaí. Abair leis na foghlaimeoirí aithris a dhéanamh ar na samplaí tugtha mura bhfuil na rialacha ar eolas acu cheana féin. Déan druil leis na foghlaimeoirí ag cleachtadh rialacha na mbunuimhreacha, mar shampla:

Scríobh a leithéid seo ar an gclár bán agus iarr ar dhaltaí éagsúla an dá fhocal a chur le chéile:

12 + bróg

17 + pláta

3 + lampa

Is féidir amhlaidh a dhéanamh leis na hainmfhocail mhírialta. Is féidir chomh maith iarraidh ar na daltaí abairtí a chumadh leo.

Freagraí

Bunuimhreacha (10-)

Bliain	Aon bhliain déag, dhá bhliain déag, trí bliana déag, ceithre bliana déag, cúig bliana déag, sé bliana déag, seacht mbliana déag, ocht mbliana déag, naoi mbliana déag
Uair	Aon uair amháin, dhá uair déag, trí huaire déag, ceithre huaire déag, cúig huaire déag, sé huaire déag, seacht n-uair déag, ocht n-uair déag, naoi n-uair déag
Seachtain	Aon seachtain déag, dhá sheachtain déag, trí seachtaine déag, ceithre seachtaine déag, cúig seachtaine déag, sé seachtaine déag, seacht seachtaine déag, ocht seachtaine déag, naoi seachtaine déag

Fócas ar Theanga: Na bunuimhreacha (10 -)



Sleamhnán 1

Bunuimhreacha (10 -)

Rialacha

1. Cad é an difríocht idir na focail sa dá cholún?

ocht mbord déag	naoi ngloine dhéag
seacht gcupán déag	ceithre oíche dhéag
tri ghluasteán déag	cúig ghúna dhéag

2. An féidir leat an difríocht a mhíniú? Pléigh leis an duine in aice leat é.

Gramadach: na bunuimhreacha, riail faoi shéimhiú ar “déag”.

Sleamhnán 2

Bunuimhreacha (eisceachtaí)

Rialacha

Lean na rialacha a bhaineann leis an ainmfhocal “Bliain” chun na bearnaí a líonadh.

Bliain	Aon bhliain déag, dhá bhliain déag, trí bliana déag, ceithre bliana déag, cúig bliana déag, sé bliana déag, seacht mbliana déag, ocht mbliana déag, naoi mbliana déag
Uair	
Seachtain	

Gramadach: eisceachtaí – bliain, uair, seachtain.

Caibidil 3: Mo Mhuintir agus mo chairde

- A. Ag cabhrú timpeall an tí (Réasúnta dúshlánach)
- B. Ag cur aithne ar dhaoine
- C. Ag tabhairt comhairle (Dúshlánach)
- D. Mo sheanmháthair (Dúshlánach)
- E. Mo theaghlach (Réasúnta dúshlánach)
- F. Tréithe daoine (Réasúnta dúshlánach)
- G. Tuismitheoirí bochta (Réasúnta dúshlánach)
- H. Fócas ar theanga:
 - i. An tuiséal gairmeach
 - ii. An modh ordaitheach
 - iii. An t-ainm briathartha

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. The header features the Ceacht.ie logo and the tagline 'Aimhinn do mhúinteoirí Gaeilge'. The main content area is titled 'Ag cabhrú timpeall an tí'. On the left, a sidebar lists various lessons, with 'A. Ag cabhrú timpeall an tí' highlighted. The main area contains a video player showing a person speaking. Below the video, there are three resource cards, each with a file icon, a title, and a size. The first card is for a video file named 'Ag cabhrú timpeall an tí' (6.15 MB). The second card is for a PDF file named 'Ag cabhrú timpeall an tí' (145.88 KB). The third card is for a Word document named 'Ag cabhrú timpeall an tí' (41.15 KB).

3B. Ag cur aithne ar dhaoine: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisceana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ag cur aithne ar dhaoine
Stór focal	Ag bualadh le daoine

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil páistí ag déanamh comhrá le chéile den chéad uair. Níl ábhar na míre deacair ach tá se canúnach go leor, agus tá na trí chanúint le cloisteáil inti. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann leis **An Tuiseal Gairmeach** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Abair leis na daltaí a machnamh a dhéanamh ar conas **hello** agus **how are you** a rá i nGaeilge. Déan plé ar **dia duit** agus an nós atá ann sa Ghaeilge Dia agus na naoimh a tharraingt isteach sa scéal. Pléigh chomh maith na difríochtaí idir na canúintí (féach Freagraí thíos).
- ✓ Iarr ar gach beirt na ceistanna a chur in ord. Is ceistanna iad a chuirtear ar dhuine agus tú ag cur aithne air an chéad lá.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu, ní bheidh na tuairimí céanna ag gach duine.
- ✓ Cuir ceist ar an rang a bhfuil aon cheist in easnamh dar leo.



Réamhobair 2

- ✓ Iarr ar gach beirt na bearnaí a líonadh le chéile. Caithfidh siad an nath oiriúnach a roghnú a théann le gach scenario (féach Freagraí thíos).
- ✓ Pléigh na nathanna a bhí acu agus scríobh aon cheann nach raibh ar eolas acu ar an gclár. Beidh níos mó ná nath amháin ann in amanna.



Réamhobair 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na cásanna áirithe agus iad ag obair ina n-aonar ar dtús. Caithfidh siad marc (1-5) a chur in aice le gach scenario ag brath ar cé chomh cúthaileach is atá siad sna cásanna áirithe.
- ✓ Abair leo labhairt leis an duine in aice leo ansin le feiceáil cé chomh cúthaileach is atá siad féin.
- ✓ Bí ag siúl timpeall le linn an phlé le cinntiú go bhfuil siad ag labhairt as Gaeilge agus le cuidiú leo más gá.
- ✓ Pléigh na cásanna leis an rang iomlán agus scríobh aon fhrása nó aon fhocal nua a tháinig aníos le linn na gníomhaíochta ar an gclár.



Éisteacht

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le páistí (déagóirí óga) ag cur aithne ar a chéile ar an nguthán.
- ✓ Abair leo éisteacht leo uair amháin agus a rá cén chanúint atá ag na cainteoirí éagsúla.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt. Tuairimíocht atá i gceist le ceist 4 agus 5.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu.



Iarphlé 1

- ✓ Pléigh an chéad cheist leis an rang iomlán. Tuairimíocht atá i gceist.
- ✓ Pléigh na frásaí atá ar an sleamhnán leis na daltaí agus mínigh aon cheann nach bhfuil ar eolas acu.
- ✓ Níl sna frásaí seo ach an tús, déan iarracht a lán frásaí eile a tharraingt ó na daltaí a bhaineann leis an aimsir.
- ✓ Iarr ar dhaltaí éagsúla cur síos a dhéanamh ar an aimsir inniu.
- ✓ Seo cúpla seanfhocal, ach is mó an méid atá ann:

Is olc an ghaoth nach séideann maith do dhuine.

Is samhradh gach síon go dtí an Nollaig.

Ní hé lá na gaoithe lá na scolb.

Ní hé lá na báistí lá na bpáistí.



Iarphlé 2

- ✓ Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- ✓ Bíonn nós ag Éireannaigh, ag tús comhrá, a rá nach bhfuil aon ní nua sa saol acu, fiú má bhíonn. Go díreach cosúil leis an nós: *Cad é mar atá tú? Tá mé go maith.* Ach, tar éis tamaill tagann scéalta eile chun cinn a léiríonn b'fhéidir nach bhfuil sé nó sí rómhaith.
- ✓ Ceartaigh cuid de na habairtí a bhí acu leis an rang ar fad.



Iarphlé 3

- ✓ Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- ✓ Níl ann ach plé beag ar an Oireachtas, beidh tuilleadh plé ar an Oireachtas amach anseo.
- ✓ 'Damhsa ar an sean nós' agus 'agallamh beirte' atá sna pictiúir.



Réamhobair 1

Canúint na Mumhan	Canúint Chonnachta	Canúint Uladh
Conas atá tú?	Cén chaoi a bhfuil tú?	Cad é mar atá tú?

Réamhobair 1

Ar maidin:	maidin mhaith duit
Roimh am luí:	oíche mhaith, codladh sámh
Agus tú ag imeacht:	slán leat, slán go fóill, slán agus beannacht
Breithlá duine:	breithlá sona duit
An Nollaig:	Nollaig shona, Nollaig faoi shéan & faoi mhaise
Roimh scrúdú:	ádhd mór, go n-éirí leat
Tar éis scrúdaithe:	comhghairdeas
Ligean duine sraoth:	Dia leat
Ag cur duine in aithne:	Seo Máire, deas bualadh leat
Níor thuig tú rud a dúirt duine:	gabhd mo leithscéal?
Tá cara tinn:	go dtaca biseach ort
Tá duine sa bhealach ort:	gabhd mo leithscéal

3B. Ag Cur Aithne ar Dhaoine

Sleamhnán 1	Ag cur aithne ar dhaoine Réamhobair 1 Beidh tú ag éisteacht ar ball le déagóirí óga ag cur aithne ar a chéile. Conas a déarfá féin hello agus how are you? Cad faoi na canúintí eile: <table border="1"> <thead> <tr> <th>Canúint na Mumhan</th><th>Canúint Chonnachta</th><th>Canúint Uladh</th></tr> </thead> <tbody> <tr> <td> </td><td> </td><td> </td></tr> </tbody> </table> Féach ar na ceisteanna thíos a chuirfeá ar dhuine agus tú ag cur aithne air den chéad uair. Bí ag obair leis an duine in aice leat – cad é an chéad cheist a chuirfeá, dar libh? Cuirigi in ord iad. Cá bhfuil tú i do chónaí? Cén chaoi a bhfuil tú? Cén áit a bhfuil tú ar scoil? An maith leat ceol? An bhfuil mórán deirfiúracha agus deartháireacha agat? Cé as tú? Cén bhliain ina bhfuil tú ar scoil? An imríonn tú aon spórt? Cad é an scannán is fearr leat? Cén aois atá tú?	Canúint na Mumhan	Canúint Chonnachta	Canúint Uladh				Stór focal bunúsach: Iarrtar ar na daltaí nathanna canúnacha ar “how are you” a thabhairt. Tugtar ceisteanna bunúsacha le cur ar dhuine a mbuaileann tú leis den chéad uair.
Canúint na Mumhan	Canúint Chonnachta	Canúint Uladh						
Sleamhnán 2	Ag cur aithne ar dhaoine Réamhobair 2 Ag obair leis an duine in aice leat fós – cad a déarfá le duine sna cásanna seo: Ar maidin _____ Roimh am luí _____ Agus tú ag imeacht _____ Breithlá duine _____ An Nollaig _____ Roimh scrúdú _____ Tar éis scrúdaithe _____ Ligean duine sraoth _____ Ag cur duine in aithne _____ Níor thuig tú rud a dúirt duine _____ Tá cara tinn _____ Tá duine sa bhealach ort _____	Nathanna cainte: Iarrtar ar na daltaí nathanna a sholáthar a d’úsáidfidh ag ócáidí éagsúla – ar maidin, ag imeacht dóibh, ag ligint sraotha agus araile.						
Sleamhnán 3	Ag cur aithne ar dhaoine Réamhobair 3 An duine cúthaileach tú? Go háirithe agus tú ag bualadh le duine den chéad uair? Cuir uimhir in aice leis na ráitis seo le léiriú cé chomh cúthaileach is a bhíonn tú de ghnáth (1 – an-chúthaileach agus 5 – féinmhuineach) sna cásanna éagsúla.  ☐ Do chéad lá ar scoil. ☐ Ag labhairt le duine ar an nguthán den chéad uair. ☐ I do shuí in aice le duine nach bhfuil aithne agat air ar scoil. ☐ Ag dul ar choinne le buachaill / caillín den chéad uair. ☐ Ag labhairt le tuismitheoirí do chairde. ☐ Ag labhairt le múinteoir leat féin, tar éis am scoile. ☐ Ag gearán i siopa nó i gcaife. ☐ Ag iarraidh cabhrach ó do mhúinteoir. ☐ Ag iarraidh treoracha ó chailín nó ó bhuachaill deas. Cad atá ag an duine in aice leat? Déanaigí plé ar na tuairimí atá agaibh.	Obair aonair/beirte: Suirbhé, an duine cúthaileach tú? Plé ar na torthaí i mbeirteanna.						

Sleamhnán 4

Ag cur aithne ar dhaoine

Éisteacht

Éist leis an mír uair amháin agus abair cén chanúint atá ag na daoine seo:

An buachaill ag an tús: _____
Pól: _____
Éilís: _____

Conas a bhí a fhios agat?

Éist leis an mír arís agus freagair na ceistanna:

1. Cén sloinne atá ar Éilís agus cá bhfuil sí ar scoil? Cén t-ainm atá ar a múinteoir?
2. Cad é an caitheamh aimsire atá ag Éilís?
3. Cé chomh fada ón trá atá Pól agus Éilís?
4. Cén aois atá na triúr cainteoirí, dar leat? Tabhair buille faoi thuairim ach bí in ann a rá cén fáth a ndúirt tú amhlaidh.
5. An raibh aithne ag na cainteoirí ar a chéile roimhe, dar leat?

Tasc éisteachta: Triúr ag caint. Canúint gach duine acu le haithint. Ceistanna simplí curtha.

Sleamhnán 5

Ag cur aithne ar dhaoine

Iarphlé 1

Ar thug tú faoi ndeara riamh go mbíonn muintir na hÉireann (go háirithe daoine níos sine) de shíor ag caint faoin aimsir? Cén fáth, dar leat? Anois, an dtuigean tú na frásaí seo:

Tá sé ina ghála gaoithe
Tá sé ag stealladh báistí
Tá an lá go haoibhinn
An bhfliuchfaidh sé?
D’fheannfadh an aimsir seo gabhar
Cad a dhéanfaidh sé inniu?
Chonlódh sé tú
Tá an ghrian ag scoilteadh na gcloch



Cad iad na frásaí atá ar eolas agatsa mar gheall ar an aimsir?

An bhfuil aon seanfhocal ar eolas agat faoin aimsir?
Cad é?

Saibhriú teanga: nathanna cainte a bhaineann leis an aimsir. Iarrtar tuilleadh, agus iarrtar seanfhocail a bhaineann leis an aimsir.

Sleamhnán 6

Ag cur aithne ar dhaoine

Iarphlé 2

An gceapann tú go bhfuil na ráitis seo fíor nó bréagach?

1. Tá muintir na hÉireann an-chairdiúil.
2. Ní maith leis na hÉireannaigh bheith ag gearán.
3. Tá ‘saol an phobail’ an-tábhachtach do na hÉireannaigh.
4. Caitheann muintir na hÉireann go maith le daoine aosta.
5. Ní maith leis na hÉireannaigh bheith ag labhairt fúthu féin.

Cad a cheapann an duine in aice leat?

Féachaigí beirt ar an gcomhrá seo:

Máire: Cén chaoi a bhfuil tú a Sheáin?
Seán: Go maith, go maith, agus tú féin?
Máire: Á go breá, aon scéal agat?
Seán: Muise, scéal ar bith ar chor ar bith. Agus agat féin?
Máire: Diabhal mórán.
Seán: Tá mo dheirfiúr le pósadh an tseachtain seo chugainn...
Máire: An bhfuil? Go hiontach ar fad.

An bhfuil aon ní aisteach faoi? Pléigí.

Obair bheirte: ceistanna faoi na hÉireannaigh le plé.

Sleamhnán 7

Ag cur aithne ar dhaoine

Iarphlé 4

Pléigh na ceisteanna i do ghrúpa:

Cad atá ar eolas agat faoin Oireachtas?




Oireachtas na Gaeilge

Cá mbíonn sé ar siúl de ghnáth?

An dtéann tú chuige gach bliain? Cén fáth?

Cad atá ar eolas agat faoi na pictiúir thíos:



Obair ghrúpa: Iarrtar ar dhaltaí an tOireachtas a phlé.

3C. Ag tabhairt comhairle: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – cairde agus an teaghlach
Stór focal	Cairde agus an teaghlach

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna seo bunaithe ar na réaltchomharthaí agus ar chluiche darb ainm ‘Ag tabhairt comhairle’.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Moltar an ghníomhaíocht seo a dhéanamh leis **An Modh Ordaitheach** agus **An tAinm Briathartha i Fócas ar Theanga**.



Réaltchomharthaí 1

- ✓ Léigh na treoracha leis na daltaí agus iarr orthu an ceacht a dhéanamh.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin.
- ✓ Déan cleachtadh ar an bhfoghraíocht ag an bpointe seo, go háirithe an ‘M’ leathan agus caol. Féach na freagraí.



Réaltchomharthaí 2

- ✓ Léigh na treoracha leis na daltaí agus iarr orthu an ceacht a dhéanamh.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht leo ansin.
- ✓ Déan cleachtadh ar fhoghraíocht na míonna ag an bpointe seo. Féach na freagraí.



Réaltchomharthaí 3

- ✓ Léigh na treoracha ar an mbileog ar fad agus iarr ar gach beirt an obair a dhéanamh le chéile.
- ✓ Thiofadh leat siúl siar a chaitheamh ar an tuiseal ginideach uatha ag an bpointe seo.
- ✓ Féach na freagraí.



Réaltchomharthaí 4

- ✓ Téigh siar ar na slite cearta chun dáta a scríobh agus a rá.
- ✓ Bí cinnte go gcuireann tú béim ar an séimhiú a chuirtear ar ‘mí’ de bharr an réamhfhocail shimplí **de**.
- ✓ Tabhair deis do na foghlaimoirí na ceistanna ag bun an tsleamhnáin a chur ar a chéile.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga le bheith cinnte go n-éiríonn leis na daltaí a mbreithlá a rá i gceart.



Léamh 1 agus 2

- ✓ Cuir gach beirt ina suí le chéile agus tabhair cóip den sleamhnán **Léamh 1** do dhuine amháin agus **Léamh 2** don duine eile. Abair leo gach réaltchomhartha a léamh amach le chéile ceann ar cheann. Caithfidh siad bheith cúramach mar tá difríocht bheag amháin idir gach réaltchomhartha agus caithfidh siad an difríocht sin a bhreacadh síos.
- ✓ Nuair atá sé sin déanta ag na daltaí, iarr ar gach beirt difríochtaí éagsúla a sholáthar.
- ✓ Pléigh aon deacracht a bhí acu.



Moladh eile

- ✓ Is féidir an chéad sleamhnán **Léamh 1** a chur ar an tréshoilseán agus iarraidh ar gach beirt é a léamh amach le chéile, ag míniú dóibh gur cleachtadh ar an gcuimhne é seo, agus go gcaithfidh siad cuimhne a dhéanamh ar a bhfuil ar an sleamhnán.
- ✓ Ansin, nuair atá an sleamhnán sin léite ag gach beirt is féidir leat an chéad cheann eile a chur in airde, **Léamh 2**.
- ✓ Caithfidh gach beirt liosta de na difríochtaí idir an dá shleamhán a bhreacadh síos.



Cluiche 1 / 2 / 3

- ✓ Bíodh na cártaí ar **Cluiche 1** agus **2** gearrtha agat agus curtha i gclúdach litreach. Ba cheart go mbeadh clúdach litreach agat do gach grúpa de thriúr nó de cheathrar.
- ✓ Bíodh an sleamhnán **Cluiche 3** ar an tréshoilseán agat. Bí cinnte go dtuigeann an rang na habairtí ar fad ar an sleamhán agus go dtuigeann siad go gcaithfidh siad na struchtúir úd a úsáid le linn an chluiche.
- ✓ Roinn an rang i ngrúpaí de thriúr nó de cheathrar agus tabhair clúdach litreach do gach grúpa.
- ✓ Mínigh do na daltaí go bhfuil fadhbanna sa chlúdach litreach agus go mbeidh gach duine ag iarraidh comhairle ar na fadhbanna áirithe ó na daoine eile sa ghrúpa.
- ✓ Rachaidh an cluiche ar aghaidh mar seo: Roghnóidh duine 1 cárta ón gclúdach litreach agus léifidh sé an fhadhb amach. Beidh ar na daoine eile sa ghrúpa comhairle a thabhairt maidir leis an bhfadhb sin. Tabharfaidh an duine leis an bhfadhb an cárta don duine sa ghrúpa a thugann an chomhairle is fearr dó. Is é an duine leis an méid is mó cártaí ag deireadh an chluiche an buaiteoir.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga le linn an chluiche le cuidiú leo.

Réaltchomharthaí 1

An Reithe 4	An Mheá 3
An Tarbh 5	An Scairp 10
An Cúpla 8	An Saighdeoir 1
An Portán 2	An Gabhar 6
An Leon 12	Iompróir an Uisce 9
An Mhaighdean 11	Na hÉisc 7

Réaltchomharthaí 2

21 Aibreán – 21 Bealtaine (5)
24 Meán Fómhair – 23 Deireadh Fómhair (3)
22 Nollaig – 20 Eanáir (6)
21 Márta – 20 Aibreán (4)
23 Iúil – 22 Lúnasa (12)
20 Feabhra – 20 Márta (7)
23 Samhain – 21 Nollaig (1)
22 Bealtaine - 21 Meitheamh (8)
23 Lúnasa – 23 Meán Fómhair (11)
21 Eanáir – 19 Feabhra (9)
24 Deireadh Fómhair – Samhain (10)
22 Meitheamh – 22 Iúil (2)

Réaltchomharthaí 3

Tá na míonna ar fad sa tuiséal ginideach tar éis an fhocail 'mí'. Tarlaíonn sé nach bhfuil aon athrú ar chuid de na míonna sa tuiséal ginideach ach seo thíos na cinn a athraíonn:

Mí an Mhárta nó Mí na Márta (ag brath ar an gcanúint)

Mí (an) Aibreáin

Mí an Mheithimh

Mí Mheán Fómhair

Mí Dheireadh Fómhair

Mí na Samhna

Mí na Nollag

3C. Ag tabhairt comhairle

Sleamhnán 1

Ag tabhairt comhairle

Réaltchomharthaí 1

An féidir leat féin agus an duine in aice leat na réaltchomharthaí cearta a cheangal leis na pictiúir chuí?

An Reithe
An Tarbh
An Cúpla
An Portán
An Leon
An Mhaighdean
An Mheá
An Scairp
An Saighdeoir
An Gabhar
Iompróir an Uisce
Na hÉisc

Stór focal, obair bheirte: na réaltchomharthaí agus na dátaí a bhaineann leo.

Sleamhnán 2

Ag tabhairt comhairle

Réaltchomharthaí 2

Anois, an féidir leat féin agus an duine in aice leat na dátaí cearta a cheangal leis na pictiúir chuí?

21 Aibreán – 21 Bealtaine
24 Meán Fómhair – 23 Deireadh Fómhair
22 Nollaig – 20 Eanáir
21 Márta – 20 Aibreán
23 Iúil – 22 Lúnasa
20 Feabhra – 20 Márta
23 Samhain – 21 Nollaig
22 Bealtaine – 21 Meitheamh
23 Lúnasa – 23 Meán Fómhair
21 Eanáir – 19 Feabhra
24 Deireadh Fómhair – 22 Samhain
22 Meitheamh – 22 Iúil

Stór focal, obair bheirte: na réaltchomharthaí agus na dátaí a bhaineann leo.

Sleamhnán 3

Ag tabhairt comhairle

Réaltchomharthaí 3

1. Féach ar an dá cholún thíos, breac síos na difríochtaí a fheiceann tú idir an dá cholún. Cad atá ag an duine in aice leat.

Eanáir	Mí Eanáir
Feabhra	Mí Feabhra
Márta	Mí an Mhárta / na Márta
Aibreán	Mí (an) Aibreáin
Bealtaine	Mí na Bealtaine
Meitheamh	Mí an Mheithimh
Iúil	Mí Iúil
Lúnasa	Mí Lúnasa
Meán Fómhair	Mí Mheán Fómhair
Deireadh Fómhair	Mí Dheireadh Fómhair
Samhain	Mí na Samhna
Nollaig	Mí na Nollag

2. An féidir libh na hathruithe thuas a mhíniú?

Stór focal & Feasacht teanga: míonna na bliana m.sh. Meán Fómhair vs Mí Mheán Fómhair.

Sleamhnán 4

Ag tabhairt comhairle

Réaltchomharthaí 4

Féach ar an tslí a scríobhtar na dátaí:

13/06/2012

nó

13 Meitheamh 2012

Ach féach conas a deirtear na dátaí:

An tríú lá déag de mhí an Mheithimh, dhá mhíle agus a dó dhéag.

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat:

1.Cathain atá do bhreithlá / Cén breithlá atá agat?
2.Cén réaltchomhartha atá agat?

Gramadach: dátaí a scríobh vs dátaí a rá.

Sleamhnán 5

Ag tabhairt comhairle

Léamh 1

Tá na réaltchomharthaí ar fad anseo thíos agat agus tá 12 réaltchomhartha ag do chara chomh maith. Léigí na réaltchomharthaí amach os ard le chéile, ceann ar cheann agus aimsigí na difríochtaí atá idir an dá leagan.

An Beith Tá a lán fuinnimh agat, éireoidh go maith leat sa scrúdú matamaitice.	An Tarbh Má thagann buachaill deas i do threo seachain é.	An Cúpla Tarlóidh timpiste do do chara, caithfidh tú foláireamh a thabhairt dó.	An Portán Tá rath agus maoin i ndán duit, bain tairbhe maith as.
An Leon Is duine ceannána tú, bain úsáid as an tréith sin inniu.	An Mhaighdean Tá an t-ádh ort na laethanta seo, bain triail as an lotto.	An Mheá Bí san airdeall, tá cinneadh mór le déanamh agat inniu.	An Scaire Bain úsáid as d'eireaball nimhneach le do sprioc a bhaint amach.
An Saighdeoir Casfaidh tú le grá geal do chroí an tseachtain seo.	An Gabhar Má oibríonn tú go crua ní theipfidh ort sa scrúdú amárach.	Iompróir an Uisce Tiocfaidh duine gránna isteach i do shaol – bí cúramach.	Na héisc Seachain tú féin ar an duine a chuirfidh ar bhealach na haimhleasa tú.

Obair bheirte: Comhairle do na réaltachomharthaí éagsúla. Aimsigh na difríochtaí.

Sleamhnán 6

Ag tabhairt comhairle

Léamh 2

Tá na réaltchomharthaí ar fad anseo thíos agat agus tá 12 réaltchomhartha ag do chara chomh maith. Léigí na réaltchomharthaí amach os ard le chéile, ceann ar cheann agus aimsigí na difríochtaí atá idir an dá leagan.

An Beith Tá a lán fuinnimh agat, éireoidh go maith leat sa scrúdú Béarla.	An Tarbh Má thagann buachaill deas i do threo fáiltigh roimhe.	An Cúpla Tarlóidh timpiste do d'aintín, caithfidh tú foláireamh a thabhairt di.	An Portán Tá rath i ndán duit, bain tairbhe maith as.
An Leon Is duine séimh tú, bain úsáid as an tréith sin inniu.	An Mhaighdean Tá an t-ádh ort na laethanta seo, bain triail as an gcomórtas.	An Mheá Bí cúramach, tá cinneadh mór le déanamh agat inniu.	An Scaire Bain úsáid as d'eireaball nimhneach le dochar a dhéanamh do dhuine éigin.
An Saighdeoir Casfaidh tú le grá geal do chroí i mbliana.	An Gabhar Má oibríonn tú go crua ní theipfidh ort sa scrúdú amárach.	Iompróir an Uisce Tiocfaidh duine gránna isteach i do shaol – bí san airdeall.	Na héisc Seachain tú féin ar an duine a chuirfidh ar bhealach an leasa tú.

Obair bheirte: Comhairle do na réaltachomharthaí éagsúla. Aimsigh na difríochtaí.

Sleamhnán 7

Ag tabhairt comhairle

cluiche 1

Le gearradh...

Tá cóisir mhór ar siúl ar an Satharn ach níl aon ní le caitheamh agam.	Ba mhaith liom dul ar an turas scoile ach níl mo chara is fearr ag dul.	Rinne mé m'obair bhaile Ghaeilge ach chaill mé í. Ní chreidfidh an múinteoir mé.
Tá mo chara is fearr ag siúl amach le duine nach maith liom.	Ní maith leis an múinteoir staire mé.	Is fuath liom an rang matamaitice mar caitheann an múinteoir go holc liom.
Ní maith liom an rang corpoideachais mar ní duine aclaí mé in aon chor.	Sílím go bhfuil mo chailín/ bhuachaill ag siúl amach le duine eile chomh maith.	Tá dalta ag imirt bulaíochta ar mo chara ach tá eagla orm roimh an dalta céanna.
Tá mo mháthair ar Facebook agus feiceann sí gach rud a dhéanaim.	Tá guthán póca ag mo chuid cairde ar fad ach níl cead agamsa ceann a bheith agam.	Is fuath liom teangacha ach tá trí cinn le déanamh agam ar scoil.

Cluiche teanga: Cleachtadh ar chomhairle a thabhairt.

Sleamhnán 8

Ag tabhairt comhairle

cluiche 2

Le gearradh...

Tá coinne agam amárach den chéad uair agus tá mé an-neirbhíseach.	Tá mé tar éis bogadh ó scoil eile agus níl aon chairde agam sa scoil nua.	Tá mé i bhfad níos lú ná gach duine eile sa bhliain agus bíonn na daltaí eile ag magadh fúm.
Tá mé i scoil lán-Ghaeilge ach níor tógadh le Gaeilge mé agus tá sé an-deacair.	Tá mé i scoil lán-Ghaeilge agus tá an ghráin agam ar an nGaeilge.	Tá mé i ngrá le duine ach níl aon suim ag an duine sin ionamsa.
Scriobh duine drochscéal fúm ar Facebook agus níl aon fhírinne ag baint leis.	Níor mhaith liom freastal ar an ollscoil ach ní thuigean mo thuismitheoirí é sin.	Tá an rang mata an-deacair dom ach ceapann an múinteoir go bhfuil mé leisciúil.
Bíonn an-bhrú orm aimsir na scrúduithe agus ithim seacláid gan stad gan staonadh	Níl aon chairde agam sa rang Fraincise agus ní maith liom an teanga dá bharr.	Tá spéaclaí móra tiubha agam agus bíonn gach duine ag spochadh asam.

Cluiche teanga: Cleachtadh ar chomhairle a thabhairt.

Sleamhnán 9

Ag tabhairt comhairle

cluiche 3

Féach ar na sílte éagsúla chun comhairle a thabhairt:

Ba cheart duit a dhéanamh!

Ba chóir duit a ithe!

Mholfaínn duit labhairt le!

An modh ordaithe

Téigh...

Labhair...

Faigh....

Déan...

Ná bac

Ná déan

Ná hith

Ná glac

Gramadach: an modh ordaitheach. Nathanna úsáideacha chun comhairle a thabhairt.

3D. Mo sheanmháthair: Nótaí an Mhúinteora (dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an teaghlach
Stór focal	An Teaghlach

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta atá an-deacair ar fad. Seanbhean atá ag caint ar a saol fadó agus níl caighdeán an taifeadta rómhaith ach an oiread. Chomh maith leis sin ar fad, tá canúint (Uladh) na mná an-láidir ar fad agus labhraíonn sí go gasta. Níor baineadh úsáid as an mír ar mhaithe le ceacht cluastuisciana a dhéanamh ach ar mhaithe le plé a dhéanamh ar chaighdeán agus stíl na Gaeilge ó ghlúin go glúin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhphlé

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná na daltaí a chur ag caint faoi na daoine fásta atá ina saol agus an caidreamh atá acu leis na daoine sin. Beidh siad ag obair i mbeirteanna nó i ngrúpaí.
- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis na foghlaimeoirí le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil le déanamh acu.
- ✓ Iarr ar na daltaí cuid de na rudaí a dúirt siad a rá leat agus d'fhéadfá cúpla rud a deir siad a chur ar an gclár.



Réamhobair

- ✓ Iarr ar gach beirt a bheith ag obair le chéile chun na freagraí cearta a roghnú. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✓ Mínigh dóibh go bhfuil cúpla nod ann mura bhfuil na focail ar eolas acu, mar shampla, ag + briathar, an uimhir iolra, cosúlachtaí idir na focail agus araile.
- ✓ Nuair atá na focail sa chéad dá cholún curtha le chéile acu iarr orthu aon leagan eile a chur ar fáil atá ar eolas acu, sa cholún deireanach.
- ✓ Pléigh an foclóir leis an rang ar fad tar éis tamaill (féach Freagraí thíos).



Éisteacht

- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí go mbeidh siad ag éisteacht le mír an-deacair ar fad, gur seanbhean atá ag caint ar a saol agus ar bhás a máthar. Abair leo gan a bheith buartha mura dtuigeann siad mórán.
- ✓ Mínigh dóibh go gcaithfidh siad éisteacht leis an mír den chéad uair gan aon rud a scríobh síos fós.
- ✓ Nuair atá an mhír críochnaithe iarr orthu aon ní a thuig siad a bhreacadh síos agus ansin feiceáil cad a bhí ag an duine in aice leo.

- ✓ Abair leo ceist 3 agus 4 a phlé ina mbeirteanna ansin.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin agus déanaigí plé ar an mír.
- ✓ *Tábhachtach: Má cheapann tú go bhfuil an píosa i bhfad ródheacair ar fad ar fad ní gá aon cheacht cluastuisceana a dhéanamh air. Is féidir an chéad chéim eile amháin a dhéanamh – is é sin, éisteacht leis an mír fad is atá na daltaí ag léamh na scripte. Ceacht ar fheasacht chultúrtha a bheadh i gceist amháin.*



Éisteacht 2

- ✓ Cuir script na míre ar an tréshoilseán nó tabhair cóip deD do gach duine sa rang.
- ✓ Iarr ar na daltaí an script a léamh a fhad is atá sí á seinm agat.
- ✓ Téigh siar ar an script leis an rang iomlán ansin.



Plé 1/2/3/4

- ✓ Abair leis na daltaí go mbeidh siad ag ligean orthu féin go bhfuil saol eile acu – gur daoine eile i ngrianghraif iad sna blianta atá imithe.
- ✓ Cuir gach triúr ina suí le chéile agus tabhair grianghraf amháin an duine do gach duine sa ghrúpa. Abair leo anois go gcaithfidh siad ligean orthu féin gur duine sa ghrianghraf iad.
- ✓ Bíodh an sleamhnán **Plé 4** ar an tréshoilseán agat agus téigh siar ar na ceisteanna ar fad. Pléigh freagraí na gceisteanna leo más gá.
- ✓ Tabhair tamall do na foghlaimeoirí na ceisteanna a chur ar a chéile.
- ✓ Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo le linn na gníomhaíochta.



Scríobh

- ✓ Iarr ar na daltaí leath-leathanach a scríobh faoina dteaghlaigh shínte.

Freagraí

Réamhobair

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15
l	g	m	k	b	j	f	o	n	i	a	c	h	e	d

3D. Mo sheanmháthair

Sleamhnán 1	Mo sheanmháthair Réamhphlé Bí ag obair leis na daoine i do ghrúpa agus cuirigí na ceisteanna seo ar a chéile. 1.Cé mhéad seanmháthair nó seanathair atá agat? 2.Cén aois atá ag an duine is sine a bhfuil caidreamh agat leis? 3.An labhraíonn tú faoi gach rud leis an duine sin? Tabhair samplaí. 4.Cén teanga a labhraíonn tú leis an duine sin? 5.An mbaineann an duine sin úsáid as teanga agus foclóir atá beagáinín seanaimseartha, dar leat? Tabhair samplaí.	Obair ghrúpa: plé ar an chaidreamh idir duine óg agus seandúine.																																																
Sleamhnán 2	Mo sheanmháthair Réamhobair Sula n-éistean tú leis an mír féach ar na focail seo thíos. An féidir leat féin agus an duine in aice leat na focail ar chlé a mheaitseáil leis na focail ar dheis. B'fhéidir nach mbeidh na focail ar fad ar eolas agat ach tá cosúlachtaí eatarthu agus beidh sibh in ann buille faoi thuairim a thabhairt. <table><tr><th></th><th>An Caighdeán</th><th>Do leagan féin</th></tr><tr><td>1. dhá chloigeann déag</td><td>a. ag ceapadh</td><td>Leagan Ultach</td></tr><tr><td>2. stócaigh</td><td>b. fostaithe</td><td></td></tr><tr><td>3. girseacha (i)</td><td>c. gach rud</td><td></td></tr><tr><td>4. uilig</td><td>d. i gcónaí</td><td></td></tr><tr><td>5. ar fostú</td><td>e. sa chistin</td><td></td></tr><tr><td>6. iontach maith</td><td>f. abhaile</td><td></td></tr><tr><td>7. chun an bhaile</td><td>g. buachaillí</td><td></td></tr><tr><td>8. cha/cha/chan</td><td>h. faic</td><td></td></tr><tr><td>9. fánár gcoinne</td><td>i. ní féidir</td><td></td></tr><tr><td>10.cha dtiocfadh</td><td>j. an-mhaith</td><td></td></tr><tr><td>11.ag meas</td><td>k. ar fad</td><td></td></tr><tr><td>12.achan rud</td><td>l. dáréag</td><td></td></tr><tr><td>13.dhath ar bith</td><td>m. cailíní</td><td></td></tr><tr><td>14.sa chisteanaigh</td><td>n. ar ár son</td><td></td></tr><tr><td>15.i dtólamh</td><td>o. ní / níor</td><td></td></tr></table>		An Caighdeán	Do leagan féin	1. dhá chloigeann déag	a. ag ceapadh	Leagan Ultach	2. stócaigh	b. fostaithe		3. girseacha (i)	c. gach rud		4. uilig	d. i gcónaí		5. ar fostú	e. sa chistin		6. iontach maith	f. abhaile		7. chun an bhaile	g. buachaillí		8. cha/cha/chan	h. faic		9. fánár gcoinne	i. ní féidir		10.cha dtiocfadh	j. an-mhaith		11.ag meas	k. ar fad		12.achan rud	l. dáréag		13.dhath ar bith	m. cailíní		14.sa chisteanaigh	n. ar ár son		15.i dtólamh	o. ní / níor		Stór focal: Comparáid idir focail i gcanúint Uladh agus focail sa chaighdeán
	An Caighdeán	Do leagan féin																																																
1. dhá chloigeann déag	a. ag ceapadh	Leagan Ultach																																																
2. stócaigh	b. fostaithe																																																	
3. girseacha (i)	c. gach rud																																																	
4. uilig	d. i gcónaí																																																	
5. ar fostú	e. sa chistin																																																	
6. iontach maith	f. abhaile																																																	
7. chun an bhaile	g. buachaillí																																																	
8. cha/cha/chan	h. faic																																																	
9. fánár gcoinne	i. ní féidir																																																	
10.cha dtiocfadh	j. an-mhaith																																																	
11.ag meas	k. ar fad																																																	
12.achan rud	l. dáréag																																																	
13.dhath ar bith	m. cailíní																																																	
14.sa chisteanaigh	n. ar ár son																																																	
15.i dtólamh	o. ní / níor																																																	
Sleamhnán 3	Mo sheanmháthair Éisteacht 1 Éist le Cáit Uí Fhearraigh (Cít Phroinsias) ag déanamh cur síos ar a teaghlach agus ar bhás a máthar. 1.Éist leis an mír uair amháin tríd síos gan stopadh agus ansin breac síos gach rud a thuig tú tar éis duit éisteacht léi. 2.Cad a bhí ag an duine in aice leat? 3.Is píosa an-deacair é seo, cén fáth? 4.Cén fáth a bhfuil sé níos deacra seandaoine a thuiscint ná daoine ar chomhaois leat féin, dar leat?	Tasc éisteachta: Seanbhean ó Thír Chonaill ag caint. Iarrtar ar dhaltaí gach rud a thuig siad a scríobh síos. Plé oscailte: Dhá cheist ghairid le freagairt.																																																

Sleamhnán 4

Mo sheanmháthair

Éisteacht 2

Éist leis an mír arís anois agus an script á léamh agat.

Cáit Uí Fhearraigh (Cít Phroinsias) as an Ardaí Bheag, Gort a' Chioirce, Contae Dhún na nGall, ag cur síos ar a hóige.

Dhá chloigeann déag, seisear stócaigh agus seisear girseacha. Bhí teach ceann tuí againn agus leath de ina sclátaí, seomra sclátaí. Seomra amháin síos agus seomra eile suas, bhí muid uilig inár gcónaí ansin.

Cad é faoin chuid eile den teaghlach, an raibh siadsan ar fostú chomh maith nó...?

Bhí, bhí bhué, bhí an chuid is sine den teaghlach. Bhí mise ar an naoú duine agus mo chuid deartháireacha cuid acu, chuaigh siadsan go hAlbain san am sin agus bhí siad iontach maith. Chuir siad airgead 'na bhaile chugainn agus bhí m'athair, bhí m'athair, bhí sé iontach maith dúinn, bhí athair iontach maith againn.

Cad é an aois a bhí tú nuair a fuair do mháthair bás, a Chit?

Ceithre bliana déag, bhí mé ar fostú amuigh ar an Lagan agus cha raibh a fhios agam go raibh sí marbh nó a dhath, agus char chuir siad fánár gcoinne nó a dhath ar bith. Bhí dhá dheartháir dom amuigh ar fostú, Seamus agus Eoin, agus sin an t-am a bhí na trioblóidí anseo agus bhí na *railleacha* tógtha thuas ar na, de na, mar a déarfá, den *railroad* agus cha dtiocfadh linn,

Feasacht teanga: Éistear arís leis an script. Téitear siar ar an script le pointí suimiúla a thaispeáint.

Sleamhnán 5

Mo sheanmháthair

Éisteacht 3

char chuir siad scéala ar bith nó cha bheadh mé sa bhaile in am le í a fheiceáil, chan fhaca mise mo mháthair marbh riamh.

Cuireadh í, tá mé ag meas, lár an Aibreáin. Agus ansin, ag teacht isteach ar an traein dom bhí bean (duine de na comharsa) fosta ar an traein agus chuir sí ceist orm, chuir sí ceist 'cé mé' agus achán rud mar sin agus dúirt sí 'Arb é tusa ar cuireadh do mháthair? 'Orú chan mé' a dúirt mise, 'char cuireadh mo mháthair' a dúirt mise. 'Smaoineoidh mé anois' a dúirt sí 'an bhfuil bean ag d'uncaíl a bhfuil Mary uirthi, Mary Colm?' Agus dúirt mise 'bhí'. 'Ah bhué' a dúirt sí, 'sin an bhean a cuireadh'. But cha dtiocfadh liomsa a stad a smaointíú air, agus ag smaointíú agus ag smaointíú air. Agus, mo dheartháir, mheetáil sé mé abhus ag teach Pháidí Éamainn mar a thug siad san am sin air agus char dhúirt sé dhath ar bith liom agus char, cibé cén dóigh, bhí mise chomh scaraithe (scanraithe) agus char chuir mé ceist ar bith air. Ach bhí leaba sa chisteannach agus i dtólamh bhíodh mo mháthair ina lú sa chisteannach agus nuair a chuaigh mé go dtí an doras chonaic mé nach raibh sí sa leaba. Bhí a fhios agam ansin go raibh sí marbh.

Feasacht teanga: Éistear arís leis an script. Téitear siar ar an script le pointí suimiúla a thaispeáint.

Sleamhnán 6

Mo sheanmháthair

Plé 1

Is tusa an leanbh sa ghrianghraf. An bhliain 1950 atá ann. Féach ar na ceisteanna ar an sleamhnán 'Plé 4' agus bí in ann na ceisteanna a fhreagairt. Bain úsáid as do shamhlaíocht!



Obair ghrúpa: Plé samhlaíocht le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha.

Sleamhnán 7	Mo sheanmháthair Plé 2 Is tusa duine de na páistí sa ghrianghraf. An bhliain 1969 atá ann. Féach ar na ceisteanna ar an sleamhnán 'Plé 4' agus bí in ann na ceisteanna a fhreagairt. Bain úsáid as do shamhlaíocht! 	Obair ghrúpa: Plé samhlaíoch le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha.
Sleamhnán 8	Mo sheanmháthair Plé 3 Is tusa duine de na páistí sa ghrianghraf. An bhliain 1990 atá ann. Féach ar na ceisteanna ar an sleamhnán 'Plé 4' agus bí in ann na ceisteanna a fhreagairt. Bain úsáid as do shamhlaíocht! 	Obair ghrúpa: Plé samhlaíoch le déanamh ar shaol fadó, bunaithe ar thrí ghrianghraf tugtha.
Sleamhnán 9	Mo sheanmháthair Plé 4 1. Cén aois atá tú sa ghrianghraf agus cén bhliain atá ann? 2. Cé mhéad deirfiúracha agus deartháireacha atá agat? Agus, an bhfuil mórán col ceathracha agus aintíní agus uncailí agat? 3. Cá bhfuil tú i do chónaí agus cén cineál áite í? 4. Déan cur síos ar do scoil. Cén cineál scoile í agus an bhfuil na múinteoirí atá agat go deas? 5. An mbíonn tú ag cabhrú timpeall an tí sa bhaile? Cad iad na rudaí a bhíonn le déanamh agat? 6. An bhfuil mórán cairde agat? Inis dom faoi do chara is fearr.	Tasc scríofa: Tuairisc le scríobh ar theaghlach sínte an dalta.

3E. Mo theaghlach: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Réasúnta dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / mo theaghlach
Stór focal	An teaghlach agus ag réiteach le daoine

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna seo oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ An aidhm atá leis an sleamhnán seo ná go ndíreodh na daltaí ar chruinneas. Cinntigh, mar sin, go mbeidh siad ábalta a rá i gceart (a) cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá acu agus (b) cén áit a dtagann siad sa chlann ag baint an úsáid cheart as an mbriathar **Is**.
- ✓ Muna bhfuil rialacha speisialta ag baint leis na huimhreacha pearsanta i gceantar do scoile, bain úsáid as rialacha an Chaighdeáin atá breá simplí i.e. leanann an uimhir iolra den ainmfhocal na huimhreacha pearsanta (triúr deartháireacha, ceathrar deirfiúracha) seachas i gcás lagiolraí (triúr mac). Leanann séimhiú an focal beirt (beirt mhac) ach amháin i gcás na *dentials* (beirt deirfiúracha).



Réamhobair 2

- ✓ Bíonn deacrachtaí ag daltaí uaireanta leis an bhfocal 'bliain' a chomhaireamh. Abair leo scaoileadh faoin gcleachtadh agus ceartaigh ansin leo é.
- ✓ Mínigh dóibh go bhfuil patrún ar leith ag baint leis.

1-2	3-6	7-10
Séimhiú	bliana	Urú ar 'bliana'
Aon bhliain	Trí bliana	Seacht mbliana
Dhá bhliain	Sé bliana	Deich mbliana.



Réamhobair 3

- ✓ Mínigh do na daltaí cad a bheidh le déanamh acu don chleachtadh seo agus cuir i mbun oibre iad. D'fhéadfaidís é a dhéanamh mar obair bheirte os ard le chéile nó iad ar fad a scríobh amach ina gcóipleabhar.
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin ag cinntiú go mbeidh an méid a deir na daltaí cruinn.



Léamh

- ✓ Abair leis na daltaí an píosa a deir Róisín a léamh.
- ✓ Pléigh an píosa leis an rang iomlán ansin agus cabhraigh leo le haon deacrachtaí a bheidh acu leis.



Iarphlé 1

- ✓ Léigh na ceistanna atá ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad le bheith cinnte go dtuigeann siad cad a bheidh le déanamh acu.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ansin chun na ceistanna a fhreagairt.
- ✓ Pléigh a gcuid freagraí mar rang iomlán ansin.



Iarphlé 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an dá ghníomhaíocht atá ar an sleamhnán seo.
- ✓ Ceartaigh leis an rang ar fad é ansin (féach Freagraí thíos).
- ✓ Cinntigh go dtuigeann siad go gciallaíonn an focal ‘cúpla’ *twin* agus ní *couple*!



Iarobair 3

- ✓ Cuir gach beirt ag obair ar na nathanna cainte.
- ✓ Scríobh na leaganacha nua a thabharfaidh siad duit ar an gclár agus cuir leo, más féidir.



Iarobair 4

- ✓ Abair leis na daltaí tabhairt faoi chuid A ar an sleamhnán agus pléigh a gcuid freagraí leo ansin (féach Freagraí thíos).
- ✓ Mura bhfuil an rang i gceantar Gaeltachta cuir ar fáil cúpla sampla d’ainmneacha Gaeltachta dóibh (e.g. Johnny Mháirtín Learaí, Seán Phóil Shéamuis, Caitlín Phaddy Beag etc.). Cabhraigh leo ansin a n-ainm Gaeltachta féin a dhéanamh amach.



Iarobair 5

- ✓ Abair leis na daltaí scaoileadh faoi na ceistanna ar an sleamhnán seo agus ceartaigh ansin iad (féach Freagraí thíos).



Iarobair 6

- ✓ Bíodh cóip agat den sleamhnán seo le scaipeadh ar na daltaí. Tabhair seans dóibh an píosa atá air a léamh agus cabhraigh leo le haon stór focal deacair atá ann.
- ✓ Pléigh an méid atá sa phíosa mar rang iomlán agus déan iarracht a gcuid tuairimí a fháil faoi.
- ✓ Pléigh an cheist atá faoi chuid B mar rang iomlán.



Iarobair 7

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus cuir ar a súile dóibh nach féidir 'beirt (etc.) daoine' a rá!

Freagraí

Iarobair 2

A:

1. How do you get on with one another?:	Conas a réitíonn sibh le chéile?
2. Do you get on well with one another?:	An réitíonn sibh go maith le chéile?
3. We're very close:	Táimid an-mhór le chéile (ní féidir 'an-ghar' ná 'an-chóngarach' a úsáid sa chomhthéacs seo).
4. We fight:	Bímid i muineál a chéile. / Bímid ag troid.

B:

1. first cousin:	col ceathrar
2. second cousin:	col seisir
3. mother in law:	máthair <u>chéile</u>
4. father in law:	athair céile
5. godmother:	máthair <u>bhaistí</u>
6. godfather:	athair baistí
7. twins / half-twin:	cúpla / leathchúpla
8. a couple:	lánúin
9. adopted:	uchtaithe

Iarobair 4

Ceist 1: Fíor

Ceist 2: Bréagach

Ceist 3: Fíor (mínigh do na daltaí gur minic anois a choimeádann mná a n-ainmneacha féin nuair a phósann siad nó nach mbacann siad leis an 'Uí')

Ceist 4: Bréagach (bíonn sloinnte níos comónta in áiteanna áirithe seachas a chéile).

Iarobair 5

1. Síle Uí Mhuirí agus Aoife Mhic Giolla Bhríde.
2. Ó Muirí agus Mac Giolla Bhríde.
3. Ní Mhuirí agus Nic Giolla Bhríde.

3E. Mo theaghlach

Sleamhnán 1	Mo theaghlach Réamhobair 1 1. An féidir leat a rá <i>go cruinn</i> cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat? Uaireanta bíonn an úsáid a bhaintear as na huimhreacha pearsanta (beirt, triúr, ceathrar etc.) beagán éagsúil ó Ghaeltacht go Gaeltacht agus sa Chaighdeán. Cinntigh, mar sin, go bhfuil an méid a deir tú ceart ó thaobh na canúna de nó ó thaobh an Chaighdeáin de. Ná bíodh rud éigin á rá agat nach bhfuil anseo ná ansiúd!  2. An féidir leat a rá <i>go cruinn</i> cén áit a dtagann tú sa teaghlach? i.e. An duine is sine, an duine sa lár, an duine is óige, páiste aonair agus araile. Beidh an briathar 'Is' ag teastáil uait.	Cruinneas: Uimhreacha pearsanta. Áit sa teaghlach – is sine, is óige, sa lár.
Sleamhnán 2	Mo theaghlach Réamhobair 2 Bí ag obair leis an duine in aice leat agus cuirigí an leagan ceart den fhocal 'bliain' sna bearnaí. 1. Aon _____ déag 2. Dhá _____ déag 3. Trí _____ déag 4. Ceithre _____ déag 5. Cúig _____ déag 6. Sé _____ déag 7. Seacht _____ déag 8. Ocht _____ déag 9. Naoi _____ déag 10. Fiche _____	Cruinneas: Aoiseanna.
Sleamhnán 3	Mo theaghlach Réamhobair 3 Lig ort féin gur tusa an duine atá i gceist le 'Mise' thíos i ngach cás. Abair cé mhéad deartháir agus deirfiúr atá agat agus cén áit a dtagann tú sa chlann. Bíodh an méid a deir tú cruinn, ceart. 1. Mise: 15, Pádraig: 13, Séamus: 11. 2. Caitríona: 17, Mise: 14. 3. Michelle: 18, Sinéad: 16, Mise: 13. 4. Niall: 19, Donncha: 17, Mise: 15, Sorcha: 12, Jimí: 9. 5. Mise: 14. 	Obair bheirte, tasc labhartha nó obair aonair, tasc scríofa: Aoiseanna agus áit sa chlann.

Sleamhnán 4

Mo theaghlach

Léamh

Tá deartháir amháin ag Róisín Ní Chéileachair ó Phobalscoil Chorca Dhuibhne. Léigh an cur síos seo a thugann sí ar an gcaidreamh atá eatarthu:

An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?

Tá deartháir amháin agam. Tá sé níos óige ná mé. Tá sé sa tríú bliain.

Agus conas a réitíonn sibh le chéile?

Go maith, is dócha, ach uaireanta déanaimse rud éigin nó déanann sé sin rud éigin agus bímid i muineál a chéile.

Conas a réitigh sibh le chéile nuair a bhí sibh beag?

Ó nuair a bhíomar beag bhí gach rud go breá. Ní chuirimis isteach ar a chéile go deo. Bhíomar an-mhór le chéile nuair a bhíomar óg.

Cathain a d'athraigh rudaí ansin?

Is dócha nuair a tháinig mé go dtí an mheánscoil. Ní rabhamar chomh mór le chéile ansin is a bhíomar nuair a bhíomar níos óige. Agus ansin, is dócha nach raibh puinn ama againn dá chéile. D'athraigh rudaí an uair sin.

Tasc léitheoireachta: Cailín ag caint faoina caidreamh lena deartháir.

Sleamhnán 5

Mo theaghlach

Iarphlé 1

Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. An bhfuil deartháireacha agus deirfiúracha agat?
2. An réitíonn sibh go maith le chéile na laethanta seo?
3. An bhfuil suim agaibh sna rudaí céanna? Cén cineál rudaí a thaitníonn leo siúd (ceol, cláracha teilifíse, caitheamh aimsire)?
4. An bhfuil dealramh agat le do dheartháireacha / deirfiúracha?
5. An tusa an duine is sine nó an duine is óige? Cé acu is fearr, dar leat?

Obair bheirte: ag caint faoin chlann.

Sleamhnán 6

Mo theaghlach

Iarobair 2

A: Gan féachaint siar ar an bpíosa a bhí le rá ag Róisín, an féidir leat na rudaí seo a leanas a rá as Gaeilge? Scríobh síos i do chóipleabhar iad.

1. How do you get on with one another?
2. Do you get on well with one another?
3. We're very close.
4. We fight.

B: Cuir Gaeilge ar na focail seo:

1. first cousin: _____
2. second cousin: _____
3. mother in law: _____
4. father in law: _____
5. godmother: _____
6. godfather: _____
7. twins / half-twin: _____
8. a couple: _____
9. adopted: _____

Stór focal: nathanna le haistriú ó Bhéarla go Gaeilge.

Sleamhnán 7	Mo theaghlach Iarobair 3 Féach ar na nathanna cainte seo a úsáidtear chun cur síos ar chaidrimh. An dtuigeann tú iad ar fad? An féidir leat cur leis an liosta tú féin? • Bímid i muineál a chéile. • Bímid ag achrann. • Éiríonn troideanna eadrainn. • Bíonn sé/sí ag scéachtaint (sceitheadh) orm go dtí Mam is Daid. • Cuirimid isteach go mór ar a chéile. • Réitimid go breá. • Táimid an-mhór le chéile. • Ní chuirimid isteach ná amach ar a chéile.	Saibhriú teanga: nathanna Gaeilge faoi réiteach le daoine.
Sleamhnán 8	Mo theaghlach Iarobair 4 Tá córas speisialta in Éirinn ann do shloinnte. Is córas é atá in úsáid leis na mílte bliain. A: Tugann sloinnte Éireannacha eolas dúinn faoin duine. Féach ar na ráitis thíos agus abair an bhfuil siad fíor nó bréagach. 1. Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bean nó fear atá i gceist. FÍOR nó BRÉAGACH 2. Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bhfuil an fear pósta nó nach bhfuil. FÍOR nó BRÉAGACH 3. Bíonn a fhios againn ón sloinne pé acu an bhfuil an bhean pósta nó nach bhfuil. FÍOR nó BRÉAGACH 4. Bíonn na sloinnte céanna le fáil i ngach áit sa tír. FÍOR nó BRÉAGACH B: Úsáidtear córas speisialta ainmnithe sa Ghaeltacht – in ionad sloinne an duine a úsáid, úsáidtear ainm baiste a athar (nó uaireanta a mháthar). Pléigh é seo leis an duine in aice leat agus (i) smaoinigh ar shamplaí ó bhur gceantar féin (má tá sibh in bhur gcónaí sa Ghaeltacht) agus (ii) déanaigh amach cén t-ainm Gaeltachta atá/a bheadh ort féin!	Feasacht teanga, obair bheirte: Sloinnte na hÉireann. Nósanna Gaeltachta.
Sleamhnán 9	Mo theaghlach Iarobair 5 Féach ar an dá lánúin phósta agus freagair na ceisteanna: Síle Ní Chonchúir agus Aodán Ó Muirí  Aoife Nic Craith & Seamus Mac Giolla Bhríde  1. Cén sloinne atá ar Shíle agus ar Aoife anois agus iad pósta? 2. Cén sloinne a bheadh ar mhic na lánúineacha? 3. Cén sloinne a bheadh ar iníonacha na lánúineacha? 4. Cén sloinne atá ort féin? An mbaineann tú úsáid as do shloinne i nGaeilge nó i mBéarla, cén fáth?	Tasc scríofa: Ceisteanna bunaithe ar thuiscint na ndaltaí ar shloinnte i nGaeilge.

Sleamhnán 10	Mo theaghlach Iarobair 6 D'ainm as Gaeilge A: Léigh an píosa gearr seo agus déan nóta de na focail nach dtuigean tú. Fadó, ní bhíodh cead ag muintir na Gaeltachta a n-ainm a thabhairt as Gaeilge le haghaidh aon ghnó oifigiúil. Bhíodh dualgas orthu an leagan Béarla dá sloinne a chur ar theastas breithe a leanai, mar shampla, agus ar cháipéisí a bhain le húinéireacht tí – aon rud oifigiúil agus dlíthiúil. Deirte le muintir na Gaeltachta a d'insíodh a n-ainm as Gaeilge, rudaí ar nós “You must put your name in English. This is an official document.” Tháinig athrú ar an rial sin de réir a chéile ach thóg sé tamall fada ar oifigigh rialtais a meon a athrú. Fiú sa lá atá inniu ann, cloisfidh tú oifigigh ag rá rudaí cosúil le “What’s that in English?” nó “The computer can’t do fadas.” Tá an drochnós sin ag laghdú i gcónaí a bhuíochas do chúrsaí traenála agus feasachta atá déanta le daoine atá ag obair san Earnáil Phoiblí. B: Pléigh an cheist seo leis an duine in aice leat. An mbionn deacrachtaí agatsa riamh nuair a úsáideann tú do shloinne i nGaeilge? Tabhair samplaí.	Tasc léitheoireachta: Alt faoin chosc a bhíodh ar shloinne i nGaeilge. Plé oscailte: faoin alt. Obair bheirte: plé ar dheacrachtaí a bhí(onn) ag daltaí lena na-ainm i nGaeilge.
Sleamhnán 11	Mo theaghlach Iarobair 7 Earráid chomónta! Uaireanta cloiseann tú foghlaimoirí Gaeilge ag rá rudaí cosúil le *‘beirt dhaoine’ nó *‘ceathrar daoine’. Tá sé sin mícheart – is dócha gur aistriúchán díreach ón mBéarla is cúis leis an earráid. Ná déan dearmad go gciallaíonn an focal beirt <i>two people</i> agus triúr <i>three people</i> agus mar sin de. Dá bhrí sin, ní féidir an focal ‘daoine’ a úsáid leis na huimhreacha pearsanta. Is féidir, áfach, an cineál duine atá i gceist a lua. Mar shampla: • triúr daltaí • ceathrar dochtúirí • seisear peileadóirí	Feasacht teanga, cruinneas: botún comónta – “beirt daoine”.

3F. Tréithe daoine: Nótaí an Mhúinteora (Réasúnta dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Réasúnta dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisciana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – mo mhuintir agus mo chairde / tréithe daoine
Stór focal	Tréithe daoine

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír éisteachta ina bhfuil dalta ag caint ar a cara is fearr. Canúint Uladh atá i gceist sa mhír.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán réasúnta ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Cluiche 1/2

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag cur na dtréithe cuí leis na sainmhínithe cearta.
- ✓ Bíodh an sleamhnán cluiche 1 ar an tréshoilseán agat.
- ✓ Bíodh na sainmhínithe gearrtha suas agat agus curtha i gclúdach litreach. Tabhair clúdach litreach do gach beirt.
- ✓ Mínigh dóibh go gcaithfidh gach beirt an tréith cheart a mheaitseáil leis an sainmhíniú cuí.
- ✓ Abair leo gur comórtas atá ann agus gurb é an chéad bheirt a chríochnaíonn ar dtús na buaiteoirí. Bí cinnte go bhfuil na freagraí cearta acu. (féach Freagraí thíos).



Réamhphlé

- ✓ Léigh tríd na ceisteanna ar an sleamhnán leis na daltaí agus téigh siar ar na rialacha a bhaineann leis an gcineál seo ceiste agus an chopail:

*An duine sotalach tú? Is ea **nó** Ní hea.*

- ✓ Caithfidh gach dalta ceithre thréith ón sleamhnán deireanach a roghnú atá fíor fúthu féin. Caithfidh siad ansin an cheist thuas a chur ar an duine in aice leo go dtí go n-aimsíonn siad na tréithe atá ag an duine eile.
- ✓ Pléigh na ceisteanna leis an rang ar fad.



Éisteacht

- ✓ Tabhair tamall do na daltaí machnamh a dhéanamh ar na focail sa chroí. Pléigh leo ansin iad.
- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán an fhaid is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



Éisteacht 2

- ✓ Pléigh na nathanna leis an rang ar fad.
- ✓ Téigh siar ar na leaganacha atá acu féin ar na nathanna atá ar an sleamhnán.
- ✓ Cuir ceisteanna ar fhoghlaimeoirí éagsúla cé hiad na daoine a bhfuil siad mór leo agus cad a chuireann olc orthu.



Iarphlé 1

- ✓ Léigh na teoracha agus na pointí ar fad atá ar an sleamhnán agus bí cinnte go dtuigeann na daltaí cad atá le déanamh acu.
- ✓ Iarr orthu na pointí a chur in ord tábhachta iad féin ar dtús agus ansin abair leo labhairt leis an duine in aice leo le fáil amach an raibh an dearcadh céanna acu.
- ✓ Pléigh na pointí leis an rang ar fad tar éis tamaill.



Iarphlé 2

- ✓ Léigh na ceisteanna ar fad atá ar an sleamhnán leis an rang agus bí cinnte go dtuigeann na daltaí cad atá le déanamh acu.
- ✓ Tabhair deis dóibh freagraí na gceisteanna a ullmhú agus bí ag siúl timpeall chun cuidiú leo más gá.
- ✓ Nuair atá tamall caite acu ag ullmhú iarr ar gach beirt na ceisteanna a chur ar a chéile.
- ✓ Cuir ceisteanna éagsúla ar dhaltaí difriúla.
- ✓ Scríobh aon stór focal nua a thagann aníos ar an gclár bán.



Iarphlé 3

- ✓ Is gníomhaíocht é seo le dul siar ar a bhfuil déanta sa rang go dtí seo.
- ✓ Caithfidh na daltaí, ina mbeirteanna nó i ngrúpaí beaga, cur síos a dhéanamh ar phearsantachtaí na ndaoine cáiliúla ar an sleamhnán. Níl ann ach a dtuairimí ar ndóigh.
- ✓ Pléigh na tuairimí atá ag na foghlaimeoirí.

Freagraí

Cluiche 1/2

Is maith le Síle a bhfuil aici a roinnt le daoine eile (1)	Ní maith le Pól airgead a chaitheamh (2)	Tuigeann Máire gur duine cumasach í (3)	Bíonn Seán ag smaoineamh air féin i gcónaí (4)
Is cainteoir breá é Tom agus tá sé go maith ag díospóireacht (5)	Creideann Siobhán go bhfuil sí níos fearr ná daoine eile (6)	Is duine an-deas é Cian, caitheann sé go maith le daoine i gcónaí (7)	Ní maith le Fiona aon obair a dhéanamh (8)
Nuair is mian le hAoife rud a dhéanamh déanfaidh sí é is cuma cad a tharlóidh (9)	Deir Pádraig rudaí nach mbíonn go deas go minic (10)	Is cara an-mhaith í Niamh, seasfaidh sí leat i gcónaí (11)	Tuigeann Ian gach rud go héasca ar an scoil gan aon stró (12)
Ní chuireann aon ní isteach nó amach ar Bhríd (13)	Deir Laura 'háigh' le gach duine i gcónaí (14)	Insíonn Fionn an fhírinne i gcónaí (15)	Cuireann a ndeir daoine fúithi isteach ar Nuala go héasca (16)

3F. Tréithe daoine

Sleamhnán 1

Tréithe daoine

cluiche 1

1. Flaithiúil
2. Suarach
3. Féinmhuíneach
4. Leithleasach
5. Deisbhéalach
6. Sotalach
7. Cineálta / Cneasta
8. Leisciúil
9. Ceanndána
10. Searbhasach
11. Dílis
12. Cliste
13. Réchúiseach
14. Cairdiúil
15. Macánta / Ionraic
16. Goilliúnach

Cluiche foclóra: Tréithe daoine agus sainmhínithe.

Sleamhnán 2

Tréithe daoine

cluiche 2

Is maith le Síle a bhfuil aici a roinnt le daoine eile	Ní maith le Pól airgead a chaitheamh	Tuigeanann Máire gur duine cumasach í	Bíonn Seán ag smaoineamh air féin i gcónaí
Is cainteoir breá é Tom agus tá sé go maith ag díospóireacht	Creideann Siobhán go bhfuil sí níos fearr ná daoine eile	Is duine an-deas é Cian, caitheann sé go maith le daoine i gcónaí	Ní maith le Fiona aon obair a dhéanamh
Nuair is mian le hAoife rud a dhéanamh déanfaidh sí é is cuma cad a tharlóidh	Deir Pádraig rudai nach mbíonn go deas go minic	Is cara an-mhaith í Niamh, seasfaidh sí leat i gcónaí	Tuigeanann Ian gach rud go héasca ar an scoil gan aon stró
Ní chuireann aon ní isteach nó amach ar Bhríd	Deir Laura 'háigh' le gach duine i gcónaí	Insíonn Fionn an fhírinne i gcónaí	Cuireann a ndeir daoine fúithi isteach ar Nuala go héasca

Cluiche foclóra: Tréithe daoine agus sainmhínithe.

Sleamhnán 3

Tréithe daoine

Réamhphlé

1. Roghnaigh ceithre thréith ó na tréithe atá díreach pléite agat atá fíor fút féin agus scríobh síos i do chóipleabhar iad. Ná lig don duine in aice leat iad a fheiceáil, tá seisean ag déanamh amhlaidh.
2. Caithfidh sibh an cheist thíos a chur ar a chéile go dtí go bhfuil na ceithre thréith faighte agaibh:

An duine _____ tú?
3. Ní féidir ach an freagra gonta a thabhairt, an bhfuil a fhios agat cad é?
4. Is é an duine a aimsíonn na ceithre thréith ar dtús an buaiteoir.
5. An síleann tú go bhfuil na tréithe a roghnaigh an duine in aice leat fíor faoi? Cén fáth?


Cruinneas: An duine _____ tú? Is ea / Ní hea.

Sleamhnán 4

Tréithe daoine

Éisteacht 1

An dtuigeann tú na focail seo? Cén leagan atá agat féin?



Éist le Deirdre ag déanamh cur síos ar a cara is fearr anois agus freagair na ceisteanna thíos:

1. Cad is ainm do chara Deirdre agus an gcaitheann siad mórán ama le chéile?
2. An bhfuil siad ag déanamh na n-ábhar céanna ar an scoil? Mínigh.
3. Cén fáth nach maith le daoine áirithe Máire?
4. Cad iad na tréithe dearfacha atá aici?
5. Cad iad na tréithe diúltacha atá aici?

Stór focal: caidreamh le daoine.

Tasc éisteachta: le ceisteanna simplí

Sleamhnán 5

Tréithe daoine

Éisteacht 2

Féach ar an nath cainte seo a bhí sa mhír:

a bheith mór le duine

An raibh sé ar eolas agat?

An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar shlite eile chun é a rá?

Féach ar an nath seo anois:

ag cur olc ar dhuine

An féidir leat féin agus an duine in aice leat smaoineamh ar shlite eile chun é a rá?

Saibhriú teanga: nathanna

Sleamhnán 6

Tréithe daoine

Iarphlé 1

Féach ar na habairtí seo thíos faoi na nithe a dhéanann cara maith agus cuir in ord tábhachta iad trí uimhir 1 a chur in aice leis an abairt a cheapann tusa atá tábhachtach ó thaobh cairdis de. Ansin cuir uimhir a dó in aice leis an gcéad abairt eile agus ar aghaidh mar sin go dtí uimhir a deich.

- ☐ Déanann sé/sí m'obair bhaile dom.
- ☐ Éisteann sé/sí le mo chuid fadhbanna ar fad.
- ☐ Is duine an-phraiticiúil é/i.
- ☐ Tá sé/sí an-saibhir.
- ☐ Is breá leis/léi an ceol céanna liomsa.
- ☐ Bíonn an-chraic againn le chéile.
- ☐ Tá sé/sí an-dathúil.
- ☐ Aontaíonn sé/sí le gach rud a deirim.
- ☐ Tá aithne againn ar a chéile ó bhí muid bliain d'aois.
- ☐ Is duine an-chliste é/i.

Anois, labhair leis an duine in aice leat. An bhfuil an dearcadh (outlook) céanna agaibh ar cad is cara maith ann?

Obair aonair/bheirte: tréithe cara

Sleamhnán 7

Tréithe daoine

Iarphlé 2

Cuir na ceisteanna seo ar an duine in aice leat faoi chara éigin dá c(h)uid. Bí in ann freagraí a thabhairt ar na ceisteanna tú féin mar beidh sé ag cur na gceisteanna ortsa chomh maith.

1. Cad is ainm dó/dí? Cá bhfuil sé/sí ina c(h)ónaí?
2. Cad iad na dea-thréithe atá aige/aici? Tabhair samplaí.
3. An bhfuil aon thréith nach maith leat faoi/fúithi? Mínigh.
4. Cad a dhéanann sibh nuair a bhíonn am saor agaibh?
5. Cén chuma atá air/uirthi?
6. Cé chomh fada is atá sibh mór le chéile?
7. Ar chuir sé/sí olc ort riamh? Mínigh.
8. Déan cur síos ar an gcéad uair a chas sibh le chéile.

Obair bheirte, tasc labhartha: do chara is fearr.

Sleamhnán 8

Tréithe daoine

Iarphlé 3

Bí ag obair leis na daoine eile i do ghrúpa. Cad iad na tréithe atá ag na daoine cáiliúla seo, dar libh? Bí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh amhlaidh.



Obair bheirte/ghrúpa: tréithe daoine cáiliúla

Fócas ar Theanga

An Tuiseal Gairmeach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	An tuiseal gairmeach a chur i láthair na ndaltaí
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag cur aithne ar dhaoine**, Aonad 3 (Mo mhuintir agus mo chairde).

Níl anseo ach léargas ginearálta ar an tuiseal gairmeach. Ní dhéantar staidéar anseo ar an uimhir iolra nó ar na díochlaontaí ar fad.

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigean na daltaí cad atá i gceist leis an tuiseal gairmeach.

Fócas ar Theanga: An tuiséal gairmeach

Sleamhnán 1	An Tuiséal Gairmeach Sula bpléifimid an tuiséal gairmeach déan na ceisteanna seo leis an duine in aice leat: 1. Cén rud é tuiséal? 2. An mbaineann na tuisil leis an ainmfhocal amháin? 3. An mbaineann na tuisil leis an nGaeilge amháin? Tabhair sampla do gach tuiséal: An tuiséal ainmneach An tuiséal tabharthach An tuiséal gairmeach An tuiséal ginideach	Obair bheirte, tasc labhartha: na tuisil sa Ghaeilge a phlé.
Sleamhnán 2	An Tuiséal Gairmeach An raibh an ceart agaibh? 1. Is éard is tuiséal ann ná an t-athrú a thagann ar ainmfhocal ag brath ar na focail eile atá timpeall air. 2. Athraíonn focail eile chomh maith i.e. <i>aidiachtai</i> ach ní tuiséal atá i gceist ansin. Ní bhaineann tuisil ach amháin le hainmfhocail. 3. Tá tuisil in a lán teangacha ar fud an domhain, mar shampla, san Fhionlainnis agus sa Ghréigis. Bhíodh tuisil ann fadó sa Bhéarla ach níl níos mó. An tuiséal ainmneach - an bord, an t-uisce An tuiséal tabharthach - ar an mbord, ar an uisce An tuiséal gairmeach - a Phádraig, a Shíle An tuiséal ginideach - dath an bhoird, méid an uisce	Feasacht teanga: míniú ar na tuisil.
Sleamhnán 3	An Tuiséal Gairmeach Baintear úsáid as an tuiséal gairmeach nuair a ghlaitear ar dhuine i nGaeilge. Seo thíos cúpla nód chun cuidiú leat an tuiséal gairmeach a úsáid! ✓Cuirtear ‘a’ roimh an ainm: ➡ a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd ✓Cuirtear séimhiú ar an ainm: ➡ a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd ✓Is minic ainmneacha fear a bheith firinsneach agus mar sin críochnaíonn siad go minic le consan leathan – más ea is gá an t-ainm a dhéanamh caol: ➡ a <u>Sheáin</u>, a Phádraig, a Shiobhán, a Bhríd ✓Is minic ainmneacha ban a bheith caol agus ní gá iad a chaolú mar sin: ➡ a Sheáin, a Phádraig, a Shiobhán, a <u>Bhríd</u> ✓Ach fiú má tá an t-ainm mná leathan ní chaolaítear é: ➡ a Sheáin, a Phádraig, a <u>Shiobhán</u>, a Bhríd	Feasacht teanga: an tuiséal gairmeach

Fócas ar Theanga

An Modh Ordaitheach: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Rialacha don mhodh ordaitheach a mhúineadh do na foghlaimeoirí
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag Tabhairt Comhairle**, Aonad 3 (Mo chairde agus mo mhuintir). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha faoin modh ordaitheach. Dírigh aird na bhfoghlaimeoirí ar an aidiacht shealbhach freisin.

Freagraí

An Modh Ordaitheach 4

Bígí ciúin / ná bígí ciúin / ná bí ciúin

Ithigí bhur ndinnéar / ná hithigí bhur ndinnéar / ná hith do dhinnéar

Déanaigí bhur n-obair bhaile / ná déanaigí bhur n-obair bhaile / ná déan d'obair bhaile

Téigí amach ag siúl / ná téigí amach ag siúl / ná téigh amach ag siúl

Faighigí cupán tae dom / ná faighigí cupán tae dom / ná faigh cupán tae dom

Cuirigí glao ar an duine sin / ná cuirigí glao ar an duine sin / ná cuir glao ar an duine sin

Féachaigí amach an fhuinneog / ná féachaigí amach an fhuinneog / féach amach an fhuinneog

Bailígí bhur gcuid leabhar le chéile / ná bailígí bhur gcuid leabhar le chéile / ná bailigh do chuid leabhar le chéile

Ceannaigí an páipéar nuachta dom / ná ceannaigí an páipéar nuachta dom / ná ceannaigh an páipéar nuachta dom

Suígí síos / ná suígí síos / ná suigh síos

Seasaigí suas / ná seasaigí suas / ná seas suas

*Féach leathanach 71 – 73 sa leabhar **Cogar Nua**

Fócas ar Theanga: An Modh Ordaitheach



Sleamhnán 1

An Modh Ordaitheach

1

Tá sé chomh simplí ordú a thabhairt do dhuine amháin sa Ghaeilge. Níl le déanamh ach fréamh an bhriathair a úsáid, féach:

Bí ciúin
Ith do dhinnéar!
Déan d'obair bhaile!
Téigh amach ag siúl!
Faigh cupán tae dom!
Cuir glao ar an duine sin!
Féach amach an fhuinneog!
Bailigh do chuid leabhar le chéile!
Ceannaigh an páipéar nuachta dom!
Suigh síos!
Seas suas!

Bí cúramach áfach, ní féidir leat ordúithe mar sin a thabhairt do do mhúinteoir nó do do thuismitheoirí nó do dhuine nach bhfuil aithne rómhaith agat air.

Baintear úsáid as an gcineál sin cainte le duine níos óige ná thú nó le do chuid cairde. Agus, má thugtar na hordúithe ar bhealach an-bhorb is cosúil gur duine an-chrosta thú!

Cruinneas: an modh ordaitheach

Sleamhnán 2

An Modh Ordaitheach

2

Cad atá le déanamh más mian leat ordú nó comhairle a thabhairt do níos mó ná duine amháin?

Tá sé an-simplí ar fad. Cuirtear na deirí seo leis na briathra:

An chéad réimniú (siolla amháin), leathan	- aigí	déanaigí tugaigí*
An chéad réimniú (siolla amháin), caol	- ígí	cuirigí ithigí
An dara réimniú (níos mó ná siolla amháin), leathan	- aigí	ceannaigí bunaigí
An dara réimniú (níos mó ná siolla amháin), caol	- ígí	aimsígí imrigí

Agus conas a d'iarrrá ar dhuine GAN rud éigin a dhéanamh? Arís níl sé chomh deacair sin. Féach:

Consan:

Ná bac
Ná déan
Ná cuirigí
Ná faighigí

Guta:

Ná habair
Ná hól
Ná himigí
Ná hordaigí

Cruinneas: uimhir iolra den mhodh ordaitheach.

Sleamhnán 3

An Modh Ordaitheach

3

Na briathra mírialta:

Abair	Abraigí
Beir	Beirigí
Bí	Bígí
Clois	Cloisigí
Déan	Déanaigí
Faigh	Faighigí
Feic	Feicigí
Ith	Ithigí
Tabhair	Tugaigí
Tar	Tagaigí
Téigh	Téigí

Cruinneas: Na briathra neamhrialta

Sleamhnán 4

An Modh Ordaitheach

4

Cuir na habairtí:

1. San uimhir iolra
2. Sa diúltach

Bí ciúin
Ith do dhinnéar!
Déan d'obair bhaile!
Téigh amach ag siúl!
Faigh cupán tae dom!
Cuir glao ar an duine sin!
Féach amach an fhuinneog!
Bailigh do chuid leabhar le chéile!
Ceannaigh an páipéar nuachta dom!
Suigh síos!
Seas suas!

Obair scríofa: Uimhir iolra agus an fhoirm dhiúltach.

Fócas ar theanga

An tAinm Briathartha: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Na patrúin a bhaineann leis an ainm briathartha a mhúineadh do na foghlaimoirí
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Moltar na bileoga a úsáid leis na gníomhaíochtaí faoi **Ag Tabhairt Comhairle**, Aonad 3 (Mo chairde agus mo mhuintir). Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair an oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na patrúin a bhaineann leis an ainm briathartha.

Freagraí

An tAinm Briathartha 1

Tá mé ag glanadh an tí.

Ní maith liom an teach a ghlanadh.

Tá mé ag aistriú na haiste.

Ní maith liom rudaí a aistriú.

An tAinm Briathartha 2

Níl deireadh na mbriathra mar an gcéanna mar baineann cuid acu leis an gCéad Réimniú agus cuid eile leis an Dara Réimniú.

Samplaí breise ón gCéad Réimniú:

Múin – múineadh

Glan – glanadh

Gearr – gearradh

Líon – líonadh

Cíor - cíoradh

Samplaí breise ón Dara Réimniú:

Éirigh – éirí

Fiosraigh – fiosrú

Cóirigh – cóiriú

Eagraigh – eagrú

Athraigh - athrú

An tAinm Briathartha 3

Fréamh	Ainm Briathartha
Bagair Freagair	Bagairt Freagairt
Feic Clois Fág Faigh Tóg	Feiceáil Cloisteáil Fágáil Fáil Tógáil
Féach Tuig	Féachaint Tuiscint
Caith Déan Seas	Caitheamh Déanamh Seasamh
Leag Lig Tréig	Leagan Ligean Tréigean
Creid Lean Oil Oir	Creidiúint Leanúint Oiliúint Oiriúint

An tAinm Briathartha 4

Abair:	ag rá
Ceannaigh:	ag ceannach
Cónaigh:	ag cónaí
Cuardaigh:	ag cuardach
Cuimhnigh:	ag cuimhneamh
Éirigh:	ag éirí
Éist:	ag éisteacht
Fan:	ag fanacht
Imigh:	ag imeacht
Ith:	ag ithe
Sásaigh:	ag sásamh
Smaoinigh:	ag smaoineamh
Cloígh:	ag cloí
Glaoigh:	ag glaoch
Léigh:	ag léamh
Luigh:	ag luí
Pléigh:	ag plé
Tar:	ag teacht
Téigh:	ag dul
Féach leathanach 78 – 85 sa leabhar Cogar Nua	

Fócas ar Theanga: An tAinm Briathartha



Sleamhnán 1

An tAinm Briathartha (Cuid A) 1

Féach ar na habairtí seo agus cuir líne faoin ainm briathartha i ngach abairt:

Tá mé ag glanadh an tí.

Ní maith liom an teach a ghlanadh.

Tá mé ag aistriú na haiste.

Ní maith liom rudaí a aistriú.

Feasacht teanga: an t-ainm briathartha

Sleamhnán 2

An tAinm Briathartha (Cuid A) 2

An féidir leat a rá cén fáth nach bhfuil deireadh na mbriathra mar an gcéanna?

Féach:

An Chéad Réimniú	An Dara Réimniú
Bris – briseadh Cáin – cáineadh	Críochnaigh – críochnú Aimsigh – aimsiú

Bí ag obair leis an duine in aice leat agus scríobh amach cúpla sampla eile.

Cruinneas: an chéad agus an dara réimniú

Sleamhnán 3

An tAinm Briathartha (Cuid A) 3

Seo samplaí eile. Bain úsáid as na samplaí tugtha chun an t-ainm briathartha a chumadh sna boscaí. Ná déan dearmad ar an riall 'caol le caol' agus 'leathan le leathan'.

Fréamh	Ainm Briathartha
Bagair Freagair	Bagairt
Feic Clois Fág Faigh Tóg	Feiceáil
Féach Tuig	Féachaint
Caitheamh Déan Seas	Caitheamh
Leag Lig Tréig	Leagan
Creid Lean Oil Oir	Creidiúint

Obair scríofa: patrúin éagsúla den ainm briathartha.

Sleamhnán 4

An tAinm Briathartha (Cuid A) 4

Féach ar na cinn thíos atá an-choitianta ar fad ach atá neamhrialta. An féidir leat an t-ainm briathartha a scríobh in aice le fréamh an bhriathair?

Abair:
Ceannaigh:
Cónaigh:
Cuardaigh:
Cuimhnigh:
Éirigh:
Éist:
Fan:
Imigh:
Ith:
Sásaigh:
Smaoinigh:
Cloigh:
Glaoigh:
Léigh:
Luigh:
Pléigh:
Tar:
Téigh:

Tasc scríofa: Samplaí coitianta agus mírialta den ainm briathartha.

Caibidil 4: An Ghaeilge agus an Ghaeltacht

- A. Ag sealbhú Gaeilge (Dúshlánach)
- B. An Ghaeilge agus mé féin
- C. An Ghaeilge thar lear (Measartha dúshlánach)
- D. An tOireachtas (Dúshlánach)
- E. Coimhthígh le chéile
- F. Na teangacha Ceilteacha (Dúshlánach)
- G. Réaltaí na Gaeilge (Measartha dúshlánach)
- H. Fócas ar theanga:
 - i. Inscne
 - ii. 'sa' agus 'í'

The screenshot shows the Ceacht.ie website interface. The header features the Ceacht.ie logo and the tagline 'Acmhainní do mhúinteoirí Gaeilge'. The main content area is titled 'An Ghaeilge thar lear' and displays a list of resources. On the left, there is a sidebar with a 'Cad é Ceacht?' section and a list of topics. The main list includes:

- An Ghaeilge thar lear** (Word document icon): Teideal: An Ghaeilge thar lear; Cur Síos: Málal don mhúinteoir; Méid: 37.72 KB
- An Ghaeilge thar lear** (PowerPoint icon): Teideal: An Ghaeilge thar lear; Cur Síos: Aithin don fhoghlaimseir; Méid: 395.23 KB
- An Ghaeilge thar lear** (Video icon): Teideal: An Ghaeilge thar lear; Cur Síos: Múise (Copenhagen); Méid: 6.61 MB
- An Ghaeilge thar lear** (Video icon): Teideal: An Ghaeilge thar lear; Cur Síos: Múise (Minnota); Méid: 10.40 MB
- An Ghaeilge thar lear** (Video icon): Teideal: An Ghaeilge thar lear; Cur Síos: Múise (Feldin Linn); Méid: 839.51 KB

The sidebar on the left lists the following topics:

- 01. Saol na seála
- 02. Saol seánaite
- 03. Na mbuictir agus na chaire
- 04. An Ghaeilge agus an Ghaeltacht
- A. Ag sealbhú Gaeilge
- B. An Ghaeilge agus mé féin
- C. An Ghaeilge thar lear
- D. An tOireachtas
- E. Coimhthígh le chéile
- F. Na teangacha Ceilteacha
- G. Réaltaí na Gaeilge
- Fócas ar theanga
- 05. Múise féin in Éirinn
- 06. Múise féin sa saol nua
- Déantais

At the bottom of the sidebar, there is a link to 'Acmhainní do Ardteic'.

4A. Ag sealbhú Gaeilge: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – ag sealbhú Gaeilge
Stór focal	Ag sealbhú Gaeilge agus cumas teanga

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ón Tóstal 2013 ina bhfuil painéal ag plé na ndúshlán a bhaineann le leanaí a thógáil le Gaeilge sa Ghaeltacht.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Is fearr a oireann na ceachtanna seo do chainteoirí dúchais agus do dhaltaí a bhfuil aithne acu ar/taithí acu ar chainteoirí dúchais nó bheith ag fás aníos sa Ghaeltacht.



Réamhobair 1

- ✓ Mínigh don rang cad is brí le ‘sealbhú teanga’.
- ✓ Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt faoi na ceisteanna agus ansin fiafraigh díobh cad iad na freagraí a bhí acu.
- ✓ Cuir na freagraí cearta ar fáil don rang (féach Freagraí thíos) agus fiafraigh díobh an gcuireann na huimhreacha ísle aon iontas orthu. Déan iarracht plé beag a chothú timpeall ar impleachtaí na n-uimhreacha ísle seo.



Réamhobair 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an ngníomhaíocht seo. Seans maith go mbeidh sé deacair orthu.
- ✓ Pléigh a gcuid freagraí leis na daltaí ansin (féach Freagraí thíos).



Éisteacht

- ✓ Léigh na ceisteanna don chleachtadh éisteachta leis an rang ar fad sula gcuireann tú an mhír ar siúl ionas go mbeidh a fhios acu cén freagraí a bheidh á lorg acu agus iad ag éisteacht.
- ✓ Más féidir, fág na ceisteanna thuas ar an scáileán fad is atá an mhír á seinm.
- ✓ Pléigh freagraí na gceisteanna leis an rang ar fad ag an deireadh.



Iarphlé 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán seo leis an rang ar fad agus ansin cuir gach beirt nó triúr ag plé na gceisteanna le chéile.
- ✓ Pléigh cuid de na ceisteanna leis an rang ar fad ansin. An aidhm atá leo ná na daltaí a chur ag machnamh ar an méid/easpa úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge ina saol laethúil.



Iarphlé 2

- ✓ Níl sé i gceist laghmhisneach nó ísle brí a chur ar na daltaí leis an sleamhnán seo! Pléigh go tuisceanach leo é, mar sin. Má tá na ráitis atá air fíor fúthu déan iarracht a mhíniú dóibh gur seo an toradh a bhíonn go minic ann nuair a bhíonn cainteoirí mionteanga ina gcónaí i bpobal ina bhfuil an mionteanga sin faoi bhrú. Cuir ar a súile dóibh go gcaitheann cainteoirí mionteanga i bhfad níos mó iarrachta a dhéanamh ná cainteoirí mórtéanga (Béarla), chun líofacht agus cumas ard a bhaint amach ina dteanga féin. Tá sé sin fíor anois i gceantair Ghaeltachta níos mó ná mar a bhí, abair le linn an ama a bhí a dtuismitheoirí féin ag dul ar scoil.



Iarphlé 3 & 4

- ✓ Léigh a bhfuil ar shleamhnán Iarphlé 3 leis an rang ar fad agus cuir i mbun oibre iad. Abair leo é a dhéanamh an-tapa. Ná habair leo fós cad atá ar an gcéad sleamhnán eile.
- ✓ Abair le cúpla dalta an méid a scríobh siad a léamh amach don rang. Bheifí ag súil go mbeadh abairtí mar “I’d introduce him to my friends” / “I’d talk to him” / “I’d find out what his name is” agus araile á rá acu.
- ✓ Ansin léigh a bhfuil ar shleamhnán Iarphlé 4 leis an rang agus cuir i mbun oibre iad. Tabhair an méid céanna ama dóibh chun é a dhéanamh.
- ✓ Abair le cúpla dalta an méid a scríobh siad a léamh amach duit. Beidh sé suimiúil a fheiceáil an mbeidh na struchtúir a mbeifeá ag súil leo acu e.g. “Chuirfinn in aithne do mo chairde é” / “Labhróinn leis” / “Gheobhainn amach cén t-ainm a bhí air” agus araile.



Iarphlé 5

- ✓ Tabhair seans do na daltaí an machnamh a iarrtar orthu a dhéanamh ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- ✓ Pléigh na ceisteanna atá ar an sleamhnán leo – arís, níltear ag iarraidh laghmhisneach a chur orthu más rud é go raibh an tasc Béarla níos éasca dóibh ná an ceann Gaeilge. Táthar ag iarraidh tuiscint a thabhairt dóibh ar na brúnna atá orthu, ag súil ansin go mbeidh siad níos ábalta dul i ngleic leo iad féin.



Iarphlé 6

- ✓ Seo seans do na daltaí machnamh a dhéanamh ar nithe praiticiúla a d’fhéadfaidís féin a dhéanamh chun a gcumas sa Ghaeilge a fheabhsú.
- ✓ Tabhair seans dóibh é a phlé iad féin ar dtús agus ansin éist leis na moltaí a bheidh acu agus cothaigh plé ranga fúthu. Cinntigh go luafar an ceann is tábhachtaí – go labhródh na daltaí an Ghaeilge eatarthu féin.

Réamhobair 1

Na freagraí atá i gceist anseo ná: Ceist 1: 26% agus Ceist 2: <1.5%.

Mar eolas duit féin, tá sé an-deacair figiúirí cruinne a fháil. Tá an 26% tógtha ó Staid Reatha na Scoileanna Gaeltachta (2004), bunaithe ar líon na ndaltaí i ranganna naíonáin bheaga a tuairiscíodh Gaeilge líofa nó Gaeilge mhaith a bheith acu. Is dócha go bhfuil an líon leanaí atá á dtógáil le Gaeilge sa bhaile níos ísle ná sin.

Réamhobair 2

1. dúshláin:	challenges
2. aoichainteoirí:	guest speakers
3. sealbhaithe:	acquired / learnt
4. tacaíochtaí:	supports
5. eagrais:	organisations
6. aitheantas:	recognition
7. feidhm:	use / function
8. go hiondúil:	usually
9. mórtheanga:	majority language / dominant language
10. mionteanga:	minority language
11. moladh:	recommendation
12. creatlach:	framework / skeleton

Éisteacht

1. bréagach
2. fíor
3. fíor

4A. Ag sealbhú Gaeilge

Sleamhnán 1	Ag sealbhú Gaeilge Réamhobair 1 Cé mhéad páiste atá á thógáil le Gaeilge inniu sa Ghaeltacht, dar leat? <table><tr><td>71%</td><td>54%</td><td>26%</td><td>10%</td></tr></table> Cé mhéad de dhaonra na hÉireann ar cainteoirí dúchais Gaeilge iad, dar leat? <table><tr><td><20%</td><td><15%</td><td><10%</td><td><1.5%</td></tr></table> Anois tabharfaidh an múinteoir na freagraí cearta daoibh. An gcuireann siad iontas ort? Cén fáth?	71%	54%	26%	10%	<20%	<15%	<10%	<1.5%	Plé ranga: sealbhú teanga, sealbhú na Gaeilge, impleachtaí na n-uimhreacha sna freagraí.
71%	54%	26%	10%							
<20%	<15%	<10%	<1.5%							
Sleamhnán 2	Ag sealbhú Gaeilge Réamhobair 2 Beidh tú ag éisteacht le cainteoirí éagsúla ag caint ar na cúiseanna a bhfuil sé deacair do pháistí an Ghaeilge a shealbhú sa bhaile óna dtuismitheoirí sa lá atá inniu ann. Sula n-éisteannt tú leis an bpíosa caith súil ar na focail seo le bheith cinnte go dtuigeann tú iad.  1. dúshláin: 2. aoichainteoirí: 3. sealbhaithe: 4. tacaíochtaí: 5. eagrais: 6. aitheantas: 7. feidhm: 8. go hiondúil: 9. mórtheanga: 10. mionteanga: 11. moladh: 12. creatlach:	Stór focal, obair bheirte: focail a bhaineann leis an tasc éisteachta a mhíniú.								
Sleamhnán 3	Ag sealbhú Gaeilge Éisteacht Éist leis na cainteoirí agus abair an bhfuil na ráitis thíos fíor nó bréagach. Cuir ciorcal timpeall ar an bhfreagra ceart.  1. Is leor Gaeilge a labhairt le do pháistí sa bhaile le go mbeidh Gaeilge mhaith acu. fíor bréagach ní deirtear 2. I nGaeiltachtaí an lae inniu, má shealbhaíonn gasúir Béarla agus Gaeilge le chéile beidh a gcuid Béarla níos fearr ná a gcuid Gaeilge. fíor bréagach ní deirtear 3. Bíonn tuiscint níos fearr ag tuismitheoirí sa Ghalltacht ar na dúshláin a bhaineann le páistí a thógáil le Gaeilge. fíor bréagach ní deirtear	Tasc éisteachta: ceisteannta le freagairt.								

Sleamhnán 4	Ag sealbhú Gaeilge larphlé 1 “Ní leor a thuilleadh go mbeadh páistí ag labhairt Gaeilge sa mbaile le go gcinnteoimis go mbeadh an teanga sealbhaithe acu i gceart.” Sorcha Ní Chéilleachair, Tuismitheoirí na Gaeltachta. Tá sé léirithe ag taighde go bhfuil an ráiteas thuas fíor. Tá an-chuid i gceist le teanga a bheith agat i gceart agus ní fhaigheann tú na rudaí <i>ar fad</i> atá ag teastáil chun é sin a dhéanamh ón mbaile. Faigheann tú iad ón scoil, ó bheith ag caint le do chairde, ó na meáin, ó scéalta agus seanchas, ó bheith ag léamh, ó bheith ag caint le daoine difriúla sa phobal agus <i>chomh maith</i> leis sin, ón mbaile. Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat. 1. Cé leis a labhraíonn tusa Gaeilge? 2. An labhraíonn tú Gaeilge le seanduine ar bith? 3. An labhraíonn tú Gaeilge le daoine atá ar chomhaois leat féin? 4. An léann tú aon leabhair as Gaeilge? 5. An bhféachann tú ar TG4? 6. Cad iad na háiteanna i do phobal féin ar féidir leat Gaeilge a labhairt iontu?	Obair ghrúpa/bheirte: plé ar ábhar an tsleamhnáin; feasacht teanga: iad a chur ag smaoineamh ar an úsáid nó easpa úsáide a bhaineann siad as an nGaeilge.
Sleamhnán 5	Ag sealbhú Gaeilge larphlé 2 An dtarlaíonn na rudaí seo riamh duitse? 1. Nuair a bhíonn tú ag iarraidh rud éigin a rá as Gaeilge, tagann an rud chugat as Béarla ar dtús agus ansin aistríonn tú go Gaeilge é. Uaireanta Go minic 2. Tá sé níos éasca duit do chuid mothúchán a chur in iúl do do chairde as Béarla seachas as Gaeilge. Uaireanta Go minic 3. Bíonn tú réasúnta cinnte go bhfuil do chuid gramadaí i gceart agus tú ag scríobh i mBéarla ach ní hionann sa Ghaeilge. Uaireanta Go minic 4. Tá stór focal níos leithne agat i mBéarla ná mar atá i nGaeilge nuair a thagann sé go dtí téamaí áirithe. Uaireanta Go minic 5. Braitheann tú aithne a bheith ag caint le do chairde as Gaeilge. Uaireanta Go minic 6. Braitheann tú go bhfuil Gaeilge níos fearr ag daoine níos sine ná mar atá agat féin. Uaireanta Go minic	Plé ranga: Is gá plé leis seo go tuisceanach. Feasacht teanga: cuir ar a súile do na daltaí gur gá iarracht níos mó a dhéanamh le mionteanga ná le móртеanga lena shealbhú.
Sleamhnán 6	Ag sealbhú Gaeilge larphlé 3 TASC 1 Gan smaoineamh air ar chor ar bith, scríobh freagra an-tapa ar an gceist thíos i do chóipleabhar. Bíodh an freagra AS BÉARLA agus ná biodh sé ach timpeall 5 abairt ar fhad. If a new student came in to your class today and didn't know anybody, what would you do to help him/her? 	Obair aonair, scríofa i mBéarla: cuidiú le dalta nua sa rang; iarr ar dhaltaí cuid de na freagraí a léamh amach.

Sleamhnán 7

Ag sealbhú Gaeilge

Iarphlé 4

TASC 2

Gan smaoineamh air ar chor ar bith, scríobh freagra an-tapa ar an gceist thíos i do chóipleabhar. Bíodh an freagra AS GAEILGE agus ná bíodh sé ach timpeall 5 abairt ar fhad.

Dá dtiocfadh dalta nua isteach i do rang inniu agus mura mbeadh aithne aige/aici ar aon duine, cad a dhéanfa chun cabhrú leis/léi?



Obair aonair, scríofa i nGaeilge: cuidiú le dalta nua sa rang; iarr ar dhaltaí cuid de na freagraí a léamh amach.

Sleamhnán 8

Ag sealbhú Gaeilge

Iarphlé 5

Machnamh

Cén tasc ab fhusa duit le déanamh – an ceann as Béarla nó an ceann as Gaeilge?

Cad iad na difríochtaí a thug tú faoi deara eatarthu – ar tháinig an rud a theastaigh uait a rá chugat níos tapúla i gceann amháin seachas sa cheann eile; an raibh an litriú níos fearr i gceann amháin seachas sa cheann eile; agus araile?



Feasacht foghlama: cén ceann ab éasca?; **plé ranga:** tuiscint ar na brúnna a bhíonn orthu le teanga.

Sleamhnán 9

Ag sealbhú Gaeilge

Iarphlé 6

Dar le Brian Ó Curnáin, ar chuala tú ag caint é ar an mír ansin, tá níos mó úsáide ag an mBéarla anois sa Ghaeltacht ná mar atá ag an nGaeilge agus mar sin, sealbhaíonn páistí níos mó Béarla ná Gaeilge.



An moladh atá ann, a deir sé, ná páistí a thógáil le Gaeilge amháin agus an teagmháil leis an mBéarla a chur siar chomh fada agus is féidir.

Ach cad fút féin agus daoine atá ar chomhaois leat? Cad is féidir libhse a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh bhur gcuid Gaeilge chomh maith le bhur gcuid Béarla? Déanaigí amach liosta de na ceithre rud is tábhachtaí agus féadfaidh sibh iad a phlé leis an rang iomlán ansin.

1. _____
2. _____
3. _____
4. _____

Obair ghrúpa/bheirte: cad is féidir a dhéanamh le cumas Gaeilge a fheabhsú; **plé ranga** ar an ábhar céanna.

4B. An Ghaeilge agus mé féin: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisciana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – An Ghaeilge ina saol féin
Stór focal	an Ghaeilge agus an Ghaeltacht

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar dhá mhír físe ina bhfuil déagóirí ag déanamh cur síos ar thábhacht na Gaeilge ina saol féin.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá canúint Chonnachta ag an mbeirt chainteoirí.



Réamhobair

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán amach don rang agus bí cinnte go dtuigeann siad gach rud agus cad atá le déanamh.
- ✓ Bain úsáid as an sleamhnán seo chomh maith le dul siar a dhéanamh ar **mo** agus **do**, le míniú go mbíonn séimhiú ar chonsan ina ndiaidh agus go n-athraíonn **mo** agus **do** go dtí **m'** agus **d'** roimh ghuta.
- ✓ Iarr ar gach beirt plé a dhéanamh ar na daoine a labhraíonn siad Gaeilge leo.
- ✓ Cothaigh plé leis an rang ar fad ansin an oiread agus is féidir.



Éisteacht 1

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg ag caint faoin nGaeilge.
- ✓ Abair leo éisteacht leis uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.



Éisteacht 2

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg eile ag caint faoin nGaeilge.
- ✓ Abair leo éisteacht leis uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu. Féach an script.



Iarobair 1

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leo agus abair leo na gníomhaíochtaí a dhéanamh.
- ✓ Níl na gníomhaíochtaí an-deacair ach ba cheart go gcothódh siad caint ghinearálta ar na canúintí agus aon deacrachtaí atá ag na daltaí le canúintí áirithe.



Iarobair 2

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán agus abair le gach beirt na ceisteanna a phlé le chéile.
- ✓ Is ceist dheacair í an chéad cheist agus bíonn deacracht ag foghlaimeoirí na Gaeilge leis an gclásal coibhneasta díreach agus indíreach. Ní gá dul isteach sa scéal go domhain ag an bpointe seo ach b'fhiú aird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú air. Is féidir a rá go bhfuil 'c ceisteanna' ann sa Ghaeilge go díreach mar atá na 'w questions' i mBéarla. Leanann an fhoirm indíreach den bhriathar cuid acu agus leanann an fhoirm dhíreach cuid eile. Tá an fhoirm indíreach cosúil leis an bhfoirm cheisteach agus tá an fhoirm dhíreach cosúil leis an mbriathar le a + shéimhú. Féach:

Indíreach

Cén chaoi a bhfuil tú? (an bhfuil tú?)

Cén chaoi a ndéanann sé sin? (an ndéanann sé?)

Díreach

Cad é mar atá tú (a tá tú)?

Conas a dhéanann tú (a dhéanann)?

- ✓ Faigh an oiread samplaí agus is féidir ó na daltaí d'fhocail nó d'fhrásaí ó chanúintí nach bhfuil acu féin.



Iarphlé 3

- ✓ Tabhair tamall do na daltaí chun an cleachtadh atá ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- ✓ Deán plé leis an rang ar fad ar na hamanna a mhothaigh siad bródúil as Gaeilge a bheith acu.

4B. An Ghaeilge agus mé féin

Sleamhnán 1	An Ghaeilge & mé féin Réamhobair Cé leis a labhraíonn tú Gaeilge? Cuir ✓ in aice leis na daoine a leanas a labhraíonn tú Gaeilge leo, agus cuir ✗ in aice leis na daoine nach labhraíonn tú Gaeilge leo.  Mo thuismitheoirí Mo dheirfiúracha & mo dheartháireacha Mo mhúinteoirí Mo chairde ar scoil Mo chomharsana Na daoine a oibríonn sna siopaí áitiúla Mo chol ceathracha Cad atá ag an duine in aice leat?	Gramadach: dul siar ar mo, do; obair bheirte: ceisteanna a fhreagairt; plé ranga: ar fhreagraí na gceisteanna.
Sleamhnán 2	An Ghaeilge & mé féin Éisteacht 1 Éist le Ciarán ag caint agus freagair na ceisteanna seo:  1. Cé leis a labhraíonn Ciarán Gaeilge? 2. Cad a deir sé faoi Ghaeilge na ndaoine a thagann isteach sa teach tábhairne? 3. Cad a deir sé faoi Ghaeilge a sheantuismitheoirí agus a thuismitheoirí? 4. Cad a deir sé faoi na canúintí eile? 5. An bhfuil sé bródúil as a bheith in ann Gaeilge a labhairt?	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.
Sleamhnán 3	An Ghaeilge & mé féin Éisteacht 2 Éist le hEoin ag caint agus freagair na ceisteanna seo:  1. Cé leis a labhraíonn Ciarán Gaeilge? 2. Cad a deir sé faoi Ghaeilge a thuismitheoirí? 3. Cad a deir sé faoi na canúintí eile? 4. An mbuaileann sé le daoine ó Ghaeltachtaí eile agus an dtuigeann sé iad? 5. Cad a deir sé faoi na hábhair scoile ar fad a dhéanamh trí Ghaeilge?	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.

Sleamhnán 4

An Ghaeilge & mé féin

Iarobair 1

Féach ar an léarscáil agus scríobh isteach na canúintí atá coitianta sna ceantair éagsúla.

CU:
Canúint Uladh
CC:
Canúint Chonnachta
CM:
Canúint na Mumhan

An labhraítear Gaeilge
i dTuaisceart Éireann?
Cén chanúint atá acu?



Scríobh isteach na canúintí ar an scála thíos maidir le cé chomh deacair is atá siad, i do thuairim féin.

Éasca → Deacair

Obair aonair: canúintí a mharcáil ar léarscáil; **plé ranga:** na canúintí agus na deacrachtaí a bhaineann leo.

Sleamhnán 5

An Ghaeilge & mé féin

Iarobair 2

Féach ar na slite seo chun **how are you?** a rá sna canúintí éagsúla. Cén chanúint lena mbaineann siad?

Cén chaoi a bhfuil tú?
Conas atá tú?
Cad é mar atá tú?



Pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat:

1. Cén fáth a bhfuil leagan difriúil den bhriathar 'tá' sna samplaí?
2. Déan liosta de nathanna cainte nó focail atá ar eolas agaibh ó na canúintí eile.

Obair bheirte, feasacht teanga: ceisteanna a phlé; canúintí.

Sleamhnán 6

An Ghaeilge & mé féin

Iarobair 3

Dúirt Ciarán go raibh sé an-bhródúil as Gaeilge a bheith aige.



An bhfuil tú féin bródúil as Gaeilge a bheith agat?

Thug Ciarán sampla d'am nuair a bhí sé an-bhródúil as Gaeilge a bheith aige – an cuimhin leat é?



An féidir leat féin smaoineamh ar eachtra nó am nuair a bhí tú an-bhródúil as Gaeilge a bheith agat?

Obair aonair/bheirte: plé ar na ceisteanna; **plé ranga:** bród as an nGaeilge.

4C. An Ghaeilge thar lear: Nótaí an Mhúinteora (Measartha dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Measartha dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta, labhartha agus foghraíochta na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – An Ghaeilge thar lear
Stór focal	An Ghaeilge thar lear

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán measartha maith Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá béim faoi leith ar an bhfoghraíocht sa rang seo agus baintear úsáid as na cainteoirí as tíortha eile chun aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar aon laige a bheadh acu féin ó thaobh na foghraíochta de. Tá sé tábhachtach gan laghmhisneach a chur ar na daltaí, ach is gá déileáil le fadhbanna foghraíochta ag an am céanna.



Éisteacht SAM 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde a fhad is a sheinneann tú an mhír 'Is féidir linn'.
- ✓ Abair leis na daltaí go bhfuil fuaime faoi leith ag an */caol/* i nGaeilge agus nach bhfuil a leithéid d'fhuaim sa Bhéarla. Déan iarracht plé faoi fhoghraíocht nó fuaimeanna na Gaeilge a chothú anseo.
- ✓ Pléigh na ceisteanna eile faoin nGaeilge sna Stáit Aontaithe. Cuir ceist ar na daltaí a bhfuil daoine muinteartha leo i Meiriceá an bhfuil Gaeilge acu.



Éisteacht SAM 2

- ✓ Déan plé ar an difríocht idir an dá ghrúpa focal, is é sin an */leathan/* agus an */caol/*.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun cleachtadh a dhéanamh ar an dá ghrúpa focal. Déan féin cleachtadh ar na focail leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Iarr ar na foghlaimoirí na focail a rá arís ach an t-am seo aird a dhíriú ar an tslí a mbogann an teanga sa bhéal, mar shampla: */leathan/* – tá barr na teanga ag cuimilt na bhfiacra uachtaracha agus */caol/* – tá barr na teanga rud beag níos ísle sa bhéal. Faigh an t-eolas seo ó na daltaí iad féin sula gcuireann tusa ar an eolas iad.



Éisteacht SAM 3

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta le chéile ag cleachtadh na bhfuaimeanna a bhaineann le */*.
- ✓ Bíodh na cártaí ar an sleamhnán seo gearrtha amach agat roimh an rang agus tabhair Ról A do dhuine amháin agus Ról B don duine eile. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile.
- ✓ Léigh trí na treoracha le cinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga ag éisteacht go géar leis an bhfoghraíocht agus ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Téigh siar ar na focail ar fad (ar an dá chárta) le cinntiú go bhfuil an fuaimniú ceart ag gach dalta.
- ✓ Cuir ceist orthu an raibh aon fhocail níos deacra ná a chéile a rá agus cén fáth.



Éisteacht An Eoraip 1

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde a fhad is a sheinneann tú an mhír: 'Copenhagen – TG4 Thar Sáile'.
- ✓ Iarr ar dhaltáí éagsúla na focail a léamh amach agus bí cinnte go bhfuil siad á bhfuaimniú mar is ceart. Mínigh aon difríocht chanúna a bheadh i gceist maidir le fuaimniú na bhfocal, mar shampla: mairnéalaigh a fhuaimnítear mar *mairnéalaig* i gcanúint na Mumhan agus *mairnéalaí* i gcanúint Uladh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-5 leo ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Tar éis tamaill déan plé leis an rang ar fad. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- ✓ Déan liosta de na fuaimeanna is deacra, de réir tuairimí na ndaltaí, ar an gclár agus déan cleachtadh orthu.



Éisteacht An Eoraip 2

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde fad is a sheinneann tú an mhír: 'Vienna – TG4 Thar Sáile'.
- ✓ Iarr ar na daltaí machnamh a dhéanamh ar 'ba mhaith liom' agus 'thaitin liom'. Mínigh dóibh gur earráid chomónta é i gcaint na Gaeilge. Iarr orthu samplaí a thabhairt duit de na hamanna a úsáidtear an dá leagan:

Ba mhaith liom cupán tae! An modh coinníollach, ní féidir a úsáid san aimsir chaite.
Thaitin an scannán liom! An aimsir chaite.

- ✓ Léigh na ceisteanna 1-3 leo ansin agus abair le gach grúpa na ceisteanna a phlé le chéile. Tar éis tamaill déan plé leis an rang ar fad. Tuairimíocht atá ann den chuid is mó.
- ✓ Téigh siar ar na fuaimeanna a bhaineann le c/ch ag bun an tsleamhnáin trí iarraidh ar dhaltáí éagsúla na focail a rá.



Éisteacht An Eoraip 3

- ✓ Déan plé ar an difríocht idir an dá ghrúpa focal, is é sin an *t leathan* agus an *t caol*.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun cleachtadh a dhéanamh ar an dá ghrúpa focal. Déan féin cleachtadh ar na focail leis an rang ar fad ansin.
- ✓ Iarr ar na foghlaimeoirí na focail a rá arís ach an t-am seo aird a dhíriú ar an tslí a mbogann an teanga sa bhéal, mar shampla: *t leathan* – tá barr na teanga ag cuimilt na bhfiaccla uachtaracha agus *t caol* – tá barr na teanga rud beag níos ísle sa bhéal. Faigh an t-eolas seo ó na daltaí iad féin sula gcuireann tusa ar an eolas iad.
- ✓ Iarr ar an rang samplaí den *s leathan* agus *caol* a sholáthar duit: sean, sásta, silleadh agus araile.
- ✓ Iarr ar an rang samplaí den *b leathan* agus *caol* a sholáthar duit: bád, beo, Bríd, agus araile.



Éisteacht An Eoraip 4

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag déanamh rólghníomhaíochta le chéile ag cleachtadh na bhfuaimeanna a bhaineann le **t**.
- ✓ Bíodh na cártaí ar an sleamhnán seo gearrtha amach agat roimh an rang agus tabhair Ról A do dhuine amháin agus Ról B don duine eile. Abair leo gan na cártaí a thaispeáint dá chéile.
- ✓ Léigh trí na treoracha le cinntiú go dtuigeann siad cad atá le déanamh.
- ✓ Bí ag siúl timpeall an ranga ag éisteacht go géar leis an bhfoghraíocht agus ag cuidiú leo más gá.
- ✓ Téigh siar ar na focail ar fad (ar an dá chárta) le cinntiú go bhfuil an fuaimniú ceart ag gach dalta.
- ✓ Cuir ceist orthu an raibh aon fhocail níos deacra ná a chéile agus cén fáth.



Éisteacht & Scríobh

- ✓ Abair leis an rang go mbeidh siad ag féachaint ar scannán gearr. Déan an seomra breá compordach agus cuir na daltaí ar a gcompord chomh maith.
- ✓ Iarr orthu a dtuairimí faoin scannán a scríobh síos mar obair bhaile nó sa rang tar éis dóibh an scannán a fheiceáil. Is féidir úsáid a bhaint as na habairtí mar theideal ar an bpíosa scríbhneoireachta ach ní gá.

4C. An Ghaeilge thar lear

Sleamhnán 1	An Ghaeilge thar lear Éisteacht SAM 1 Is féidir linn  Éist le Barack Obama ag labhairt Gaeilge. An bhfuaimníonn sé an focal ‘linn’ i gceart? Cén fáth, do bharúil? Tá nach mór 20 míle cainteoir Gaeilge sna Stáit Aontaithe – an gcuireann an fhír sin iontas ort? Cén fáth? Cén fáth a bhfuil Gaeilge ag an oiread sin daoine i Meiriceá, dar leat?	Feasacht teanga: I caol na Gaeilge nach bhfuil sa Bhéarla; plé ranga: an Ghaeilge i Méiriceá.																		
Sleamhnán 2	An Ghaeilge thar lear Éisteacht SAM 2  <table><tr><td>Libh</td><td>Lom</td></tr><tr><td>Leat</td><td>Lonn</td></tr><tr><td>Liom</td><td>Luan</td></tr><tr><td>Liathróid</td><td>Luath</td></tr><tr><td>Léargas</td><td>Lasta</td></tr><tr><td>Líosta</td><td>Lag</td></tr><tr><td>Bhuel</td><td>Buidéal</td></tr><tr><td>Cuilleach</td><td>Drogall</td></tr><tr><td>Coimhlint</td><td>Gall</td></tr></table> Abair na focail amach os ard leis an duine in aice leat. An gcloiseann sibh an difríocht idir an <i>leathan</i> agus an <i>caol</i>? Cén chomhairle a thabharfeadh sibh do Barack Obama chun an focal linn a rá mar is ceart?	Libh	Lom	Leat	Lonn	Liom	Luan	Liathróid	Luath	Léargas	Lasta	Líosta	Lag	Bhuel	Buidéal	Cuilleach	Drogall	Coimhlint	Gall	Plé ranga: an difríocht idir I caol agus I leathan; obair bheirte: cleachtadh ar fhuaimneanna; feasacht fuaime: conas an dá fhuaim a dhéanamh.
Libh	Lom																			
Leat	Lonn																			
Liom	Luan																			
Liathróid	Luath																			
Léargas	Lasta																			
Líosta	Lag																			
Bhuel	Buidéal																			
Cuilleach	Drogall																			
Coimhlint	Gall																			
Sleamhnán 3	An Ghaeilge thar lear Éisteacht SAM 3 Ról A Léigh amach na focail seo don duine in aice leat. Beidh air iad a scríobh síos agus a rá an bhfuil <i>leathan</i> nó <i>caol</i> iontu. ail, balla, cuimilt, díolta, ealaín, fulaing, gleoite, inneall, liom, léinn, millteanach, Nollaig, ospidéal, polaitiúil, ról, sampla, tuirling Féach an raibh an ceart aige? Anois léifidh sé a chuid focal amach duit féin agus caithfidh tusa iad a scríobh síos.  Ról B Beidh an duine in aice leat ag léamh amach focail duit. Beidh ort iad a scríobh síos i do chóipleabhar agus a rá an bhfuil <i>leathan</i> nó <i>caol</i> iontu. Ansin, léigh amach na focail thíos don duine eile: alt, bhuel, callán, dílis, eitleán, féile, gealach, imlíne, leat, lámh, mallacht, níl, olc, píolóta, reilig, silleadh, tromlach	Obair bheirte: cleachtadh foghraíochta.																		

Sleamhnán 4

An Ghaeilge thar lear

Éisteacht An Eoraip 1

Féach ar an mír ón gclár Thar Sáile anois agus freagair na ceisteanna seo leis na daoine i do ghrúpa.



Abair na focail seo a bhí sa mhír:
Danmhairgis
Faoi cheantar
Lár na cathrach
I rith an tsamhraidh
Mairnéalaigh

1. An bhfuil Gaeilge mhaith ag an bhfear seo? Cén fáth a ndéir tú amhlaidh?
2. An bhfuil canúint faoi leith aige? Cad é? Cén fáth a ndéir tú sin?
3. Cén fáth a bhfuil Gaeilge ag an bhfear sa mhír, dar leat?
4. Tá na fuaimeanna go maith aige sa Ghaeilge. An bhfuil na fuaimeanna go maith agatsa sa teanga eile atá á staidéar agat?
5. Déan liosta de na fuaimeanna is deacra sa Ghaeilge.

Tasc éisteachta: mír físeáin; **cleachtadh foghraíochta; obair bheirte/ghrúpa:** ceisteanna le plé agus tuairimí le tabhairt.

Sleamhnán 5

An Ghaeilge thar lear

Éisteacht An Eoraip 2

Féach ar an mír anois faoi bhean i Vín na hOstaire a bhfuil Gaeilge líofa aici.



Earráid Chomónta – Plé!
Ba mhaith liom
vs
Thaitin liom

1. An gcuireann sé iontas ort go bhfuil daoine ann agus nach bhfuil a fhios acu go bhfuil dhá theanga in Éirinn?
2. Bíonn an fhuaim 'ch' níos éasca a rá do dhaoine a bhfuil teanga Ghearmáinice acu mar mháthairtheanga. An bhfuil a fhios agat cén fáth?
3. Abair na focail seo amach os ard leis an duine in aice leat:

cat, cosa an chait, lár na cathrach, chuaigh mé, teachtaireacht

Tasc éisteachta: bean as an Ostair ag caint i nGaeilge; **feasacht teanga:** earráid choitianta - ba mhaith liom x / thaitin x liom; **obair ghrúpa:** ceisteanna le freagairt; **cleachtadh foghraíochta:** c vs ch.

Sleamhnán 6

An Ghaeilge thar lear

Éisteacht An Eoraip 3

Féach ar an dá ghrúpa focal seo, conas atá siad difriúil óna chéile?



Teangeolaí	Tá
Teach	Tábhachtach
Tine	Toitín
Tinn	Tóin
Tír	Tuar
Trioblóid	Tuairim
Cuiteog	Babhta
Suite	Fásta
Clóite	Iontas

Abair na focail amach os ard leis an duine in aice leat. An gcloiseann sibh an difríocht idir an *t leathan* agus an *t caol*?

An féidir libh sampla a thabhairt de na fuaimeanna seo a leanas:

-s caol / -s leathan
-b caol / -b leathan

Feasacht foghraíochta: t leathan vs t caol; **cleachtadh foghraíochta, obair bheirte:** an dá fhuaim a chleachtadh le chéile; s leathan vs s caol, ba leathan agus b caol.

Sleamhnán 7

An Ghaeilge thar lear

Éisteacht An Eoraip 4

Ról A

Léigh amach na focail seo don duine in aice leat. Beidh air iad a scríobh síos agus a rá an bhfuil *t leathan* nó *t caol* iontu.

áit, hata, meilt, síoltaí, eisceacht, fuascailt, breoite, iontach, liosta, mata, cistin, nóta, oscailte, polaitíocht, riocht, sliste, tiomáint

Féach an raibh an ceart aige? Anois léifidh sé a chuid focal amach duit féin agus caithfidh tusa iad a scríobh síos.



Ról B

Beidh an duine in aice leat ag léamh amach focail duit. Beidh ort iad a scríobh síos i do chóipleabhar agus a rá an bhfuil *t leathan* nó *t caol* iontu.

Ansin, léigh amach na focail thíos don duine eile:

aitinn, Briotánach, coiste, díoltas, eachtrannach, fuilteach, galánta, imeartas, limistéar, lasta, mórtas, neart, Ostair, poitigéir, réalta, suite, trí

Obair bheirte, éisteacht/foghraíocht: focail le léamh ag duine A agus le scríobh ag duine B.

Sleamhnán 8

An Ghaeilge thar lear

Éisteacht & Scríobh

Féach ar an scannán gearr anois faoin leaid óg a tháinig go hÉirinn. Tar éis duit an scannán a fheiceáil scríobh aiste ghairid faoi. Roghnaigh ceann amháin de na habairtí thíos mar thús d'aiste.



Ní scéal fíor é mar...

Tuigim don leaid óg mar...

Is léargas maith é an scannán ar chultúr na hÉireann mar...

Tasc éisteachta: féach ar an scannán.

Obair bhaile, scríofa: tuairim a thabhairt faoin scannán.

4E. Coimhthígh le chéile: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Bunúsach
Spriocanna	Cumas tuisciana, éisteachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – an Ghaeltacht agus an Ghalltacht
Stór focal	an Ghaeltacht agus an Ghalltacht

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar mhír físe ina bhfuil déagóir ag déanamh cur síos ar thábhacht na Gaeilge ina saol féin. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **Inscne an fhocail** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán íseal Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin. Tá an rang níos oiriúnaí do dhaltai Gaelscoileanna.



Réamhobair 1

- ✓ Léigh an eochair agus na ráitis leis an rang iomlán le bheith cinnte go dtuigeann siad a bhfuil ar an sleamhnán.
- ✓ Abair leis na foghlaimeoirí a bheith ag obair ina n-aonar ar dtús chun a dtuairimí faoi na ráitis a léiriú.
- ✓ Iarr ar gach beirt a dtuairimí a chur i gcomparáid le chéile.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí acu, ní bheidh na tuairimí céanna ag gach duine.
- ✓ Cuir ceist ar an rang an bhfuil aon cheist in easnamh, dar leo.



Réamhobair 2

- ✓ Iarr ar gach beirt na focail a mheaitseáil le chéile (féach Freagraí thíos).
- ✓ Ceartaigh an ghníomhaíocht ansin.



Réamhobair 3

- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang le bheith cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Iarr orthu a machnamh a dhéanamh ar na ceisteanna atá air, mínigh dóibh gurb iad seo na ceisteanna a cuireadh ar an gcailín a bheidh sa mhír ar ball.
- ✓ Má cheapann tú go bhfuil na ceisteanna seo ródheacair don rang atá agat chun comhrá a dhéanamh iad féin, déan plé orthu leis an rang iomlán.
- ✓ Déan iarracht a oiread tuairimí agus is féidir a fháil ó na daltaí iad féin.
- ✓ Scríobh aon fhoclóir nua a thagann chun cinn le linn na cainte ar an gclár.



Éisteacht

- ✓ Mínigh do na daltaí go mbeidh siad ag éisteacht le déagóir óg ag caint faoin nGaeilge.
- ✓ Abair leo éisteacht léi uair amháin gan aon rud a scríobh.
- ✓ Léigh na ceisteanna 1-6 leo sula gcuirfidh tú an mhír ar siúl arís agus iarr orthu na ceisteanna a fhreagairt.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí a bhí acu.



Iarobair 1

- ✓ Mínigh cad is briathar ann do na foghlaimeoirí agus tabhair samplaí d'úsáid an bhriathair sa Ghaeilge dóibh.
- ✓ Iarr orthu cuid A a dhéanamh (féach na freagraí).
- ✓ Iarr orthu ansin cuid B a dhéanamh.
- ✓ Is cleachtadh é seo ar an bhfeasacht teanga, go díreach le haird na bhfoghlaimeoirí a dhíriú ar an mbriathar i gcásanna éagsúla.
- ✓ Is cinnte go bhfuil deacracht faoi leith ag daltaí meánscoile leis an ainm briathartha i samplaí mar seo: *An féidir liom an leabhar (a fháil)! Bíonn an briathar (a fháil) in easnamh go minic. Déan cleachtadh breise air sin, más gá.*
- ✓ Téigh siar ar na freagraí (féach thíos) leis an rang iomlán ansin.



Iarobair 2

- ✓ Bíodh cóipeanna déanta agat den sleamhnán seo agus tabhair cóip do gach duine sa rang.
- ✓ Cuir an mhír ar siúl arís dóibh faoi dhó agus tabhair tamall do na daltaí chun an ghníomhaíocht a dhéanamh.
- ✓ Ceartaigh cuid de na habairtí a bhí acu leis an rang ar fad. Féach ar an script.



Iarphlé 3

- ✓ Tabhair tamall do na daltaí chun an ghníomhaíocht ar an sleamhnán seo a dhéanamh.
- ✓ Níl ann ach plé beag ar an dearcadh a bhíonn ag déagóirí sa Ghaeltacht i rith an tsamhraidh nuair a thagann na daltaí a bhíonn ag freastal ar na coláistí samhraidh, agus an dearcadh a bhíonn acusan ar mhuintir na Gaeltachta.
- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile chun buille faoi thuairim a thabhairt ar cé a déarfadh na ráitis ar fad.
- ✓ Pléigh na tuairimí a bhí ag an rang ar fad ansin.



Scríobh

- ✓ Iarr ar na daltaí an t-alt gearr ar an sleamhnán a léamh le chéile.
- ✓ Bí cinnte go dtuigeann siad gach rud.
- ✓ Iarr orthu alt cosúil leis an gceann ar an sleamhnán a scríobh.

Réamhobair 1

- áis	- foinse
- oidhreacht	- stair
- freastail	- téigh go dtí
- ceapaim	- sílim
- iargúlta	- cianda
- tacaíocht	- cúnamh
- tuairim	- barúil

Iarobair 1

Caithfidh mé an leabhar a léamh roimh mhaidin.

An féidir liom cupán caife a ól?

Rinne mé m'obair bhaile aréir.

Tá mé ag ithe mo bhricfeasta anois.

Ní mór dom dul amach ag siúl.

An féidir leat an fhuinneog a oscailt?

Bím sa bhaile i gcónaí ag a seacht a chlog.

Cuirfidh mé an litir sa phost amárach.

An bhfuil an madra ag ithe mo dhinnéir?

Tá orainn an sliocht ar fad a scríobh amach.

Sleamhnán 4	Coimhthígh le chéile Éisteacht Éist leis an mír cúpla uair agus freagair na ceisteanna seo a leanas. 1. Cén coláiste ar fhreastail Aoife air? 2. Cad a cheap Aoife faoin nGaeltacht sula ndeachaigh sí ann? 3. An gceapann sí go bhfuil todhchaí ann don Ghaeltacht? Conas? 4. Cad a deir sí faoin Leas-Phríomhoide? 5. Cad a deir sí faoi chanúint Chonamara? 6. Luann sí Ciarraí, cén fáth? 	Tasc éisteachta: ceisteanna le freagairt.
Sleamhnán 5	Coimhthígh le chéile Iarobair 1 A. Cad atá in easnamh sna habairtí seo: Caithfidh mé an leabhar roimh mhaidin. An féidir liom cupán caife? B. Cuir líne faoi na briathra sna habairtí seo: Rinne mé m'obair bhaile aréir. Tá mé ag ithe mo bhricfeasta anois. Ní mór dom dul amach ag siúl. An féidir leat an fhuinneog a oscailt? Bím sa bhaile i gcónaí ag a seacht a chlog. Cuirfidh mé an litir sa phost amárach. An bhfuil an madra ag ithe mo dhinnéir? Tá orainn an sliocht ar fad a scríobh amach.	Gramadach, feacht teanga: briathar
Sleamhnán 6	Coimhthígh le chéile Iarobair 2 Éist leis an mír arís agus líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart den bhriathar. <i>Cad faoi na canúintí, _____ (clois) sibh na canúintí ar fad ar scoil nó an mbíonn deacracht agat in amanna na canúintí a thuisctint nó aon rud mar sin?</i> Caithfidh mé a rá _____ (tá) ... tá... bhuel, tá canúint álainn ag an Leas-Phríomhoide, canúint ó Dhún na nGall, as Gaoth Dobhair is dóigh liom. Is breá liom _____ (bí) ag éisteacht leis. Ach, sílim i ndáiríre <i>like</i>, táim go mór den tuairim nach bhfuil dóthain daoine as Conamara tar éis _____ (tar) agus a gcanúintí a roinnt linn. Toisc, i ndáiríre is as Ciarraí formhór na múinteoirí Gaeilge atá againne. Agus cé go dtaitníonn an chanúint liom, _____ (síl) go bhfuilimid saghas ag _____ (caill) amach ar saghas saibhreas teanga i gConamara agus mar sin de. Ba bhreá liom dá _____ (bí) níos mó múinteoirí againn anseo le canúintí Conamara.	Tasc éisteachta, scríofa: bearnaí a líonadh isteach ar script.

Sleamhnán 7	Coimhthígh le chéile Iarphlé 3 Bí ag obair leis an duine in aice leat. An tuairimí iad na tuairimí thíos ó dhéagóirí ón nGaeiltacht nó ón nGalltacht? Cuirigí GE in aice leis na cinn a cheapann tú a bhaineann leis an nGaeiltacht agus cuirigí GA in aice leis na cinn ón nGalltacht. Bígí in ann a rá cén fáth a gceapann sibh amhlaidh. 1. Bíonn an áit plódaithe ar feadh cúpla mí gach samhradh. 2. Casaim lena lán cairde ó chathracha eile sa tír gach samhradh. 3. Tá Gaeilge ghreannmhar ag na daltaí a thagann. 4. Ní thuigim an Gaeilge a labhraíonn muintir na háite. 5. Bíonn na daltaí ag magadh faoinár dtithe go minic. 6. Tá mé an-bhródúil as an nGaeilge. 7. Tá sé deacair aithne a fháil ar mhuintir na háite atá ar chomhaois liom.	Obair bheirte: tuairimí déagóirí sa Ghaeltacht agus taobh amuigh den Ghaeltacht.
Sleamhnán 8	Coimhthígh le chéile Scriobh Féach ar an sliocht beag thíos faoi thréimhse sa Ghaeltacht. Tar éis duit an sliocht a léamh, scríobh sliocht cosúil leis faoi thréimhse a chaith tú féin sa Ghaeltacht. Bain úsáid as do shamhlaíocht agus cum an scéal mura raibh tú sa Ghaeltacht riamh. Bain úsáid as an aimsir chaite ar ndóigh! D'fhreastail mé ar choláiste samhraidh i gCiarraí an samhradh seo caite. Bhí ranganna againn gach maidin ach bhí muid saor ansin sa tráthnóna. Thaitin sé go mór liom. Chas mé lena lán daoine nua agus tá cúpla cara maith agam anois tar éis na míosa ansin. Bhí náire orm labhairt as Gaeilge ar dtús mar cheap mé go mbeadh muintir na háite ag magadh fúm, ach chaith gach duine go han-mhaith linn. Bhí na múinteoirí agus na mná tí chomh foighneach sin! Bhí iontas orm gur labhair gach duine Gaeilge le chéile, sa bhaile, sna siopaí agus gach áit i ndáiríre. Tháinig feabhas an-mhór ar mo chuid Gaeilge, caithfidh mé a rá.	Léitheoireacht: alt gairid faoi thréimhse i gColáiste Gaeilge; scríobh: alt samhlaíoch nó fíor faoi thréimhse sa Ghaeltacht.

4F. Na Teangacha Ceilteacha: Nótaí an Mhúinteora (Dúshlánach)

Leibhéal	An tSraith Shóisearach – Dúshlánach
Spriocanna	Cumas tuisceana, scríbhneoireachta, léitheoireachta agus labhartha na ndaltaí a fhorbairt sa réimse saoil – na teangacha Ceilteacha
Stór focal	Na Teangacha Ceilteacha agus cearta daonna

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Tá na ceachtanna bunaithe ar alt agus ar fhíricí a bhaineann leis na teangacha Ceilteacha. Moltar na gníomhaíochtaí a bhaineann le **sa vs i** ó 'Fócas ar Theanga' a úsáid leis na gníomhaíochtaí seo.

Tá na ceachtanna oiriúnach do rang a bhfuil caighdeán ard Gaeilge acu don tSraith Shóisearach, ach is féidir leat féin iad a láimhseáil ar bhealach a oireann don rang atá agat féin.



Réamhobair 1

- ✓ Abair leis an rang na boscaí a líonadh leis na focail chúí. Ba cheart go mbeadh siad in ann buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil an t-eolas acu.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí (féach Freagraí thíos).
- ✓ Scríobh na tíortha ina labhraítear teangacha Ceilteacha ar an gclár, ainm na ndaoine sna tíortha sin agus an teanga atá i gceist:

Éire	Éireannaigh	An Ghaeilge
Albain	Albanaigh	Gàidhlig na hAlban
An Bhreatain Bheag	Breatnaigh	An Bhreatnais
Corn na Breataine	daoine ó Chorn na Breataine	An Chornis
An Mhanainn	Manannaigh	An Ghaeilge Mhanann nó Manainnis

- ✓ Ní gá go mbeadh na focail ar fad ar eolas acu ach go mbeadh cur amach éigin acu orthu.
- ✓ Abair leo *in Ireland, in Scotland* agus araile a dhéanamh anois agus díriú aird na bhfoghlaimoirí ar an difríocht idir **sa** agus **i**, agus **san** agus **in**.



Réamhobair 2

- ✓ Cuir gach beirt ag obair le chéile ar an ngníomhaíocht seo. Abair leo buille faoi thuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte.
- ✓ Pléigh na freagraí leis na daltaí ansin (féach Freagraí thíos).



Réamhobair 3

- ✓ Léigh tríd na pointí atá ar an sleamhnán seo. Níl sna pointí ach leideanna chun cabhrú leis na foghlaimoirí focail nua a aimsiú.
- ✓ Cuir leis na pointí más gá agus faigh tuairimí na ndaltaí faoi conas brí focal a aimsiú sula dtéann siad i muinín foclóra.



Réamhobair 4

- ✓ Léigh amach na focail Ghaeilge ar chlé ar dtús agus cuir béim faoi leith ar an bhfoghraíocht.
- ✓ Iarr ar gach beirt ansin iarracht a dhéanamh na focail Ghaeilge a cheangal leis na focail Bhéarla.
- ✓ Téigh siar ar na freagraí leis an rang iomlán ansin, féach sna freagraí thíos.



Léamh

- ✓ Léigh an t-alt amach os ard leis an rang iomlán.
- ✓ Tá sé deacair go leor agus mar sin bí cinnte go dtuigeann gach foghlaimeoir an míniú fad is a théann tú ar aghaidh.
- ✓ Is féidir leat iarraidh ar dhaltaí éagsúla ailt a léamh amach os ard duit, ag cur béime ar an bhfoghraíocht.



Iarobair 1

- ✓ Téigh siar ar a bhfuil ar an sleamhán.
- ✓ Iarr orthu na pointí a bhfuil líne fúthu a scríobh ina gcóipleabhair.
- ✓ Ansin, caithfidh siad na samplaí sin a chur i gcomparáid leis an saol in Éirinn. Mar shampla:

(1) Is sna caogaidí a tógadh an chéad ghlúin páistí le Fraincis i nGaeltacht na Briotáine.

Is tar éis an Ghorta Mhóir a thosaigh céad mheath na Gaeilge. Tá Béarla níos fearr ná Gaeilge ag an gcuid is mó de mo ghlúinse anois.

- ✓ Níor ghá go mbeadh cur amach ag na daltaí ar stair na teanga nó fíricí faoin teanga. Ba cheart go mbeadh siad in ann pointí a rá faoina saol féin nó ar a laghad tuairimí a nochtadh faoi stádas na Gaeilge in Éirinn.
- ✓ Iarr ar gach beirt na pointí a phlé le chéile ar dtús agus ansin pléigh thusa na tuairimí atá ag gach duine le chéile.
- ✓ Scríobh aon fhoclóir nua nó nathanna cainte úsáideacha ar an gclár.



Iarobair 2


- ✓ Léigh a bhfuil ar an sleamhnán leis an rang ar fad agus mínigh gur alt é seo a bhí i nGaelscéal agus gur scéal fíor é. Bí cinnte go bhfuil na focail ar fad ar eolas acu.
- ✓ Mínigh dóibh go ndeachaigh an duine seo chun an phríosúin ar mhaithe le cearta teanga.
- ✓ Déan iarracht comhrá a chothú sa rang faoi cé chomh tábhachtach is atá sé a bheith ag troid ar son na teanga go ginearálta.
- ✓ Déan suirbhé sa rang le haimsiú cé mhéad duine a dhéanfaidh an rud céanna ar mhaithe leis an nGaeilge.



Iarphlé 3

- ✓ Bíodh an sleamhnán seo in airde agat fad is a sheinneann tú an mhír faoi Ghàidhlig na hAlban. Cuir an mhír ar siúl faoi dhó.
- ✓ Ar chuala na daltaí na focail ar an sleamhnán sa mhír?
- ✓ Níl i gceist leis an ngníomhaíocht seo ach feasacht chultúrtha na ndaltaí a fhorbairt faoi na teangacha Ceilteacha timpeall orthu agus na cosúlachtaí idir na teangacha céanna.

Réamhobair 1



Réamhobair 2

- ✓ Bhí na Teangacha Ceilteacha á labhairt go forleathan ar fud na hEorpa míle bliain ó shin.
Bréagach (míle bliain RC)
- ✓ Baineann na forainmneacha réamhfhoclachacha leis na teangacha Ceilteacha amháin.
Fíor
- ✓ Tá Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban níos cosúla lena chéile ná na teangacha Ceilteacha eile.
Fíor
- ✓ Is í an Bhreatnais an teanga Cheilteach is mó a labhraítear sa lá atá inniu ann.
Bréagach (Is í Gaeilge na hÉireann an teanga is láidre)
- ✓ Labhraítear an Bhreatnais san Airgintín.
Fíor (5,000 cainteoirí)
- ✓ Is teanga oifigiúil í an Bhriotáinis sa Fhrainc.
Bréagach (níl aon stádas oifigiúil aici)
- ✓ Tá 3 mhíle duine a labhraíonn Gaeilge Mhanann.
Bréagach (1,823)

Réamhobair 3


1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20
g	l	m	d	s	a	o	q	h	c	n	e	k	t	f	r	j	p	b	i

4F. Na Teangacha Ceilteacha

Sleamhnán 1

Na Teangacha Ceilteacha

Réamhobair 1



Féach ar an gcairt thuas faoi stair na dteangacha Ceilteacha. An féidir leat na boscaí a líonadh leis na focail chuí?

Gàidhlig na hAlban
-Cheilteach
An Bhreatnais

Bearnaí le líonadh: tuairim a thabhairt mura bhfuil siad cinnte; **Eolas a thabhairt:** tíortha ina labhraítear na teangacha, ainm na ndaoine sna tíortha sin; **gramadach:** i/in vs sa/san.

Sleamhnán 2

Na Teangacha Ceilteacha

Réamhobair 2

An bhfuil na firicí thíos faoi na teangacha Ceilteacha *fíor* nó *bréagach*?

- ✓ Bhí na Teangacha Ceilteacha á labhairt go forleathan ar fud na hEorpa míle bliain ó shin.

Fíor Bréagach

- ✓ Baineann na forainmneacha réamhfhoclaigh (orm, leis, aige) leis na teangacha Ceilteacha amháin.

Fíor Bréagach

- ✓ Tá Gaeilge na hÉireann agus Gaeilge na hAlban níos cosúla lena chéile ná na teangacha Ceilteacha eile.

Fíor Bréagach

- ✓ Is í an Bhreatnais an teanga Cheilteach is mó a labhraítear sa lá atá inniu ann.

Fíor Bréagach

- ✓ Labhraítear an Bhreatnais san Aigintín.

Fíor Bréagach

- ✓ Is teanga oifigiúil í an Bhriotáinis sa Fhrainc.

Fíor Bréagach

- ✓ Tá 3 mhíle duine a labhraíonn Gaeilge Mhanann.

Fíor Bréagach

Obair bheirte: eolas faoi na teangacha Ceilteacha.

Sleamhnán 3

Na Teangacha Ceilteacha

Réamhobair 3

Ag cuardach an fhocail

Beidh tú ag cuardach miníú focal ar ball beag. Ná déan dearmad de na pointí seo a leanas agus tú ag déanamh na gníomhaíochta atá le teacht!

- ✓ An bhfuil líon agus méid na bhfocal mar an gcéanna?

teach – house

- ✓ An bhfuil focail bheaga ann?

sa – in, an – the, ag – at

- ✓ Cad faoi na haimsirí?

d'ordaigh – ordered

- ✓ An bhfuil forainm (*pronoun*) nó briathar saor ann?


dúnfaidh sí – she will close, dúnfar – it will be closed

- ✓ An bhfuil 'ing' an Bhéarla i gceist?

ag déanamh – doing

- ✓ An bhfuil comhfocal ann a thugann leid duit mar tá focal amháin ar eolas agat?

seanchuimhne (sean + cuimhne) – old memory



Tuiscint: conas teacht ar chiall fhocal nach bhfuil ar eolas.

Sleamhnán 4

Na Teangacha Ceilteacha

Réamhobair 4

Féach ar na focail a bheidh san alt. Meaitseáil na focail Ghaeilge ar chlé leis na focail Bhéarla ar dheis.

1. Tíriúil	a. Insight
2. Dara Cogadh Domhanda	b. It's a big difference
3. Dhá scór	c. Urine
4. Dornán	d. A few (handful)
5. go saolófar	e. To the grave
6. Léargas	f. Secretly (behind a bush)
7. Ainneoin sin	g. Homely
8. A scaipeadh & a cothaidh	h. Inattention
9. Neamhaird	i. Getting close to
10. Mún	j. Class
11. Leathchhead	k. Increase
12. Chun na cille	l. Second World War
13. Méadú	m. Forty (2 x score)
14. Meath	n. Fifty
15. Ar chúl sceiche	o. Notwithstanding
16. Sciar	p. Professional middleclass
17. Aicme	q. Spread and fostered
18. Meánaicme ghairmiúil	r. Portion / share
19. Is mór idir	s. That ... will be born
20. Ag druidim	t. decline

1	2	3	4	5	6	7	8	9	10	11	12	13	14	15	16	17	18	19	20

Tuiscint, foghraíocht: éist le foghraíocht na bhfocal; **obair bheirte:** focal Gaeilge a cheangal le míniú Béarla.

Sleamhnán 5

Na Teangacha Ceilteacha

Léamh

Chaith Diarmuid Johnson an samhradh ar thóir na Briotáinise. Seo léargas ar a bhfaca sé.

Paróiste beag tíriúil atá sa Chapel Nevez (an 'Séipéal Nua'). Ba í an Bhriotáinis teanga na ndaoine ann go dtí an dara cogadh domhanda. Tharla athrú teanga sa mBriotáin tar éis an dara cogadh domhanda, faoi mar a tharla in Éirinn tar éis an Ghorta Mhóir. (1) Is sna caogaídi a tógadh an chéad ghlúin páistí le Fraincis i nGaeltacht na Briotáine.

I dtús na haoise, bhí líon na gcainteoirí Briotáinise ag tarraingt ar mhíliúin. I bhfad faoi bhun a leath oiread atá anois ann. (2) Faoi cheann dhá scór bliain, beidh dornán seandaoine sa Chapel Nevez fós ag labhairt na Briotáinise, faoi mar a bhí i roinnt iarGhaeltachtaí thall is abhus in Éirinn sna caogaídi. (3) As seo go ceann dhá scór bliain, ní cosúil go saolófar cainteoir Briotáinise ar bith sa Chapel Nevez. Sin léargas ar chás aon pharóiste amháin. Is sampla atá ann – micreacasma – den rud atá ag tarlú go forleathan. Go deimhin, ní dhá scór bliain an fad saoil atá ag an mBriotáinis i gceantair go leor, ach scór.

Ainneoin sin is uile, tá muintir na Briotáine an-dóchasach ar fad. (4) Ceaptar go slánóidh an t-oideachas an teanga. Ní hé an t-oideachas stáit atá i gceist, ach an t-oideachas a chuireann eagrais neamhspleách ar bun. Diwan ('eascairt') an t-ainm atá ar an eagrais seo.

Léitheoireacht: alt faoin mBriotáinis.

Sleamhnán 6

Na Teangacha Ceilteacha

Léamh

Bunaíodh Diwan i 1978, agus thosaigh siad ag cur scolaíochta ar naíonáin bheaga trí mheán na Briotáinise.

De réir mar a chuaigh na naíonáin in aois, chuir Diwan oideachas trí Bhriotáinis ar fáil dóibh. Anuraidh, rinne cuid de scoláirí Diwan an bac (Ardteist) den chéad uair. Tá muintir na Briotáine ar fad ar an eolas faoi Diwan. Is é an port atá ag an ngnáthduine go bhfuil ag éirí thar barr le Diwan. Is trí na meáin chumarsáide a scaipeadh is a cothaíodh an smaoineamh seo. Déarfadh duine gur sárobair phoiblíochta a bhí ansin.

Ach déantar neamhaird ghlán de na staitisticí. Faoi bhun 2,000 páiste atá i scoileanna Diwan. Mún dreoilín sa bhfarraige. As seo go ceann leathchéad bliain, rachaidh os cionn ceathrú míliúin cainteoirí Briotáinise chun na cille. Seans go dtiocfaidh méadú ar Diwan. Fiú má thagann méadú deich n-uaire air, ní chuirfidh sin cosc ar mheath na Briotáinise. Ní hé gur éirigh go maith le poiblíocht Diwan: is amhlaidh a bhain na meáin chumarsáide cor as an scéal (úsáid as) leis an meath a cheilt. D'éirigh leo bás teanga a chur ar chúl sceiche.

Ní miste fiafraí an bhfuil cosúlacht idir seo agus cás na ngaelscoileanna in Éirinn. Is fíor a rá go raibh oiread Gaeilge sa ngnáthbhunscoil tríocha bliain ó shin in Éirinn is atá sa ngnáthGhaelscoil inniu. Bhí líon mór foghlaimoirí Gaeilge ann riamh, ach cén sciar díobh a thug an Ghaeilge leo? Tá líon na bhfoghlaimoirí slán. Ní leor sin.

Léitheoireacht: alt faoin mBriotáinis.

Sleamhnán 7

Na Teangacha Ceilteacha

Léamh

(5) Níl aon stádas oifigiúil ag an mBriotáinis i bPoblacht na Fraince. Níl léamh ná scríobh a dteanga dhúchais ag na Briotánaigh. (6) Baineann an teanga le haicme faoi leith: na feirmeoirí. Níl aon mheánaicme ghairmiúil a chleachtann an Bhriotáinis. (7) Tuairim agus uair a' chloig teilifíse in aghaidh na seachtaine a bhíonn i mBriotáinis. Cloistear gach lá ar an raidió í. Múintear an Bhriotáinis i ndornán beag scoileanna stáit, (8) agus is ábhar roghnach breise í i meánscoileanna thall is abhus. Is féidir céim ollscoile a dhéanamh i mBriotáinis ó 1989. (9) Is mór idir Briotáinis na bhfoghlaimoirí agus na gcainteoirí dúchais: is minic nach dtuigean an dá dhream a chéile. Is i an Bhriotáinis an t-aon teanga Cheilteach atá fós á labhairt ar mhór-roinn na hEorpa. Tá sí á labhairt ann ón gceathrú haois i leith. Roimhe sin, bhí treibheanna Ceilteacha ag labhairt na Gaeilise ó tuairim agus 500 bliain roimh Chríost. De réir dealraimh, tá ré dhá mhíle go leith bliain ag druidim chun deiridh lenár linn féin.

Léitheoireacht: alt faoin mBriotáinis.

Sleamhnán 8

Na Teangacha Ceilteacha

Iarobair 1

- 1. Léigh an t-alt arís agus breac síos na naoi bpointí a bhfuil líne fúthu i do chópleabhar.
- 2. Cén tsíl a bhfuil na pointí sin cosúil leis an saol atá agat féin, is é sin an saol mar chainteoir Gaeilge.
- 3. Labhair leis an duine in aice leat le fáil amach an bhfuil na tuairimí céanna agaibh beirt!

Más as an nGaeltacht tú labhair faoin nGaeltacht sin. Má tá tú i do chónaí taobh amuigh den nGaeltacht labhair faoin nGaeltacht a bhfuil cur amach agat uirthi.



Scríbhneoireacht: na frásaí a bhfuil líne fúthu a bhreacadh síos; comparáid lena saol in Éirinn; obair bheirte: plé ar na tuairimí.

Sleamhnán 9

Na Teangacha Ceilteacha

Iarobair 2

Príosún do ghníomhaire Breatnaise

GAELSCÉAL
22 Lúnasa, 2012
Anton Mac Cába



GEARRADH 45 lá príosúnachta ar Bhreatnach, mar gur dhiúltaigh sé glacadh le hordú cúirte i mBéarla.

Bhí Jamie Bevin ar dhuine de dhream a ghlac seilbh ar oifig an Fheisire Chaomhaigh, Jonathan Evans, i gCaerdydd anuraidh. Rinneadh é sin mar agóid in éadan ciorruithe ar bhuiséad S4C.

Scríobh Bevin mana ar an mballa agus d'ordaigh an chúirt dó cúiteamh £1,021 (£1,298) a dhíol as. Dúirt sé go raibh na hacmhainní aige leis an gcúiteamh a dhíol, ach nach ndéanfadh sé sin, mar go raibh an t-ordú i mBéarla, in ainneoin gur iarr sé trí huair gur i mBreatnaise a bheadh sé.

Dúirt sé leis an gcúirt gur "pribhléid" a bhí ann dul faoi ghlas.

PLÉ

Cad a cheapann sibh faoina bhfuil déanta ag an bhfear sa sliocht?

An ndéanfá an rud céanna ar son na Gaeilge? Cén fáth?

Léitheoireacht: alt faoi chearta teanga; plé ranga: ábhar an ailt; troid ar son teanga.

Sleamhnán 10

Na Teangacha Ceilteacha

Iarobair 3

Beidh tú ag éisteacht le bean óg as Albain ag caint.
An féidir leat na focail seo a dhéanamh amach sa mhír?



Is mise
Ag déanamh damhsa Gaelach
Tír mhór
Oileán
An áit

An bhfuil an Ghàidhlig cosúil leis an nGaeilge in Éirinn?

An bhfuil sí cosúil le haon chanúint faoi leith in Éirinn? Cén fáth, dar leat?

Éisteacht: Gàidhlig na hAlbain; **feasacht chultúrtha**: cosúlachtaí idir Gaeilge agus teangacha Ceilteacha eile.

Fócas ar Theanga

Inscne an ainmfhocail: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar an ainmfhocal sa Ghaeilge
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí na rialacha ginearálta faoi na hainmfhocail bhaininscneacha agus fhirinscneacha.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh nach bhfuil sna rialacha seo ach treoracha i ndáiríre agus gur cheart dóibh an foclóir a úsáid má tá siad in amhras. Abair leo go bhfuil go leor eisceachtaí ann agus mar sin gur chóir dóibh inscne an fhocail a fhoghlaim gach uair a fhoghlaimíonn siad focal nua.

Is fiú ag an bpointe seo dul siar ar an tslí an foclóir a úsáid mar is ceart.

Freagraí

Braitheann na freagraí ar na samplaí a bhíonn ag na daltaí féin.

*Féach leathanach 101 – 111 sa leabhar **Cogar Nua**

Sleamhnán 4

An t-ainmfhocal

firinscneach

Nuair a bhíonn inscne an fhocail ar eolas agat is féidir leat an t-alt a chur leis gan aon stró! Féach ar na samplaí seo:

Focal a thosaíonn le guta (cuirtear t rompu):	an t-alt
Focail a thosaíonn le consan (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an bád
Focail a thosaíonn le s (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an sampla
Focail a thosaíonn le d agus t (ní chuirtear aon ní i bhfeidhm):	an duine

Cuir an t-alt roimh na focail ar fad a bhí ar an sleamhnán deireanach



Gramadach: úsáid an ailt le hainmfhocail fhirinscneacha.

Fócas ar Theanga

sa agus i: Nótaí an Mhúinteora

Leibhéal	An tSraith Shóisearach
Spriocanna	Aird na bhfoghlaimoirí a dhíriú ar sa agus i
Stór focal	Ginearálta

Straitéisí Múinteoireachta Molta

Léigh na treoracha leis na daltaí agus tabhair a oiread samplaí breise agus is gá go dtí go dtuigeann na daltaí cathain a úsáidtear sa / san / i / in.

Bí cinnte go míníonn tú dóibh go mbíonn urú tar éis **i** agus go bhfuaimnítear **fh** mar ghuta agus dá bhrí sin leantar na rialacha céanna le guta, mar shampla: san fhuacht.

Freagraí

1. Níl aon suim agam **sa** cheol.
2. Tá sí ina cónaí **sa** Ghearmáin.
3. An raibh tú riamh **i** Meiriceá?
4. Cad atá **san** uisce?
5. Ní raibh mé riamh **in** áit mar seo.
6. Cé atá **sa** bhaile?
7. Tá sé ar cuairt **i** gCorcaigh.
8. Cén teanga a labhraítear **in** Albain?
9. Labhraíonn siad Breatnais **sa** Bhreatain Bheag.
10. Tar isteach, ná fan **san** fhuacht.

Fócas ar Theanga: sa agus i

Sleamhnán 1	<u>Sa agus i</u> Féach: i = in i gCúba sa (i + an) = in the sa Spáinn in roimh ghuta in Albain san roimh ghuta san Iodáil	Gramadach: sa agus i le tíortha.
Sleamhnán 2	<u>Sa agus i</u> Roghnaigh an focal ceart le cur sna bearnaí. sa san i in - Níl aon suim agam _____ cheol. - Tá sí ina cónaí _____ Ghearmáin. - An raibh tú riamh _____ Meiriceá? - Cad atá _____ uisce? - Ní raibh mé riamh _____ áit mar seo. - Cé atá _____ bhaile? - Tá sé ar cuairt _____ gCorcaigh. - Cén teanga a labhraíonn siad _____ Albain? - Labhraíonn siad Breatnais _____ Bhreatain Bheag. - Tar isteach, ná fan _____ fhuacht.	Gramadach: sa agus i.



LITRÍOCHT NA CHÉAD BHLIANA

Gearrscéalta, Amhráin agus Filíocht

An chéad bhliain

Sa chéad bhliain tá bunchloch á leagan do shaothrú na litríochta sa dara agus sa tríú bliain.

Rachaidh an scoláire i ngleic le téacsanna as seánraí éagsúla; filíocht/amhránaíocht, drámaíocht, gearrscannánaíocht, úrscéalaíocht, gearrscéalaíocht. Caithfear **téacs amháin as gach seánra ar a laghad** a fhiosrú mar chuid d'fhoghlaim na chéad bhliana. Cuirfear liosta molta le rogha de théacsanna ar fáil.

Ina theannta sin, cuirfear béim ar an litríocht áitiúil/bhéil. I gcás na litríochta áitiúla/béil roghnófar trí phíosa litríochta cuí le saothrú. Beidh saoirse ag an múinteoir agus an scoláire ag an leibhéal áitiúil píosaí oiriúnacha dá riachtanais, suimeanna agus gcomhthéacs féin a roghnú.



Na Gearrscéalta

Is **scéal gairid** é gearrscéal. Tháinig an gearrscéal ar an saol ag tús an chéid seo caite nuair a thosaigh daoine ag taisteal ar thraenacha chun dul chuig an obair agus bhí scéal sciobtha uathu le léamh ar a slí. Bíonn **fíorbheagán carachtar** i ngearrscéal agus bíonn an **plota simplí** go leor ann.

Ar léigh tú gearrscéal cheana? Cén gearrscéal is fearr leat?

Nuair a léann tú gearrscéal bíonn sé an-tábhachtach foclóir speisialta a úsáid chun an gearrscéal sin a phlé i gceart. Féachfaimid anois ar chúpla **focal tábhachtach** a chabhróidh leat agus na gearrscéalta atá sa leabhrán seo á bplé agat le do chairde sa rang.



Carachtar/Pearsa: Duine atá sa scéal

Téama: An phríomhtheachtaireacht atá sa scéal

Plot: An scéal féin

Atmaisféar: An saghas mothúcháin a chruthaíonn an scéalaí don léitheoir

Stíl: Na focail agus na nathanna a úsáideann an scéalaí

Reacaireacht: Insint an scéil

Mothúchán: An méid a bhraitheann tú nuair a léann tú scéal

Tuairim: An méid a cheapann tú de scéal

Cúlra: An scéal taobh thiar den scéal atá á insint

Suíomh: An áit a bhfuil an scéal suite

Gníomhaíocht (TF 1.19)

An féidir leat na téarmaí sin a **mhíniú i d'fhocail féin** don scoláire in aice leat ag úsáid samplaí ó scéal a léigh tú sa bhunscoil cheana, mar shampla, don fhocal 'carachtar' d'fhéadfá a mhíniú gurb é Harry Potter an carachtar is fearr leat san úrscéal *Harry Potter agus an Órchloch*.



Agus an foclóir sin ar do thoil agat ansin, caithfidh tú cuimhneamh ar bhealaí chun do chuid **tuairimí** agus **mothúchán** faoin ngearrscéal a chur in iúl. Is fiú go mór duit súil a chaitheamh ar na frásaí agus na nathanna seo a leanas:



- Is maith liom an gearrscéal seo mar...
- Taitníonn an gearrscéal seo liom mar...
- Is fuath liom an gearrscéal seo mar...
- Tá an ghráin dhearg agam ar an ngearrscéal seo mar...
- Is breá liom/is aoibhinn liom...
- Níl aon spéis agam ann toisc...
- Ní dóigh liom gur carachtar maith é X
- Níor thaitin carachtar X liom
- Cheap mé gur carachtar den scoth a bhí in X
- Léirigh an t-údar an téama go maith ann
- Chuir an t-údar go mór leis an atmaisféar brónach/sona/corraitheach...
- Bhraith/Mhottaigh mé an-trua do X
- Bhí mé an-tógtha le X
- Cheap mé gur casadh cliste a bhí ann
- Chuir an casadh sin frustrachas orm
- Bhí an stíl beagáinín deacair dom uaireanta
- Chabhraigh an cúlra go mór liom an scéal a thuiscint
- Bhain mé sult as an deireadh
- Tháinig an deireadh aniar aduaidh orm
- Níl suim dá laghad agam ann toisc....
- Chuaigh téama an ghearrscéil i bhfeidhm go mór orm...
- Cheap mé go raibh sé thar cionn
- Cheap mé go raibh sé thar barr
- Níor cheap mé go raibh an gearrscéal seo thar mholadh beirte...
- Ba dheacair dom an scéal a thuiscint i gceart
- Cheap mé go raibh téama an ghearrscéil an-soiléir ar fad
- Chuir an t-údar téama an ghearrscéil in iúl go láidir

Gníomhaíocht (TF 1.20, 1.19, 1.23)

An féidir leat do chuid tuairimí a chur in iúl don dalta in aice leat faoi chlár Netflix nó scannán a chonaic tú le déanaí ag baint úsáid as nathanna atá foghlamtha agat ar an leathanach roimhe seo?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Cuardach Focal: An Gearrscéal

R	H	D	A	E	R	I	E	D	C	V	H	O	I	S
P	E	R	S	C	W	D	D	M	A	K	D	Q	B	Ú
M	A	A	Ú	C	A	K	O	P	R	R	A	D	Ú	T
L	I	L	C	B	É	T	P	L	A	A	S	V	L	Z
G	R	R	A	A	H	A	R	O	C	Q	A	N	Q	J
A	I	S	I	Ú	I	Á	L	T	H	R	C	L	O	A
T	G	U	C	A	L	R	O	A	T	V	D	B	S	E
V	Z	H	I	C	U	G	E	N	A	P	Z	R	N	U
T	Á	F	K	W	L	T	H	A	R	Q	A	V	S	F
N	Z	U	H	N	L	I	H	N	C	E	W	F	Z	O
V	T	É	A	M	A	Í	O	N	P	H	L	W	O	R
Z	P	V	T	G	I	A	T	F	A	V	T	J	P	T
J	U	O	L	W	Y	K	G	S	O	T	Q	S	Q	C
X	B	K	V	C	R	I	W	S	B	V	R	O	V	V
C	Q	C	U	B	G	A	E	K	O	Q	I	M	T	D

CARACHTAR

CASADH

CÚLRA

DEIREADH

LÁR

MOTHÚCHÁN

PEARSA

PLOTA

REACAIREACHT

SCÉAL

STÍL

TUAIRIM

TÉAMA

TÚS

ÚDAR

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

Tá sé an-tábhachtach go mbeifeá in ann cur síos a dhéanamh ar aon charachtar i ngearrscéal. Tá aidiachtaí an-chabhrach chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine. An féidir leat na haidiachtaí seo a leanas a chur in abairtí? Seo cúpla sampla duit:

Spéisiúil Is buachaill spéisiúil é Harry Potter

Draíochtúil Is múinteoir draíochtúil é Professor Dumbledore

Deas	
Cineálta	
Brónach	
Uaigneach	
Dainséarach	
Ard	
Greannmhar	
Gealgháireach	
Trioblóideach	
Dána	
Amaideach	
Místuama	
Ciallmhar	
Óg	
Soineanta	
Cainteach	
Ciúin	
Díograiseach	
Cliste	
Glic	



Bíonn an fhirinne searbh

MÍCHEÁL Ó RUAIRC

Bhí ríméad ar Sheoirse de Bhaldráithe. Ní fhéadfadh sé srian a choinneáil ar a mhianta. Lig sé béic as a chloisfeá sa Domhan Thoir. Cé go raibh sé i lár an tslua ar Shráid na Beairice agus daoine ag amharc air amhail is go raibh sé glan as a mheabhair, bhí sé beag beann orthu. D'fhéadfaidís dul i dtigh diabhair, an smaoineamh a rith leis. Lig sé béic eile as agus bhuail sé bosca na litreach lena dhorn agus é ag gabháil thar bráid. BHÍ SÉ AR AN bhFOIREANN! Ba ar éigean a raibh ar a chumas é sin a chreidiúint. Bhí áit faighte aige ar fhoireann shóisearach an chontae. Yipee! Seán Óg Ó hAilpín uimhir a Dó - seo chugaibh é! Fágaigí an bealach, a dhaoine uaisle, más é bhur dtoil é! Bhí sciatháin ar a chroí! Bheadh sé ag imirt i bPáirc an Chrócaigh. Bheadh clú agus cáil air i gCathair Chorcaí agus i measc a chairde féin.

Nuair a shroich sé an baile, d'inis sé an dea-scéala dá mháthair agus muna raibh bród agus gliondar uirthi, níor lá fós é. 'Tá d'áit ar an bhfoireann tuillte agus tuillte go maith agat, a Sheoirse,' ar sise leis. 'Tar éis an tsaoil nach mó oíche fhuar gheimhridh atá caite agatsa ag cleachtadh iománaíochta le dhá bhliain anuas. Maith thú! Rinne Seoirse rún an tráthnona sin nach mbacfadh sé leis na leabhair scoile go ceann seachtaine. Cé go raibh an t-uafás staidéir le déanamh aige is go raibh múinteoirí áirithe ar scoil sa mhullach air i dtaobh a chuid ceachtanna, chuir Seoirse an rud ar fad as a cheann. Mheas sé go raibh an lámh in uachtar aige orthu go léir um an dtaca seo. Mhúinfeadh sé ceacht dóibh siúd a raibh sé mar nós acu a bheith ag caitheamh anuas air. Thaispeánfadh sé dóibh nárbh aon dóithín é Seoirse de Bhaldráithe. Bhuafadh foireann shóisearach iománaíochta an chontae Craobh na hÉireann i mbliana.

Chuir sé scairt ar a chairde agus roinn sé an dea-scéala leo. Mhol siad dó go mba chóir dó an ócáid a cheiliúradh. Bhí Seoirse an-tógtha leis an moladh sin. Ba bhréa leis é a cheiliúradh. Shocraigh siad ar bhualadh le chéile in Clancy's ag a naoi a chlog.

Nuair a shroich Seoirse teach tábhairne Clancy's an oíche Aoine sin, bhí an áit plódaithe. Bhí a chairde scoile ar fad ann agus cairde eile nárbh iad. Bhí an-chuid cailíní dathúla ann freisin. Gach éinne ag déanamh comhghairdis le Seoirse faoin éacht a bhí déanta aige. É ag imirt d'fhoireann shóisearach an chontae! *By dad!* D'fhág siad Clancy's ag meán oíche agus ar aghaidh leo go dtí ceann de na clubanna oíche is fearr sa chathair. Bhí ardoíche acu ansin is bhí sé ag druidim lena trí a chlog ar maidin nuair a d'fhag siad an áit.

Rinne siad coinne go mbuailfidis le chéile in Clancy's arís an oíche dár gcionn.

Bhí babhta traenála ag Seoirse sa Marydyke maidin Dé Domhnaigh. Bhí tuirse air tar éis a bheith ag ragairne ar feadh dhá oíche as a chéile ach rinne sé a dhícheall le linn an tseisiúin traenála.

Lean cúrsaí ar aghaidh mar sin ar feadh tamaill. Bhí gach rud á chur ar an méar fhada ag Seoirse. Ba ar éigean a bhacadh sé le staidéar ná le hobair bhaile a thuilleadh cé go raibh scrúdú na hArdteistiméireachta ag teannadh leis go sciobtha. Ach bhí Seoirse beag beann ar chúrsaí scoile faoin am seo. Nach raibh áit aige ar fhoireann shóisearach iománaíochta na scoile! Nach raibh áit aige ar fhoireann an chontae, in ainm Dé! Nach raibh sé ag siúl amach le hAmanda, cailín rídhathúil as Tobar Rí an Domhnaigh!

D'éirigh leis an bhfoireann a bheith sa chluiche leathcheannais in aghaidh an Chláir. Bheidis ag imirt i bPáirc Uí Chaoimh! Bhí an babhta deireanach traenála acu sa Marydyke tráthnóna Dé hAoine. Ag deireadh an bhabhta thraenála d'fhógair an traenálaí cé a bheadh ag imirt ar an bhfoireann in aghaidh an Chláir ar an Domhnach. Chuaigh sé tríd an liosta, ach níor luaigh sé ainm Sheoirse. Fíu níor luaigh sé a ainm i measc na n-ionadaithe. Thit an lug ar an lag ag Seoirse. Caithfidh go raibh botún déanta aige. Caithfidh go ndearna sé dearmad ar ainm Sheoirse a lua. Chuaigh Seoirse suas chuige. 'Nach bhfuil... nach bhfuilimse ar an bhfoireann?' a d'fhiafraigh sé de agus creathán ina ghuth.

'Is oth liom a rá nach bhfuil áit ar an bhfoireann duit an babhta seo, de Bhaldraithe,' arsa an traenálaí leis go neamhbhalbh.

'Cad chuige?' d'fhiafraigh Seoirse de. D'fhéach an traenálaí air go fuarchúiseach. 'Mar nach bhfuil iarracht ar bith á dhéanamh agat, de Bhaldraithe,' ar seisean leis. 'Bhí an-gheallúint ionat ach is oth liom a rá leat nár chomhlíon tú an gheallúint sin. Sin í an fhírinne agus mar is eol do chách, bíonn an fhírinne searbh. Má éiríonn linn an bua a fháil ar an gClár, tig liom a rá leat anois nach mbeidh tú ar an bhfoireann a imreoidh sa chluiche ceannais ach an oiread. Ach ná bíodh lagmhisneach ort. Má chuireann tú romhat áit a fháil ar an bhfoireann don bhliain seo chugainn, beidh áit ann duit, táim cinnte de sin.' Ag filleadh abhaile dó an tráthnóna sin, ní raibh Seoirse ag béiceadh le ríméad. Bhí a cheann faoi aige agus é ag sileadh na ndeor.



Gearrscéal 1: Bíonn an fhírinne searbh

Gníomhaíocht (TF 1.19, 1.27)

Cad is brí leis an seanfhocal ‘Bíonn an fhírinne searbh’? Cén fáth a n-úsáideann an t-údar seanfhocal mar theideal, an gceapann tú? Cén fáth a n-úsáideann daoine seanfhocail i gcoitinne?

Seo liosta de sheanfhocail. An féidir leat iad a chur le chéile i gceart? Déan iad a mheaitseáil ag obair leis an duine in aice leat. An féidir libh ciall a bhaint astu?

Gníomhaíocht (TF 2.8)

Is glas iad na cnoic	is iontach
Níl aon tinteán	leath na hoibre
An rud is annamh	í a labhairt
Ar scáth a chéile	agus tiocfaidh sí
Ní neart go	a bhítear
Beatha teanga	lag
Bíonn blas	ina thost
Tús maith	mar do thinteán féin
Bíonn gach tosú	i bhfad uainn
Filleann an feall	ar an mbeagán
Is binn béal	a mhaireann na daoine
Is ait an mac	ná drochsheasamh
Is fearr an tsláinte	cur le chéile
Ní mar a shíltear	ar an bhfeallaire
Mol an óige	ná na táinte
An té nach bhfuil láidir	an saol
Ní hé lá na báistí	ní foláir dó a bheith glic
Is fearr rith maith	lá na bpáistí

Gníomhaíocht ranga (TF 2.8, 3.4, 2.8)

Cuirigí balla na seanfhocal le chéile. Roghnaigh an seanfhocal is fearr leat agus ansin tarraing pictiúr ag míniú an tseanfhocail. Ansin scríobh **tuairisc** i do phunann faoi na seanfhocail a roghnaigh an rang agus an méid a d’fhoghlaim sibh agus an tionscadal sin á chur le chéile agaibh.

Ag foghlaim faoin údar: Mícheál Ó Ruairc

Scríobh Mícheál Ó Ruairc an sceál seo. File, gearrscéalaí agus úrscéalaí is ea Mícheál Ó Ruairc a rugadh i gContae Chiarraí. Bhain sé céim amach i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh, mar aon le MA ó Ollscoil Mhá Nuad. Tá a lán duaiseanna liteartha buaite aige agus scríobhann sé leabhair scoile. Scríobh sé an t-úrscéal *Tóraíocht Taisce* do dhéagóirí. Is féidir é a chloisteáil go minic ar an raidió ag labhairt faoi chúrsaí litríochta agus tá na blianta caite aige ag múineadh cúrsaí scríbhneoireachta.



Gníomhaíocht (TF 2.8, 2.9)

An féidir leat tuilleadh taighde a dhéanamh ar Mhícheál Ó Ruairc ar líne? An féidir leat breis eolais a fháil air agus ar a shaothar? Nuair a bheidh sé sin déanta agat déan do chuid taighde **a chur i láthair** os comhair an ranga.

Seo gluais thábhachtach ag dul leis an scéal

1. ríméad: áthas an domhain
2. srian a choinneáil ar a mhianta: smacht a choinneáil ar a mhianta
3. ag amharc air: ag féachaint air
4. glan as a mheabhair: craiceáilte
5. beag beann orthu: ba chuma fúthu
6. dul i dtigh diabhair: d'fhág sé a mhallacht acu
7. bhí sciathán ar a chroí: gliondar ar a chroí
8. clú agus cáil: cáiliúil/clúiteach
9. tuillte go maith agat: d'oibrigh tú go dian chun é seo a bhaint amach
10. tar éis an tsaoil: ag deireadh an lae
11. an rud ar fad a chur as a cheann: dearmad a dhéanamh air
12. lámh in uachtar aige orthu: fuair sé an ceann is fearr orthu
13. um an dtaca seo: faoin am seo
14. dóithín: amadán
15. éacht: gaisce
16. ardoíche: oíche den scoth
17. ag ragairne: ag ól alcóil
18. ar an méar fhada: gan rud éigin a dhéanamh láithreach bonn
19. thit an lug ar an lag: thit rudaí as a chéile
20. is oth liom a rá: cuireann sé brón orm a rá
21. go fuarchúiseach: ar nós cuma liom faoi
22. lagmhisneach: a bheith faoi ghruaim/ in ísle brí
23. ag béiceach le ríméad: ag screadaíl le háthas
24. bhí a cheann faoi aige: a bheith in ísle brí
25. ag sileadh na ndeor: ag caoineadh

Gníomhaíocht (TF 2.1)

Anois, ag baint úsáid as deich nath/bhfocal nua cuir in abairtí iad.

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Cuir na focail seo a leanas sna bearnaí cuí:

den scoth, sceitimíní, an-chuid, dea-scéala, croíbhriste, obair scoile, ghlaigh, lán go béal, bhac, roghnaíodh.

1. Bhí _____ ar Sheoirse nuair a roghnaíodh é don fhoireann.
2. Nuair a tháinig sé abhaile d'inis sé an _____ dá mháthair.
3. Bheartaigh Seoirse nach ndéanadh sé aon _____ go ceann seachtaine.
4. Bhí _____ oibre le déanamh aige ar scoil ach ba chuma leis anois.
5. _____ sé ar a chuid cairde agus roinn sé an dea-scéala leo.
6. Nuair a tháinig Seoirse chomh fada le teach tábhairne Clancy's bhí an áit _____.
7. Bhí oíche _____ ag Seoirse i dteannta a chairde.
8. Níor _____ Seoirse le hobair scoile in aon chor cé go raibh scrúdú na hArdteistiméireachta ag teannadh leis.
9. Níor _____ Seoirse don chluiche leathcheannais in aghaidh an Chláir.
10. Bhí Seoirse _____ nuair a dúradh leis nach mbeadh sé ar an bhfoireann.



Gníomhaíocht (TF 2.4)

1. Cén saghas dearcaidh a bhí ag Seoirse nuair a roghnaíodh é le himirt ar fhoireann shóisearach an chontae?
2. Cé hiad na carachtair a thacaigh le Seoirse nuair a roghnaíodh é agus cé hiad na carachtair nár thacaigh leis, meas tú?
3. I do thuairim cén fáth ar chaill Seoirse a áit ar an bhfoireann?
4. Luaigh rud amháin a d'fhoghlaim Seoirse faoi dheireadh an scéil seo.
5. Cén ceacht a d'fhoghlaim tú féin tar éis duit an scéal seo a léamh?

Téama an scéil seo

Tá roinnt mhaith téamaí le sonrú sa ghearrscéal seo ach is dócha gur féidir a rá gurb í **baois na hóige** an téama is láidre ann. Is fear óg é Seoirse atá lán le mothúcháin láidre. An chéad rud a deirtear faoi ná go bhfuil 'ríméad' air agus nach bhfuil sé in ann 'srian a choinneáil ar a mhianta féin'. Ag tús an scéil, is fear óg lán le dóchas é, é ag súil lena áit a ghlacadh ar fhoireann shóisearach iománaíochta an chontae. Is trua é, mar sin, go bhfuil Seoirse ag smaoineamh ar an aitheantas a bhaineann le bheith ina iománaí cáiliúil 'i gCathair Chorcaí agus i measc a chairde féin' seachas ar an iománaíocht féin. Léiríonn Seoirse **baois na hóige** ón tús mar ní bhacann sé leis an staidéar atá le déanamh aige do scrúdú na hArdteiste. Ní thuigeann sé go bhfuil a mhúinteoirí ag iarraidh cabhrú leis luí isteach ar an obair agus casann sé orthu '[m]húinfeadh sé ceacht dóibh siúd a raibh sé mar nós acu a bheith ag caitheamh anuas air.' Léiríonn Seoirse **baois na hóige** go soiléir nuair a théann sé amach ag ceiliúradh a áite ar an bhfoireann lena chairde. Seachas cleachtadh lena fhoireann nua, téann sé go tithe tabhairne oíche i ndiaidh oíche ag ragairne agus ag ól agus ní chuimhníonn sé ar aon ní eile ach dul ar aghaidh go clubanna oíche agus éisteacht le daoine á mholadh go hard na spéire. Tosaíonn sé ag siúl amach le cailín dathúil nuair ba cheart dó díriú ar an traenáil agus ar an ullmhúchán dá scrúduithe. Ar deireadh, léiríonn Seoirse **baois na hóige** go fíorláidir nuair nach dtuigeann sé cén fáth nach bhfuil sé roghnaithe don chluiche mór i gcoinne an Chláir. Tá sé chomh sotalach sin go gceapann sé go bhfuil 'botún déanta' ag an traenálaí. Is cinnte go bhfuil ceacht dóite foghlamtha ag Seoirse ag deireadh an scéil seo. Feictear é lena 'cheann faoi aige agus é ag sileadh na ndeor.' Tuigeann sé go bhfuil sé tar éis a sheans a chaitheamh uaidh agus gur chuir sé a áit ar an bhfoireann amú lena shotal agus lena shaint.



Gníomhaíocht (TF 1.17)

Pléigh na carachtair éagsúla sa scéal seo leis an dalta in aice leat. Cén carachtar ab fhearr leat? Cén carachtar nár thaitin leat? An féidir leat pictiúr a tharraingt de na carachtair sin agus liosta aidiachtaí a chur in aice leo?

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.32, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5)




- Lig ort gur tusa Seoirse. Scríobh **cuntas dialainne** na hoíche sin nuair a tháinig tú abhaile tar éis don traenálaí a rá nach raibh tú ar an bhfoireann don chluiche leathcheannais.
- Lig ort gur tusa máthair Sheoirse. Scríobh **litir fhoirmiúil** chuig an mbainisteoir foirne ag léiriú do mhíshástachta faoin easpa deiseanna a fuair Seoirse agus é ar fhoireann shóisearach an chontae.
- Samhlaigh gur tusa bainisteoir fhoireann Sheoirse. Scríobh amach **an t-agallamh** a rinne tú le tuairisceoir de chuid RTÉ Raidió na Gaeltachta faoi na roghanna a rinne tú ó thaobh na n-imreoirí roimh an gcluiche leathcheannais.
- Lig ort gur tuairisceoir de chuid TG4 thú. Scríobh **an tuairisc nuachta** a thug tú ar thaobh na páirce tar éis d'fhoireann Sheoirse an cluiche leathcheannais in aghaidh an Chláir a chailleadh.
- Samhlaigh gur tusa máthair Sheoirse. Scríobh amach **an comhrá** a bhí agat leis nuair a tháinig sé abhaile le hinsint duit go bhfuair sé áit ar fhoireann shóisearach an chontae.

This image shows a vertical sheet of music paper. On the left side, there are decorative elements including faint musical notes and treble clefs. The rest of the page is filled with horizontal red lines, typical of a manuscript or practice book. In the upper right corner, there is a short paragraph of text written in Irish Gaelic.

Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.

Más rud é gur thaitin an scéal seo leat cén fáth nach bhfaighfeá cnuasach gearrscéalta nó úrscéal de chuid Mhícheál Uí Ruairc ón leabharlann scoile?





Púdar Draíochta

BRÓNA NÍ UALLACHÁIN

Bhí scamail feirge tar éis sleamhnú timpeall ar theach Uí Thuathail ó ghlaigh an guthán an mhaidin sin. Cé go raibh Bean Uí Thuathail ag déanamh a seacht ndícheall gaire a bhaint as Dónall agus Deirdre ní raibh ag éirí léi. Thriail sí iad a mhealladh le huachtar reoite bándearg agus buí ach níor oibrigh sé. Thriail sí briosaí seacláide le craiceann cnó cócó ar an imeall a thairiscint dóibh. D'ith siad iad ach níor imigh an ghruaim. Gheall sí dóibh go ndéanfadh sí an dinnéar ab fhearr leo ispiní agus brúitín agus gheall sí dóibh fiú nach mbeadh orthu aon bhrocailí a ithe – ach níor ghéill an bheirt. Faoi dheireadh smaoinigh sí ar phlean.

“Cén fáth nach ndéanann muid cáca deas chun fáilte a chur rompu?” a dúirt sí agus í ag rith timpeall na cistine mar a bheadh tornádó, agus babhla, spúnóg adhmaid, uibheacha agus plúr á mbailiú aici. Bhreathnaigh an cúpla ar a chéile. Níor labhair siad ach thuig siad go raibh an smaoineamh céanna ag an mbeirt acu. Ní chabhródh an cáca leo dearmad a dhéanamh ar an tslí go raibh an turas go hÁrainn curtha ar ceal mar go raibh cuairt speisialta eagraithe ag Aintín Sarah. Níor mhaith leo aon rud a dhéanamh chun fáilte a chur roimh Theo agus Leo a gcol ceathracha ardnósacha as Contae Lú, ach ag an am céanna thaitin sé leo i gcónaí a bheith ag cócaireacht le Mamaí!

I bpreabadh na súl bhí an bheirt óg ag cur leis an stoirm sa chistin. D'aontaigh siad go bhfaigheadh Deirdre an spúnóg adhmaid nuair a bhí Mamaí réidh agus go mbeadh cead ag Dónall an babhla a lí. Mheáigh siad. Mheasc siad. D'fhuin siad. Bhrúigh siad. Taobh istigh de leathuair bhí Dónall agus Deirdre sona sásta arís. Nuair a d'imigh an clog ar an oigheann, ag fógairt go raibh an cáca bÁCáilte baineadh geit astu mar gur tháinig torann as cloigín an dorais ag an am céanna. Bhí Aintín Sarah, Leo agus Theo tagtha.

Ag brostú di i dtreo an dorais chas Bean Uí Thuathail chuig Dónall agus Deirdre agus í lándáiríre: “Bígí go deas,” a dúirt sí, agus í ag scríobadh daba plúir ó gheansaí Dhónaill, “Níor mhaith liom trioblóid ar bith an uair seo!” Níor thug sí seans dóibh aon fhreagra a thabhairt uirthi. D'oscail sí an doras agus chaith sí a lámha thart timpeall ar Aintín Sarah go sona. Láithreach thosaigh siad ag clabaireacht agus ag glagaireacht.

“Is breá liom do sciorta. Breathnaigh ar do chuid gruaige. Ar chuala tú faoi? Tá margadh i dTigh Standúin.”

D'imigh siad leo go dtí an chistin agus d'fhan an ceathrar páistí ag breathnú ar a chéile go míchompordach.

“Rinne muid cáca seacláide daoibh,” a dúirt Dónall, chun an ciúnas a líonadh. “Chuir muid marshmallows air freisin,” a chríochnaigh Deirdre agus í ag dúradh an dorais. D'fhreagair Theo, ag rá gur leamhachán an Ghaeilge a bhí ar marshmallows agus gur cheap sé go raibh ailléirge aige dóibh. Lean Leo é go húdaráisach ag insint dóibh go raibh cáca cairéid i bhfad níos sláintiúla ná cáca seacláide. Bhí an trioblóid tosaithe cheana féin.

Shuigh an ceathrar go ciúin nuair a rinne a máithreacha an tae agus d'ith Dónall agus Deirdre an cáca nár ith Leo ná Theo. Bhí sioscadh agus rúin na máithreacha ag líonadh aer na cistine i gconaí. Níor thug siad faoi deara go raibh Theo ag seoladh téacsanna an t-am ar fad agus go raibh Leo ag spraoi ar Nintendo DS a bhí curtha i bhfolach faoin mbord aige. Nuair a sheas Aintín Sarah chun an cúigiú pota tae a dhéanamh chonaic sí na gléasanna acu agus sciob sí uatha iad, ag rá leo dul amach ag spraoi. Thosaigh Leo ag geonaíl agus ag gearán go raibh sé ró-fhuar agus d'impigh Theo ar Aintín Sarah ligean dóibh breathnú ar an teilifís in áit dul ag spraoi le Dónall agus Deirdre. “Ach tá a fhios agaibh nach bhfuil aon teilifís ag Dónall agus Deirdre” a dúirt Aintín Sarah, agus í dá mbrú amach an doras.

Ní raibh aon rogha acu. Amach leo taobh amuigh. Bhí áthas ar Dheirdre agus ar Dhónall mar gur thaitin sé leo bheith taobh amuigh, ach bhí smut púiceach ar Leo agus Theo. Phléigh Deirdre agus Dónall céard ar cheart dóibh a dhéanamh. Chuimhnigh siad ar neadacha éan a lorg ach cheap siad go mbeadh eagla ar Leo agus Theo dul ag dreapadóireacht. Smaoinigh siad ar dhul ag snámh sa loch ach bhí Leo agus Theo fuar cheana féin gan trácht ar dhul isteach san uisce. Faoi dheireadh dúirt Dónall, “Céard faoin bhfáinne sí a thaispeáint dóibh?” Ní raibh an abairt críochnaithe aige nuair a bhí Leo agus Theo ag sciotaíl agus ag caitheamh a súl chun na flaithis. “Níl a leithéid de rud ann is sióga” a dúirt Theo. “Caithfidh sibh teilifís a fháil,” a dúirt Leo agus é ag triail an puiteach a ghlanadh dá bhróga.

Chonaic Deirdre na deora ag líonadh i súile Dhónaill agus bheartaigh sí nach ligfeadh sí do Theo agus Leo beag a dhéanamh dó mar a rinne siad go hiondúil. Rinne sí iarracht í féin a dhíriú go hiomlán a hairde, chas sí i dtreo Theo agus Leo, líon sí na súile móra gorma a bhí aici le bród agus i nguth chomh láidir agus chomh fuar leis an ngaoth aduaidh, dúirt sí, “Tá cinnte, tá fáinne sí i bpáirc Dhaidí ar chúl an tí, agus ní hamháin sin, ach fágann na sióga bronntanais dúinn ann amanna. Bronntanais iontacha, bronntanais rúnda...bronntanais draíochta.” Nuair a chríochnaigh sí an chaint níor bhain sí a súile de Theo ná Leo ach dúirt sí an cúpla focal deiridh agus í beagnach ag cogarnaíl.

Bhí Leo agus Theo éiginnte anois. Bhí cleachtadh acu ar Dheirdre a bheith ag seasamh an fhóid ina n-aghaidh ach ní fhaca siad an chuma seo uirthi roimhe seo. Bhreathnaigh siad ar a chéile, ar an talamh, ar Dhónall agus ansin d'aimsigh siad muinín as áit éigin agus bhreathnaigh siad ar Dheirdre. “Rúnda?” a dúirt Leo, agus a ghlór ag briseadh beagáinín, “Draíochta?” arsa Theo, agus é anois leath faoi dhraíocht ag Deirdre.

Níor fhreagair Deirdre iad, chas sí ar a sáil agus dúirt le Dónall nach raibh bronntanais draíochta tuillte ag an mbeirt eile agus nár mhaith léi an fáinne sí a thaispeáint dóibh pé scéal é. Go tobann anois ní raibh Leo fuar níos mó agus bhí fuinneamh faighte ag Theo as áit éigin. D'impigh siad ar Dheirdre iad a thabhairt chuig an bhfáinne sí. Bhí brón orthu, a dúirt siad, agus bhí siad lánchinnte gur mhian leo bronntanas a fháil ó na sióga.

Tar éis go leor ‘machnaimh’, bheartaigh Deirdre faoi dheireadh cead a thabhairt dóibh dul chuig an bhfáinne sí.

Thosaigh na buachaillí ag déanamh i dtreo na páirce ar chúl an tí ach go tobann dúirt Deirdre gur mhian léi rith chuig an leithreas.

“Imigh tusa ar aghaidh leo,” a dúirt sí le Dónall. “Beidh mise libh roimh i bhfad.” Rith sí ar ais i dtreo an tí agus a cuid gruaige órga ag lonradh sa ghrian.

Ní raibh Dónall ró-shásta faoi bheith fágtha leis féin leis an mbeirt namhad a bhí aige ach lean sé iad. Chaill Theo an bhróg dhearg Nike a bhí air i bpoll puitigh agus bhí clábar brocach donn ag rith as ladhar a stoca bán anois fad is a bhí Leo ag slabaireacht sa pholl chun an bhróg a fháil ar ais.

Faoi dheireadh le ‘ssllrrrrpppp’ tharraing sé as an bpoll í agus as go brách leo arís i dtreo an fháinne sí. Ní raibh mórán d’achar siúlta acu faoin am gur tháinig Deirdre ag rásaíocht ar ais agus í as anáil agus gáire beag ag cigilt choirnéal a béil. Bhí siad stoptha roimh i bhfad arís ag an gcláir chun géaga draighin, a bhí tar éis iad féin a chnótáil isteach i ngeansaí ‘Hillfiger’ Leo, a bhriseadh.

“Rachaidh mise ar aghaidh chun ruaig a chur ar na sióga ar fhaitíos go scanraíonn siad sibh,” a dúirt Deirdre agus í ag pocléimneach thar an díog. Cheap Dónall go raibh sí sách aisteach ach ní dúirt sé faic mar go raibh drochthionchar ag Leo agus Theo uirthi i gcónaí. Rinne sé gach iarracht an geansaí a scaoileadh saor agus nuair a bhí leo, lean siad orthu arís i dtreo Dheirdre a bhí anois ag seasamh thíos in aice leis an bhfáinne ná carraig chiorclach chaonaigh le nóiníní ag siosarnach sa ghaoth thart timpeall uirthi.

Agus iad ag druidim níos gaire do Dheirdre thug siad faoi deara go raibh sí ag gáire mar a bheadh bean ar mire. Nuair a tháinig siad chomh fada léi níor stop sí agus d’éirigh an torann a bhí ag damhsa as a béal níos airde. Ní raibh tuairim ag Leo agus Theo céard ba cheart dóibh a dhéanamh. Bhreathnaigh siad ar Dhónall agus chonaic go raibh sé tar eis buidéal donn a bhaint amach as lámh Dheirdre. Bhí lipéad beag greamaithe den bhuidéal agus litrithe amach i scríbhneoireacht chasta dhaite bhí dhá fhocal.

“Púdar,” a léigh Theo, agus é fos faiteach faoi gháire Dheirdre a bhí anois ag luí ar an bhféar, a béal oscailte agus taomanna gáire fós ag teacht ina dtuile aisti. “Gáire” a chríochnaigh Leo agus é ag triail an caipín beag buí a bhaint den bhuidéal.

Istigh sa bhuidéal bhí púdar mistéireach, mín, bán. Nuair a baineadh an clár den bhuidéal léim cúpla gráinne geal as agus d’éitil siad ar thonnta beaga gaoithe thar na crainn agus scaip siad amach i dtreo an locha. Bhí Dónall ag caint i gcogar le Deirdre. Bhí sé ag déanamh iarrachta an méid a bhí á rá aici a aistriú agus, go tobann, le sceilp sonais chas sé i dtreo Leo agus Theo agus dúirt sé, “Tá an t-ádh dearg oraibh. Bhí an bronntanas seo fágtha ag na sióga nuair a shroich Deirdre an fáinne sí. Ní hí seo an chéad uair gur bhronn siad púdar draíochta orainn ach is cinnte gur púdar gáire an púdar ab fhéarr go bhféadfadh muid a fháil,” Bhí an bheirt deartháireacha ag seasamh ag breathnú ar Dheirdre agus mearbhall orthu. Ní raibh siad ábalta é seo a thuiscint. Cé a chreidfeadh go raibh an bronntanas dochreidte seo fágtha ag sióga na Gaillimhe dóibh!

D’iompáigh Dónall an buidéal beag ar a thaobh go cúramach agus dhoirt dornán de na gráinníní glioscarnacha draíochta amach ar a lámh. Thosaigh sé ag damhsa agus ag doirteadh an phúdair draíochta ar a chloigeann agus taobh thiar dá chluasa. Ní raibh cúig shoicind caite nuair a bhí Dónall ag briseadh a chroí ag gáire. “Hí, Hí, Hí, ha, ha, ha.” Bhí Deirdre anois in aice leis agus bhí pluca dearga an chúpla briste i smidiríní ag meangadh mór sásta.

Sciob Theo an buidéal ó Dhónall le saint agus bhéic sé, “Tabhair dúinn é, nó ní bheidh aon chuid fágtha.” Sháigh Leo a lámha faoi smut a dhearthár agus d’impigh sé air neart den phúdar gáire a thabhairt dó. D’fholmhaigh siad an buidéal eatarthu agus chaith Theo an soitheach folamh ar an bhféar. Bhí carnán den phúdar bán ag an mbeirt ar a lámha agus le fuinneamh agus fuadar fúthu thosaigh siad á chuimilt go láidir agus go crua orthu féin, timpeall ar na súile agus in airde ar a gcuid gruaige go dtí gur bhreathnaigh siad ar nós beirt sheanfhear liath.

Níor thosaigh an gáire uathu láithreach, mar a tharla leis an mbeirt eile, ach ansin faoi dheireadh agus iad fós ag breathnú go héiginnte ar an gcúpla d'éalaigh racht beag gáire as béal Theo. Nuair a thug Leo faoi deara, níorbh fhada go raibh sé féin ag pramsáil timpeall ar an bhfáinne sí agus deora áthais ag sileadh as a dhá shúil dúnta.

Bhí an bheirt ag gáire an oiread sin gur bheag nár chuala siad a mamaí ag fógairt go feargach orthu as an teach ar bharr an chnoic. Nuair a d'oscail siad a súile chonaic siad go raibh an cúpla leath bealaigh abhaile. Go tobann bhí ciúnas ann agus an t-aon torann a líon an bhearna a bhí fágtha ag an ngáire ná ceol binn smólaigh a bhí ina shuí go suaimhneach ar sceach gheal a bhí ag síneadh a ghéaga deilgneacha amach go cosantach os cionn an fháinne sí.

Phreab Leo agus Theo chun talaimh go sciobtha agus lean Dónall agus Deirdre. Nuair a tháinig siad chomh fada leis an teach bhí a máthair ag seasamh sa phóirse ar chúl an tí agus ní raibh cuma róshona uirthi. Bhí na Déithe Dána ann freisin agus iad ag seachaint súile Theo agus Leo. Dúirt a máthair amach os ard, “Bhuel, tá freagra na ceiste anois againn... Breathnaigh ar mo bheirtse.” Chas sí ina dtreo agus chríochnaigh sí an abairt, “ba cheart go mbeadh náire oraibh.”

Ní raibh tuairim ag Leo ná Theo céard a bhí déanta as bealach acu, ná cén fáth go raibh a máthair chomh crosta leo. Thug siad faoi deara go raibh an talamh sa phóirse ar fad bán agus níos measa fós bhí an mála plúir, a úsáideadh chun an cáca seacláide a dhéanamh, iompaithe bun os cionn taobh thiar den doras. Lean Aintín Sarah uirthi agus an fhearg ag dó níos tréine inti mar bheadh séideán gaoithe tar éis téagar a chur faoi thine.

“Amach libh ag an gcarr láithreach. Tá náire orm. Tar éis do mhamaí Dhónaill agus Dheirdre cáca álainn seacláide a dhéanamh daoibh, an buíochas atá agaibh di ná plúr a chaitheamh ar fud na háite agus bhur n-éadaí agus bhur gcuid gruaige a scriosadh. A Chríost, Theo, breathnaigh ar an mbail atá ar na bróga nua a cheannaigh mé duit. Gabhaigí amach as mo radharc.”

Shleamhnaigh Leo agus Theo leo i dtreo an chairr go ciúin lena liopaí ag crith. Ní raibh le cloisteáil anois ach glugar an phuitigh ag teacht ó bhróg Nike Theo ar gach ré coisméig dár thóg sé. Chaoch Deirdre súil ar Dhónall agus thosaigh siad ag gáire. Ba chosúil go raibh draíocht de chineál éigin sa phúdar gáire ar deireadh thiar.

Gearrscéal 2: Púdar Draíochta


Gníomhaíocht (TF 2.8)

Is é teideal an ghearrscéil seo ná 'Púdar Draíochta'. An gcreideann tú i ndraíocht? An maith leat scéalta a léamh faoi shioga, dhraoithe nó phúcaí? Tá traidisiún láidir scéalaíochta in Éirinn sa Ghaeilge agus sa Bhéarla agus is cuid lárnach iad na síscéalta sa traidisiún sin. Is iomaí scéal atá ann a bhaineann le sioga. An bhfuil aon cheann de na scéalta sin ar eolas agat? Cá bhfuair tú an scéal sin? Má tá scéal agat, inis an scéal don duine in aice leat.



Gníomhaíocht (TF 1.17, 1.18)

An féidir leat an ghluais thábhachtach sa scéal a aimsiú sa chrosfhocal thíos?



Trasna

- 2. ar deireadh thiar
- 6. ag caint os íseal
- 8. gan seasamh siar
- 11. ag scig-gháire
- 12. an-iarracht go deo á déanamh
- 13. i bpreabadh na súl
- 14. easpa cinnteachta

- 15. a bheith in ísle brí
- 16. sotalach
- 17. ag caint os íseal
- 18. go háthasach
- 19. níor éirigh siad as
- 20. bhrúigh siad

Síos

- 1. cuma mhíshásta

- 3. ag cogarnaíl
- 4. puiteach salach
- 5. solas na gréine ag spalpadh anuas air
- 7. prátaí atá brúite
- 8. ag caint is ag comhrá
- 9. a bheith ar buile
- 10. ag tabhairt amach

Gníomhaíocht (TF 2.1)

Anois, ag baint úsáid as deich nath/bhfocal nua ón gcrosfhocal cuir in abairtí iad.

Gníomhaíocht (TF 1.15, 1.16, 1.17)

Freagair na ceisteanna seo go sciobtha i mbeirteanna ó bhéal.

1. Cén saghas caidrimh a bhí ag Dónall agus Deirdre lena gcol ceathracha?
2. Cén cinéal giúmair a bhí ar Dhónall agus ar Dheirdre ag tús an ghearrscéil?
3. Cá raibh sé i gceist acu dul an lá sin sula bhfuair siad an glaoch gutháin?
4. Cé a bhí ag teacht ar cuairt chucu an lá sin?
5. Cad a rinne Deirdre, Dónall agus a máthair chun fáilte a chur roimh na cuairteoirí?
6. Cad a bhí á dhéanamh ag Theo agus ag Leo ag an mbord cistine?
7. Luaigh difríocht amháin idir teaghlach Dheirdre agus Dhónaill agus teaghlach Theo agus Leo?
8. Cad a bheartaigh Dónall agus Deirdre a thaispeáint dá gcol ceathracha?
9. Cérbh é an rud nár chreid Theo ann?
10. Nuair a tháinig Dónall, Theo agus Leo chomh fada leis an bhfáinne sí cé a bhí ann rompu?
11. Cad a bhí i seilbh Dheirdre a chuir ag gáire í?
12. Déan cur síos ar an bpúdar a bhí istigh sa bhuidéal.
13. Cén tionchar a bhí ag an bpúdar orthu ar fad?
14. Cén saghas giúmair a bhí ar Sarah nuair a chonaic sí a mic?
15. Cén fáth a raibh áthas ar Dheirdre agus ar Dhónall ag deireadh an ghearrscéil?

Gníomhaíocht (TF 2.8, 2.9)

Síscéalta

Tá tagairtí do **na sióga** nó **na síthe** sa ghearrscéal 'Púdar Draíochta'. Cad faoin bhfocal **sí** nó **sióg** nó, go deimhin, na focail **bean** agus **sí** a bheith in ainm áite éigin i do chontae dúchais féin.

Téigh ar líne go www.logainm.ie agus déan iarracht teacht ar 10 n-áit a bhfuil an focal **Sí** ann. Is ann dóibh!



An Logainm	An Contae
Cnoc na Sí	Sligeach

Gníomhaíocht ranga (TF 2.8, 3.4)

Is iomaí síscéal nó scéal faoi na sióga a bhíonn ag seandaoine. Téigh abhaile agus labhair le do mhamó, do dhaideo, duine de d'uncailí nó d'aintíní nó comharsana leat faoi na scéalta sí atá acu. Cuir agallamh orthu agus labhair leo faoin tionchar a bhí ag na sióga ar dhaoine fadó in Éirinn. Ansin, bailigh do chuid eolais le chéile agus déan **cur i láthair** os comhair an ranga faoin méid a phléigh sibh. Is féidir leis an múinteoir an rang a thaifeadh ar iPad (nó gaireas eile) scoile agus na comhaid a chur isteach sa phunann.



Gníomhaíocht (TF 1.30, 1.32)

Tá a lán briathra saibhre le feiceáil sa ghearrscéal seo. Tá an gearrscéal scríofa san aimsir chaite mar a bhíonn an chuid is mó díobh. An féidir leat na briathra seo a leanas a chur san Aimsir Láithreach agus ansin san Aimsir Fháistineach? Tabhair pearsa an bhriathair faoi deara.

Aimsir Chaite	Fréamh	Aimsir Láithreach	Aimsir Fháistineach
Shleamhnaigh sé			
Chaoch sí			
D'iompaigh sé			
Dhoirt sí			
Sciob sí			
D'fholmhaigh sé			
Bhreathnaigh siad			
Phléigh sí			
Chuimhnigh sí			
D'aontaigh siad			
Mheáigh siad			
Mheasc siad			
D'fhuin siad			
Bhrúigh siad			
Thriail sí			
Gheall sí			
Thug sí faoi deara			

Gníomhaíocht (TF 1.15, 1.17, 1.18)

Tagann col ceathracha aníos sa ghearrscéal 'Púdar Draíochta'. An bhfuil mórán **col ceathracha** agat féin? Labhair leis an duine in aice leat faoi bhur gcol ceathracha. Cé mheád díobh atá agat? Cad faoi **chol cúigreacha** agus **chol seisreacha**?

Beidh na focail seo a leanas in úsáid agat agus tú ag labhairt faoi do theaghlach sínte:

Duine amháin	Ochtar	Cúig dhuine dhéag
Beirt	Naonúr	Sé dhuine dhéag
Triúr	Deichniúr	Seacht nduine dhéag
Ceathrar	Aon duine dhéag	Ocht nduine dhéag
Cúigear	Dhárag	Naoi nduine dhéag
Seisear	Trí dhuine dhéag	Fiche duine
Seachtar	Ceithre dhuine dhéag	

Gníomhaíocht (TF 1.7, 1.8, 1.12)

Freagairt phearsanta ar an ngearrscéal

Léigh mé an gearrscéal ‘Púdar Draíochta’ an tseachtain seo caite le mo rang Gaeilge. **Bhain mé** an-sult go deo as. **Bhí mé** an-tógtha leis an scéal ón tús. Ba iad Dónall agus Deirdre an bheirt phríomhcharachtar ann agus



thaitin siad liom láithreach mar **bhraith mé** go raibh siad **cosúil liomsa** ar roinnt bealaí. Ní raibh siad róshásta ag tús an scéil mar bhí a máthair tar éis turas speisialta go hÁrainn a chur ar ceal gan choinne. **Thuig mé** an díomá a bhí ar an mbeirt acu mar thug mé cuairt ar Árainn **mé féin** le **mo chairde** anuraidh agus bhaineamar an-sult as an turas ar an mbád.

Bhí col ceathracha Dhónall agus Dheirdre, Leo agus Theo, ag teacht ar cuairt le hAintín Sarah agus b'éigean do Dhónall agus do Dheirdre fanacht sa bhaile le fáilte a chur rompu. **Ba léir dom** gur buachaillí leithleasacha iad Leo agus Theo mar ba bheag iarracht a rinne siad nuair a tháinig siad. Buachaillí mímhúinte ab ea iad freisin ‘Theo ag seoladh téacsanna an t-am ar fad’ agus ‘Leo ag spraoi ar Nintendo DS a bhí curtha i bhfolach faoin mbord aige.’ **Tá a fhios agam** nach ligfeadh **mo thuismitheoirí** dom mo ghuthán a úsáid agus **mé** ar cuairt i dteach duine éigin eile! Rinne Dónall agus Deirdre an-iarracht leo mar rinne siad cáca blasta dóibh ach níor ith Theo ná Leo aon chuid de. Léirigh sé sin **dom** go raibh an chuid is mó den locht ar Theo agus Leo nár reitigh siad le Dónall agus Deirdre.

Cheap mé gur léirigh an t-údar na carachtair sa scéal seo go fíoréifeachtach. Bhí Dónall agus Deirdre glan i gcodarsnacht le Theo agus Leo. Ní raibh teilifís ag Dónall agus Deirdre, chaith siad a gcuid ama uile amuigh faoin aer ag lorg neadacha éan agus ag snámh sa loch. Ba dheacair dóibh cuimhneamh ar aon rud a dhéanamh le Theo agus Leo a bhí gléasta in éadaí galánta agus gafa lena ngléasanna teicneolaíochta. Nuair a mhol Dónall an ‘fáinne sí a thaispeáint dóibh’ rinne Theo agus Leo mugadh magadh de. **Chuir sin brón orm** mar bhí Dónall an-ghortaithe acu. Cheap Theo agus Leo go raibh siad i bhfad Éireann níos aibí agus fásta suas ná Dónall agus Deirdre ach fuair Deirdre an lámh in uachtar orthu ar deireadh nuair a lig sí uirthi gur bhronn na síoga púdar draíochta uirthi. Bhí sé an-ghreannmhar Theo agus Leo a fheiceáil ag leanúint a chéile ar nós caorach ‘[n]uair a thug Leo faoi deara, níorbh fhada go raibh sé féin ag pramsáil timpeall ar an bhfáinne sí agus deora áthais ag sileadh as a dhá shúil dúnta.’ Níor smaoinigh siad dóibh féin agus níor léirigh siad ciall ar bith. Bhí sé sách maith dóibh, dar liom! Nuair a rith siad ar ais bhí siad i dtrioblóid as plúr a iompú bun os cionn agus chreid Aintín Sarah go raibh siad ciontach toisc clúdaithe i ‘bpúdar draíochta’ iad. Cé gur bhuail Dónall agus Deirdre bob ar Theo agus ar Leo ag deireadh an ghearrscéil seo, **bhí mé an-sásta** mar mhúin siad ceacht dóibh. Ní féidir caitheamh le daoine go gránna agus a bheith leithleasach. Filleann an feall ar an bhfeallaire, **dar liom!**

Gníomhaíocht (TF 1.17)

Pléigh na carachtair éagsúla sa scéal seo leis an dalta in aice leat. Cén carachtar is fearr leat? Cén carachtar nár thaitin leat? An féidir leat pictiúr a tharraingt de na carachtair ansin agus liosta aidiachtaí a chur in aice leo?

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.32, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5)

- Lig ort gur tusa Aintín Sarah. Scríobh **an ríomhphost** a chuirfidh tú chuig Bean Uí Thuathail a rá léi go bhfuil sé i gceist agat teacht ar cuairt le Theo agus Leo.

- Samhlaigh gur tusa Deirdre. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche tar éis duit bob a bhualadh ar Leo agus Theo.

- Samhlaigh **an comhrá** idir Theo agus Leo sa charr ar an mbealach ar ais go Contae Lú lena máthair. Scríobh amach é.



- Scríobh **léirmheas** ar an scéal seo le foilsiú in irisleabhar na scoile.

- Scríobh **litir** chuig an údar Bróna Ní Uallacháin ag nochtadh do chuid tuairimí agus mothúchán faoin scéal seo.

- 'Ag siúl abhaile dom thug mé faoi deara go raibh solas geal ag lonradh faoin gcrann i lár na páirce. Bhí mé meallta go mór ag an solas agus thosaigh mé ag siúl ina threo...' **Cum scéal draíochtúil** a bhfuil an tús sin leis.

**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**

Ní bhíonn deireadh leis an léitheoireacht choíche...



Focalghníomh

RÉ Ó LAIGHLÉIS

“Boladh ort,” arsa cailín amháin as rang a sé, agus í ag dul thar bráid sa líne i gclós na scoile tar éis briseadh beag na maidine. Thug Dara aird láithreach ar an gcailín a dúirt. Ní le Dara féin a dúradh é ach leis an mbuachaillín a bhí chun tosaigh air sa líne. Yashi Amki ab ainm don leaidín sin agus bhí sé nua-thagtha chun na scoile le roinnt seachtainí anuas. As tír éigin sa Domhan Thoir a tháinig seisean agus a mhuintir, de réir mar a thuig Dara an scéal. Teifigh ab ea iad a bhí á sciúrsáil ina dtír féin.

“Boladh lofa ort, a mhoncaí,” arsa duine eile as líne rang a sé. Buachaill a bhí ann an uair seo. Bhreathnaigh Dara ina dhiaidh. Ní raibh sé cinnte cén t-ainm a bhí ar an mbuachaill céanna ach shíl Dara go dtabharfadh sé lascadh dó dá mbeadh sé féin mór a dhóthain chun sin a dhéanamh. Ach i rang a ceathair a bhí Dara, díreach mar a bhí Yashi féin. Ba dhósan a thabharfaí an lascadh dá dtosódh sé isteach ar bhuachaill as rang a sé. Agus, ar chaoi ar bith, bhí a fhios ag Dara ina chroí istigh nár bhealach ar bith é an troid chun fadhb a réiteach. Nárbh é an troid féin ba bhunús leis an gcuid is mó den trioblóid a bhí ag titim amach sa domhan móorthimpeall! Bobarúin de dhaoine a roghnaigh troid thar bealach eile le rudaí a réiteach.

“Boladh lofa ort, a ghoirmín,” arsa buachaill eile fós i líne rang a sé agus é ag gluaiseacht leis doras na scoile isteach. Agus chuala Dara an leaid sin á rá chomh maith, agus ba chinnte gur le Yashi a dúirt sé é. Triúr i ndiaidh a chéile ag caitheamh go dona leis an mbuachaillín bocht gan fáth. Ba léir do Dhara gur phlean réamh-bheartaithe a bhí san iarracht. Ach, leis sin, tháinig Bean Uí Dhálaigh, múinteoir Dhara, go doras na scoile agus thug a daltaí féin isteach.

Istigh sa seomra ranga agus gach aon duine socraithe síos, ní fhéadfadh Dara naimhdeas agus drochmhúineadh pháistí rang a sé a chur as a chloigeann. Bhí Bean Uí Dhálaigh tosaithe ar an Matamaitic cheana féin ach ní air sin a bhí aird Dhara. Bhí seisean ag breathnú uaidh trasna an tseomra, áit a raibh Yashi Amki ina shuí. Nach raibh dóthain den chineál sin drochíde faighte ag an leaidín bocht sin ina thír féin cheana féin, a shíl Dara. Nach chun éalú óna leithéid a tháinig muintir Amki go hÉirinn.

“Agus, den tríú huair, an freagra air sin, a Dhara ...?”

Bhain glór an mhúinteora preab as Dara. Níor thuig sé go raibh ceist curtha ag Bean Uí Dhálaigh air faoi dhó cheana féin.

“Eh ...” arsa Dara, agus bhreathnaigh sé go han-tapa ar an gclár dubh agus rinne na figiúirí a ríomh. “Trí chéad agus a dó dhéag,” ar sé.

“Hmm!” arsa an múinteoir, agus leath miongháire ar a béal. Ba rímhaith a thuig sí go raibh Dara iontach ag an matamaitic.

“Tá tú ceart,” ar sí. “Is breá an rud é go bhfuil tú chomh maith ag an mata is atá, ach bí ag tabhairt aire mar sin féin, maith an buachaillín.”

Ach ba dhuine séimh groíúil í Bean Uí Dhálaigh. Bhí a fhios aici go raibh rud beag éigin ag déanamh scime d'intinn Dhara. Ba ghnách dó a bheith ar dhuine den chéad bheirt nó triúr lena lámh in airde le freagra ar cheist ar bith. Thaitin sé freisin leis an múinteoir nach raibh aon fhaitíos riamh ar Dhara ceist a chur nó ábhar a ardú sa seomra ranga. Go deimhin, d'fháiltigh sí roimh a leithéid de nós.

Bhuel, d'imigh an mhaidin agus tháinig am reiligiúin, agus thosaigh Bean Uí Dhálaigh ag caint ar Mahatma Gandhi, iar-cheannaire na nIndiach san Áis.

“Mohandas Karamchand Mahatma Gandhi ba ainm ceart dó,” arsa an múinteoir. Agus rinne na páistí go léir gáire faoi ainm chomh fada sin a bheith ar dhuine ar bith. Ach gáire na spéise a bhí ann. Ní raibh aon mhailís ná easpa measa ag gabháil leis an ngáire céanna. Agus bhí siad faoi gheasa ag an méid a d'inis an múinteoir dóibh faoin bhfear céanna.

“Laoch! Fathach fir,” a dúirt sí, “cé gur feairín beag a bhí ann, i ndáiríre. Ach bhí bealach aige, a pháistí,” ar sí, “bealach na séimhe. Bealach ar thug sé féin *satyagraha* air,” agus scríobh sí an focal sin ar an gclár dubh le go rachadh sé i gcion ar mheonta óga na bpáistí. Láithreach bonn, scríobh Dara an focal síos ina chóipleabhar. Bhí an múinteoir ag míniú faoi mar a bhí bealach Gandhi bunaithe ar mheas a bheith á léiriú ag daoine ar a chéile. Bhí sí ar tí tosú ar abairt úr nuair a chonaic sí go raibh lámh Dhara in airde aige.

“Bhuel, a Dhara, ceist agat?” arsa an múinteoir.

“Sea, a Bhean Uí Dhálaigh, tá. An as an bhfocal sin, más ea, a tháinig an focal Gaeilge ‘grá’?”

“As *satyagraha*, a Dhara!” Agus bhí rian den iontas ar a glór.

“Sea, a mhúinteoir. An bhfeiceann tú mar atá an focal ‘grá’ díreach ina lár?”

D'fhéach an múinteoir siar ar an gclár dubh, agus bhreathnaigh gach aon dalta ar an bhfocal chomh maith, agus, de réir a chéile, thosaigh na páistí ar an ‘sea’ sin a bhíonn acu nuair a thagann tuiscint éigin chucu.

“Bhuel, by daid, a Dhara,” arsa Bean Uí Dhálaigh, “m'anam gur fíor duit é! Tá sé ansin ina cheartlár ceart go leor. Agus, an bhfuil a fhios agat seo,” ar sí, “níl tuairim agam an bhfuil aon cheangal idir an dá fhocal. Ach gheobhaidh mé amach faoi, más féidir.” Bhí a fhios ag Bhean Uí Dhálaigh go raibh an tuairim ann go raibh ceangal siar i bhfad idir an Ghaeilge agus Sanskrit, seanteanga na hIndia.

Bhuel, bhí Dara thar a bheith sásta leis sin uile. Bhí an mhuinín ard anois ann. Agus, de réir mar a lean Bean Uí Dhálaigh uirthi ag caint faoi Gandhi, thosaigh aghaidheanna agus ainmneacha dhaoine eile ag rith trí intinn Dhara. Agus ba é an rud a bhí i gcoitinne ag na daoine sin ná nár aontaigh siad le húsáid an fhoréigin beag ná mór. Rud éigin a dúirt Bean Uí Dhálaigh in imeacht a cainte a chuir ar Dhara cur isteach uirthi arís.

“Gabh mo leithscéal, a Bhean Uí Dhálaigh.”

“Sea, a Dhara,” ar sí, “abair leat.”

“Tá mise ag léamh leabhair faoi láthair faoi fhear darb ainm Martin Luther King, agus chreid seisean sa mhodh céanna a bhí ag Gandhi.”

“Tá an ceart ar fad agat, a Dhara, chreid sé,” arsa Bean Uí Dhálaigh.

“Agus ins an leabhar, a mhúinteoir,” arsa Dara, “tá caibidil amháin dar teideal *I’m Gonna Get Me Some Biiiiiiiig Words*.”

“Mar sin é, a Dhara!”

“Sea, mar chreid Martin Luther King gur láidre an focal labhartha ná an troid fhisiciúil chomh maith.”

“Agus, gabh mo leithscéal, a Bhean Uí Dhálaigh,” arsa cailín ar an taobh eile den tseomra, agus í ag cur isteach ar chomhrá Dhara agus an mhúinteora.

“Sea, a Shiobhán?” arsa an múinteoir.

“Tá fear eile ann, Nelson Mandela, a bhfuil smaointe den chineál céanna aige freisin.”

“Tá, go deimhin, a Shiobhán. Sea, Nelson Mandela na hAfraice Theas.”

“Agus, a Bhean Uí Dhálaigh,” arsa Yashi, “tá bean den chineál céanna i mo thír dhúchais féin, Myanmar, nó Burma mar a tugadh air tráth. Aung San Suu Kyi is ainm di, agus bíonn an sórt céanna ruda á rá aici i gcónaí.”

“Bhuel, bhuel, bhuel, nach iontach ar fad é an t-eolas atá agaibh go léir,” arsa an múinteoir. “Agus nach iontach é go bhfuil an oiread sin daoine den chinéal sin ann.”

Bhuel, dúradh míle rud eile a bhí ar aon dul leis na ráitis sin an lá céanna. Agus ba é toradh an phlé ar deireadh gur bheartaigh na páistí taispeántas dá gcuid féin ar théama na daonnachta a chur ar fáil do dhaltáí eile na scoile.

Ach ní raibh aon halla ceart sa scoil a thógfadh na daltaí ar fad. B’fhearr, a shíl Bean Uí Dhálaigh, an léiriú a chur os comhair daltaí aon rang amháin.

“Bhur rogha féin, a pháistí, cén rang sa scoil a gcuirfimid an léiriú ina láthair dóibh,” ar sí.

“Rang a sé,” arsa Dara ar an toirt.

“Sea, rang a sé,” arsa na páistí go léir ina dhiaidh.

Ar ndóigh, ba é an smaoineamh a bhí in intinní na bpáistí eile ná go bhfeicfeadh daltaí rang a sé chomh maith agus d’fhéadfadh páistí rang a ceathair a bheith. Ach, i gcúl a chinn ag Dara bhí an smaoineamh gurbh é rang a sé ab fheiliúnaí toisc an drochíde a chuala seisean uathu i leith Yashi an lá sin.

Cuma fáth amháin nó fáth eile, ach d’imigh na seachtainí agus tháinig lá an léirithe. Agus bhí píosa tábhachtach le rá ag gach aon dalta as rang a ceathair. Réitigh siad go fiormhaith agus bhí soiléireacht na cainte agus eicspreisean na bpáistí ar fheabhas ar fad. Agus, dá bharr sin uile, ba léir go raibh an fhoclaíocht ag dul i gcion go mór ar dhaltáí rang a sé.

Agus gan ach trí mhír fágtha sa léiriú, sheas Siobhán – an cailín a luaigh ainm Nelson Mandela an lá úd sa seomra ranga – agus thug sí píosa as ceann d’óráidí Mandela.

“Our deepest fear”, ar sí, agus idir chroí agus anam sa chaint aici, “is not that we are inadequate.”

“Our deepest fear is that we are powerful beyond measure.

It is our light, not our darkness, that most frightens us.

We ask ourselves, who am I to be brilliant, gorgeous, talented and fabulous?

Actually, who are you not to be?

You are a child of God.

Your playing small doesn't serve the world.

There's nothing enlightened about

shrinking so that other people

won't feel insecure around you.

We were born to make manifest

the glory of God that is within us.

It's not just in some of us: it's in everyone.

And, as we let our own light shine,

we unconsciously give other people

permission to do the same.

As we are liberated from our own fear,

Our presence automatically liberates others.”

Bhuel, chloisfeá an biorán féin ag titim ar urlár an tseomra ranga agus í á rá. Le linn do Shiobhán a bheith ag tabhairt na hóráide, bhí Dara ag réiteach a intinne féin don bpíos a bhí seisean ag dul a' rá. Ach, ag an am céanna, bhí sé ag faire ar dhaltáí rang a sé agus thug sé faoi deara go ndeachaigh óráid Shiobhán i bhfeidhm go mór orthu. Ach d'aithin sé chomh maith go ndeachaigh sé i bhfeidhm ach go háirithe ar an dtiúr a chaith go dona le Yashi roinnt seachtainí roimhe sin. Gach cosúlacht ar an scéal go raibh an aidhm rúnda a bhí ina chroí istigh ag Dara á baint amach.

Deireadh ráite ag Siobhán agus tháinig Dara ar aghaidh. Bhreathnaigh sé an slua os a chomhair amach, bhreathnaigh sé na múinteoirí, bhreathnaigh sé Yashi ...

“I have a dream,” ar sé, agus stop soicind nó dhó, agus d'aimsigh a shúil súile an triúir úd as rang a sé. *“I have a dream ...”* agus labhair sé amach focail cháiliúla Mhartin Luther King in aghaidh na héagóra, in aghaidh an chiníochais, in aghaidh an oilc. Agus bhí a fhios ag an mbuachaillín go raibh lán a chroí á thabhairt don iarracht aige. Agus, nuair a stop sé den chaint, bhí béal an uile dhuine os a chomhair amach ar leathadh le hiontas. Ansin bualadh bos. B'iad an triúr a rinne an feall ar Yashi ba mhó a thug bualadh bos. Agus, nuair a chiúnaigh na daltaí arís, tháinig Yashi féin ar aghaidh. Ansin labhair Dara athuair.

“Anois, mar bhuille scoir, ba mhaith le Yashi Amki, a tháinig chun na tíre seo as Myanmar na hÁise cúpla mí ó shin, dán a rá. Agus d'fhág Dara an bealach ag Yashi.

“Is aistriúchán é seo,” arsa Yashi, ina ghlór caoin séimh, “a rinne mé féin ar dhán a scríobh banlaoch Myanmar, Aung San Suu Kyi. Agus thosaigh sé isteach ar an dán a rá, ‘s gan oiread agus nóta os a chomhair.

“Dá stróicfeá súil mo chinn,” ar sé.
“Chaochfainn an leathshúil eile ort;
Dá mbascfá mé le maslaí,
Ghuífinn beannacht ort;
Dá gcuirfeá lasair faoi mo róba,
Chaoifinn deora a mhúchta.
Is dá gcaillfeá féin do shúil-se,
Thabharfainn leathshúil duit;
‘S dá ndóifí gach ball éadaigh ort,
Leathfainn ort mo chasóg.”

Deireadh ráite ag Yashi agus bhéic an ciúnas ina mhacalla ar fud an tseomra. Ciúnas a d’fhás air féin agus a d’fhág gach aon duine a d’éist leis na focail a d’imigh roimhe faoi gheasa ag an smaoineamh. Agus, i ndul an chiúnais sin, d’fhill lucht rang a ceathair ar a seomra féin agus a fhios acu go ndeachaigh a n-iarrachtaí i bhfeidhm go mór ar na daltaí sinsearacha.

Ní raibh lá ina dhiaidh sin in imeacht na scoilbhliana ar caitheadh go dona le Yashi Amki arís. Go deimhin, cúpla seachtain tar éis lá an léirithe, tháinig triúr as rang a sé go seomra rang a ceathair. Tháinig siad chun togra a bhí ina n-intinní acu a phlé. Togra maidir le gníomh a dhéanamh ar son daoine a bhí faoi chruatan sa Domhan Thoir a bhí i gceist. Agus an triúr a tháinig chun é a phlé! Bhuel ... ní gá aithne ná ainm. Is leor a rá gur ardaigh sé croí Dhara a fheiceáil cén triúr iad féin go baileach.

Gearrscéal 4: Focalghníomh

An teideal atá ar an ngearrscéal seo ná 'Focalghníomh'. Baineann an scéal le buachaill óg, Dara, atá i rang a ceathair agus an feachtas síochánta a bhunaíonn sé chun deireadh a chur le drochbhulaíocht ina scoil. Léiríonn Dara nach bhfuil gá le foréigean ná troid chun a chuid spriocanna a bhaint amach. Éiríonn leis dul i bhfeidhm ar bhulaithe rang a sé le taispeántas bunaithe ar fhillíocht agus ar óráidí cáiliúla.

An gceapann tú gur teideal oiriúnach é an teideal atá in úsáid ag an údar, mar sin?

Ré Ó Laighléis

Rugadh Ré Ó Laighléis sa bhliain 1953. Tógadh é i Sail an Chnocáin i gContae Bhaile Átha Cliath. Bhain sé céim amach sa Ghaeilge agus sa tSocheolaíocht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, agus chaith sé tamall ina mhúinteoir. Ó 1992 i leith, tá cónaí air sa Bhoireann, Co. an Chláir, agus tá sé ag scríobh go lánaimseartha. Scríobhann sé gearrscéalta agus úrscéalta do pháistí, do dhéagóirí agus do dhaoine fásta.



Gníomhaíocht (TF 1.32)

An féidir leat tuilleadh eolais a aimsiú faoi Ré Ó Laighléis ar líne? Is fiú go mór duit dul go www.portraidi.ie, áit ar féidir leat a lán taighde a dhéanamh ar gach saghas scríbhneora Gaeilge. Tabhair do chuid aiseolais don mhúinteoir ansin i bhfoirm scríofa.



Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.3, 1.15, 1.18, 1.19, 1.20)

Freagair na ceistanna seo ó bhéal leis an duine atá in aice leat. Tabhair abairtí iomlána mar fhreagraí.

1. Cá raibh Dara nuair a chuala sé an cailín as rang a sé ag déanamh bulaíochta ar Yashi?
2. Cárbh as do Yashi agus cén fáth ar éalaigh sé óna thír féin?
3. Cén fáth nach raibh Dara in ann lascadh a thabhairt do Yashi, don bhuachaill as rang a sé?
4. Cad chuige ar cheap Dara gur 'plean réamh-bheartaithe' a bhí sa bhulaíocht?
5. Cén saghas duine í Bean Uí Dhálaigh?
6. Cén saghas dalta é Dara?
7. Cad a dúirt Bean Uí Dhálaigh faoi Gandhi?
8. Cén t-ábhar a bhí sa leabhar a bhí á léamh ag Dara?
9. Cad a bheartaigh na daltaí a chur ar fáil do dhaltaí eile?
10. Cén fáth ar cheap Dara gur plean maith é an taispeántas a chur ar fáil do dhaltaí rang a sé?
11. Luaigh dhá rud a léadh ag an taispeántas?
12. Conas a chuaigh an taispeántas i bhfeidhm ar na bulaithe?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Seo gluais thábhachtach ag dul leis an scéal.

An féidir leat na focail agus na frásaí sa ghluais thábhachtach seo a mheaitseáil le chéile?

Nuair a bheidh an mheaitseáil déanta agat, abair na focail sin agus na frásaí sin ar fad os ard.



Feiliúnach	Croíúil
Daonnacht	Oiriúnach
Mailís	Duine gorm
Séimh	Ag léiriú measa ar gach duine
Plean réamhbheartaithe	Gan aire a thabhairt do dhuine
Muinín	Imeacht
Drochíde	Gangaid
Faoi gheasa	Drochbhéasaí
Éalú	Gan aon mheas a bheith agat ar dhuine
Groíúil	Ag gabháil thart
Easpa measa	Bog
Lascadh	An dearg-ghráin a bheith ag duine do dhuine eile
Teifeach/Teifigh	Léasadh
Bhí a fhios ag Dara ina chroí istigh	Faoi dhraíocht
Ag dul thar bráid	Duine/Daoine ag éalú óna (d)t(h)ír dúchais féin
Gormach	Plean ullmhaithe roimh ré
Drochmhúineadh	Bhí tuairim mhaith ag Dara
Naimhdeas	Tuairim dhearfach a bheith agat de rud

Anois scríobh deich n-abairt ag baint úsáid as deich nath/bhfocal nua a d'fhoghlaim tú agus an gearrscéal seo á léamh agat.

Gníomhaíochtaí (TF 1.7, 1.8, 1.12)

Léigh an phróifíl seo a leanas ar Dhara.

An príomhcharachtar: Dara

Is buachaill óg é Dara atá i rang a ceathair. Is léir ó thús an ghearrscéil seo gur buachaill cliste é atá lán le mórálacht agus daonnacht. Cuireann sé isteach go mór air nuair a chloiseann sé cailín as rang a sé ag rá le Yashi Amki go bhfuil ‘boladh’ air. Tuigeann Dara gur buachaill nua é Yashi a d’éalaigh óna thír dhúchais agus gur teifeach atá ann. Tá trua aige do Yashi agus ceapann sé ‘go raibh dóthain den chineál sin drochíde faighte ag an leaidín bocht sin ina thír féin cheana féin’.

Ar dtús, cuimhníonn Dara ar léasadh a thabhairt do na buachaillí i rang a sé a ghlaonn ‘moncaí’ agus ‘goirmín’ ar Yashi ach tuigeann sé go bhfuil sé róbheag chuige sin agus nach ‘bealach ar bith é an troid chun fadhb a réiteach.’ Léiríonn an tuairim seo gur buachaill an-aibí é Dara, níl aon spéis aige sa troid fhisiciúil. Agus é ar ais sa seomra ranga, cuireann an méid a chonaic agus a chuala sé as go mór dó. Ní éistean sé leis an múinteoir ach is buachaill an-éirimiúil é Dara nach bhfuil aon fhadhb aige leis an mata. Tá an-mheas ag an múinteoir Bean Uí Dhálaigh air agus tuigeann sí go bhfuil rud éigin mícheart leis. Nuair a thosaíonn sí ag labhairt ar Gandhi spreagann sí Dara chun gnímh. Luann sé Martin Luther King agus an leabhar atá á léamh aige faoi. Spreagann a chuid cainte na daltaí eile sa rang chun labhairt faoi ghníomhaithe eile a throid nó a throidéann ar son cearta daonna. Labhraíonn Yashi, fiú amháin! Ar deireadh, beartaíonn an rang taispeántas ar ‘théama na daonnachta’ a chur ar fáil do dhaltaí eile sa scoil. Tapaíonn Dara a dheis agus deir sé gur cheart an taispeántas a léiriú do dhaltaí rang a sé mar ‘i gcúl a chinn ag Dara bhí an smaoineamh gurbh é rang a sé ab fheiliúnaí toisc an drochíde a chuala seisean uathu i leith Yashi an lá sin.’ Ar deireadh, tagann lá an taispeántais agus tuigeann Dara go bhfuil an lámh in uachtar faighte aige ar na daltaí gránna i rang a sé atá faoi dhraíocht ag na hórídí áille a thugann sé agus a chomhscoláirí. Ní hamháin sin ach faigheann Yashi deis aistriúchán ar dhán óna thír dúchais a léamh do na daltaí eile, rud a théann i bhfeidhm go mór orthu. Is cinnte gur buachaill cliste, mothálach, daonna agus spéisiúil é Dara sa ghearrscéal seo a léiríonn gur fiú an gníomh síochánta i gcoinne na héagóra.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32)

Anois, líon isteach na próifíleanna seo a leanas ar na carachtair thíos:

Bean Uí Dhálaigh



Yashi Amki




Na daltaí gránna ó rang a sé



Tá ceathrar de laochra chearta daonna an fichiú haois luaite sa ghearrscéal seo


Mahatma Gandhi.

Rugadh é san India sa bhliain 1869. Ba as teaghlach meánaicmeach dó. Ba dhlíodóir é agus chaith sé roinnt blianta ina chónaí san Afraic Theas. Tháinig sé ar ais chun na hIndia sa bhliain 1915 agus thosaigh sé láithreach ag iarraidh cearta sibhialta agus neamhspleáchas a bhaint amach do na hIndiaigh. Bhain siad an neamhspleáchas sin amach ón mBreatain sa bhliain 1947. Faraor maraíodh é an bhliain dár gcionn ach cuimhníonn muintir na hIndia air fós mar athair an náisiúin.




Martin Luther King

Rugadh Martin Luther King in Georgia, Meiriceá, sa bhliain 1929. B'urramach é a athair agus lean Martin Jr bóthar a athar. Thug Martin faoi deara go raibh na húdaráis ag caitheamh go hainnis leis na daoine gorma i Meiriceá agus é ag fás aníos. Theastaigh uaidh rud éigin a dhéanamh agus dlíthe na tíre a athrú. Chreid sé go mór san agóid shíochánta chun aidhmeanna polaitiúla a bhaint amach. B'fhuath leis an foréigean. Maraíodh é sa bhliain 1968 in Tennessee. Bhain sé an t-uafás amach do dhaoine gorma Mheiriceá le linn a shaoil.



Nelson Mandela

Rugadh Nelson Mandela san Afraic Theas sa bhliain 1918. Ba dhlíodóir é. Cheap sé go raibh dlíthe na hAfraice Theas éagórach agus theastaigh uaidh iad a athrú ó bhonn. Cuireadh isteach sa phríosún é sa bhliain 1962 agus chaith sé seacht mbliana is fiche i ngéibheann. Scaoileadh saor é sa bhliain 1990 agus toghadh é mar Uachtarán na hAfraice Theas sa bhliain 1994. Fuair sé bás sa bhliain 2013.



Aung San Suu Kyi

Rugadh í sa bhliain 1945 in Maenmar. Ba pholaiteoir cáiliúil é a hathair. Bhunaigh sí páirtí polaitíochta in Maenmar sa bhliain 1988. Bhí an tArm i bhfeighil na tíre ag an am agus cé go raibh formhór mór de mhuintir Mhaenmar ina aghaidh dhiúltaigh siad an chumhacht a thabhairt ar lámh go dtí na páirtithe polaitíochta. Gabhadh Suu Kyi sa bhliain 1989 agus chaith sí na blianta faoi bhraighdeanas baile (under house arrest) go dtí gur ghéill an tArm sa deireadh sa bhliain 2012. Tá sí ina comhairleoir stáit ó shin. Tá a lán conspóide fúithi i láthair na huaire mar gheall ar an gcaoi ar chaith sí le grúpa beag de mhoslamaigh a bhí ina mionlach sa tír.



Gníomhaíocht (TF 1.31)

Anois, déan tusa agus cara leat **taighde** ar dhuine de na laochra seo ar líne. Faighigí amach faoina **saol** agus faoi na **luachanna** ar chreid siad iontu. Ansin, cuirigí an t-eolas sin ar fad le chéile agus déanaigí é a chur i láthair os comhair an ranga i bhfoirm dhigiteach.

Gníomhaíocht (TF 1.17, 1.20, 1.27)

Tá téama an-láidir na bulaíochta le feiceáil sa ghearrscéal seo. Leis an teideal ‘bulaíocht’ déanaigí grúpaí beaga de thriúr nó ceathrar agus scríobhaigí bhur ndrámá féin bunaithe ar an teideal. Ansin, léirigí an dráma os comhair an chuid eile den rang. Déanaigí iarracht bhur samhlaíocht a úsáid agus a bheith difriúil leis an gcur chuige atá agaibh. Is féidir libh tuairisc a scríobh ar an dráma don phunann freisin.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.32, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5)

- Scríobh **blag** faoin mbulaíocht i scoileanna na hÉireann.
- Samhlaigh gur tusa Bean Uí Dhálaigh. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche tar éis an taispeántais.
- Lig ort gur iriseoir de chuid TG4 thú a fuair cuireadh dul chuig an taispeántas sa scoil. Scríobh amach **an t-agallamh** a chuir tú ar Dhara tar éis na hócáide.
- Samhlaigh gur duine de na daltaí gránna i rang a sé thú. Scríobh **an litir** a chuirfeá chuig Yashi ag gabháil do leithscéil as an droch-chaoi ar chaith tú leis.



[illegible]

Goimh agus Scéalta eile





Díol agus Ceannach

MÁIRÍN NÍ CHOINCEANAINN

Bhí Liam agus a mháthair ina suí sa gcisteanach ag ól tae. Bhí siad ag caint ar rud a bhí ag cur as do Liam le tamall.

“Ach a Mham” arsa Liam, “caithfidh mé imeacht. Níl aon obair le fáil sa tír seo níos mó.” “Nach féidir leat a ghabháil ag plé le faochain?” a deir a mháthair. “Chuala mé go bhfuil pingin mhaith le déanamh astu.”

“Níl mé le hasal a dhéanamh dhíom féin á mbaint sin,” arsa Liam.

“Bhuel, cén jab ar an domhan seo nach bhfuil obair ag baint leis?” a d’fhiafraigh a mháthair dhe. “Tá obair ag baint le chuile jab ach ní hé obair an asail atá uaim,” a d’fhreagair Liam go cantalach. “Níl fonn orm a bheith ag éisteacht leis seo!” a dúirt sé agus é ag éirí ina sheasamh. “Tá mé ag dul síos ag an teach ósta le haghaidh deoch a bheith agam.”

Tháinig Liam anuas staighre ar maidin agus tinneas cinn uafásach air. Bhí sé deich n-uaire níos measa nuair a thosaigh a mháthair ag gearán. Bhí na billí uileag le n-íoc agus bhí an t-airgead chomh gann sin sa teach go raibh faitíos uirthi an braon bainne a cheannach. D’éirigh idir an bheirt acu arís agus ba ghearr gur thosaigh an mháthair ag caoineadh. Bhí sí scanraithe i dtaobh cúrsaí airgid ach ag an am céanna níor theastaigh uaithi go gcaithfeadh Liam an bhaile a fhágáil. Bhuail aiféala Liam. Le teann trua dá mháthair dúirt sé léi go rachadh sé amach ar thóir jab ag baile, ach go raibh faitíos air nach mbeadh sé ró-éasca a leithéid a fháil.

Chaith Liam an lá ar fad ag siúl na cathrach ag tóraíocht oibre. Ach ní raibh aon mhaith dhó ann. Ní raibh obair le fáil in aon áit. Chuaigh sé isteach ar deireadh i dteach ósta a bhí i ngar do na duganna le fiafraí an mbeadh aon obair acu. Fad is a bhí Liam sa teach ósta bhí fear ina shuí ag breathnú air agus meangadh gáire aisteach air. Thar éis tamaill shiúil an fear seo anall agus shuigh sé le taobh Liam.

“Chuala mé go bhfuil tú ag cuartú jab,” a dúirt sé.

Dúirt Liam go raibh. D'inis mo dhuine do Liam go mbeadh jab aige dhó dá gcasfadh sé leis an oíche sin i gCúlstráid an Duga. Bhí Liam sásta, cé go raibh cineál faitís air roimh an bhfear strainséartha seo.

Thug Liam a aghaidh ar Chulstráid an Duga. Ní raibh sé in ann mo dhuine a fheicéail ar dtús. Thosaigh sé ag glaoch air.

“Hóigh! Heileó.”

“Dún do chlab a amadáin,” a dúirt mo dhuine go garbh, “nó beidh an baile dúisithe agat!” “Tá brón orm,” arsa Liam.

“Anois, bhí tú ag toraíocht oibre inniu, nach raibh?”

“Bhí, ceart go leor. An bhfuil obair agat dhom?” “Tá,” arsa mo dhuine, “Ach is obair rúnda í. Ní féidir focal a rá le deoraí. Le duine ná deoraí, an dtuigeann tú é sin?”

“Tuigim,” a deir Liam.

“Is maith sin. Bhuel, tá bád áirithe ag teacht i dtír amárach. Gheobhaidh tú mála ó dhuine de mhairnéalaigh an bháid. Tabharfaidh sé liosta seoltaí dhuit chomh maith. Tabharfaidh tusa an stuif atá sa mhála go dtí na seoltaí sin. Sin a bhfuil le déanamh agat. Bí anseo chuile mhaidin ag ceathrú chun a cúig agus déan an rud céanna.” Bhual aimhreas Liam.

“Níl seo in aghaidh an dlí ná tada, an bhfuil?”

“An bhfuil an obair uait nó nach bhfuil?” a deir mo dhuine, agus sháigh sé slám mór airgid isteach i lámh Liam. Nuair a chonaic Liam an méid airgid a bhí ann las na súile ina cheann. Shocraigh sé go dtógfadh sé an jab. Bhí cineál faitís air fós, ach bhí na billí le n-íoc.

Mhínigh mo dhuine chuile rud a bheadh le déanamh aige agus rinne Liam mar a iarradh air. Thar éis cúpla mí bhraith sé go raibh sé saibhir. Ach dá mhéad airgid a shaothraigh sé, is ea is santaí a d'éirigh sé. Tráthnóna amháin agus Liam suite ina sheomra ag breathnú ar an mála, rith smaoineamh leis. D'fhéadfadh sé cuid den stuif a choinneáil dhó féin le díol. Nach bhféadfadh sé a rá le mo dhuine gurb amhlaidh nár tugadh an méid ceart den stuif dhó? Níorbh fhada go raibh an plean oibrithe amach aige. Uaidh sin amach chuile uair dá bhfuair Liam mála choinnigh sé cuid den stuif dhó féin agus fuair sé réidh leis an gcuid eile mar a dhéanadh sé i gcónaí. Ach de réir a chéile bhí mo dhuine ag éirí amhrasach faoin scéal a bhí ag Liam dhó. Maidin amháin lean sé Liam agus chonaic sé é ag cur cuid den stuif ina phóca féin. Bhí sé ag dul in aer agus chuaigh se chomh fada le Liam i lár na hoíche. Thug sé batráil mhaith dhó faoina ndearna sé agus d'fhógair sé gan é a dhéanamh arís. Chuir Liam glaoch ar na gardaí an lá dár gcionn faoin mbatráil a bhain dhó agus gabhadh mo dhuine. Bhí Liam ag ceapadh go raibh sé sábháilte ansin.

Chuaigh Liam go dtí an teach ósta oíche amháin. Bhí sé deireanach go maith nuair a d'fhág sé. Ach níor bhain sé an baile amach riamh. Ní raibh tasc ná tuairisc ar Liam nó go bhfuarthas é an mhaidin dár gcionn i gCúlstráid an Duga. Bhí sé marbh. Nuair a chonaic mo dhuine an scéala ar an teilifís agus é sa bpríosún séard a dúirt sé leis féin:

“Dá fhad a théann an sionnach, beirtear air sa deireadh.”

Ansin rinne sé gáire beag mailíseach.

Gearrscéal 3: Díol agus Ceannach

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.10)

Féach ar theideal an ghearrscéil seo, ‘Díol agus Ceannach’. Cén saghas scéil atá os do chomhair amach le teideal den chineál sin an gceapann tú? An dtugann an pictiúr atá os cionn an teidil aon leid duit?



Gníomhaíocht (TF 1.27)

Díol agus Ceannach


A	H	T	R	A	É	S	N	I	A	R	T	S	J	E
N	G	G	W	D	F	W	U	J	A	F	U	O	H	T
Á	F	N	I	T	O	R	A	Í	O	C	H	T	L	L
D	L	W	H	A	I	A	G	M	W	T	I	G	Y	I
A	U	D	C	T	L	U	B	S	B	A	B	D	F	D
M	X	D	A	A	Y	A	M	V	R	A	X	J	A	I
A	G	C	E	C	M	B	É	N	K	B	H	D	I	Z
D	U	F	S	R	R	H	A	N	Í	B	R	D	T	J
L	S	Z	Í	A	L	C	R	B	R	A	V	A	Í	B
Í	S	U	L	U	S	M	A	A	B	I	R	F	O	H
U	X	M	I	E	I	T	G	W	S	E	A	O	S	N
S	F	D	A	X	R	B	P	V	S	A	I	M	E	D
J	P	K	M	Á	N	Á	R	A	E	G	C	Z	E	D
P	K	K	I	R	Ú	N	D	A	S	R	H	H	L	P
J	R	L	F	Z	H	T	S	N	Z	X	U	B	F	Z

Amadán	Amhrasach	Batráil
Braon	Deoraí	Dlí
Faitíos	Garbh	Gearán
Mailíseach	Mairneálaigh	Rúnda
Scanraithe	Strainséartha	Tóraíocht

Gníomhaíocht (TF 1.30)

Freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Tá sé an-deacair do Liam jab a aimsiú sa bhaile. An bhfuil trua agat dó?
2. Tá aighneas le feiceáil idir Liam agus a mháthair. Cén fáth?
3. An dóigh leat gur duine ciallmhar é Liam nuair a ghlacann sé le jab an fhir sa teach ósta?
4. Cén fáth a leanann Liam leis an obair mhídhleathach?
5. An ndearna Liam an cinneadh ceart dul chuig na Gardaí faoin mbatráil?
6. Céard a tharla do Liam ag deireadh an ghearrscéil seo, meas tú?



Gníomhaíocht (TF 1.16, 1.17, 1.18)

Seo gluais thábhachtach ag dul leis an scéal.

Abair na focail seo ar fad os ard leis an duine in aice leat.

1. ag cur as do Liam: ag cur isteach ar Liam
2. faochain (faocha): saghas éisc
3. pingin mhaith: airgead maith
4. asal a dhéanamh de dhuine: amadán a dhéanamh de dhuine
5. níl fonn orm: ní theastaíonn uaim
6. D'éirigh idir an bheirt acu: bhí easaontas idir an bheirt acu
7. teann trua: mothú an trua
8. ar thóir: ag lorg
9. ní raibh aon mhaith dó ann: níor éirigh leis
10. ag cuartú: ag lorg
11. dún do chlab: éirigh as an gcaint
12. ní féidir focal a rá le deoraí: ná habair rud ar bith le haon duine
13. Uaidh sin amach: ó shin i leith
14. batráil: léasadh
15. mailíseach: gangaideach

Gníomhaíocht (TF 2.1)

Anois, ag baint úsáid as deich nath/bhfocal nua cuir in abairtí iad.

Gníomhaíocht ar an Aidiacht Shealbhach

Tá roinnt samplaí den **Aidiacht Shealbhach** le feiceáil sa ghearrscéal ‘Díol agus Ceannach’. An féidir leat féin agus leis an duine in aice leat cúig shampla den Aidiacht Shealbhach a aimsiú ón ngearrscéal ‘Díol agus Ceannach’? Féach go géar tríd an ngearrscéal, is ann do na samplaí!

	Ainmfhocal a thosaíonn le consan		Ainmfhocal a thosaíonn le guta
mo	H	Mo	m’
Do	H	Do	d’
A	H	A	X
A	X	A	h
Ár	Urú	Ár	Urú
Bhur	Urú	Bhur	Urú
A	Urú	A	Urú

Féach anois ar na samplaí seo

	Ainmfhocal a thosaíonn le consan		Ainmfhocal a thosaíonn le guta
Mo	bhord		m’úll
Do	bhord		d’úll
A	bhord		a úll
A	bord		a húll
Ár	mbord		ár n-úll
Bhur	mbord		bhur n-úll
A	mbord		á n-úll

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

Scríobh na habairtí seo amach i gceart sa spás atá tugtha faoi gach abairt.

1. Taitníonn an Ghaeilge go mór le mo (máthair).

2. D'fhág sé a (geansaí) ar an bpáirc peile inné.

3. Fuaireamar ár (bus) sa chathair agus chuamar abhaile.

4. Bhí a (ceann) ag cur fola agus chuir a mam glaoch ar an otharcharr.

5. Tháinig a (aintín) ar cuairt agus bhí athas an domhain uirthi.

6. Chaill ár (athair) a chuid airgid sa Spáinn agus bhí air filleadh abhaile.

7. Bhí an oíche fliuch stoirmiúil agus d'fhan mé i mo (teach).

8. Ní maith leo a (éide scoile) agus bíonn siad i dtrioblóid leis an bpríomhoide go minic.

9. Chaith sí a lán ama ag féachaint ar an teilifís ina (óige).

Gníomhaíocht (TF 2.7)

Tá an scéal seo scríofa i nGaeilge Chonamara. An féidir leat na focail chaighdeánacha do na focail seo a leanas a aimsiú ar www.focloir.ie?



Cisteanach	
Faochain	
Chuile	
Dhom	
Dhuit	
Tada	
Ag an	
Uileag	
Chuile	
Aimhreas	

Sa + h i gcónaí (go caighdeánach), ach i gConamara **deir siad** sa mbosca, sa gcupán, sa mbuidéal.

Le n-íoc i gConamara ach **le híoc** sa scríobh

Le **dhúine** ná deoraí i gConamara ach **le dúine** ná deoraí **sa scríobh**

Gníomhaíocht (TF 1.17)

Pléigh na carachtair éagsúla sa scéal seo leis an dalta in aice leat. Cén carachtar is fearr leat? Cén carachtar nár thaitin leat? An féidir leat pictiúr a tharraingt de na carachtair sin agus liosta aidiachtaí a chur in aice leo?

Ag déanamh comparáidí agus codarsnachtaí (TF 1.13)

‘Bíonn an fhírinne searbh’ le Mícheál Ó Ruairc agus ‘Díol agus Ceannach’ le Máirín Ní Choinceanainn

Léigh mé an gearrscéal ‘Bíonn an fhírinne searbh’ le Mícheál Ó Ruairc agus ‘Díol agus Ceannach’ le Máirín Ní Choinceanainn agus bhraith mé go raibh an bheirt phríomhcharachtar Seoirse agus Liam an-chosúil lena chéile ar roinnt bealaí. In ‘Bíonn an fhírinne searbh’ is buachaill amaideach é Seoirse. Cé go n-éiríonn leis áit a bhaint amach ar fhoireann shóisearach an chontae san iománaíocht tá sé amaideach agus caitheann sé a sheans uaidh. Ní ghlacann sé le comhairle a mhúinteoirí, éistean sé le moltaí a chairde agus téann sé ag ragairne gach oíche seachas dul ag traenáil chun a áit a choimeád ar an bhfoireann. Sa ghearrscéal ‘Díol agus Ceannach’ tá Liam amaideach freisin. Ní éistean sé le comhairle a mháthar nuair a mholann sí dó ‘gabháil ag plé le faochain’. Bheadh náire air a leithéid d’obair a dhéanamh. Glacann sé le post an fhir ghairbh in áit obair mhacánta a dhéanamh agus tá sé an-soineanta nuair a cheapann sé gur féidir leis goid uaidh i ngan fhios dó. Léiríonn Liam a amaideacht freisin nuair a cheapann sé gur féidir leis sceitheadh ar an bhfear garbh. Ní thuigeann sé gur fear an-chontúirteach é an fear garbh agus go bhfuil cluiche dáinséarach á imirt aige.

Ar bhealaí eile, áfach, tá Liam agus Seoirse difriúil. Tá Seoirse an-leithleasach. Ní smaoiníonn sé ar a theaghlach, ar a mhúinteoirí ná ar na himreoirí eile ar an bhfoireann. Ní chuimhníonn sé ach air féin agus ar a stádas mar imreoir idirchontae. Tá sé an-leithleasach dul amach ag ragairne gach oíche mar ní léiríonn sé meas ar aon duine eile. Ceapaim féin go bhfuil Liam níos cineálta. Tuigeann sé go bhfuil a mháthair faoi bhrú ó thaobh an airgid de agus teastaíonn uaidh cabhrú léi. Tuigeann sé, freisin, gur mhaith léi go bhfanfadh sé sa bhaile agus go mbeadh sí uaigneach ina haonar gan é. Is dóigh liom go n-éiríonn Liam níos leithleasaí de réir mar a thuilleann sé airgead, áfach. Stadann sé de bheith ag cuimhneamh ar aon duine eile ach air féin agus ar an méid airgid is féidir leis a thuilleamh go héasca.

Is dóigh liom, mar sin, gur féidir a lán cosúlachtaí agus codarsnachtaí a aimsiú sa dá ghearrscéal seo agus gur fiú go mór iad a léamh!

Gníomhaíocht (TF 2.8, 2.11)

Tá seanfhocal an-spéisiúil úsáidte ag an údar ag deireadh an ghearrscéil seo, ‘Dá fhad a théann an sionnach, beirtéar air sa deireadh’. An dtuigeann tú an seanfhocal seo? Fiosraigh brí an tseanfhocail ar líne nó cuir ceist ar do mhúinteoir. Cén fáth a bhfuil an seanfhocal seo oiriúnach do dheireadh an ghearrscéil, meas tú? Ar fhoghlaím tú aon cheacht ag deireadh an ghearrscéil seo? Scríobh **tuairisc** i do phunann faoin gceacht sin.

Gníomhaíocht (TF 1.32)

An féidir leat cúpla líne a scríobh faoi na téamaí seo a leanas atá le feiceáil sa ghearrscéal seo? Is éard is téama ann ná an príomhtheachtairacht atá le sonrú sa scéal. Pléigh an méid atá scríofa agat i ngrúpaí de cheathrar agus ansin tabhair aiseolas don rang ina iomláine.

Bochtanas

Soineantacht

Contúirt an tsaoil mhóir

Grá teaghlaigh

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.32, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5)

- Scríobh do **scéal** féin a bhfuil an teideal 'Dá fhad a théann an sionnach, beirtear air sa deireadh.' Déan iarracht do shamhlaíocht a úsáid.

- Lig ort gur tusa an fear garbh. Scríobh **ríomhphost** chuig an gcara a mharaigh Liam an oíche sin ag rá go bhfaca tú an tuairisc nuachta faoi imeacht Liam.



- Lig ort gur iriseoir de chuid Tuairisc.ie thú. Scríobh **alt nuachta** faoi imeacht Liam agus an cuardach atá ar siúl dó. Pléigh na cúinsí a bhain lena imeacht.

- Samhlaigh gur tusa máthair Liam. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche a fuair tú amach go ndeachaigh sé ar iarraidh. Léirigh do chuid mothúchán.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Gníomhaíocht (TF 3.8, 3.9)

Ní bhíonn deireadh leis an léitheoireacht choíche...

Más rud é gur thaitin an scéal seo leat cén fáth nach bhfaighfeá cnuasach gearrscéalta eile a bhaineann le daoine óga a bhíonn i dtrioblóid nó a dhéanann rudaí as an tslí?

Seo moladh duit....

Katfish agus Scéalta eile le hÓgie Ó Céilleachair



“Tá tú ceithre bliana déag d’aois, “ a dúirt a hathair, “ ní gnó déagóra é dul ag máirseáil.”

“Tá ceithre bliana déag sean go leor,” a dúirt Aoibheann, “agus tá an léirsiú seo tábhachtach.”

“Léirsiú atá anois ann,” a dúirt a hathair, “Léirsiú! Dúirt tú gur ag máirseáil a bhí tú. Ní hionann léirsiú agus máirseáil.” Bhí a ghlór ag éirí níos géire.

“Máirseáil agus léirsiú le chéile atá ann,” a dúirt Aoibheann, “agus tá sé tábhachtach.”

“Cén fáth go bhfuil tú ag dul ag máirseáil?” a dúirt a hathair arís.

Thuig Aoibheann nach raibh rogha ar bith eile aici; bhí uirthi an fhírinne a insint.

“Tá mé ag máirseáil in aghaidh an chogaidh san Iaráic,” a dúirt sí. Labhair sí chomh ciúin sin gur ar éigean a chuala a hathair í.

“Abair sin arís. Cogadh?” a dúirt sé. Chorraigh sé ina chathaoir. Droch-chomhartha é sin, a dúirt Aoibheann léi féin, tá sé ag éirí tógtha anois. Má éiríonn sé tógtha, éireoidh sé feargach ar ball.

“Tá mé ag máirseáil in aghaidh an chogaidh san Iaráic,” a dúirt sí. “Níl an cogadh cothrom. Ní thacaím leis,” a dúirt sí chomh muiníneach agus a thiocfadh léi.

Stán a hathair uirthi. Níor chorraigh sé. Stán Aoibheann ar an tósta; ní raibh ocras uirthi:

“Ní ligfidh sé dom dul ag máirseáil.” D’amharc sí ar a hathair; bhí sé ag stánadh uirthi go fóill.

“Cé atá ag dul leat?” a d’fhiafraigh sé sa deireadh.

“Cairde ón rang,” a dúirt Aoibheann, “tá scaifte againn ag dul. Buailfidh muid le chéile agus rachaidh muid ar an máirseáil le chéile.”

“An mbeidh do ghuthán póca leat?”

“Beidh.”

“Ní bheidh sibh ag dul faoi scairt asail de theach tábhairne?”

“Ní bheidh.”

“Tiocfaidh tú abhaile láithreach má bhíonn aon trioblóid ann?”

“Tiocfaidh.”

“Ní bheidh baint ná páirt agat le strainséirí?”

“Ní bheidh.”

“Maith go leor,” a dúirt a hathair sa deireadh, “tá cead agat dul.”

Stán Aoibheann air agus dúirt go héiginnte: “Tá cead agam dul?”

“Tá,” a dúirt a hathair, “tá muinín agam asat. Is duine ciallmhar tú. Tig leat dul – ach bí cúramach.”

Tháinig Aoibheann abhaile ón mháirseáil an tráthnóna sin agus sceitimíní uirthi.

“Cad é mar a bhí an ócáid?” a d’fhiafraigh a hathair di.

“Bhí lá ar dóigh agam,” a dúirt Aoibheann, “bhí na mílte duine i láthair. Bhí ceol ann agus óráidí. Bhí sé chomh callánach sin. Tá áthas orm gur ghlac mé páirt ann; tá áthas orm go raibh mé ann. B’iontach an mháirseáil í.”

“Agus ní raibh trioblóid ar bith ann?”

“Ní raibh, a dhaid, ní raibh trioblóid ar bith ann. Bhí gach aon duine iontach caradach le chéile. Lá ar dóigh a bhí ann,” a dúirt Aoibheann.

Bhí sí saite sna tuairiscí teilifíse an oíche sin. Stán sí ar na mílte duine ag siúl na sráideanna agus smaoinigh sí léi féin: “Tá mise ina measc. Shiúil muid uilig le chéile ar son na síochána.”

Léigh sí gach tuairisc nuachtáin faoin léirsiú. Bhí díomá uirthi go raibh cuid de na hiriseoirí chomh fuar sin faoin ócáid. Leoga, bhí cuid acu maslach ar fad. Shocraigh sí litir a scríobh chun na nuachtán ag míniú cad chuige a ndeachaigh sí féin ag máirseáil. Cheannaigh sí na nuachtáin ar fad an tseachtain sin ach níor fhoilsigh ceann ar bith acu a litir. Bhí díomá uirthi arís ach níor chaill sí a misneach.

Tháinig an Satharn arís agus d’éirigh sí go luath arís. Bhí a hathair sa chistin arís. “Ná habair liom go bhfuil tú ag máirseáil an tseachtain seo arís?” a dúirt sé agus iontas ina ghlór.

“Tá mé,” a dúirt Aoibheann agus fios aici nach stopfadh a hathair í an iarraidh seo.

“An ag máirseáil ar son na síochána san Iaráic atá tú?” a d’fhiafraigh sé.

“Ní hé. Tá mé ag máirseáil ar son daoine ocracha an domhain. Beidh mé ar ais in am don dinnéar. Slán,” a dúirt sí. Stán a hathair ar an doras agus í ag fágáil. Bhí a iníon iontach dáiríre faoi na cúiseanna seo agus chuir sin a sheacht n-iontas air.

Tháinig Aoibheann ar ais an tráthnóna sin. Bhí sí tógtha arís faoin ócáid agus bhí mórán bileog eolais aici.

“An raibh tairbhe ar bith ann?” a d’fhiafraigh a hathair di.

“Bhí,” a dúirt sí. Stán sí ar an nuacht teilifíse an oíche sin ach focal faoin léirsiú ní raibh ann. Léigh sí na nuachtáin an tseachtain ina dhiaidh sin. Rinne siad neamhiontas iomlán den ócáid. Bhí díomá uirthi agus fearg. Scríobh sí arís chun na nuachtán. “Ní ligfidh mé dóibh neamhiontas a dhéanamh de seo,” a dúirt sí. Chuir sí an litir chucu ar an ríomhphost. Léigh sí gach nuachtán an tseachtain ina dhiaidh sin. Níor fhoilsigh ceann ar bith acu a litir. Bhí díomá uirthi. Ba mheasa ná díomá é; bhí lionn dubh uirthi. Ní raibh sí ag déanamh difear ar bith. Níorbh fhiú dul ag máirseáil; níorbh fhiú scríobh chun na nuachtán; níorbh fhiú an tairbhe an trioblóid. Bhí sí ag cur a cuid ama amú.

Tháinig an Satharn arís. D'éirigh Aoibheann go drogallach agus chuaigh isteach sa chistin. Chonaic a hathair go raibh smúid uirthi. "Cad é atá ort?" a d'fhiafraigh sé.

"Níl tada orm," a dúirt sí go brónach.

"Tá rud éigin ort, is léir," a dúirt sé. "Cad é atá ort? Abair liom. Suigh agus labhair liom."

Shuigh Aoibheann go drogallach; bhí pus uirthi.

"An Satharn atá ann. An bhfuil tú ag dul ag máirseáil?" a d'fhiafraigh a hathair go cineálta.

"Tá léirsiú ann ach ní dóigh liom go rachaidh mé," a d'fhreagair sí.

"Cad é an chúis atá ann an iarraidh seo?" a dúirt daid.

"Cearta páiste a chosaint," a dúirt sí i mbeagán focal.

"Tá sin tábhachtach," a dúirt a hathair.

"Tá," a dúirt Aoibheann.

"Cad chuige nach bhfuil fonn ort dul an iarraidh seo?" a d'fhiafraigh daid di.

Stán Aoibheann ar an tábla. "Ní fiú," a dúirt sí.

"Ní fiú cearta páiste?" a dúirt a hathair.

"Ní hé sin é," a dúirt sí, "ní fiú máirseáil. Ní fiú léirsiú. Ní dhéanann sé difear ar bith do na cúrsaí seo. Tá cogadh san Iaráic; tá daoine ag fáil bháis den ocras. Cad é an difear a rinne sé do dhuine ar bith mise bheith ag máirseáil?"

"Tuigim," a dúirt a hathair. Thost sé tamall beag. "Á, bhuel," a dúirt sé. D'éirigh sé agus chuir sé air a chóta.

"Cá bhfuil do thriall?" a d'fhiafraigh Aoibheann de.

"Tá mise ag dul ag máirseáil," a dúirt a hathair léi. "Rinne do mháirseáil ar fad difear mór domsa."

Gearrscéal 5: Eachtraí Aoibhne

Gníomhaíocht (TF 1.15, 1.16)

Is déagóir lán le haislingí don todhchaí, smaointe faoin tsochaí agus tuairimí faoi fhadhbanna í Aoibheann sa ghearrscéal seo. Is féidir le daoine óga a bheith páiseanta faoi roinnt ábhar. An bhfuil tú páiseanta faoi aon ábhar ar leith cosúil leis an timpeallacht nó leis an mbochtanas? An bhfuil tú i do bhall den chumann Amnesty International nó an bhfuil tú ar an gcoiste timpeallachta ar scoil? An gcreideann tú gur féidir le daoine óga difríocht a dhéanamh? **Pléigh** na ceistanna sin le chéile mar rang.



Greta Thunberg

Is déagóir í Greta Thunberg a bhunaigh gluaiseacht idirnáisiúnta ar son na timpeallachta agus gan í ach 15 d'aois. Ó aois óg chuir drochstaid na haeráide as go mór di agus thosaigh sí ag agóidíocht taobh amuigh de Pharlaimint na Sualainne. Sa bhliain 2018 spreag sí daoine óga eile ar fud an domhain le dul amach ar stailc scoile chun aird daoine fásta a dhíriú ar fhadhb phráinneach na haeráide. Ó shin i leith, tá sí ina gníomhaí ar son na timpeallachta agus tá cáil bainte amach aici.



Malala Yousafzai

Is bean óg í Malala Yousafzai atá ina gníomhaí ar son oideachas na mban agus na bpáistí sa Phacastáin. Sa tír sin is ann do ghrúpa radacach, An Taliban, a chreideann nach bhfuil na cearta daonna céanna ag mná is atá ag fir. Chuir sin as go mór do Mhalala agus thosaigh sí ag agóidíocht ar son oideachas cailíní óga ina ceantar. Agus í ag filleadh ón scoil ar an mbus lá amháin, scaoileadh piléar léi agus bhí sí go dona tinn. Tháinig biseach uirthi áfach agus tá cónaí uirthi i Sasana anois, áit a bhfuil sí ag staidéar. Bhunaigh sí The Malala Fund a chabhraíonn le mná agus páistí teacht ar dheiseanna oideachais.



Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.31, 1.32)

I mbeirteanna, **déan tuilleadh taighde** ar Greta agus ar Malala ar líne.

An gceapann sibh go bhfuil aon **chosúlachtaí** idir an bheirt acu agus Aoibheann sa ghearrscéal seo? Cad iad na cosúlachtaí atá eatarthu? An bhfuil aon **chodarsnachtaí** eatarthu? Scríobh amach liosta díobh.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

Anois, scríobh cuntas ar Greta nó ar Mhalala agus cuir i do phunann é.

Pól Ó Muirí

Is iriseoir aitheanta é Pól Ó Muirí a rugadh i mBéal Feirste sa bhliain 1965. Bhain sé PhD amach sa Léann Ceilteach sa bhliain 1993 agus ó shin i leith tá sé ag iriseoireacht leis. Chaith sé os cionn deich mbliana mar eagarthóir Gaeilge *The Irish Times* agus scríobhann sé go rialta do www.tuairisc.ie. Is iomaí dráma raidió, leabhar próis agus cnuasach filíochta atá foilsithe aige.



Gníomhaíocht (TF 1.19, 1.20, 1.21)

An bhfuil aon rud sa bhlúire eolais thuas a léiríonn duit gur duine é Pól Ó Muirí atá síite i gcúrsaí reatha cosúil le hAobheann? Cad a spreag an scéal seo ann, an dóigh leat? Pléigh sin leis an duine in aice leat.

Gníomhaíocht

Anois, líon isteach an crosfhocal seo.


Eachtraí Aoibhne

Trasna

- 4. i do dhúiseacht
- 7. níl fonn ar dhuine rud éigin a dhéanamh
- 11. ní raibh cuma shásta uirthi

Síos

- 1. gan a bheith cinnte de rud éigin
- 2. ag siúl ar son cúise
- 3. gruaim
- 5. ag agóidíocht
- 6. troid idir ghrúpaí
- 8. cuma mhíshásta
- 9. amscaí
- 10. báite



Gníomhaíocht (TF 1.20, 1.21)

Freagair na gearrcheistean seo i mbeirteanna ó bhéal.

1. Cén lá a d'éirigh Aoibheann go luath?
2. Cén chaoi a raibh a fhios ag Aoibheann go raibh fearg ar a hathair nuair a d'inis sí dó cá raibh sí ag dul?
3. Cén fáth a bhfuil máirseáil agus léirsiú ar bun?
4. Cad iad na trí rud a iarrann a hathair uirthi a dhéanamh?
5. Céard í an chomhairle a chuireann a hathair ar Aoibheann?
6. Conas a mhothaigh Aoibheann nuair a tháinig sí ar ais ón gcéad mháirseáil?
7. Cad a rinne sí an oíche sin?
8. Cad a mhothaigh Aoibheann nuair a léigh sí gach tuairisc nuachtáin an tseachtain tar éis na chéad léirsithe?
9. Cad a mhothaigh Aoibheann tar éis di filleadh ón máirseáil do dhaoine ocracha?
10. Cén fáth a bhfuil laghmhisneach ar Aoibheann maidin an tríú léirsiú?



Gníomhaíocht (TF 1.20, 1.21)

1. Cén saghas duine í Aoibheann ó thús an ghearrscéil seo, an dóigh leat?
2. Cén fáth a bhfuil fearg ar athair Aoibheann nuair a chloiseann sé go bhfuil Aoibheann ag dul amach ag léirsiú, meas tú?
3. Luaigh ceithre rud a dhéanann Aoibheann a léiríonn a díograis i leith cearta daonna.
4. Conas a théann Aoibheann i bhfeidhm ar a hathair ag deireadh an ghearrscéil?
5. Tá teachtaireacht ag deireadh an ghearrscéil seo. Cad í?

Mo thuairimí faoin scéal seo agus faoin gcarachtar Aoibheann

Is scéal an-suimiúil é 'Eachtraí Aoibhne' le Pól Ó Muirí. Thaitin sé go mór liom. Ó thús an scéil, is léir go bhfuil caidreamh **teasaí** idir Aoibheann agus a hathair. Nuair a thagann sí isteach sa chistin ceapann a hathair go bhfuil sí chun a bheith 'ciotach' mar tugann sí freagraí **gonta** dó.



Tá Aoibheann ag iarraidh dul ag máirseáil i gcoinne an chogaidh san Iaráic. Creideann sí go láidir nach bhfuil an cogadh **cothrom**. Ceapann sí go bhfuil an cogadh uafásach. Níl athair Aoibheann sásta leis an smaoineamh seo ar dtús. Cuireann sé a lán ceistean uirthi faoin máirseáil. Freagraíonn sí iad go macánta agus ar deireadh, ligeann sé di dul. Féachann sí ar an teilifís an oíche sin ach ní bhíonn aon chaint dhearfach ar an máirseáil agus bíonn **díomá** uirthi. Téann Aoibheann go máirseáil eile an tseachtain dár gcionn do dhaoine ocracha agus bíonn sí **spreagtha** go mór. Cuireann sí litir chuig an nuachtán ach ní bhíonn aon fhreagra aici uirthi. Bíonn díomá uirthi arís.

Is carachtar an-deas í Aoibheann. Is cailín cliste agus **misniúil** í. Tá spéis aici i gcúrsaí reatha. Tá suim aici i gcearta daonna agus i gcogaí domhanda. Tá sí ag iarraidh cabhrú le daoine eile agus ní bhíonn **drogall** uirthi éirí go luath maidin Shathairn chun a **dícheall** a dhéanamh. Tá sí teasaí. Seasann sí an fód ach is léir go bhfuil meas ag a hathair uirthi. Deir sé léi go bhfuil **muinín** aige aisti. Is duine díograiseach í. Scríobhann sí litreacha chuig na nuachtáin faoi na fadhbanna a fheiceann sí. Féachann sí ar thuairiscí nuachta. Is cailín **goilliúnach** í mar bíonn díomá uirthi nuair nach n-éistean aon duine léi. Bíonn iontas uirthi ar deireadh mar níor thuig sí gur éist a hathair léi. Thaitin a carachtar go mór liom.

Tá cló trom ar chuid de na focail san alt thuas. An féidir leat iad a fhiosrú ar www.focloir.ie agus iad a chur in abairtí ansin?

Scríobh cuntas faoin athrú seo.

Gníomhaíocht (TF 2.7)

Tá an scéal seo scríofa i nGaeilge Uladh. An féidir leat na focail chaighdeánacha do na focail seo a leanas a aimsiú ar www.focloir.ie?

Go gasta	
D'amharc sé	
Ar an tábla	
Iontach spésiúil	
Chorraigh sé	
Tig leat dul	
Lá ar dóigh	
Callánach	
Caradach	
Leoga	
Thost sé	

Feicfidh tú go bhfuil roinnt de na briathra táite scartha i nGaeilge Uladh. Mar shampla; 'buailfidh muid', 'shiúil muid'

Nuair atá réamhfocail chomhshuite in úsáid ag na hUltaigh cuireann siad 'h' isteach seachas urú. Mar shampla, ar an bhord, leis an pháiste, as an bhosca



Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.32, 3.1, 3.2, 3.3, 3.4, 3.5)

- Scríobh **blag** do shuíomh idirlín na scoile ag léiriú do chuid tuairimí faoi ábhar práinneach poiblí.
- Lig ort gur iriseoir thú. Samhlaigh **script na dtuairiscí teilifíse** ar fhéach Aoibheann orthu an oíche a d'fhill sí ón máirseáil ar son na síochána.
- Cum an **litir** a scríobh Aoibheann ag míniú cad chuige a ndeachaigh sí féin ag máirseáil.
- Cum an **ríomhphost** a scríobh Aoibheann chuig na nuachtáin tar éis dóibh neamhaird a thabhairt ar an máirseáil do dhaoine ocracha.
- Samhlaigh gur tusa athair Aoibheann. Scríobh amach **an comhrá** a bhí agat léi tar éis duit filleadh ón léirsiú do chearta páiste.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Gníomhaíocht (TF 3.8, 3.9)

Ní bhíonn deireadh leis an léitheoireacht choíche...

Más rud é gur thaitin an gearrscéal seo leat, léigh an gearrscéal ‘Punk’ le Ré Ó Laighléis a bhaineann le duine óg a bhfuil seasamh láidir aige i dtaobh an chiníochais. D’fhéadfá léirmheas a scríobh air don phunann más maith leat.



Na Gearrscannáin

Is éard is gearrscannán ann ná **scannán gairid** a bhfuil **plota simplí** ach **láidir** ann. Is annamh a bhíonn níos mó ná **beirt** ná **triúr** príomhcharachtar ann. Ní bhíonn an t-am i ngearrscannán plota casta a fhorbairt agus bíonn **teachtaireacht láidir** le tabhairt ag an stiúrthóir go sciobtha.



Is cinnte go bhfuil neart scannán feicthe agat ach an bhfuil dianmhachnamh déanta agat orthu? Ar chuimhnigh tú ar **úsáid an cheoil**, **léiriú na gcarachtar**, **forbairt an phlota**, **stíl na ceamaradóireachta** nó **cinntí an stiúrthóra**? Sa rannóg seo, feicfidh tú go bhfuil i bhfad níos mó i gceist le staidéar a dhéanamh ar ghearrscannán ná díreach a bheith ag breathnú air! Feicfidh tú go bhfuil cuid mhaith den fhoclóir céanna a úsáideann tú don litríocht i gceist agus gearrscannán á phlé agat.


Gníomhaíocht (TF 1.17, 1.19, 1.24)

Leis an duine in aice leat déan na ceisteanna seo a phlé le chéile.

- Cén scannán is fearr leat agus cén fáth?
- Cén uair dheireanach a bhí tú ag an bpictiúrlann?
- Cén t-aisteoir is fearr leat agus cén fáth?
- An fearr leat a bheith ag breathnú ar scannáin ar Netflix nó sa phictiúrlann?

Tabhair fáth le do fhreagra.

- Cén saghas seánra (*genre*) de scannán is fearr leat?



Féachfaimid anois ar chúpla **téarma tábhachtach** a chabhróidh leat agus na gearrscannáin atá roghnaithe agaibh le plé ón liosta ar chúl an leabhráin seo.

Aisteoir:	Duine a léiríonn carachtar i scannán
Téama:	An phríomhtheachtaireacht atá sa scannán
Plota:	Scéal an scannáin féin
Atmaisféar:	An saghas mothúcháin a chruthaíonn an stiúrthóir don lucht féachana
Ceamaradóireacht:	An tslí a n-úsáidtear an ceamara chun scéal an scannáin a chur in iúl
Ceol:	Úsáideann stiúrthóirí ceol chun cur le hatmaisféar an scannáin
Fuaim:	Úsáideann stiúrthóirí fuaimeanna éagsúla chun cur le haicsean, teannas a chruthú nó mothúcháin a mhúscailt sa lucht féachana
Seat:	An ceamara dírithe ar radharc ar leith
Seat teann:	Ceamara an-chóngarach don aisteoir
Seat leathan:	Ceamara atá in ann díriú ar radharc fairsing

Culaith/Cultacha: Na héadaí a chaitheann aisteoirí i scannán

Smideadh: Úsáideann an stiúrthóir smideadh le carachtar a chur in iúl ar bhealach ar leith

Soilse/Soilsiú: Úsáideann an stiúrthóir soilse go héifeachtach chun cur le hatmaisféar i radharc. Mar shampla, má tá an soilsiú dorchá i scannán is féidir leis an radharc a bheith scanrúil ach má tá an soilsiú geal is féidir a rá go bhfuil an radharc sona.

Is féidir an chuid is mó de na scannáin atá ar liosta na chéad bhliana a aimsiú ar an suíomh idirlín **TG4 Foghlaim** <https://www.tg4.ie/ga/foghlaim/gearrscannain/>

Cúilín Dualach (2004) Cartoon Saloon (12 nóiméad ar fad)

Stiúrthóir: Nora Twomey

Léiritheoir: Ross Murray

Léiritheoir Cruthaitheach: Seán Ó Cualáin



Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.4, 1.8, 1.29, 1.30)

Féach ar an scannán sa rang le chéile uair amháin gan é a stopadh. Ansin, féach ar an scannán arís agus freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Cén fáth a bhfuil iontas ar gach duine nuair a thagann Cúilín Dualach ar an saol?
2. Cén saghas mná í máthair Chúilín, an gceapann tú?
3. Cén saghas duine é athair Chúilín, dar leatsa?
4. An páiste sona é Cúilín? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat?
5. Cén fáth nach bhfuil na comharsana sásta fanacht chun féachaint ar Chúilín?
6. Cén saghas caidrimh a bhíonn ag Cúilín leis na páistí ar scoil?
7. An gceapann tú go bhfuil a athair míshásta leis agus é ag imirt peile?
8. An dóigh leat gur snámhaí cumasach é Cúilín? Cén buntáiste atá aige?
9. Cén fáth nach mbronnann an moltóir an bonn óir ar Chúilín?
10. An bhfuil athair Chúilín bródúil as, ag an gcóir?
11. Conas a mhothaigh tú nuair a fuair Cúilín bás?
12. Cén teachtaireacht a thug Cúilín dá thuismitheoirí ag an uaigh?



Gníomhaíocht (TF 1.15, 1.19, 1.20)

Anois, leis an duine in aice leat cuir **do thuairimí** faoin scannán in iúl dá chéile. Ar thaitin an scannán libh nó ar cheap sibh go raibh sé aisteach? Cén fáth? Ansin, roinnigí bhur gcuid tuairimí ar a chéile sa rang agus cuirigí liosta le chéile de na rudaí is fearr faoin scannán agus na rudaí nár thaitin libh faoi.



Is **beochan** é an scannán seo. Is éard atá i gceist le beochan ná scannán a úsáideann teicnící beochana chun sraith de phictiúir a léiriú seachas fíordhaoine nó fíor-rudaí. Ba cheannródaí é Walt Disney i dtionscadal na mbeochan agus bhain sé cáil idirnáisiúnta amach leis an scannán *Snow White and the Seven Dwarfs*. Tá a lán forbartha tar éis teacht ar an mbeochan ó shin i leith le comhlachtaí ar nós Pixar a chruthaigh na scannáin *Toy Story* agus *Finding Nemo*. Is é **Cartoon Saloon** an comhlacht Éireannach a chruthaigh an scannán seo. Tá cáil bainte amach acu as an stíl neamhghnách atá ina gcuid scannán.

Ag féachaint ar an scannán den tríú huair, tabhair faoi deara na **teicnící** seo a leanas. Cén chaoi a n-úsáidtear iad agus cén chuid den scannán ina bhfuil siad?

Ceol

Fuaimeanna

Soilsiú/Dathanna

Seat teann

Seat leathan



Achoimre ar phlota an scannáin

Is gearrscannán gleoite é seo faoi bhuachaill óg, Cúilín Dualach, a thagann ar an saol agus a cheann droim ar ais ar a cholainn. Cuireann sé seo iontas ar gach aon duine a fheiceann é. Is léir ón tús go bhfuil a mhamaí i ngrá go mór leis ach bíonn sé deacair ar a athair glacadh lena mhac agus é difriúil le gach páiste eile. Glaonn a thuismitheoirí Cúilín Dualach air toisc a cheann ag dul sa treo mícheart. Ar scoil, ní ghlacann na páistí eile leis; ar Aifreann, féachann an sagart air le hiontas; ar an bpáirc imeartha, ligeann sé gach aon duine síos le cúl tuathail, toisc nach féidir leis féachaint sa treo ceart. Ar deireadh, áfach, tagann Cúilín Dualach ar a spórt féin – an snámh! Is mór an buntáiste é gur féidir leis a cheann a choinneáil amach ón uisce mar is féidir leis anáilú go héasca. Buann sé comórtas náisiúnta snámha agus cé nach mbronntar an bonn óir air, glacann a athair leis den chéad uair. Tá sé bródúil as Cúilín Dualach agus beireann sé barróg mhór air. An oíche sin, faraor, pléascann croí Chúilín agus faigheann sé bás. Tá a thuismitheoirí croíbhriste. Ag an tórramh, tagann na moltóirí ón gcomórtas snámha chuig an teach le bonn óir Chúilín. Tugann a thuismitheoirí an bonn go dtí an reilig chuig uaigh Chúilín. Tá siad go mór faoi scamall an bhróin ach, go tobann, feiceann siad spiorad Chúilín ag snámh go sona sna néalta agus tuigeann siad go bhfuil sé ar a shuaimhneas ar neamh agus go bhfeicfidh siad go luath arís é.

Téamaí

- Is cinnte go bhfuil **an grá** le feiceáil sa scannán seo. Tá an-ghrá go deo ag máthair Chúilín dá mac agus is léir go bhfuil grá ag athair Chúilín dó ach tógann sé am air é sin a chur in iúl dó.
- Tá **téama na héagothroime** le feiceáil sa scannán seo freisin. Tá Cúilín beagáinín difriúil gan dabht agus níl an chuma air gur gnáthbhuachaill é. Déanann daoine eile breithiúnas air dá bharr, rud a léiríonn éagothromaíocht mheon an phobail sa scannán.
- Níl amhras ar bith ann ach go bhfuil **soineantacht na hóige** mar théama sa scannán seo. Is buachaill beag soineanta é Cúilín. Ní thuigeann sé cén fáth nach bhfuil daoine eile sásta a bheith cairdiúil leis ná sásta an bonn óir a bhronnadh air sa deireadh. Is léir uaidh seo go bhfuil sé beag beann ar chúngaigeantacht na sochaí sa lá atá inniu ann.

Gníomhaíocht (TF 1.29, 1.32)

Agus an scannán feicthe anois agat cúpla babhta, déan dianmhachnamh ar na ceisteanna seo a leanas agus freagair i do chóipleabhar iad. Déan tagairt don scannán i gcónaí!

1. Is beochan é seo agus is gné thábhachtach de stíl an scannáin é sin. Ar thaitin stíl an scannáin seo leat? Ar thaitin na dathanna agus na híomhánna a d'úsáid na cartúnaithe leat?
2. Cé gur beochan é an scannán seo an bhfuil sé dírithe ar pháistí, an dóigh leat, nó an dtaitneodh sé le daoine fásta freisin?
3. Cad a d'fhoghlaim tú ag deireadh an scannáin seo?
4. An scannán brónach nó sona é an scannán seo, an gceapann tú?
5. An molfá an scannán seo do dhaoine eile? Cén fáth?



Freagairt Phearsanta ar an scannán

Mhúscaíl an scannán seo a lán mothúchán **ionam**. Ar dtús, chuir an scannán **ag gáire mé**. Cheap mé go raibh sé an-ghreannmhar nach raibh aon duine sásta Cúilín a choinneáil ina mbaclainn ná aire a thabhairt dó. Chuir an scannán **dea-aoibh orm** freisin toisc go raibh máthair Chúilín beag beann air sin ar fad agus thug sí an-ghrá dó. **Tháinig brón orm**, áfach, nuair a **chonaic mé** nach raibh aon chairde ag Cúilín ar scoil agus nár éirigh go maith leis sa chluiche. Bhí trua agam dó. Nuair a d'aimsigh Cúilín a phaisean don snámh, tháinig **dóchas i mo chroí** mar bhraith mé gur aimsigh sé a bhealach féin. Bhí **brón an domhain arís orm**, áfach, nuair nach bhfuair Cúilín an bonn óir ach ba chuma ar bhealach mar bhí athair Chúilín sásta barróg a bhreith air. Nuair a fuair Cúilín bás ag deireadh an scannáin, bhí **trua agam dó** agus dá thuismitheoirí. Mar sin féin, **bhí áthas orm** chomh maith mar bhí sé saor ar neamh chun dul ag snámh le gach aon saghas éisc ann. Ba léir go raibh sé sásta ansin.

Gníomhaíocht (TF 1.17)

Tá a lán carachtair spéisiúla sa scannán seo. An féidir leat próifíl a thabhairt ar na daoine seo a leanas:

- Máthair Chúilín
- Athair Chúilín
- Cúilín Dualach

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32)

- Scríobh **dialann** na máthar an oíche a cailleadh Cúilín.
- Scríobh **litir** chuig athair Chúilín ó na moltóirí agus iad ag gabháil a leithscéil arís as an mbotún a rinne siad gan an bonn óir a thabhairt do Chúilín.
- Lig ort gur tusa Cúilín. Cad a scríobhfá i **ríomhphost** chuig do thuismitheoirí agus tú ar neamh? An bhfuil tú sona ann?
- Samhlaigh gur léirmheastóir scannánaíochta do *Seachtain* thú. Scríobh **léirmheas** ar an scannán seo ag díriú ar úsáid an cheoil, ar an gcarachtracht, ar an bplota agus ar stíl an scannáin.
- Cruthaigh **Animoto** nó **físeán** de **chríoch éagsúil** a shamhlaíonn tú don scannán seo. Scríobh amach script agus déan taifeadadh ar a chéile ag aisteoireacht. Tabhair jabanna éagsúla do dhaoine sa ghrúpa, stiúrthóir, aisteoir, léiritheoir srl. Is féidir an fhís a úsáid don phunann mar phíosa físe taifeadta.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Gníomhaíocht (TF 3.4, 3.1, 3.9, 3.7)

Ní bhíonn deireadh leis an bhfoghlaím choíche...

Téigh go suíomh idirlín Cartoon Saloon agus féach ar na scannáin uile atá déanta acu. An bhfaca tú aon cheann díobh cheana? D'fhéadfadh sibh breathnú ar cheann de na scannáin sin le cur i gcomparáid le Cúilín Dualach?

www.cartoonsaloon.ie



Clare sa Spéir (2001) Zanzibar Productions

(20 nóiméad ar fad)

Stiúrthóir agus scríbhneoir: Audrey O'Reilly

Léiritheoir: Edwina Forkin

Cineamatagrafaíocht: Peter Dorney

Gníomhaíocht (TF 2.4)

Sula bhféachfaidh tú ar an scannán seo **pléigh** na ceistanna seo a leanas leis an duine in aice leat

- An bhfuil caidreamh maith agat le do thuismitheoirí?
- An gcabhraíonn tú le do thuismitheoirí sa bhaile leis an obair tí?
- Cad iad na rudaí a dhéanann sibh le chéile mar theaghlach?
- Má tá deirfiúracha agus deartháireacha agat an réitíonn tú go maith leo?

Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.4, 1.8, 1.29, 1.30)

Féach ar an scannán sa rang le chéile uair amháin gan é a stopadh. Ansin, féach ar an scannán arís agus freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Cé mhéad páiste atá ag Clare?
2. Cén fáth a bhfuil Clare míshona?
3. Cén saghas caidrimh atá idir Clare agus Eoin?
4. Cén fáth a dtéann Clare suas an crann?
5. Conas a mhothaíonn Eoin faoi churiarracht Clare?
6. Cad a thugann na páistí do Clare agus í thuas sa chrann?
7. Cad a dhéanann Eoin nuair a thosaíonn sé ag stealladh báistí?
8. Conas a léiríonn Eoin a ghrá do Clare?
9. An bhfuil Eoin tar éis athrú ag deireadh an scannáin seo? Cén chaoi?
10. An bhfuil Clare tar éis athrú ag deireadh an scannáin seo? Cén chaoi?

Gníomhaíocht (TF 1.15, 1.19, 1.20)

Anois, leis an duine in aice leat cuir **do thuairimí** faoin scannán in iúl dá chéile. Ar thaitin an scannán libh? Cén fáth? Ansin, roinnigí bhur gcuid tuairimí ar a chéile sa rang agus cuirigí liosta le chéile de na rudaí is fearr faoin scannán agus na rudaí nár thaitin libh faoi.

Is **scannán grinn** é an scannán seo. Is éard atá i gceist le scannán grinn ná scannán a chuireann **scéal greannmhar** in iúl ar bhealach taitneamhach, spraíúil agus éadrom. Feicimid go n-insítear scéal Clare agus a teaghlaigh ar bhealach nach bhfuil ródháiríre. Cuireann stíl an scannáin go mór leis an gcur chuige seo.

Ag féachaint ar an scannán den tríú huair, tabhair faoi deara na **teicnící** seo a leanas. Cén chaoi a n-úsáidtear iad agus cén chuid den scannán ina bhfuil siad? Cén chaoi a gcruthaíonn na teicnící seo greann?



Ceol

Fuaimeanna

Soilsiú/Dathanna

Seat teann

Seat leathan

Comhrá

Aisteoireacht

Gníomhaíocht (TF 1.29, 1.32)

Agus an scannán feicthe anois agat cúpla babhta, déan dianmhachnamh ar na ceistanna seo a leanas agus freagair i do chóipleabhar iad. **Déan tagairt don scannán i gcónaí!**



1. Is scannán grinn é seo agus is gné thábhachtach de stíl an scannáin é sin. Ar thaitin stíl an scannáin seo leat? Ar thaitin an aisteoireacht ghreannmhar agus an ceol éadrom leat?
2. An bhfuil an scannán seo dírithe ar dhaoine fásta nó ar pháistí, meas tú?
3. Cad a d'fhoghlaim tú ag deireadh an scannáin seo?
4. An molfá an scannán seo do dhaoine eile? Cén fáth?



Achoimre

Is í bean an tí í Clare. Tá sí **ag deireadh na feide**. Tá sí tinn tuirseach de bheith **ag sclábhaíocht** dá teaghlach. Ní éistean na páistí léi agus tá siad **an-éilitheach**. Níl a fear céile, Eoin, aon phioc níos fearr ná iad. Ní labhraíonn sé le Clare. Caitheann sé a chuid ama ag léamh an nuachtáin. Déanann Clare iarracht caint a chur air agus insíonn sé di faoi fhear a bhris **an churiarracht dhomhanda** tar éis dó 67 lá a chaitheamh i mbosca. Spreagann an scéal Clare chun a curiarracht dhomhanda féin a bhriseadh. Beartaíonn sí 31 lá a chaitheamh thuas sa teach crainn atá ag bun an ghairdín. Baineann sé an-gheit as na páistí mar tá an teach **ina phraiseach** agus níl aon tae ullmhaithe dóibh. Bíonn Eoin an-chrosta mar níl **taithí** aige ar aire a thabhairt do na páistí leis féin. Ceapann sé go bhfuil Clare craiceáilte. Titeann an teach as a chéile gan Clare. Tagann strus agus imní ar Eoin agus de réir a chéile tuigeann sé nár léirigh sé aon mheas ar Chlare agus ar an méid a rinne sí sa teach. Gabhann sé a leithscéal léi ach níl Clare sásta teacht anuas ón gcrann go dtí go bhfuil an churiarracht bainte amach aici. Tá Clare ag iarraidh rud éigin a bhaint amach di féin. Tuigeann Eoin agus na páistí go bhfuil **tacaíocht** seachas **cáineadh** de dhíth uirthi agus cabhraíonn siad léi le bia, teilifís a shocrú di agus cuairteanna a thabhairt uirthi thuas sa chrann. Ar deireadh, ceapann Clare go bhfuil an churiarracht bainte amach aici tar éis di 32 lá a chaitheamh thuas sa chrann ach tá dul amú uirthi. 32 bliain a bhí le baint amach aici! Is cuma léi agus leis an teaghlach **áfach**. Tá sí tar éis gach rud sa teach a **athrú**. Tuigeann Eoin go bhfuil grá an-domhain aige di agus tosaíonn siad ag gáire lena chéile arís. Labhraíonn siad lena chéile arís. Tuigeann na páistí go bhfuil a máthair speisialta agus go bhfuil an t-ádhdh leo go bhfuil sí ann dóibh.

Gníomhaíocht (1.27, 1.30)

An féidir leat na focail sa chló trom ón achoimre a mhíniú? Téigh i muinín an fhoclóra más gá duit.

Téamaí an scannáin

- Grá

Is léir go bhfuil an-ghrá ag Clare dá teaghlach. Níl sí sásta leis an tslí a gcaitheann siad léi ná lena chéile ach braitheann sí uaithi iad nuair a bhíonn sí thuas sa chrann. Tá an-ghrá ag Eoin di freisin ach bíonn uirthi dul suas sa chrann chun an grá sin a chur i gcuimhne arís dó. Léiríonn sé grá di nuair a shocraíonn sé an teilifís di. Léiríonn na páistí grá do Chlare freisin nuair a thugann siad bia agus cuairteanna ar a máthair. Ag deireadh an scannáin seo tuigimid gur teaghlach an-ghrámhar é an teaghlach seo.

- Saol teaghlaigh

Níl saol an teaghlaigh seo róshona ar dtús. Ní labhraíonn na páistí lena chéile. Bíonn siad ag troid an t-am ar fad. Ní léiríonn siad aon mheas ar Clare ach an oiread. Ní chabhraíonn aon duine léi timpeall an tí. Bíonn ar Clare imeacht ón teach chun a míshástacht a léiriú agus tugann siad tacaíocht di ansin. Ag deireadh an scannáin feicimid teaghlach níos sásta.

Gníomhaíocht (TF 1.9)

Tá a lán carachtair spéisiúla léirithe sa scannán seo. An féidir leat próifíl a thabhairt ar na daoine seo a leanas:

- Clare
- Eoin
- Na páistí

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32)

- Ar thaitin an scannán leat? Scríobh **freagairt phearsanta** i do phunann.
- Lig ort gur tusa Clare. Scríobh **cuntas dialainne** oíche amháin agus tú thuas sa chrann. Léirigh do chuid mothúchán go soiléir ag scríobh sa chéad phearsa i gcónaí.
- Samhlaigh gur duine de na páistí thú. Scríobh **téacsteachtairacht** chuig do mháthair agus í thuas sa chrann.
- Leis an duine in aice leat, lig ort gur iriseoir ón nuachtán áitiúil thú. Déan **agallamh** le Clare tar éis di teacht anuas ón gcrann. Is féidir é a thaifeadadh mar chomhrá idir tú féin agus dalta eile sa rang agus é a chur i do phunann.
- Samhlaigh gur léirmheastóir scannánaíochta do *Seachtain* thú. Scríobh **léirmheas** ar an scannán seo ag díriú ar úsáid an cheoil, ar an gcarachtracht, ar an bplota agus ar stíl an scannáin.
- Cruthaigh **Animoto** nó **físeán de chríoch éagsúil** a shamhlaíonn tú don scannán seo. Scríobh amach script agus déan taifeadadh ar a chéile ag aisteoireacht. Tabhair jabanna éagsúla do dhaoine sa ghrúpa, stiúrthóir, aisteoir, léiritheoir srl. Is féidir an físeán a úsáid don phunann mar phíosa físe taifeadta.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Gníomhaíocht (TF 3.4, 3.1, 3.9, 3.7)

Ní bhíonn deireadh leis an bhfoghlaím choíche...

Más rud é gur thaitin an scannán *Clare sa Spéir* leat, b'fhéidir go dtaitneodh ceann de na scannáin seo leat a bhfuil cuid de na téamaí céanna le sonrú iontu...

Fluent Dysphasia

El Toro



Gníomhaíocht (TF 3.1, 3.4, 3.7)

Tá sé tábhachtach go mbeifeá in ann **comparáidí** agus **codarsnachtaí** a aimsiú agus píosaí litríochta nó scannáin á bplé agat. Féach ar an **sampla** seo thíos;

I mo rang Gaeilge d'fhéach mé ar dhá ghearrscannán i mbliana. Ba iad *Cúilín Dualach* agus *Clare sa Spéir* an dá ghearrscannán sin. Baineann *Clare sa Spéir* le Clare, bean a bhfuil a lán páistí aici nach dtugann aon chabhair di. Ní éisteann a fear céile, Eoin, léi ach an oiread. Ní aithníonn aon duine an obair a dhéanann sí sa bhaile agus cuireann sin fearg, frustrachas agus brón uirthi. Beartaíonn sí curiarracht dhomhanda a bhaint amach chun go n-aithneoidh siad í ar deireadh. Tá *Cúilín Dualach* an-chosúil le *Clare sa Spéir* sa mhéid is gur buachaill óg é Cúilín a mhothaíonn nach n-aithníonn aon duine é ach an oiread. Tá a cheann droim ar ais aige agus tá sin neamhghnách agus aisteach. Tugann daoine neamhaird air agus ní thugann a athair féin aon suntas dó mar gheall ar a mhíchumas. Beartaíonn sé cur isteach ar chomórtas snámha chun go n-aithneoidh a athair agus gach duine eile go bhfuil bua aige. Tá an bheirt charachtar seo cosúil lena chéile mar tá siad ag iarraidh iad féin a chruthú dá dteaghlaigh. Ní éiríonn le ceachtar acu go hoifigiúil. Ní bhaineann Clare an churiarracht amach agus ní bhronntar an bonn ar Chúilín don chomórtas snámha. An méid sin ráite acu, éiríonn leo a gcuid caidreamh lena dteaghlaigh a athrú go mór. Tuigeann athair Chúilín gur duine ar leith atá ann agus tuigeann Eoin agus na páistí go bhfuil Clare speisialta.

Cé gur beochan é *Cúilín Dualach* agus gur scannán grinn é *Clare sa Spéir* tá na plotáí céanna iontu nach mór. Chuaigh an dá scannán seo i bhfeidhm go mór orm agus thuig mé ar deireadh nach gá duit rud éigin a bhuachan i gcónaí chun go mbeadh rath ort sa saol.

Na hAmhráin

Gníomhaíocht (TF 1.3, 1.16, 1.17, 1.18, 1.19)

Is breá linn ar fad ceol. Taitníonn saghsanna éagsúla ceoil le daoine éagsúla. Cén saghas ceoil a thaitníonn leat féin? Cé hiad na ceoltóirí is mó a thaitníonn leat? An bhfuil aon saghas ceoil ann nach dtaitníonn leat? **Labhair leis an duine in aice leat** faoin saghas ceoil a thaitníonn leat? An dtaitníonn an saghas ceoil céanna libh?

Gníomhaíocht (TF 2.8, 2.9, 3.4, 3.7)

Cé hiad na ceoltóirí a chanann as Gaeilge i do cheantar féin? An bhfuil aithne agat ar aon cheoltóir a chanann as Gaeilge agus a bhfuil cónaí air/uirthi gar duit féin? Ag obair leis an duine in aice leat déanaigí beirt taighde ar an duine sin ar líne nó téigh chun cainte leis an duine sin más féidir agus cuir ceisteanna air/uirthi faoina c(h)uid ceoil.

Nuair a bheidh an taighde agus an obair ar fad déanta agaibh déanaigí é a chur i láthair os comhair an ranga. Is féidir leis an múinteoir an cur i láthair a thaifeadadh ar ghléas scoile don phunann.



B'fhéidir go mbeidh cuid de na téarmaí seo cabhrach duit agus tú ag plé na n-amhrán sa leabhrán seo.

• An t-amhrán / Na hamhráin	• Tiúin
• An t-amhránaí/ Na hamhránaithe	• Véarsaí
• Na focail	• Meadaracht
• Liricí	• An curfá
• Rithim	• Glór
• Fonn	• Cumadóir
• Port	• Uirlis Cheoil / Uirlisí Ceoil

Agus an foclóir sin ar do thoil agat anois, caithfidh tú cuimhneamh ar bhealaí chun do chuid **tuairimí** agus **mothúchán** faoi amhráin éagsúla a chur in iúl. Is fiú go mór duit súil a chaitheamh ar na frásaí agus na nathanna seo a leanas:

- Taitníonn an t-amhrán sin thar cionn liom.
- Níor chuala mé amhrán chomh hálainn leis sin le fada an lá.
- Chuaigh port/fonn/tiúin an amhráin i bhfeidhm go mór orm.
- Cheap mé go raibh glór an amhránaí ar fheabhas ar fad.
- Chuaigh an t-amhránaí i bhfeidhm go mór orm.
- Mholfainn an t-amhrán seo go hard na spéire.
- Tá liricí an amhráin an-spreagúil.
- Thaitin leagan amach an amhráin liom.

- Tá gontacht an amhráin an-mhealltach.
- Ba mhó an tionchar a bhí ag véarsaí a dó agus a trí orm ná véarsaí a ceathair agus a cúig.
- Chuir na huirlisí ceoil a bhí le cloisteáil sa chúlra go mór leis an amhrán.
- Chuir na liricí deasa, simplí le héifeachtacht an amhráin.
- Cheap mé go raibh an t-amhrán beagáinín mall agus leamh.
- Níor spreag an t-amhrán seo mé in aon chor.
- Ní dheachaigh an t-amhrán i bhfeidhm orm in aon chor.
- Is amhrán réasúnta é.
- Níl an t-amhrán seo thar mholadh beirte.
- Ní mholfainn d'aon duine éisteacht leis an amhrán seo.

Stair na hamhránaíochta in Éirinn

Tá stair an-ársa ag an amhránaíocht in Éirinn. Téann an amhránaíocht siar na céadta bliain agus tá amhránaíocht ar an sean-nós an-tábhachtach sa stair sin. Baineann daoine úsáid as an téarma 'sean-nós' chun cur síos a dhéanamh ar stíl amhránaíochta thraidisiúnta na hÉireann as Gaeilge. Mar sin is féidir amhrán sean-nós a chanadh i stíl chlasaiceach, nó is féidir amhrán clasaiceach a chanadh 'ar an sean-nós'.

Baineann tréithe faoi leith le hamhránaíocht ar an sean-nós, mar shampla, an nóta deireanach den véarsa athchanta agus an-chuid ornáidíochta sna nótaí.

Amhráin Ghaeilge ó bhéal ba ea iad agus cuireadh ar aghaidh iad ó ghlúin go glúin gan aon fhocal a scríobh síos. Is mór an t-éacht é sin nuair a chuimhníonn tú go mbíonn os cionn fiche véarsa in amhráin áirithe! Thuig daoine cosúil le Edward Bunting agus George Petrie go raibh an traidisiún sin i mbaol i lár an 18ú haois agus bhailigh siad na hamhráin ó na daoine. Scríobh siad síos iad agus shábháil siad na céadta amhrán ar an gcaoi sin.

Tagann na hamhráin is sine ón bhfilíocht a cumadh sna bardscoileanna. Léigh tú faoi na bardscoileanna i rannóg na filíochta. Ba mhinic a d'aithris filí a gcuid dánta le ceol cláirsí agus d'fhás an nós sin go hamhránaíocht go nádúrtha. Nuair a tháinig na Sasanaigh i réim sa tír ag tús an 17ú haois tháinig deireadh leis na bardscoileanna agus le stádas na bhfilí. Nuair a theith na Taoisigh agus a dteaghlaigh ní raibh áit ar bith ag na filí a thuilleadh. Ba mhinic a scríobh siad amhráin faoin tragóid sin.

Tá traidisiún na hamhránaíochta Gaeilge fós an-láidir in Éirinn agus is féidir an traidisiún sin a fheiceáil go beo beathach ag comórtais náisiúnta cosúil le Comórtas Chorn Uí Riada a bhíonn ar siúl gach bliain ag Oireachtas na Gaeilge. Bíonn scoth na n-amhránaithe le cloisteáil ag iomaíocht ag an gcomórtas sin agus bíonn an-stádas ag baint leis an gcomórtas a bhuachan.

Ceisteanna

1. Cé chomh fada siar is a théann stair na hamhránaíochta in Éirinn?
2. Cad as a dtagann na hamhráin is sine?
3. Cén fáth ar tháinig deireadh leis na bardscoileanna agus le ré na bhfilí?
4. Cén chaoi ar tháinig na hamhráin anuas chugainn?
5. Cén fáth ar bhailigh daoine áirithe na hamhráin?
6. Cad atá i gceist le comórtas Chorn Uí Riada?



AMHRÁIN

Amhrán na bhFiann

Curfá:

Sinne Fianna Fáil, atá fé gheall ag Éirinn,
buíon dár slua thar toinn do ráinig chugainn,
Fé mhóid bheith saor,
Seantír ár sinsear feasta, ní fhágfar fé'n tíorán ná fé'n tráill
Anocht a théam sa bhearna bhaoil,
Le gean ar Ghaeil chun báis nó saoil
Le gunnaí scréach fé lámhach na bpiléar
Seo libh canaíg' Amhrán na bhFiann.



<https://www.youtube.com/watch?v=cX4ka-5j2vU>

<https://www.youtube.com/watch?v=yTxICR7B518>

Amhrán 7: Amhrán na bhFiann le Peadar Ó Cearnaigh

Is é amhrán náisiúnta na hÉireann é ‘Amhrán na bhFiann’. Tá sé an-cháiliúil ar fad. Ar chuala tú cheana é? Cár chuala tú é á chanadh? B’fhéidir go bhfuil an fonn ar eolas agat ach an bhfuil na focail de ghlanmheabhair agat?

Is iomaí leagan den amhrán seo atá le feiceáil ar **YouTube**. **Éist leis** an leagan is ansa leat féin agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.



Cúlra an amhráin

Is é amhrán náisiúnta na tíre é ‘Amhrán na bhFiann’. Ba iad Peadar Ó Cearnaigh agus Pádraig Ó hÉanaí a chum an ceol. Ba é an Cearnach a scríobh na liricí Béarla agus Liam Ó Rinn a d’aistrigh na liricí go Gaeilge. Tá trí véarsa san amhrán ach ní chloistear ach an curfá ag na hocáidí móra náisiúnta. Meastar gur cumadh an t-amhrán am éigin idir na blianta 1909 agus 1910. Chan na saighdiúirí a ghlac páirt in Éirí Amach na Cásca 1916 an t-amhrán go minic in Ardoifig an Phoist le linn Sheachtain na Cásca. Rinne Liam Ó Rinn an t-amhrán a aistriú go Gaeilge sa bhliain 1923. Glacadh leis mar amhrán náisiúnta na tíre é sna 1920idí.

Gníomhaíocht (TF 1.24, 1.27, 1.32)

Téigh ar líne agus fiosraigh an fear a chum Amhrán na bhFiann, Pádraig Ó Cearnaigh. Déan iarracht **cúig fhíric** a fháil amach faoi agus ansin léigh amach don rang iad.

Níl thuas ach an curfá cáiliúil ach is féidir leat dul ar líne chun an leagan iomlán den amhrán a aimsiú, más maith leat.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.28, 1.30, 2.2, 2.6, 2.7)

Fiosraigh na focail thíos agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Fé gheall	
Buíon	
Ráinig	
Feasta	
Tíorán	
Gean	
Scréach	
Lámhach	
Piléar	

Gníomhaíocht (TF 2.8, 2.9)

An féidir leat agus le cara leat sa rang ócáid stairiúil a fhiosrú ar canadh ‘Amhrán na bhFiann’ aici agus cur i láthair a dhéanamh os comhair an ranga faoi thábhacht na hócáide sin i stair na hÉireann? Is féidir leis an múinteoir an cur i láthair a thaifeadadh ar ghléas scoile le cur isteach sa phunann.

Príomhpointí an amhráin

- Is amhrán spreagúil é seo faoi shaighdiúirí nó óglaigh atá sásta troid a dhéanamh ar son a dtíre.
- Tá tírghrá le feiceáil go soiléir san amhrán freisin.
- Tosaíonn an t-amhrán le comparáid idir na saighdiúirí agus ‘Fianna Fáil’. Ba shaighdiúirí iad na Fianna a chosain Éire ó ionróirí.
- Tá móid glactha ag na saighdiúirí bás a fháil ar son na hÉireann má bhíonn gá leis.
- Tá ‘buíon dár slua’ nó grúpa de na saighdiúirí tar éis teacht trasna na farraige go hÉirinn chun cabhrú leo ina gcuid iarrachtaí iad féin a shaoradh.
- Tá na saighdiúirí seo tiomanta don tsaoirse nó do bheith ‘saor’.
- Ní theastaíonn uathu go mbeadh aon dream eile i gceannas orthu.
- Deir siad linn nach dtabharfar fothain nó cabhair feasta do na Sasanaigh.
- Ag teannadh ar dheireadh an churfá tá na saighdiúirí á n-ullmhú féin chun catha. Tá siad réidh anois le dul isteach ‘sa bhearna baoil’ agus bás a fháil ar son na tíre.
- Cloiseann siad na ‘gunnaí scréach’ agus ‘lámhach na bpiléar’ agus leanann siad orthu ag canadh an amhráin agus iad ag troid i gcoinne an namhad.

Gníomhaíocht (TF 1.7, 1.9, 1.13, 1.29, 1.30)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhpointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. **Cén saghas atmaisféir** a chruthaíonn Peadar Ó Cearnaigh san amhrán seo?
2. **Cén saghas daoine** iad na saighdiúirí san amhrán seo, dar leat?
3. **Cén fáth** ar roghnaigh daoine an t-amhrán seo mar amhrán náisiúnta na tíre, an dóigh leat?
4. **Cén chaoi a motháíonn tú** agus an t-amhrán seo á chanadh agat?
5. **Ar thaitin** an t-amhrán seo leat? Cén fáth?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Féach ar an sampla thíos de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann scoláire chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gur scríobh sí cuntas dialainne Mhíchíl Uí Choileáin le linn Éirí Amach 1916.

Seachtain na Cásca 1916

A Dhialann dhil,

Táim anseo in Ardoifig an Phoist. Táimid ag troid anois le trí lá. Tá an foirgneamh ag titim as a chéile diaidh ar ndiaidh. Bhí ag éirí go maith linn ag tús na seachtaine ach ceapaim anois go bhfuil na Briotanaigh ag éirí níos láidre. Canaimid Amhrán na bhFiann uaireanta i rith an lae chun ardú meanman a thabhairt dúinn féin. Is amhrán iontach é agus spreagann sé muid le leanúint ar aghaidh ag troid. Smaoiním ar Fhionn Mac Cumhaill agus ar na Fianna nuair a chanaim an t-amhrán sin. Tugann sin misneach dom mar uaireanta tagann eagla orm agus éirím tuirseach de bheith ag troid an t-am go léir.

Is é Pádraig Mac Piarais ár gceannaire agus tá an-mheas againn ar fad air. Ní stopann sé de bheith dár ngríosadh. Tá súil againn go bhfaighimid cabhair ó áit éigin go luath. Teastaíonn sé go géar anois. Is beag codladh a fhaighimid agus tá an bia agus an t-uisce ag éirí gann. Cabhraíonn roinnt ban ó Chumann na mBan linn le bia agus cóir leighis ach ní leor é sin anois ag an bpointe seo.

Ní fheadar cad a tharlóidh má chaillimid an cath seo ach nílím ag cuimhneamh air. Leanfaidh mé orm ag troid. Níl aon ní eile is féidir a dhéanamh!

Mícheál.



Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.30, 1.32)

- Lig ort gur tusa Peadar Ó Cearnaigh. Scríobh alt iriseoireachta do www.tuairisc.ie ag insint don phobal cad a spreag thú chun an t-amhrán a scríobh.
- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thaifeadadh** don phunann.
- Scríobh ríomhphost chuig cara leat ag moladh dó/di an t-amhrán seo a chanadh ag an gcéad ócáid scoile eile.
- Scríobh **cuntas dialann** imreora tar éis dó/di cluiche mór peile/iománaíochta/camógaíochta a imirt agus Amhrán na bhFiann a chanadh os comhair 80,000 duine i bPáirc an Chrócaigh.



Amhrán na Scadán

Nuair a théim a luí san oíche, bím ag smaointiú ar an iasc,
Nuair a éirím amach ar maidin, bheirim rúid go dtí an bhinn,
Bíonn na héanacha ag cur pléisiúir orm 'na suí i mbéal na bpoll
'S an phéist ag an Tor Dhearg ag cur na scadán tharna droim.
Bím ag smaointiú ar an eangaigh is ar an bhád a mbíonn sí ann,
Bím ag smaointiú ar na rámháí is a mbuillí ins an toinn,
Bím ag smaointiú ar an fheartainn 's ar an tréan a bhí sa ghaoith
'S gach uair dár chroch mé an stiúir uirthi 's an teilm ina cionn.
Ach is deas an rud na slanntracha a bheith soilsiú ar ár mbróig,
'S dá bhfuil sa domhan á bplúchadh go minic ná iad a dhíol,
Ach caithfimid a ghabháil an canál leo, maith nó olc an t-am
San áit a mbeidh lúcháir ar an cheannaí romhainn 's buidéal dúinn den lionn.
Nuair a shuím cois na tineadh, bím ag smaointiú ar an am
A raibh mé fhéin 's mo churach beag amuigh ar bharr na dtonn,
'S gan idir mé is an tsíoraíocht ach an t-éadach tana tarr
Ag cosnamh gaoithe is farraige i measc éanacha na dtonn.
Ach anois atá mé aosta is mé ag éirí lag breoite tinn,
Níl mé ag dúil go brách le biseach a fháil go síntear mé sa chill,
Bheirim altú do Dhia na glóire mar chuir mé isteach m'am
Ar chreig i lár na farraige i measc éanacha na mbeann.

<https://www.youtube.com/watch?v=UK569ar2kxI>

Amhrán 5: Amhrán na Scadán

Is amhrán maoithneach é seo a bhaineann le seanfhear ó Oileán Thoraí ag cuimhneamh siar ar na laethanta sona a chaith sé ag iascaireacht. An féidir leat **cur síos a dhéanamh** don duine in aice leat ar am a chaith tú cois trá nó in aice leis an bhfarraige? Tharlódh go bhfuil cónaí ort in aice leis an bhfarraige fiú? An maith leat dul ag snámh, ag seoltóireacht nó ag iascaireacht?



Téigh go **YouTube** chun éisteacht le hÉamonn Mac Ruairí ag canadh an amhráin seo. **Éist leis** agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.

Foclóir an amhráin

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Fiosraigh na focail thíos agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Beirim ruid	
Binn	
Scadán	
Eangach	
Tréan	
Teilm	
Slinn	
Síoraíocht	
Creig	

Cúlra an amhráin seo

Glaotar ‘Amhrán Náisiúnta Oileán Thoraí’ ar an amhrán seo agus tá sé fíorcháiliúil go deo. Chum Éamonn Mac Ruairí an t-amhrán. D’fhág sé Oileán Thoraí agus é ina fhear óg toisc go raibh cúrsaí oibre go holc ar an oileán. Bhog sé go dtí an Seanbhaile, taobh amuigh den Fhál Carrach i dTír Chonaill. Nuair a ghlac Éire ballraíocht san Aontas Eorpach níor thug an rialtas mórán airde ar chúrsaí iascaireachta agus tháinig a lán comhlachtaí móra idirnáisiúnta éisc go cósta na hÉireann ag iascaireacht. D’fhág sin líon na scadán an-ghann ar fad, rud a chuir isteach go mór ar mhuintir na háite. San amhrán seo, cuimhníonn Éamonn Mac Ruairí ar a óige agus ar na laethanta sona iascaireachta le hais na ndrochlaethanta a tháinig nuair a bhí srian curtha ar na daoine áitiúla dul amach ag iascaireacht.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 2.8)

An féidir leat dul go www.logainm.ie le dalta eile i do rang agus beagán taighde a dhéanamh ar Oileán Thoraí? An raibh tú riamh ann? An féidir libh teacht ar aon amhrán, ceol, scéalta, dánta nó eolas breise faoin oileán?

Príomhphointí an amhráin:

- Sa chéad líne den amhrán seo deir an t-amhránaí linn go mbíonn sé i gcónaí ‘ag smaointiú ar an iasc.’ Ó mhaidin go hoíche, cuimhníonn sé ar laethanta sona agus é ag rith ‘go dtí an bhinn’ chun féachaint ar na héin agus ar an bpéist ‘ag cur na scadán tharna droim’. Is íomhá álainn í seo den fhear i dtiúin leis an nádúr agus ag baint sult as radhairc chósta an oileáin.
- Cuireann sé tús leis an gcéad véarsa leis an nath ‘[b]ím ag smaointiú’ agus déanann sé athrá ar an nath sin arís agus arís eile. Cuireann an nath sin béim ar mhaoithneachas an amhráin. Cuimhníonn sé ar na heangacha, ar an mbád agus ar na maidí rámha. Cuimhníonn sé freisin ar an drochbháisteach agus ar an ngaoth láidir agus é amuigh ag stiúradh an bháid. Cé go raibh na cúinsí sin deacair, is léir nár chuir siad isteach go rómhór air.
- Sa tríú véarsa, deir sé gur deas an rud é nuair a bhíonn an ghrian le feiceáil. Tá ag éirí chomh maith sin leis na hiascairí go bhfuil siad plúchta faoi líon na scadán atá faighte acu. Tá an oiread ann, ní féidir leo iad uile a dhíol. Is cuma faoi sin, áfach, caithfidh siad dul chun an ‘canál’ agus iarracht a dhéanamh iad a dhíol. Ansin, beidh áthas ar na ceannaitheoirí iad a fheiceáil agus beidh cúpla pionta acu dóibh.
- Tagann an t-amhránaí ar ais arís chuig cuimhní cinn nuair a deir sé go gcuimhníonn sé cois tine ar an ‘am a raibh mé fhéin ‘s mo churrach beag amuigh ar bharr na dtonn’. Labhraíonn sé faoin mbád le meas mar ba é an ‘t-éadach tana tarr’ an t-aon rud a chosain é ó dhainséar na farraige agus ‘an tsíoraíocht’ nó an bás. Chosain an bád é ó ghaotha agus ón bhfarraige agus é amuigh ag iascaireacht.
- Sa véarsa deireanach, deir sé go bhfuil sé sean agus tinn anois agus go bhfuil a ré nach mór thart. Deir sé nach bhfuil sé ag ceapadh go dtiocfaidh aon bhiseach air agus go bhfaighidh sé bás go luath. Gabhann sé buíochas le Dia, áfach, go raibh an deis aige agus é ina fhear óg am a chaitheamh ‘[a]r chreig i lár na farraige i measc éanacha na mbeann’. Tá cuimhní deasa aige agus ní féidir le duine ar bith iad sin a bhaint de.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 2.8)

Tá canúint Dhún na nGall le cloisteáil san amhrán seo. An féidir leat féachaint ar na focail/ar na nathanna thíos agus Gaeilge mhalartach a chur orthu?

Ag smaointiú	
Bheirim	
Ar an bhád	
An fheartainn	
Cois na tineadh	
Ag dúil	
Ag cosnamh	



Gníomhaíocht (TF 1.7, 1.9, 1.13, 1.29, 1.30)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhpointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Ainmnigh trí rud a gcuimhníonn an t-amhránaí orthu sa chéad véarsa.
2. Cén fáth nár chuir an bháisteach ná an ghaoth mhór isteach ar an amhránaí sa dara véarsa?
3. An bhfuil díomá ar na hiascairí go bhfuil an iomarca éisc acu?
4. Déan cur síos ar an amhránaí sa cheathrú véarsa amuigh ina churrach.
5. An gceapann tú go bhfuil an véarsa deireanach **sona nó brónach**? Cén fáth?
6. Cén saghas duine é an t-amhránaí, meas tú?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann scoláire chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi gur deirfiúr Éamonn Mhic Ruairí a bhí inti agus gur scríobh sí cuntas dialainne tar éis dó imeacht ar imirce chun an Fháil Charraigh.

Dé Luain an 20 Meitheamh 1964

A Dhialann dhil,

Tá mo chroí bocht briste. D'fhág Éamonn inné. D'imigh sé leis ar a churrach lena bhean chéile Éibhlín agus a thriúr páistí. Bhí na deora liom agus mé ag amharc orthu ag dul thar na tonnta lena gcuid málaí ar fad. Is uafásach an rud é go bhfuil an oiread sin daoine óga ag imeacht ón oileán. Tá cúrsaí oibre uafásach faoi láthair. Níl na fir ábalta go leor iasc a fháil, rud a fhágann daoine ar an ghannchuid. Tá na mná ag fulaingt mar níl go leor bia acu sa bhaile do na páistí agus bíonn ocras orthu ag dul ar scoil. Tá an t-ádh dearg orm go bhfuil m'fhear céile féin, Páidí, ina mhúinteoir scoile nó bheadh mo chuid cailíní ag fulaingt leis an ocras freisin. Insíonn Páidí dom go mbíonn cuid de na daltaí ag caoineadh ag deireadh an lae toisc nach mbíonn aon ní le hithe acu.



Bhí cruinniú ann sa Halla Pobail aréir. Labhair a lán daoine faoin chruachás ina bhfuil muid ar an oileán. Tá an Sagart Paróiste chun litir a scríobh ag lorg bailiúchán airgid ón Easpag agus tá Páidí chun litir a scríobh chuig an TD áitiúil chun cruinniú a eagrú leis. Tá súil agam go dtiocfaidh feabhas ar chúrsaí nó beidh a lán daoine eile ag leanúint mo dhearthár go tír mór. Rachaidh mé a chodladh anois, táim traochta i ndiaidh dom an lá ar fad a chaitheamh ag caoineadh.


Oíche mhaith,
Máirín. X

Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.30, 1.32)

- Scríobh **litir** abhaile ag ligean ort gur tusa Éamonn agus go bhfuil tú díreach tar éis bogadh chun an Fháil Charraigh.
- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thaifeadadh** don phunann.
- Lig ort gur tuairisceoir de chuid TG4 thú. Scríobh amach **an t-agallamh** a chuir tú ar Éamonn faoina óige ar Oileán Thoraí.
- Scríobh **ríomhphost** chuig cara leat ag moladh di/dó éisteacht leis an amhrán seo. Cén fáth a molfá é? Cad a thaitin leat faoi?

**Bain amach na leathanaigh seo agus
thasc curtha i gcrích agat.**

A series of horizontal red lines for writing.



An Cailín Álainn

TOMÁS MAC EOIN

Tá cailín álainn, a dtug mé grá dhi
Sí 's deis' is áille, ná bláth 's ná rós
Gan í ar láimh liom, is cloíte atá mé
Ó a chailín álainn, 's tú fáth mo bhróin

Curfá:

A chailín álainn, a dtug mé grá duit
Ó bí ar láimh liom, mo mhíle stór
Ó abair liomsa, gur tú mo ghrá gheal
Beidh orm áthas, in áit an bhróin
Nuair a éirím, amach go huaigneach
Siúd é an uair, is mó mo bhrón
O bím ag smaointeamh, ar an chailín uasal
Atá i bhfad uaimse, mo chreach 's mo bhrón
Dá dtiocfá liomsa, a chailín álainn
Arist go brách ní bheadh orm brón
Sheinnfinn ceol duit, mar cheol na cláirsí
Nó ceol binn smóilín, 's an drúcht gheal cheo.

<https://www.youtube.com/watch?v=4ssktT1645o>



Amhrán 1: An Cailín Álainn le Tomás Mac Eoin .

Téigh go **YouTube** chun féachaint ar Thomás Mac Eoin ag canadh an amhráin seo. **Éist leis** agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.



Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.8)

Foclóir an amhráin

Fiosraigh na focail seo agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Cloíte	
Creach	
Smóilín	
Go brách	
Ceol na cláirsí	
Drúcht	

Príomhpointí an amhráin: .

- Tá fear brónach ag labhairt le cailín álainn san amhrán seo. Is amhrán lán le **grá éagmaise** é an t-amhrán seo.

- Sa chéad véarsa, léiríonn an fear go bhfuil sé an-bhrónach go deo. Tá an-ghrá aige do chailín álainn ach níl aon ghrá aici dó. Deir sé go bhfuil sí níos áille ná aon bhláth. Tá sé trína chéile go bhfuil sí imithe uaidh agus cuireann a himeacht fórbhrón air.



- Sa churfá, impíonn sé uirthi filleadh ar ais air agus a rá leis go bhfuil grá aici dó. Deir sé léi go mbeadh áthas an domhain air dá dtiocfadh sí ar ais chuige.
- Deir sé léi go mbíonn an-uaigneas air nuair a éiríonn sé ar maidin mar bíonn sé leis féin. Sin an uair 'is mó mo bhrón' a deir sé. Caoineann sé í, tá sé cráite go bhfuil sí chomh fada sin uaidh.
- Geallann sé di go gcaithfidh sé go maith léi má thagann sí leis. Tá sé ag iarraidh aire mhaith a thabhairt di agus úsáideann sé meafar an cheoil do shonas agus d'áthas. Deir sé léi go seinnfidh sé ceol di a chuirfidh áthas uirthi.

Gníomhaíocht (TF 1.9, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhphointí a léamh, freagair na ceisteanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. Cén saghas duine é an fear atá ag canadh an amhráin seo?
2. Déan cur síos ar an gcailín álainn.
3. Luaigh dhá mhothúchán atá san amhrán seo agus déan plé orthu.
4. An bhfuil trua agat don fhear san amhrán seo? Cén fáth?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat trí íomhá ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Tomás Mac Eoin

Is amhránaí ar an sean-nós é Tomás Mac Eoin a rugadh ar an gCeathrú Rua sa bhliain 1937. Aisteoir, scríbhneoir amhrán agus file is ea é. Is iomaí duais amhránaíochta atá buaite aige thar na blianta. Is amhrán an-cháiliúil é ‘An Cailín Álainn’ agus bíonn sé le cloisteáil go minic ar an raidió.

Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.2, 1.4, 2.8)

An féidir leat teacht ar amhrán ar bith eile de chuid Thomáis Mhic Eoin ar YouTube? Éist leis agus scríobh léirmheas air do do phunann.

Féach ar an sampla seo de phíosá oibre cruthaitheach ó phunann Chlár Ní Bhriain chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gurb í an cailín **álainn** í agus gur tháinig fearg uirthi tar éis di an t-amhrán a chloisteáil.

14 Árasán na Cathrach,

Londain,

Sasana

An 9 Márta 2019

A Thomáis, a chara,

Cén chaoi a bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú ag dul amach arís agus nach bhfuil tú ag fanacht sa bhaile mar a bhí. Cogar, chuala mé an t-amhrán a scríobh tú fúm agus bhraith mé go raibh orm litir a scríobh ar ais chugat a luaithe agus a chuala mé é. Caithfidh tú éirí as an tseafóid seo, a Thomáis! Nílím i ngrá leat. Tá sé ráite agam míle babhta leat. Ní bheidh mé i ngrá leat go deo. Ó bhog mé go Londain táim fíorshásta leis an saol. Tá jab iontach agam mar dhochtúir in Ospidéal King's atá i lár na cathrach agus táim ag siúl amach le dochtúir óg deas freisin. Pierre is ainm dó agus is as an bhFrainc dó. Tá sé réasúnta, réchúiseach agus ní chuireann sé aon bhrú orm murab ionann agus tú féin. Nuair a bhíomar le chéile chuir tú an iomarca brú orm tú a phósadh agus fanacht leat an t-am ar fad. Is cailín óg mé, nílím ag iarraidh fanacht sa bhaile ag éisteacht leat ag canadh fúm. Tá rudaí tábhachtacha le déanamh agam. Táim ag iarraidh dul ag taisteal agus tá Pierre sásta teacht liom.

Mura gcuirfidh tú stop leis an amhránaíocht seo beidh orm glaoch ar na Gardaí sa bhaile in Éirinn chun srian a chur ort.

Clár.

Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30)

- Scríobh **scéal** a bhfuil an teideal seo aige 'Grá'.
- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thaifeadadh** don phunann.
- Lig ort go bhfuil **agallamh** le cur agat ar Thomás Mac Eoin don iris cheoil *Hotpress*. Scríobh amach an t-agallamh sin.
- Scríobh **aiste** faoi uaigheas i measc an phobail in Éirinn.



Ná habair é, déan é

JJ Ó DOCHARTAIGH

Chuir mé an síol agus d'fhás sé go spéir, (do-do do, do do, do do, do do)
Nuair a ghlan mé an fuíoll, bhí sé snasta is géar (do-do do, do do, do do, do do)

D'aithin gach duine go raibh fiúntas mór leis (do-do do, do do, do do, do do)

nuair a spreag sé an óige agus mhúscail sé spéis (do-do do, do do, do do, do do)

Anois an gcreidfidh sibh mé? Nuair a dhiúltaíonn tú géilleadh don
namhaid, gheobhaidh tú é

Curfá: An té nach bhfuil láidir, ní mór dó bheith glic.

Tá teachtaireacht nua ag teacht ó na cnoic,

Bhí Maoise fadó ann, na Gaeil ann anois

Tá an dea-sceál réidh,

Ná habair é, déan é (x2)

Má tá fód ann le seasamh, seasfaidh muid é (do-do do, do do, do do, do do)

Tá an t-am ann don ghníomhú, déan dearmad ar phlé (do-do do, do do, do do, do do)

Níl uasal nó íseal i mbearna an bhaoil (do-do do, do do, do do, do do)

Gualainn ar ghualainn, go deireadh an tsaoil. (do-do do, do do, do do, do do)

Anois an gcreidfidh sibh mé? Nuair a dhiúltaíonn tú géilleadh don
namhaid, gheobhaidh tú é

Curfá: An té nach bhfuil láidir, ní mór dó bheith glic.

Tá teachtaireacht nua ag teacht ó na cnoic,

Bhí Maoise fadó ann, na Gaeil ann anois

Tá an dea-sceál réidh,

Ná habair é, déan é (x2)

<http://nos.ie/cultur/ceol/fisean-ceoil-na-habair-e-dean-e/>

Amhrán 2: Ná habair é, déan é le JJ Ó Dochartaigh

Téigh go **YouTube** chun féachaint ar JJ Ó Dochartaigh ag canadh an amhráin seo. Éist leis agus féach ar na focail. Ansin, éist arís leis agus can leis na focail é.

An féidir leat an físeán a phlé leis an duine in aice leat. Ar thaitin an físeán leat? Ar cheap tú go raibh sé ag teacht leis na focail? Cén fáth?



Foclóir an amhráin

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.8)

Fiosraigh na focail seo agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Síol	
Fuíoll	
Snasta	
Géar	
Fiúntas	
Mhúscail sé	
Géilleadh	
Namhaid	
Té	
Fód	
Bearna an bhaoil	

Príomhphointí an amhráin:

- Is amhrán an-spreagúil é an t-amhrán seo atá scríofa ag JJ Ó Dochartaigh faoin nGaeilge. Is é teideal an amhráin ná 'Ná habair é, déan é' agus is é mana Phobal Bhéal Feirste é sin. Tá gníomhaí cáiliúil, Séamas Mac Seáin, le feiceáil ag deireadh an fhíseáin agus an mana á rá aige go bródúil.



- Ag tús an amhráin, úsáideann an t-amhránaí meafar de phlanda nó de chrann agus seasann an meafar seo don Ghaeilge. Deir sé gur chuir sé 'síol agus d'fhás sé go spéir'. Is éard atá i gceist aige ná gur féidir leis an nGaeilge fás agus bláthú in áit ar bith ach is gá dúinn í a labhairt chun go bhfeicfidh daoine 'an fiúntas mór' a bhaineann léi agus chun an óige a spreagadh.
- Baineann an t-amhránaí úsáid as ceist 'Anois an gcreidfídh sibh mé?' chun muid a spreagadh agus impíonn sé orainn gan 'géilleadh don namhaid', is é sin, an Béarla. Cuireann an Béarla an-bhrú ar phobal na Gaeilge ach is gá an fód a sheasamh, dar leis.
- Tá an curfá an-dearfach. Arís, baineann an t-amhránaí úsáid as meafar eile ach meafar ón mBíobla atá ann an uair seo. Labhraíonn sé faoin bhFáidh Maoise ag teacht ó Chnoc Sinai leis na Deich nAitheanta chun an pobal a shábháil.

- Deir sé go bhfuil na Tuaisceartaigh mar an gcéanna, iad ag teacht le dea-scéala chuig an bpobal gur féidir an Ghaeilge a thabhairt slán agus a fhorbairt arís.
- Sa dara véarsa éiríonn guth an amhránaí níos láidre fós. Deir sé go bhfuil sé in am anois ‘don ghníomhú’ agus gur gá dearmad a dhéanamh ‘ar phlé’. Tá ar phobal na Gaeilge a bheith láidir ar nós saighdiúirí agus seasamh ‘l mbearna an bhaoil/[g]ualainn ar ghualainn.’ Is seasamh é seo is gá a ghlacadh go ‘deireadh an tsaoil.’
- Arís, tagann sé ar ais chuig an gcurfá dearfach atá aige faoi dhea-scéala na Gaeilge.
- Is amhrán an-spreagúil é seo atá dírithe ar thodhchaí dhearfach na Gaeilge. Leagann an t-amhránaí an-bhéim ar thábhacht na Gaeilge labhartha agus is cinnte go n-éiríonn leis a theachtaireacht a chur in iúl go soiléir.

Gníomhaíocht (TF 1.26, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhphointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. **Ainmnigh dhá mheafar** a úsáideann an t-amhránaí san amhrán seo agus déan plé orthu.
2. **Cén saghas duine** é an t-amhránaí, an gceapann tú?
3. **Ar mhothaigh tú** gur spreag an t-amhrán seo thú ó thaobh na Gaeilge de? Cén chaoi?
4. **An aontaíonn tú** leis an amhránaí go bhfuil todhchaí na Gaeilge dearfach?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

JJ Ó Dochartaigh

Is amhránaí óg as Cathair Dhoire é JJ Ó Dochartaigh a bhíonn le feiceáil ar YouTube go minic. Aistríonn sé amhráin cháiliúla ó Bhéarla go Gaeilge agus tá sé an-ghafa le pobal Gaeilge Bhéal Feirste. Chum sé an t-amhrán seo a bhfuil mana Phobal Bhéal Feirste le feiceáil go láidir ann, ‘Ná habair é, déan é!’. I measc na n-amhrán eile atá cumtha aige tá ‘Más maith leat craic, tar linn!’ agus ‘Le Cuidiú Dé.’

Gníomhaíocht (TF 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.8)

An féidir leat teacht ar amhrán ar bith eile de chuid JJ Uí Dhochartaigh ar YouTube? Éist leis agus **scríobh léirmheas** air do do phunann.

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Phádraig Uí Ruairc chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d’fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sé air féin gur scríobh sé blag faoi chás na Gaeilge ina cheantar féin tar éis dó **éisteacht** leis an amhrán ‘Ná habair é, déan é.’



An 22 Meán Fómhair 2019

Ná habair é, déan é

D’éist mé leis an amhrán ‘Ná habair é, déan é’ an tseachtain seo caite i mo rang Gaeilge. Is amhrán de chuid JJ Uí Dhochartaigh é faoi chás na Gaeilge agus faoi thábhacht na Gaeilge labhartha chun í a choinneáil beo. Is amhrán an-dearfach é a chuir ag machnamh mé. Is breá liom an Ghaeilge. Freastalaím ar Ghaelcholáiste i gCathair Luimnigh agus labhraím Gaeilge gach lá ar scoil ach is beag deis a fhaighim í a labhairt taobh amuigh den phobal scoile. Spreag JJ Ó Dochartaigh mé chun cuimhneamh ar bhealaí eile chun deiseanna labhartha a aimsiú sa phobal.


Labhair mé le mo chairde agus phléamar an fhadhb. Mhol siad dom smaoineamh ar chlub óige Gaeilge a bhunú san Ionad Pobail i lár na cathrach. Cheap mé gur plean iontach a bhí ann agus chuaigh mé chun labhairt leis an bhfear atá i gceannas ar an Ionad inné. Mhol sé dom liosta de dhaoine a chur le chéile a mbeadh spéis acu ann agus gheall sé dom go ndéanfadh sé a mhacnamh air. Mhol sé dom cuimhneamh ar ranganna Gaeilge a bhunú do thuismitheoirí mo chairde freisin. Tá sé beartaithe agam labhairt le mo mhúinteoir Gaeilge chun a cuid tuairimí a fháil maidir leis an bplean sin. Nuair a mhínigh mé an plean do m’athair cheap sé go raibh sé an-chliste mar ba bhréa leis feabhas a chur ar a chuid Gaeilge ach níl aon ranganna ar fáil dó.

San amhrán deir sé go bhfuil sé in am dúinn an fód a sheasamh agus a bheith láidir agus táim a rá libh go bhfuil sé i gceist agam é sin a dhéanamh. Nílím chun éirí as go dtí go mbeidh an Ghaeilge neartaithe agam i gCathair Luimnigh! Tabhair cuairt ar mo bhlag an tseachtain seo chugainn chun an scéal is déanaí a léamh faoi na pleananna a luaigh mé thuas agus faoina thuilleadh pleananna atá agam!

Pádraig.

Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.14, 1.15, 1.18, 1.26)

- Scríobh **scéal** a bhfuil an teideal seo aige ‘Ná habair é, déan é.’
- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thairfeadh** don phunann.
- Lig ort go bhfuil **agallamh** le cur agat ar JJ Ó Dochartaigh don iris cheoil *Hotpress*. Scríobh amach an t-agallamh sin.
- Scríobh **alt iriseoireachta** faoi chás na Gaeilge i do cheantar féin.



**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**



Oíche Nollag

MÁIRE MHAC AN TSAOI

Le coinnle na n-aingeal tá an spéir amuigh breactha,
Tá fiacail an tseaca sa ghaoith ón gcnoc;
Adaigh an tine is téir chun na leapan:
Luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

Fágaidh an doras ar leathadh ina coinne,
An Mhaighdean a thiocfaidh is a Naí ar a hucht;
Deonaigh do shuaimhneas a ghlacadh, a Mhuire,
Luíodh Mac Dé ins an teach seo anocht.

Bhí soilse ar lasadh i dteach sin na haíochta,
Cóiriú gan caoile, bia agus deoch,
Do cheannaithe olla, do cheannaithe síoda,
Ach luífidh Mac Dé ins an tigh seo anocht.

<https://www.youtube.com/watch?v=KONuunnAVLw>

<https://www.youtube.com/watch?v=jY2gCIXmz-o>



Amhrán 6: Oíche Nollag

Is amhrán agus dán deas é seo faoin Nollaig agus faoin atmaisféar speisialta a bhaineann le hOíche Nollag go háirithe. Labhraíonn an t-amhránaí faoi ‘choinnle na n-aingeal’, na réaltaí sa spéir, Oíche Nollag.

An féidir leat **labhairt** leis an duine in aice leat faoi na nósanna a bhíonn agat le do theaghlach féin Oíche Nollag? An dtéann sibh ar cuairt chuig daoine muinteartha libh? An dtéann sibh ag siopadóireacht nó ar aifreann? An mbíonn dinnéar deas ciúin agaibh i dteannta a chéile?

Téigh go **YouTube** chun éisteacht le Finola Ó Siochrú ag canadh an amhráin seo. **Éist leis** agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.

Foclóir an amhráin

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Fiosraigh na focail seo agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Coinnle	
Breactha	
Sioc	
Adaigh	
Ar leathadh	
Naí	
Deonaigh	
Ucht	

Gníomhaíocht (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30)

Is dán é seo a chum Máire Mhac an tSaoi ach cuireadh ceol leis agus anois foghlaimíonn a lán daoine é. Chum Máire Mhac an tSaoi an dán ‘An Chéad Bhróg’ a léigh tú i rannóg na filíochta. An féidir leat comparáid a dhéanamh idir an t-amhrán seo agus an dán? Scríobh faoin gcomparáid sin do do phunann.

Príomhphointí an amhráin

- Is amhrán álainn é seo faoin Nollaig fadó.
- Is amhrán é seo faoi Mhuire ag lorg lóistín ar Oíche Nollag agus í ag súil le breith Íosa.
- Sa chéad véarsa deir an file go bhfuil an spéir amuigh lasta le réaltaí geala.
- Tugann an file ‘choinnle na n-aingeal’ ar na réaltaí sa spéir.
- Tá na réaltaí ar nós spotáí sa spéir.
- Ceapann an file gur álainn an radharc é seo.
- Tá an aimsir an-fhuar agus tá sé gaofar ach tá tine lasta sa teach agus tá an áit te teolaí.
- Tá an file réidh le dul ‘chun na leapan’ agus deir sí go dtiocfaidh Íosa go dtí ‘an tigh seo anocht’.
- Tá an file ag tagairt do bhreith Íosa agus do scéal na Nollag.

- Sa dara véarsa deir an file linn go bhfágfaidh a teaghlach an doras ‘ar leathadh’ anocht do theacht ‘An Mhaighdean’ agus ‘a Naí’. Tiocfaidh Íosa chun tí ar ucht a mháthar.
- Cuirfidh siad fáilte roimh an Teaghlach Naofa ina dteach féin anocht agus impíonn sí ar an Maighdean Mhuire teacht isteach chun tí, agus a ‘suaimhneas a ghlacadh’, agus go luífidh ‘Mac Dé ins an teach seo anocht’.
- Tá cur síos ar an teach aíochta i mBeithil sa tríú véarsa.
- Bhí neart bia agus deoch ann do na daoine saibhre ach ní raibh aon áit ann do Mhuire agus í ag súil le breith Íosa.
- Tugann an file cuireadh do Mhuire agus Íosa codladh ina teach Oíche Nollag.

Gníomhaíocht (TF 1.7, 1.9, 1.13, 1.29, 1.30)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhphointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. **Cá bhfuil** an file sa dán Oíche Nollag?
2. **Cén saghas aimsire** atá ann?
3. **Cén chineál atmaisféir** atá le brath san amhrán seo, meas tú?
4. **Cad a tharla** sa teach aíochta i mBeithil ar Oíche Nollag?
5. **Ar thaitin** an dán seo leat? Cén fáth?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Sheáin Uí Mhóráin chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sé air féin gur scríobh sé ríomhphost chuig cara leis ag moladh dó **éisteacht** leis an amhrán seo.

Ríomhphost chuig Ciarán

Do: seán1@scoil.ie

Ó: ciarán@scoileile.ie

Ábhar: Oíche Nollag

Dáta: 20 Nollaig 2019

A Chiaráin, a chara,

Cén chaoi a bhfuil cúrsaí leat? Tá súil agam go bhfuil na scrúduithe Nollag uile curtha díot! Tá cúrsaí go maith liom. Táim an-sásta go bhfuil laethanta saoire na Nollag beagnach linn. Is fada liom an sos. Bhí an chéad téarma den chéad bhliain deacair go leor. Bhí sé deacair orm dul i dtaithí ar scoil mhór le os cionn míle duine ag siúl thart gach lá! Ceapaim go bhfuilim ag socrú isteach anois ar deireadh thiar thall.

Caithfidh mé scríobh chugat faoi amhrán iontach a d'fhoghlaim mé sa rang Gaeilge inné. Is dán é ach cuireadh ceol leis agus, anois, is féidir é a chanadh mar amhrán. 'Oíche Nollag' is ainm don amhrán agus is aoibhinn liom é. Baineann sé le cuimhní Mháire Mhic an tSaoi ar na seanlaethanta i nDún Chaoin. Tá a fhios agat gur breá liom aon ní a bhaineann le Dún Chaoin mar is as an áit sin do m'athair.

Labhraíonn Máire faoi na coinnle a las an spéir oíche Nollag. Bhíodh sé de nós ag daoine coinnle a chur i ngach fuinneog oíche Nollag chun fáilte a chur roimh Mhuire agus í ar a slí go Beithil chun Íosa a thabhairt ar an saol. Chuir an dán teach mo mhamó i nDún Chaoin i gcuimhne dom. Bhíodh se de nós againn dul chuici gach Nollaig go dtí go bhfuair sí bás dhá bhliain ó shin. Chuir na cuimhní brón orm ach mhúscail siad áthas ionam freisin.


Caithfidh mé imeacht anois, táim ag dul isteach go dtí an baile mór le Sailí agus Criostóir do na carúil Nollag sa Halla Pobail. Beimid ag canadh agus táim neirbhíseach.

Feicfidh mé thú Oíche Nollag don scannán, Seán.



Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.30, 1.32)

- Can an t-amhrán seo agus déan é a **thaifeadadh** don phunann.
- Samhlaigh gur léirmheastóir do *Réidh le Plé!* thú. Scríobh alt léirmheastóireachta ar an amhrán seo.



**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**

Fáinne Geal an Lae

Maidin moch do ghabhas amach
Ar bhruach Locha Léin
An samhradh 'teacht 's an chraobh len' ais
Is lonrach te ón ngréin
Ar thaisteal dom trí bhailte poirt
Is bánta míne réidhe
Cé a gheobhainn le m'ais ach an chúileann deas
Le fáinne geal an lae
Ní raibh bróg ná stoca, caidhp ná clóc
Ar mo stóirín óg ón spéir
Ach folt fionn órga síos go troigh
Ag fás go barr an fhéir
Bhí calán crúite aici ina glaic
'S ar dhrúcht ba dheas a scéimh
Do rug barr gean ar Bhéineas deas
Le fáinne geal an lae
Do shuigh an bhrídeog síos le m'ais
Ar bhinse glas den fhéar
Ag magadh léi, bhíos dá maíomh go pras
Mar mhnaoi nach scarfainn léi
'Sé dúirt sí liomsa, "Imigh uaim
Is scaoil ar siúl mé a réic"
Sin iad aneas na soilse ag teacht
Le fáinne geal an lae



Na Casaidigh: <https://www.youtube.com/watch?v=y0Z4iMRKBc4>

Amhrán 3: Fáinne Geal an Lae

Téigh go **YouTube** chun féachaint ar Na Casaidigh **agus/nó** ar Iarla Ó Lionáird ag canadh an amhráin seo. **Éist leis** agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.



Foclóir an amhráin

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Fiosraigh na focail thíos agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Craobh	
Lonrach	
Cúileann	
Caidhp	
Troigh	
Calán crúite	
Réice	
Aneas	

Stair an amhráin seo

Is amhrán an-ársa é an t-amhrán seo. Chum Thomas Connellan an fonn sa seachtú haois déag. Ba chláirseoir dall é. Sa bhliain 1847 d'fhoilsigh Edward Walsh an leagan Gaeilge 'Fáinne Geal an Lae' sa leabhar *Irish Popular Songs* agus aistríodh an leagan Gaeilge ansin go Béarla. Is é 'The Dawning of the Day' an t-ainm a thugtar ar an leagan sin. Is féidir a rá gur aisling é 'Fáinne Geal an Lae.' San aisling, de ghnáth feicimid file ina chodladh. Tagann spéirbhean chuige mar fhís. Bíonn gruaig álainn uirthi agus déanann an file cur síos uirthi mar bhean óg álainn. Caoineann an bhean seo drochstaid na hÉireann agus déanann sí todhchaí dhearfach a thuar do na Gaeil.



Príomhphointí an amhráin:

- Ag tús an amhráin seo feicimid an file go luath ar maidin.
- Téann sé amach ar bhruach Loch Léin atá ag bláthú anois agus an samhradh tagtha. Déanann sé cur síos ar na crainn agus ar theas na gréine.
- Tá neart taistil déanta ag an bhfile bocht atá tar éis a áit mar fhile an Taoisigh a chailleadh ó tháining na Sasanaigh i réim. Níl aon áit le dul aige agus tá sé gan dídean.
- Déanann sé cur síos ar na 'bailte poirt' agus 'bánta míne réidhe' atá siúlta aige.
- Ag breacadh an lae feiceann sé cailín álainn deas in aice leis.
- Déanann sé cur síos aoibhinn uirthi. Níl bróg ná stoca uirthi. Ní chaitheann sí caipín ná clóca. Is léir go bhfuil sé an-cheanúil uirthi ón tús mar glaonn sé 'mo stóirín óg' uirthi. Is cailín an-dathúil í.

- Tá gruaig bhreá fhada fhionn uirthi. Téann a cuid gruaige síos chomh fada leis an talamh. Feicimid é seo go minic san aisling mar is siombail í gruaig fhionn álainn do dhathúlacht agus do thorthúlacht.
- Deir sé go bhfuil buicéad aici ina lámh chun dul amach ag crú na mbó.
- Insíonn sé dúinn go bhfuil cuma níos áille uirthi ná Véineas ag breacadh an lae. Ba mhinic a rinne na filí comparáid idir mná áille agus Véineas chun dathúlacht as cuimse a chur in iúl.
- Suíonn an cailín óg síos in aice leis ar an bhféar. Déanann an file iarracht í a mhealladh agus impíonn sé uirthi é a phósadh. Diúltaíonn sí dó agus glaonn sí 'réic' (= réice) air. Is léir nach bhfuil mórán measa aici air.
- Imíonn sí léi ansin agus an lá tagtha.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.29, 1.32)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhphointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. **Cén fáth** a bhfuil an t-amhrán seo suite faoin tuath ag breacadh an lae, an dóigh leat?
2. **Déan cur síos** ar an bhfile. Cén saghas duine é, meas tú?
3. **Déan cur síos** ar an gcailín álainn.
4. **An dtaitníonn** an t-amhrán seo leat? Cén fáth?



Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32, 2.8)

An féidir leat teacht ar aisling ar bith eile a scríobh file cáiliúil? Cuir ceist ar do mhúinteoir cabhrú leat. Ansin, tar éis duit é a léamh, déan iarracht d'aisling féin a chumadh.

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Threasa Ní Cheannabháin chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gurbh í cara an fhile í agus gur chuala sí a amhrán á chanadh ag seanfhear a d'fhoghlaim uaidh é.

An Teachín Bán

Baile na nGael,

Co. Chiarraí.

An 19 Iúil 1694

A Phiarais, a chara,

Cén chaoi a bhfuil tú, a chara na bhfocal binn? Táim go breá ach is cinnte go bhfuilim tuirseach na laethanta seo. Ó ghabh na Sasanaigh an fheirm is gá dom dul ag obair sa teach mór atá ag Muintir Weston atá lofa le hairgead. Tá sé go hainnis ar fad! Níl talamh ag na Gaeil, ní linn ár gcuid feirmeacha ná capaill a thuilleadh agus táimid ar fad go mór faoi bhrón. Cén chaoi a bhfuil tú ó tugadh bata agus bóthar duit? Cloisim go bhfuil an Taoiseach, Aodh Rua Ó Baoill, agus a theaghlach imithe chun na Róimhe chun cúnamh a lorg a gcuid talún a fháil ar ais. Níl a fhios agam cén chaoi a n-éireoidh leis. Tá na Sasanaigh an-láidir agus tá arm den scoth acu.

Chuala mé amhrán álainn á chanadh ag seanfhear i gclós an tí mhóir inné. 'Fáinne Geal an Lae' an t-ainm a bhí aige air agus d'inis sé dom gur tusa, a Phiarais, a chum é. Bhí sé go hálainn ar fad. Bhí an cur síos ar an gcailín dathúil an-deas agus thaitin an scéal liom. Ba léir gur thuig sí cén saghas duine thú nuair a ghlaigh sí réice ort! D'aithin sí láithreach gur buachaill báire thú a bhíonn ar thóir na gcailíní ar fad.

Maith thú as amhrán den scoth a chumadh. Guím gach rath ort, tá súil agam go dtiocfaidh tú ar phost go luath in áit éigin agus go n-éireoidh leat leanúint ar aghaidh ag cumadh do chuid filíochta. Is drocham é seo dúinn go léir.

Do chara,

Tadhg Ó Duinn.

Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32)

- Scríobh **litir** chuig do chara ag moladh dó/di éisteacht leis an amhrán seo ar YouTube.



- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thaifeadadh** don phunann.

- Lig ort gur tusa an cailín dathúil san amhrán. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche tar éis duit bualadh leis an bhfile.

- Samhlaigh gur tusa an file. Scríobh **cárta poist** chuig do chairde ar ais sa bhaile agus tú ag taisteal timpeall na tíre.

**Bain amach na leathanaigh seo agus
thasc curtha i gcrích agat.**

A decorative graphic at the top of the page features a white treble clef and a series of musical notes on a five-line staff, set against a light orange background.

Tír na nÓg

COLM MAC SÉALAIGH

Fadó, fadó in Éirinn, roimh theacht an nua-aois,
Bhí cónaí ann ar an bhFiann,
Fionn 's a mhac Oisín
Is iomaí eachtra a bhain leo siúd,
Is iomaí casadh croí,
Ach ní dhéanfar dearmad ar an lá
A bhuaíl Oisín le Niamh.

Curfá:

Niamh Cinn Óir, as Tír na nÓg,
Ba í an bhean ab áille gné a chas ar Oisín Óg
Mheall sí é le breáthacht,
Mheall sí é le póg,
Is mheall sí é gan aon agó
Go Tír na nÓg.

Bhí Oisín, lá breá gréine,
Ag siúl le ciumhais na habhann
'Measc bláthanna buí, is luachra,
Taibhsíodh dó an tsamhail,
Spéirbhean ghléigeal álainn
A d'fhág croí an laoich sin fann,
Thug cuireadh dó go Tír na nÓg
Go síoraí cónaí ann.



Curfá

Tír álainn, tír na hóige,
Tír dhiamhair aislingí
Trí chéad bliain chaith Oisín ann
I ngrá go mór le Niamh
Ach fonn nár fhág é choíche,
Is nach bhféadfadh sé a chloí,
Dul thar n-ais go hÉirinn,
Go bhfeicfeadh sé í arís.

Curfá

“Ná fág an áit seo,” arsa Niamh
“Ná himigh uaim, a chroí,
Má fhágann tusa Tír na nÓg
Ní fhillfidh tú ariamh.”
Ach d’fhill Oisín ar Éirinn,
Mar bhí fiabhras ina chroí
Is fuair sé bás ós comhair an Naoimh
B’shin deireadh lena thriall.

Curfá

Tír na nÓg, ó Tír na nÓg,
Tír uasal na draíochta a bhí ann fadó,
Féach thiar ansin í
Thiar ar fhíor na spéire
Sin an áit gur mhaith liom bheith,
Sin Tír na nÓg,
Tír na nÓg
Tír na nÓg.

<https://www.youtube.com/watch?v=hNEAC0ZXmd8>

Amhrán 4: Tír na nÓg le Colm Mac Séalaigh

An bhfuil an scéal béaloidis ‘Tír na nÓg’ ar eolas agat? Ar inis aon duine duit cheana é nó ar léigh tú leagan de in aon áit? Céard é an plota? Cé hiad na carachtair ann? Leis an duine in aice leat an féidir libh an scéal a aithris dá chéile?

Téigh go **YouTube** chun éisteacht le Gearóid Ó Murchú ag canadh an amhráin seo. **Éist leis** agus **féach** ar na focail. Ansin, éist arís leis agus **can** leis na focail é.



Foclóir an amhráin

Gníomhaíocht (TF 1.27)

Fiosraigh na focail thíos agus cuir do chuid Gaeilge féin orthu.

Nua-aois	
Iomaí	
Eachtra	
Gné	
Breáthacht	
Meall	
Ciumhais	
Luachra	
Samhail	
Gléigeal	
Laoch	
Síoraí	
Diamhair	
Choíche	
Fiabhras	
Triall	
Fíor na spéire	

Stair an amhráin seo

Is amhrán nua-aimseartha é an t-amhrán seo ach baineann sé leis an seanscéal béaloidis, ‘Oisín i dTír na nÓg’. Tagann ‘Oisín i dTír na nÓg’ ó shraith de scéalta agus de dhánta a nglaothar An Fhiannaíocht orthu. Scéalta iad seo faoi Fhionn Mac Cumhaill agus Na Fianna. Is é Colm Mac Séalaigh a chum an t-amhrán seo. Tá Colm Mac Séalaigh ina bhall den ghrúpa ceoil Na Fíréin atá ag seinm ceoil ó lár na n-ochtóidí. Baineann an t-amhrán le himeacht Oisín go Tír na nÓg, tír dhraíochtúil, mhiotaseolaíoch amach ó chósta na hÉireann. Ag deireadh an amhráin filleann sé ar Éirinn agus faigheann sé bás ann.

Príomhphointí an amhráin:

- Tá an t-amhrán seo suite in Éirinn ar dtús ‘roimh theacht an nua-aois.’ Baineann an t-amhrán leis na Fianna, buíon de shaighdiúirí dúchasacha a thaistil ar fud na hÉireann ag troid agus ag seilg.
- Feicimid Fionn, ceannaire na bhFiann agus a mhac Oisín sa chéad véarsa agus insíonn an t-amhránaí dúinn go bhfuil saol lán le haicsean acu.
- Ag deireadh an chéad véarsa, déanann an t-amhránaí tagairt don lá a bhuaileann Oisín le Niamh agus deir sé linn gur athraigh sin saol na bhFiann.
- Sa churfá, déanann an t-amhránaí cur síos ar Niamh as Tír na nÓg. Is í an bhean is áille agus is dathúla a sheas ar thalamh na hÉireann riamh í. Meallann sí Oisín go Tír na nÓg lena dathúlacht agus lena póga.
- Sa chéad véarsa eile, feicimid Oisín ag siúl ar bhruach na habhann agus é i measc bláthanna agus luachra. Feiceann sé Niamh, ‘[s]péirbhean ghléigeal álainn’, agus tugann sí cuireadh dó dul go Tír na nÓg léi chun cónaí ann léi ‘go síoraí.’
- Sa tríú véarsa, déanann an t-amhránaí cur síos ar Thír na nÓg féin. ‘Tír álainn, tír na hóige’ atá ann agus is áit dhraíochtúil í. Deir sé linn go gcaitheann Oisín ‘trí chéad bliain’ ann i ngrá le Niamh agus óg go deo. An t-aon fhadhb atá ag Oisín, áfach, ná go dteastaíonn uaidh filleadh ar Éirinn chun a theaghlach agus na Fianna a fheiceáil arís.
- Sa cheathrú véarsa impíonn Niamh ar Oisín gan filleadh ar Éirinn. ‘ “Ná fág an áit seo,” arsa Niamh/ “Ná himigh uaim, a chroí,/ Má fhágann tusa Tír na nÓg/ Ní fhillfidh tú ariamh’ a deir sí leis. Ní theastaíonn uaithi go bhfágfaidh sé í mar tuigeann sí go bhfuil dainséar ag baint leis an turas.
- Filleann Oisín ar Éirinn, áfach, agus faigheann sé bás anseo os comhair Naomh Pádraig.
- Sa véarsa deireanach, canann an t-amhránaí arís faoi Thír na nÓg. Deir sé go bhfuil sí ‘[t]hiar ar fhíor na spéire’ agus gurb í ‘an áit gur mhaith liom a bheith’. Is cinnte go bhfaighimid íomhá an-dearfach agus álainn de Thír na nÓg san amhrán seo ach is scéal brónach é scéal Oisín mar fuair sé bás go tragóideach.

Gníomhaíocht (TF 1.7, 1.9, 1.13, 1.29, 1.30)

Tar éis duit an t-amhrán a chanadh agus na príomhphointí a léamh, freagair na ceistanna seo a leanas i do chóipleabhar.

1. **Déan cur síos** ar Éirinn mar a léirítear san amhrán seo í.
2. **Déan cur síos** ar Thír na nÓg mar a léirítear san amhrán seo í.
3. **Cén saghas duine** é Oisín, an gceapann tú?
4. **Cén saghas duine** í Niamh, an dóigh leat?
5. **An bhfuil trua agat d’Oisín? Cén fáth?**
6. **An dtaitníonn** an t-amhrán seo leat? **Cén fáth?**



Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón amhrán a tharraingt sna boscaí thíos agus an líne a spreag iad a chur in aice leo?

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32, 2.8, 3.9)

Léigh an scéal d'Oisín i dTír na nÓg ón gcnuasach *Seanchas na Féinne* le Niall Ó Dónaill. Cuir i gcomparáid leis an amhrán 'Tír na nÓg' é. Cé acu is fearr leat?

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Mháirtín Uí Shé chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sé air gurbh é Oisín é agus gur scríobh sé litir ar ais abhaile chuig Niamh ag insint di faoina thuras go hÉirinn.

Campa na bhFiann,
Loch Léin
Fadó Fadó

A Niamh, a stór,

Tá súil agam go bhfuil cúrsaí go maith leat, a ghrá mo chroí, agus go bhfuil tú ag tabhairt aire mhaith do na páistí. Abair leo uile go bhfuilim ag cur a dtuairisce. Braithim uaim go mór sibh agus is fada liom go dtiocfaidh mé ar ais go Tír na nÓg chun sibh a fheiceáil.

Bhain mé Éire amach aréir. Bhí turas fada, deacair agus contúirteach agam ag marcaíocht thar shléibhte, fharraigí agus lochanna ach táim anseo anois. Tá an áit athraithe ó bhonn! Níor aithin mé an áit. Táim ag éirí beagáinín beag buartha caithfidh mé a rá. Chaith mé an lá ar fad inniu ag marcaíocht mórthimpeall na háite ag lorg na n-áiteanna ar chaith na Fianna tamall iontu. Teastaíonn uaim teacht ar m'athair Fionn, ar mo mhac Oisín Óg agus labhairt leo. Ní fhaca le trí chéad bliain iad! Ba bhreá liom a gcuid scéalta a chloisteáil agus éisteacht leo ag labhairt faoina ngaicé agus faoina n-eachtraí uile.


Táim chun dul go Gleann na Smól amárach. Bhíodh sé de nós ag m'athair an buíon a thabhairt ansin go minic i rith an tsamhraidh chun dul ag seilg agus beagán ama a chaitheamh ag ligean a scíthe. Tá súil agam go mbeidh siad ansin. Mura mbeidh, b'fhéidir go mbeidh aithne ag duine éigin orthu nó beidh siad in ann a rá liom cá bhfuil siad imithe.

Sin a bhfuil uaimse, a Niamh álainn na gruaige faide,
Le grá,
Oisín.

Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha (TF 1.26, 1.27, 1.30, 1.32)

- Scríobh **blag taistil** ag ligean ort féin gur tusa Oisín in Éirinn.
- **Can an t-amhrán** seo agus déan é a **thairfeadh** don phunann.
- Lig ort gur tusa Niamh Chinn Óir. Scríobh **litir** chuig Oisín ag insint dó faoin méid atá ag dul ar aghaidh sa bhaile i dTír na nÓg a fhad agus atá sé as baile.
- Samhlaigh gur iriseoir do TG4 thú. Scríobh **alt** faoi cheolchoirm ar fhreastail tú uirthi. Samhlaigh go bhfaca tú 'Na Fíréin' ag seinm ann.





**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**

An Fhilíocht

Is éard is dán ann ná **píosa scríbhneoireachta** atá lán le **rithim** agus le **meafair**. De ghnáth feicfidh tú rím, rithim, rannta agus meadaracht ar leith in úsáid ag file i ndán ach ní i gcónaí. Is **ceird speisialta** í an fhilíocht, uaireanta tógann sé blianta fada ar fhilí dán amháin a chumadh agus a chríochnú.

Is éard is **file** ann ná **duine a chumann dánta**. An aithníonn tú an file thall? Ar léigh tú dánta ar an mbunscoil le haon fhile ar leith? An féidir leat cúpla sampla de dhánta nó d'fhilí a thabhairt don mhúinteoir?



Tá traidisiún ársa filíochta againn sa Ghaeilge. Téann stair na filíochta scríofa siar chomh fada leis an 6ú haois. Cúrsaí creidimh agus an nádúr ba iad sin an dá théama ba mhó a bhí le feiceáil sna dánta luatha. Ba iad na manaigh, a scríobh na lámhscríbhinní, a chum na chéad dánta scríofa sa Ghaeilge. Ó thaobh an traidisiúin bhéil de, bhíodh sé de nós ag na filí in Éirinn dánta a chumadh fúthu féin agus faoi dhaoine tábhachtacha sa tsochaí. Mar shampla chum na filí an-chuid dánta faoi ríthe na nGael, á móladh nó á gcáineadh.



Bhíodh sé de nós acu na dánta seo a rá mar shiamsaíocht ag féilte agus ag fleánna. D'fhostaigh a lán ríthe filí chun dánta a chumadh d'ócáidí speisialta ar nós bainiseacha, buanna catha, breith rí agus mar sin de. Ba é an ról a bhí acu ná dánta molta a chumadh faoin rí nó faoin taoiseach áitiúil agus dánta cáinte a chumadh faoi naimhde an rí nó an taoisigh. D'inseoidís na scéalta Fiannaíochta agus Rúraíochta ag na hócáidí móra sóisialta chomh maith. Bhí siad ina staraithe agus bhí dlíthe na tíre ar eolas acu freisin.

Bhí tábhacht ar leith ag baint leis an bhfile i stair na hÉireann. Ba dhuine tábhachtach é sa tsochaí agus bhí stádas ar leith aige. Cuireadh oiliúint orthu siúd a bhí ag iarraidh a bheith ina bhfilí ach ba dheacair freastal ar na scoileanna sin. Ba ghairm uasal é gairm an fhile a rith i dteaghlaigh áirithe. Bhí scoileanna speisialta ann do na filí agus chaith filí óga breis agus seacht mbliana ag staidéar sular bronnadh an teideal file nó bard orthu.

Tháinig deireadh le ré na bhfilí nó na mbard in Éirinn sa seachtú haois déag nuair a ghlac na Sasanaigh seilbh ar an tír diaidh ar ndiaidh. Ní raibh an t-aitheantas nó an stádas céanna ag na filí a thuilleadh. D'imigh an-chuid filí thar sáile chun na hEorpa nó d'éirigh an-chuid díobh as a bheith ag cumadh filíochta. Níor stopadh go hiomlán de bheith ag cumadh filíochta áfach. Lean daoine áirithe orthu ag cleachtadh na ceirde. Ba iad Daithí Ó Bruadair agus Aogán Ó Rathaille mórfhilí an tseachtú haois déag. Ba é an príomhthéama a bhí acu ina gcuid filíochta ná drochstaid na nGael in Éirinn ag an am. Lean sé seo ar aghaidh san ochtú agus sa naoú haois déag.

Ag tús an fichiú haois tháinig borradh faoin bhfilíocht arís le linn Athbheochan na Gaeilge agus tá filíocht na Gaeilge ag dul ó neart go neart ó shin. Bhí Máire Mhac an tSaoi, Máirtín Ó Direáin agus Seán Ó Ríordáin go mór chun tosaigh ó thaobh na filíochta nua-aimseartha de sna caogaidí agus feicfidh tú a gcuid dánta sa leabhrán seo. Tá filíocht na Gaeilge sláintiúil i gcónaí a bhuí le filí óga cosúil le hAifric Mac Aodha, Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus Proinsias Mac a' Bhaird.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.27, 1.29, 1.30)

Freagair na ceisteanna seo a leanas i do chóipleabhar tar éis duit an sliocht thuas a léamh

1. Cén uair a cuireadh tús le scríobh na filíochta in Éirinn?
2. Cén dá théama ba mhó a bhí ag na chéad dánta?
3. Cérbh iad na chéad fhilí in Éirinn?
4. Luaigh dhá ócáid a raibh dánta cumtha ag na filí dóibh.
5. Cén stádas a bhí ag filí in Éirinn?
6. Cé mhéad bliain a chaith na filí ag foghlaim a gceirde?
7. Cá ndeachaigh roinnt filí tar éis do na Sasanaigh seilbh a ghlacadh ar an tír?
8. Ainmnigh beirt fhilí a lean ar aghaidh ag cumadh filíochta tar éis do na Sasanaigh teacht i réim. Cén t-ábhar a bhí acu?
9. Cad a tharla ag tús an fichiú haois?
10. Ainmnigh triúr filí atá ag cumadh filíochta sa lá atá inniu ann.

Gníomhaíocht (TF 1.17, 1.18, 1.19, 1.21, 1.22, 1.24)

An bhfuil aon fhilí aitheanta pobail i do cheantar féin? I ngrúpaí de thriúr an féidir libh file a roghnú agus **cur i láthair** a ullmhú le chéile bunaithe air nó uirthi? B'fhéidir go mbeadh deis agaibh agallamh a chur ar an bhfile nó ar dhuine éigin a bhfuil aithne aige air/uirthi? An bhféadfadh sibh cuid dá ndánta a chur le chéile, anailís a dhéanamh orthu agus téamaí a roghnú uathu? Nuair a bheidh an cur i láthair réidh, léirigh os comhair do mhúinteora agus ranga é. Is féidir an cur i láthair a thaifeadadh ar an iPad (nó gaireas eile) scoile don phunann más maith libh!

(Mura féidir libh teacht ar aon fhile pobail is féidir libh dul chuig www.portraidi.ie agus file a roghnú a thaitníonn libh le taighde a dhéanamh air/uirthi.)

Nuair a léann tú dán bíonn sé an-tábhachtach foclóir speisialta a úsáid chun an dán sin a phlé i gceart. Féachfaimid anois ar chúpla **focal tábhachtach** a chabhróidh leat agus na dánta atá sa leabhrán seo á bplé agat le do chairde sa rang.



Foclóir na filíochta

Meafar	Comparáid a dhéanann file idir dhá rud, m.sh. 'Is réalta thú!'
Samhail	Comparáid a dhéanann file idir dhá rud ag úsáid 'chomh X le' 'mar', m.sh. 'Chomh bán le sneachta'
Uaim	Éifeacht fuaime a chruthaíonn an file nuair a thosaíonn sraith d'fhocail leis an litir chéanna 'chroithfinn crainnte na coille'.
Comhfhuaim	Éifeacht fuaime a chruthaíonn an file nuair a bhíonn rím idir ghutaí 'ar órmhuir mhall'
Íomhá	Pictiúr a chruthaíonn an file le focail
Véarsa/Rann	An tslí a bhfuil an dán leagtha amach.
Rím	Nuair a bhíonn an fhuaim chéanna le sonrú idir fhocail nó deirí focal ag deireadh línte i ndán
Rithim	Nuair a bhaineann an file úsáid as fuaimeanna ar leith arís is arís eile i ndán.
Athrá	Nuair a úsáideann an file íomhá, focal, líne nó meafar arís is arís eile le béim a leagan air
Fuaimfhoclaíocht	Nuair a chruthaíonn an file fuaim na híomhá le focal a léiríonn an fhuaim sin, mar shampla, 'briosca' nó 'láib'
Meadaracht	An rithim inmheánach atá ag dán
Stíl	An tslí a gcumann an file nó an tslí a scríobhann scríbhneoir
Áibhéil	Nuair a théann file thar fóir le comparáid nó íomhá le béim a leagan ar choincheap

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

An Philíocht

Comhfhuaim	Dán	File
Meadaracht	Meafar	Rann
Rithim	Rím	Samhail
Uaim	Véarsa	Áibhéil
Íomhá		

S	O	E	F	Á	C	R	A	F	A	E	M	R	S	R
W	K	D	H	N	K	O	U	A	I	M	M	I	A	A
D	X	M	E	P	T	G	M	T	H	N	V	T	S	N
U	O	B	Y	T	P	F	B	H	W	D	Á	I	R	N
Í	E	U	C	G	Q	Z	W	D	U	I	M	H	A	H
A	Z	J	O	Q	Z	C	N	M	B	A	D	I	É	M
M	E	A	D	A	R	A	C	H	T	Á	I	M	V	X
N	K	K	E	F	N	D	É	E	N	G	P	M	I	J
L	O	L	V	B	I	I	B	D	D	J	Z	H	E	Y
M	A	K	J	C	L	L	Y	I	W	Z	J	F	C	Y
X	N	H	K	H	Y	K	E	I	I	Z	E	M	J	G
I	N	K	M	G	I	M	P	R	I	C	N	H	Y	R
M	Í	R	L	A	H	X	F	N	D	D	I	B	C	V
Y	S	F	P	P	S	Y	E	B	E	O	O	M	J	S
Z	W	U	A	Q	F	A	Y	J	Y	F	I	N	V	T

Agus foclóir na filíochta ar do thoil agat anois, caithfidh tú cuimhneamh ar bhealaí chun do chuid **tuairimí** agus **mothúchán** faoi dhán a chur in iúl. Is fiú go mór duit súil a chaitheamh ar na frásaí agus na nathanna seo a leanas:



Tuairimí a thabhairt faoin bhfilíocht

- Is breá liom an dán seo.
- Is aoibhinn liom an dán seo.
- Bhain mé an-sult as an dán seo a léamh.
- Bhain mé an-taitneamh as an dán seo a léamh.
- Taitníonn an dán seo liom.
- An dtaitníonn an dán seo leat?
- Ní thaitníonn an dán seo liom.
- Chuaigh an íomhá seo i bhfeidhm go mór orm.
- Cheap mé/ mheas mé/ shíl mé go raibh an rithim sa dán seo éifeachtach.
- Mhothaigh mé sceitimíní an fhile agus an fhuaimfhoclaíocht in úsáid aici.
- Bhí an ghráin dhearg agam ar an dán seo.
- Ní raibh mé róthógtha leis an dán seo.
- Bhí an dán seo an-dorcha/an-bhrónach/lán le híomhánna gruama.
- Bhí an dán seo an-éadrom/greannmhar/lán le spraoi.
- Is meafar láidir é X atá úsáidte go cliste ag an bhfile sa dán seo.
- Ceapaim féin/Sílim/Measaim
- Is dán simplí é an dán seo.
- Is dán casta é an dán seo.
- Is cinnte gur dán traidisiúnta é an dán seo.
- Is fíor a rá gur dán nua-aimseartha é an dán seo.
- Bhí an meafar sin cineál casta/deacair le tuiscint.
- Níl amhras ar bith orm ach gur dán taitneamhach/spraíúil/difriúil/maoithneach/traidisiúnta é an dán seo.

Dán 1: Athchúrsáil le hAilbhe Ní Ghearbhuigh

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

Tá cúrsaí timpeallachta go mór i mbéal an phobail faoi láthair. Cad is brí le hathchúrsáil, dar leat? An bhfuil cultúr láidir athchúrsála agat sa bhaile agus ar scoil? An ndéanann tú iarracht athchúrsáil a dhéanamh chomh minic agus is féidir? **Déan plé** ar na ceistanna seo leis an duine in aice leat.



Rugadh Ailbhe Ní Ghearbhuigh i gContae Chiarraí sa bhliain 1984. Bhain sí céim amach sa Ghaeilge agus sa Fhraincis in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Is léachtóir le Gaeilge anois í i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh. Tá a cuid filíochta léite aici i bPáras, i Nua Eabhrac, i Montréal agus i mBaile an Fheirtéaraigh. Bhuaigh a dán 'Deireadh na Feide' Corn Uí Néill in 2012 agus roghnaíodh 'Filleadh ar an gCathair' mar Dhán Uachtarántacht an Aontais Eorpaigh in 2013. Bhain an dán céanna áit amach ar ghearrliosta RTÉ, 'A Poem




for Ireland'. D'fhoilsigh Coiscéim a céad chnuasach filíochta, Péacadh, in 2008 agus Tost agus Allagar in 2016.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32, 2.6, 2.8)

An féidir leat tuilleadh taighde a dhéanamh ar fhilíocht Ailbhe Ní Ghearbhuigh? Tá a lán dánta dá cuid ar líne. Roghnaigh ceann agus léigh é. Ansin, cuir i gcomparáid leis an dán 'Athchúrsáil' é. Scríobh tuairisc air sin i do phunann.





FILÍOCHT

Athchúrsáil

AILBHE NÍ GHEARBHUIGH

Ag siúl dom lá
stopas go pointeáilte
ag ionad athchúrsála

méadaí
bhaineas díom
is do chaith
san ártach iad

mo chraiceann,
scaoileas díom,
sraith bhán, gan úsáid,

mo chnámha,
do bhriseas
ina mionphíosáí
d'fhonn a mbrú
tríd an bpoillín

mo chuid orgán
– croí san áireamh –
dhein díobh
brúitín blasta

Ní ar son caomhnú,
an dtuigeann tú
ach ath-mhúnlú
go ndéanfar díom
bábóg shimplí
go snasta.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.6, 2.7, 3.7)

An féidir leat dul go www.focloir.ie leis an duine in aice leat agus na focail/nathanna thíos a fhiosrú. Mínigh i do chuid Gaeilge féin ansin iad.

go pointeáilte	
ionad athchúrsála	
árthach	
mionphíosáí	
brúitín	
ath-mhúnlú	
go snasta	

Príomhphointí an dáin

- Is léir go bhfuil an file an-mhíshona sa dán seo. Níl sí sásta leis an gcuma atá uirthi.
- Tá sí ag siúl léi lá amháin agus feiceann sí ionad athchúrsála.
- Beartaíonn sí stopadh ann.
- Cuireann an chuma atá uirthi déistin uirthi, mar sin, beartaíonn sí í féin a athchúrsáil ar nós píosa bruscair. Tá sí ag iarraidh a bheith go hálainn cosúil le gach duine eile. Tá an-bhrú uirthi, is léir.
- Ní maith léi a héadaí, mar sin, baineann sí a cuid éadaigh di agus cuireann sí isteach sa bhosca athchúrsála iad.
- Ní thaitníonn a craiceann léi, mar sin, baineann sí di é agus caitheann sí isteach sa bhosca athchúrsála é leis na héadaí.
- Briseann sí a cuid cnámh ionas gur féidir léi iad a bhrú isteach sa bhosca freisin.
- Déanann sí a cuid orgán agus a croí a bhrú ionas gur féidir léi iad a shá isteach.
- Ar deireadh, níl an file fágtha agus tuigimid go dteastaíonn uaithi athrú go mór. Ba mhaith léi a bheith iomlán difriúil. Ba mhian léi a bheith ina bábóg fhoirfe cosúil leis na mainicíní agus aisteoirí áille nach bhfuil locht ná smál orthu.
- Is cailín atá ar thóir foirfeachta agus áilleachta atá ag labhairt sa dán seo. Is mór an trua é go gceapann sí go gcaithfidh sí í féin a scríosadh chun teacht ar fhoirfeacht.
- Is áilleacht éadomhain atá á lorg ag an gcailín seo. Tá sí ag lorg áilleacht fhisiciúil, níl sí sa tóir ar áilleacht nádúrtha.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.29, 1.30)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin, freagair na ceistanna seo a leanas:

1. **Cén fáth** a stopann an file ag an ionad athchúrsála?
2. **Céard** é an chéad rud a bhaineann sí di féin?
3. **Céard** a scaoileann sí di féin?
4. **Cén fáth** a ndéanann an file iarracht a cuid cnámh, orgán agus croí a bhrú isteach sa bhosca athchúrsála?
5. **An bhfuil trua agat** don fhile ag deireadh an dáin seo? Cén fáth?
6. **An gceapann tú** gur dán do dhaoine óga nó do sheandaoine é an dán seo? Tabhair fáth le do fhreagra.

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón dán a roghnú agus **pictiúr a tharraingt** de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.7, 2.8, 3.4, 3.7)

Canúint na Mumhan

Sna gearrscéalta d'fhéachamar ar chanúint Chonamara agus ar chanúint Uladh ach sa dán seo, scríobhann Ailbhe Ní Ghearbhuigh le blas de chanúint na Mumhan ar a cuid filíochta, rud a dhéanann an guth sa dán an-phearsanta agus an caidreamh idir an léitheoir agus an file an-dlúth. An féidir leat na nathanna seo a leanas a mheaitseáil leis na leaganacha caighdeánacha?

Do chaith [mé]	Bhain mé díom
Scaoileas díom	Stop mé
Do bhriseas	Chaith mé
Dhein	Scaoil mé díom
Bhaineas díom	Bhris mé
Stopas	Rinne

An féidir leat teacht ar aon phíosa litríochta (gearrscéal nó dán) sa leabhrán seo ina bhfuil Gaeilge na Mumhan in úsáid ag údar/file?

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar céard a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail
Rím	Íomhá	Áibhéil	

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 1.30, 2.2, 2.6)

Tá neart samplaí de **réamhfhocail** le feiceáil sa dán 'Athchúrsáil'.

Is **éard** is réamhfhocail ann ná focal beag a cheanglaíonn dhá chuid nó níos mó d'abairt. Seo a leanas roinnt samplaí de réamhfhocail: **i, le, roimh, ag, ar, do, de, ó, chuig, thar** srl. Baineann rialacha **áirithe** le réamhfhocail sa Ghaeilge. Uaireanta cuirtear séimhiú isteach san ainmfhocail a leanann iad agus uaireanta eile ní cuirtear séimhiú isteach.

Seo trí cinn de na cinn is coitianta a fheictear:

1. Tá an bainne **ar** bharr an bhoird.
2. Tá an muinteoir **ag** barr an tseomra.
3. Scríobhann Seán a chuid freagraí isteach **sa chóipleabhar**.

An féidir leatsa na habairtí seo a leanas a scríobh amach i gceart sa spás atá tugtha thíos?

1. Téann Mícheál isteach sa (cathair) gach lá.

-
2. Tá an buidéal suite ag (bun) an chófra.

-
3. 'Cuir é sin isteach sa (cistin)', a dúirt mo mháthair liom.

-
4. Seasaimid ar fad ag (geata) na scoile go dtí go dtagann an múinteoir.

-
5. Cuirim doras an tí faoi ghlas ar (faitíos) na bhfaitíos.
-

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Éabha Ní Dhúill chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin go raibh ríomhphost á sheoladh aici chuig an bhfile Ailbhe Ní Ghearbhuigh.

Ríomhphost chuig Ailbhe

Do: ailbheníghearbhuigh@filíocht.ie

Ó: éabhanídhúill@scoil.ie

Ábhar: Athchúrsáil

Dáta: An 10 Deireadh Fómhair 2018

A Ailbhe, a chara,

Is é do bheatha. Éabha is ainm dom. Is scoláire sa tríú bliain i gColáiste Mhuire mé. An tseachtain seo caite léigh mé do dhán 'Athchúrsáil' le mo rang Gaeilge agus chuaigh sé i bhfeidhm go mór orm. Caithfidh mé a rá gur mhúscáil an dán a lán smaointe agus mothúchán ionam agus ní féidir liom dearmad a dhéanamh ar do chuid meafar. Is cailín óg mé freisin agus bíim ag iarraidh a bheith foirfe cosúil leis na mná áille ar Instagram nó na daoine a scríobhann blaganna ar líne. Tá a fhios agam gur mainicíní a bhfórmhór díobh agus gur post atá ann dóibh a bheith álainn agus dathúil ach fós féin braithim an-bhrú go deo a bheith cosúil leo. Uaireanta, teastaíonn uaim dath mo chuid gruaige a athrú nó smideadh a chaitheamh agus mé ag imirt peile le mo chairde. Tar éis dom an dán a léamh sa rang áfach, thuig mé go mothaíonn mo chairde ar fad mar an gcéanna agus gur seafóid atá sna smaointe sin! Táimid ar fad ag fulaingt leis an mbrú céanna. Theastaigh uaim an ríomhphost seo a scríobh agus a sheoladh chugat le rá leat go bhfuil tú go hálainn mar atá tú. Ceapaim gur duine den scoth thú, tá an oiread sin bainte amach agat. Táimid ar fad sa bhád céanna, ná ceap gur tú an t-aon chailín a bhraitheann an brú seo. Go raibh míle maith agat as an dán tábhachtach seo a chumadh. Ceapaim go dtabharfaidh an dán seo a lán misnigh do chailíní ar mo nós féin.

Ó do chara,

Éabha.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.14, 1.15, 1.16, 1.17, 1.18, 1.26, 1.27, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4, 3.7)

1. Lig ort gur láithreoir ar an gclár *Léirmheas Leabhar* ar TG4 thú. Cuir **agallamh** ar an bhfile Ailbhe Ní Ghearbhuigh agus cuir ceistanna uirthi faoina dán 'Athchúrsáil'.
2. Scríobh **aiste** faoi thábhacht na hathchúrsála in Éirinn an lae inniu.
3. Cuir **freagairt phearsanta** le chéile ar an dán seo. Cén chaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort?
4. Samhlaigh gur tusa an file. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche tar éis duit filleadh ón ionad athchúrsála. (Ná déan dearmad scríobh san aimsir chaite agus sa chéad phearsa!)
5. Cum **do dhán féin** a bhfuil an teideal 'Athchúrsáil' air. Bí cruthaitheach agus déan iarracht cuid de na teicnící fileata a úsáid.

[illegible]

Dán 2: Cuimhní Cinn le Máirtín Ó Direáin


An raibh tú riamh ar oileán? Cén t-oileán ar a raibh tú? An oileán thar sáile nó oileán in Éirinn a bhí ann? An féidir leat cur síos a dhéanamh ar an áit don scoláire in aice leat? **Déan cur síos** ar an aimsir, an dúlra, na radhairc agus an turas ann.

An gceapann sibh go bhfuil rud éigin speisialta ag baint le bheith ar oileán? Spreagann oileáin daoine go mór chun filíocht agus scéalta a chumadh agus a scríobh. Cén fáth, an gceapann sibh?



Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.4, 1.6, 1.29, 1.30)

Anois, **féach ar an bpróifil** den fhile, Máirtín Ó Direáin, ar TG4 Foghlaim i rannóg na filíochta faoin teideal 'An tEarrach Thiar'. **Éist go cúramach** leis agus **freagair na ceistanna** seo a leanas. B'fhéidir go mbeidh ar an múinteoir an físeán a sheinn cúpla babhta.



1. **Cá háit** ar rugadh Máirtín Ó Direáin agus cén bhliain ar rugadh é?
2. **Cé mhéad** duine a bhí sa chlann?
3. **Cathain** a d'éag athair Mháirtín? Conas a mhothaigh sé faoin mbás sin? (éag=bás)
4. **Cad** a theastaigh uaidh a dhéanamh mar phost? Cad a chuir stop lena phlean?
5. **Cá háit** ar oibrigh sé?
6. **Cén** caitheamh aimsire a bhí aige i nGaillimh?
7. **Cathain** a bhog sé go Baile Átha Cliath?
8. **Cén aois** a bhí sé nuair a thosaigh sé ag cumadh filíochta?
9. **Céard** a bronnadh air dá chuid filíochta?
10. **Cé** a phós sé agus cén t-ainm a bhí ar iníon Mháirtín?

B'aoibhinn le Máirtín Ó Direáin saol an oileáin. Cé gur chónaigh sé i mBaile Átha Cliath ar feadh breis agus caoga bliain d'fhill sé ar an oileán an t-am go léir ina chuid filíochta. **Is iad Oileán Árann, saol an oileáin, muintir an oileáin agus tionchar an oileáin buntéamaí a chuid filíochta.**





Cuimhní Cinn

MÁIRTÍN Ó DIREÁIN

Maireann a gcuimhne fós i m'aigne
Báiníní bána is léinte geala,
Léinte gorma is bheistí glasa,
Treabhsair is dráir de bhréidín baile
Bhíodh ar fheara cásacha aosta
Ag triall ar an Aifreann maidin Domhnaigh
De shiúl cos ar aistear fhada,
A mhúsclaíodh i m'óige smaointe ionamsa
Ar ghlaire, ar úire, is fós ar bheannaíocht.

Maireann a gcuimhne fós i m'aigne:
Cótaí cóirithe fada dearga,
Cótaí gorma le plúirín daite,
Seálta troma aníos as Gaillimh,
Bhíodh ar mhná pioctha néata
Ag triall ar an Aifreann mar an gcéanna;
Is cé go bhfuilid ag imeacht as faisean,
Maireann a gcuimhne fós i m'aigne
Is mairfidh cinnte go dté mé i dtalamh.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

An féidir leat na focail seo ón dán a **mheaitseáil** leis na mínithe atá thíos:

Cuimhne	Pointeáilte agus glan
Báinín	Éadach baile
Treabhsair	Nuair a thagann seansmaoineamh ar ais isteach i do cheann
Dráir	Cóitín
Bheistí	Go bhfaighidh mé bás
Bréidín	Veistchótaí
Cásach	Bláth beag bán
Aistear	Bríste
Beannaíocht	Seaicéid déanta d'éadach baile
Cótaí	Bratacha a chuireann tú thar do chuid gualann
Plúirín	Turas
Seálta	Cráifeach
Piochta néata	Brístín
Go dté mé i dtalamh	Uasal

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32, 3.4)

Is é 'Cuimhní Cinn' teideal an dáin seo. An féidir leat cur síos a dhéanamh ar aon chuimhní speisialta atá agat d'áit, d'ócáid nó de dhuine? Scríobh **aiste ghairid** ar an gcuimhne speisialta sin don phunann.



Príomhphointí an dáin

- Is dán an-phearsanta é an dán seo. Tá an file ag scríobh sa chéad phearsa (mise).
- Is duine fásta é an file ach tá sé ag féachaint siar ar a óige ar Oileán Árann sa dán seo. Is maith leis dul siar ar bhóithrín na smaointe agus cuireann na cuimhní den seansaol gliondar ar a chroí.
- Tá dhá véarsa sa dán seo agus tosaíonn an dá cheann leis an gcurfá '[m]aireann a gcuimhne fós i m'aigne.' Cuireann an curfá béim ar chumhacht na smaointe agus ar thábhacht na gcuimhní i saol an fhile. Ní féidir leis dearmad a dhéanamh ar na daoine a bhí timpeall air agus é óg.
- Sa chéad véarsa, smaoiníonn an file ar na héadaí seanfhaiseanta agus traidisiúnta a chaith na fir ar Inis Mór agus iad ag dul ar aifreann. Deir sé go gcuireann íomhánna na bhfear gléasta seo rudaí glana agus uaisle i gcuimhne dó.
- Is léir go gceapann sé gur daoine maithe iad fir an oileáin agus go bhfuil meas aige orthu.
- Sa dara véarsa smaoiníonn sé ar na mná agus iad ag dul ar aifreann. Tá siad gléasta in éadaí traidisiúnta cosúil leis na fir. Tá siad gléasta go néata agus go deas, is léir go gcuireann siad an-dua orthu féin le dul ar aifreann.
- Tá na sean-nósanna agus seantraidisiúin ag dul 'as faisean' anois mar aon le héadaí na ndaoine sa dán seo. Tá nóta brónach le feiceáil anseo mar tá an file ag caoineadh dheireadh na dtraidisiún seo.
- Críochnaíonn an dán ar nóta dóchais, áfach, mar deir an file go '[m]aireann a gcuimhne fós i m'aigne/[i]s mairfidh cinnte go dté mé i dtalamh.' Ní dhéanfaidh sé dearmad ar na daoine speisialta seo agus ní dhéanfaimid dearmad orthu ach an oiread mar tá sé tar éis cur síos a dhéanamh orthu dúinn mar léitheoirí. Tá codarsnacht dheas ag deireadh an dáin seo idir beatha 'mairfidh' agus bás 'go dté mé i dtalamh' a léiríonn go leanann an saol ar aghaidh i gcónaí.

Gníomhaíocht (TF 1.12, 2.8)

Sna boscaí thíos an féidir leat pictiúr a tharraingt d'fhear agus de bhean ón oileán a bhfuil cur síos déanta ag an Direánach orthu sa dán.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar céard a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail
Rím	Íomhá	Áibhéil	Curfá

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 1.30, 2.2, 2.6)

Tá roinnt samplaí den Aidiacht Shealbhach le feiceáil sa dán 'Cuimhní Cinn'. An féidir leat féin agus leis an duine in aice leat **cúig shampla** den Aidiacht Shealbhach a aimsiú sa dán 'Cuimhní Cinn'? Féach go géar tríd an dán, is ann do na samplaí!

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30)

Bain triail as na habairtí seo!

1. Taitníonn an Ghearmáinis go mór le mo (deartháir).

2. D'fhág sé a (liathróid) ar an bpáirc peile inné.

3. Fuaireamar ár (carr) sa chathair agus chuamar abhaile.

4. Bhí a (cos) ag cur fola agus chuir a mam glaoch ar an otharcharr.

5. Tháinig a (uncail) ar cuairt agus bhí athas an domhain uirthi.

6. Ar nigh tú (do lámha) ar maidin?

7. Chaill ár (aintín) a cuid airgid sa Spáinn agus bhí uirthi filleadh abhaile.

8. Bhí an oíche fliuch stoirmiúil agus d'fhan mé i mo (carbhán).

9. Ní maith leo a (obair bhaile) a dhéanamh agus bíonn siad i dtrioblóid leis an múinteoir go minic.

10. Chaith sé a lán ama ag féachaint ar an teilifís ina (óige).

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12)

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Sheáin chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Chum sé litir ag ligean air féin gurbh é Máirtín Ó Díreáin é a bhí ag scríobh chuig a iníon.

Sruthán,
Árainn,
Co. na Gaillimhe
An 18 Meitheamh 1980

A Áine, a stór,

Cén chaoi a bhfuil tú? Tá súil agam go bhfuil tú ag obair go dian ar scoil agus ag cabhrú le do mháthair sa bhaile. Ar ghlán tú do sheomra codlata ó d'fhág mé? Cén chaoi ar éirigh leat sa scrúdú mata sin a bhí agat Dé Luain? Bhí mé an-ghnóthach ó d'fhág mé an baile le cuairt a thabhairt ar Uncail Tomás thiar ar Árainn.

Bhain mé an t-oileán amach dhá lá ó shin. Bhí an turas go Gaillimh go breá agus d'fhág mé an carr ag cé Ros a' Mhíl ach bhí an turas trasna chuig an oileán an-gharbh agus bhí na tonnta ard agus contúirteach. Bhí roinnt turasóirí an-tinn ach bhí mé togha, tá seantaithí agam ar an bhfarraige mar is eol duit!

Bhí sé an-deas Tomás, Caitlín agus na gasúir a fheiceáil ag fanacht orm ag an gcé. Tá siad ar fad i mbarr na sláinte agus ag cur do thuairisce! Tá triúr anois acu, Síle, Tomás Beag agus an leanbh, Séan. Tá siad ar fad lán de cheol. Ó tháinig mé abhaile táim gafa ag na comharsana ach tá an pobal ag dul i léig feictear dom. D'fhág muintir Uí Choistealbha, muintir Uí Fhatharta agus muintir Mhic Dhonnacha le dul anonn go Sasana. Cuireann sin brón ar mo chroí. Ní fheicim na seantraidisiúin a thuilleadh, na seanéadaí a bhíodh á gcaitheamh ag muintir an oileáin agus iad ag dul ar aifreann, cuir i gcás. Caitheann na daoine óga na héadaí céanna leat féin anois. Ní bhíodh sé mar sin. Táim ag ceapadh go scríobhfaidh mé dán mar gheall ar imeacht na nósanna traidisiúnta le go mbeidh siad curtha síos agam. Níor mhaith liom go mbeadh dearmad déanta ar an bpobal a bhíodh thart agus mé i mo ghasúr beag. Bhí siad ar fad uasal agus cineálta, na créatúir.

Caithfidh mé imeacht anois, tá an tae á chur amach ar an mbord ag Caitlín. Tabhair aire duit féin agus abair le do mháthair go mbeidh mé ar ais sa bhaile roimh dheireadh na seachtaine seo chugainn.

Le grá,
Daidí. X

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.30, 1.32)

1. Lig ort gur duine de na mná/de na fir sa dán thú. Scríobh **cuntas dialainne** ar an oíche Dhomhnaigh sin tar éis duit dul ar aifreann. Cad a rinne tú don chuid eile den lá?
2. Scríobh **scéal** a bhfuil an tús seo leis... ‘Agus mé ag siúl ar thrá an oileáin chonaic mé...’
3. Cuir **freagairt phearsanta** le chéile ar an dán seo. Cén chaoi a ndeachaigh an dán seo i bhfeidhm ort?
4. Scríobh **agallamh** a chuir tú ar Mháirtín Ó Direáin tar éis duit a dhán a léamh.
5. Cum **do dhán féin** a bhfuil an teideal ‘Cuimhní Cinn’ air. Bí cruthaitheach agus déan iarracht cuid de na teicnící fileata a úsáid.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Dán 3: An Chéad Bhróg le Máire Mhac an tSaoi

Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.2, 1.15, 1.16, 1.18, 3.3)

Is dán é 'An Chéad Bhróg' faoin gcéad phéire bróg a chaitheann mac an fhile. Feiceann sí go bhfuil an buachaill óg ag cur tús lena shaol agus go bhfásfaidh sé suas go sciobtha. Ní bheidh sé ina leanbh beag i gcónaí. Cé go gcuireann sin brón uirthi tuigeanann sí gur cuid den saol é sin.

Bíonn orainn ar fad tús a chur le ré nua inár saol. D'fhág tú an bhunscoil le déanaí le teacht go meánscoil mhór nua.

Labhair leis an duine in aice leat faoin tús atá curtha agat leis an meánscoil. Ar chuir sé eagla ort teacht go scoil nua nó an raibh sceitimíní ort? An raibh tú neirbhíseach? Cén chaoi ar mhothaigh do thuismitheoirí faoin tús nua seo a bhí á chur agat leis an saol scoile?



Chum an file cáiliúil, Máire Mhac an tSaoi, an dán seo sa bhliain 1956. Rugadh í i mBaile Átha Cliath sa bhliain 1922. Is file an-tábhachtach agus an-cháiliúil í. D'fhoghlaim sí Gaeilge i nDún Chaoin i gContae Chiarraí. Bhí sí ar dhuine de na chéad fhilí a chum filíocht nua-aimseartha as Gaeilge san fhichiú haois. Tá gearrscéalta, dírbheathaisnéis agus léirmheasanna litríochta scríofa aici freisin. Bhí sí pósta ar an iriseoir agus polaiteoir cáiliúil Conor Cruise O'Brien.



Gníomhaíocht (TF 1.10, 1.27, 1.30, 1.32, 2.6, 2.8, 2.9)

An féidir leat gearrscéal nó dán eile de chuid Mháire Mhic an tSaoi a léamh? Aimsigh sa leabharlann iad nó cuir ceist ar do mhúinteoir cabhrú leat teacht orthu. Cuir i gcomparáid leis an dán seo é agus scríobh **tuairisc** air do do phunann.





An Chéad Bhróg

MÁIRE MHAC AN TSAOI

Do chuireamar an bhróg air den gcéad uair ar maidin,
Fáiscithe, fuaite, seoidín den leathar,
Míorúilt ghréasaíochta sa chéadscoth den bhfaisean
Ar an dtroigh bheag bhláfar nár chaith cuing cheana,
An chéad bhróg riamh ar an gcoisín meala.

A mhaoínín, a chroí istigh, seo leat ag satailt,
Buail an bonn nó so go teann ar an dtalamh,
Tóg an ceann gleoite go clóchasach, daingean,
Linhín fir tú id shiúl is id sheasamh,
Airde mo ghlún, is chomh luath so ag ‘meacht uaim!

Is fada an ród é triall agat feasta,
Is ceangal na mbróg ort níl ann ach tús ceangail.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.6, 3.7)

An féidir leat dul go www.focloir.ie leis an duine in aice leat agus na focail/nathanna thíos a fhiosrú. Mínigh i do chuid Gaeilge féin ansin iad.

Fáiscithe	
Fuaite	
Seoidín	
Míorúilt	
Gréasaíocht	
Bláfar	
Maoinín	
ag satailt	
go clóchasach	
Feasta	
Ceangal	

Príomhphointí an dáin

- Baineann an dán seo le máthair agus í ag féachaint ar a mac óg ag siúl. Tá péire bróg á gcaitheamh aige den chéad uair riamh ina shaol.
- Deir sí gur chuir sí agus, b'fhéidir athair an pháiste, na bróga air den chéad uair riamh, an mhaidin sin. Molann an mháthair na bróga áille seo.
- Tá cuma álainn ar na bróga ar a maicín óg agus oireann siad dó '...seoidín den leathar,/ Míorúilt ghréasaíochta sa chéadscóth den bhfaisean'.
- Is céim mhór sa saol é don pháiste péire bróg a fháil, tá sé ag fás aníos agus ag éirí mór. Tuigeann a mháthair tábhacht na mbróg seo.
- Sa dara véarsa labhraíonn sí lena mac. Tá sí an-bhródúil as. Deir sí leis siúl go láidir agus go cróga '[t]óg an ceann gleoite go clóchasach, daingean,/Linbhín fir tú id shiúl is id sheasamh'.
- Tagann brón ar an bhfile, áfach, mar tuigeann sí nach mbeidh a buachaillín óg ag brath uirthi mar a bhíodh.
- Fásfaidh sé suas, éireoidh sé neamhspleách agus imeoidh sé leis amach sa saol mór agus é in ann seasamh ar a dhá chos féin.
- Tá cumha uirthi go bhfuil sé 'chomh luath so ag 'meacht uaim.'
- Tuigeann an mháthair go bhfuil an saol seo deacair agus go mbeidh roinnt mhaith dúshlán roimh a mac óg.
- Is turas fada é turas an tsaoil agus féachann an mháthair ar na bróga mar rud freagrach.
- Is gá bróga a chur ort chun dul amach sa saol agus bóthar an tsaoil a shiúl.
- Tuigeann sí go mbeidh ar a mac a bheith freagrach, a bheith neamhspleách agus bróga a chaitheamh gach lá sa saol mór.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.9, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin freagair na ceistanna seo a leanas:

1. **Déan cur síos** ar an gcéad bhróg a chaitheann an buachaill óg.
2. **Cén chaoi** a bhfuil a fhios agat go bhfuil grá ag an bhfile don bhuachaill óg?
3. **Cad iad** na treoracha a thugann an file don bhuachaill óg?
4. **An gceapann tú** go bhfuil críoch an dáin seo sona nó brónach? Cén fáth?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón dán a roghnú agus **pictiúr a tharraingt** de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 2.7)

Canúint na Mumhan

Sa dán ‘Athchúrsáil’ bhí Gaeilge na Mumhan le feiceáil. Is amhlaidh an cás sa dán ‘An Chéad Bhróg’. An féidir leat na nathanna seo a leanas a mheaitseáil leis na leaganacha caighdeánacha?

Ar an dtroigh	Chomh luath seo ag imeacht uaim
Id shiúl is id sheasamh	Agus tú ag siúl agus i do sheasamh
Chomh luath so ag 'meacht uaim	Den fhaisean
Den bhfaisean	Ar an talamh
Den gcéad uair	Den chéad uair
Do chuireamar	Chuireamar
Ar an dtalamh	Ar an troigh

Pointe Gramadaí

Sa Ghaeilge Chaighdeánach ní chuirtear D roimh T sa tuiséal tabharthach (ar an, leis an, roimh an, faoin srl.) ach i gCanúint na Mumhan úsáidtear an D roimh T. Is difríocht í seo idir an Ghaeilge Chaighdeánach agus an Ghaeilge Chanúnach.

Gaeilge Chaighdeánach – ar an talamh Gaeilge Chanúnach – ar an dtalamh

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar cad a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail
Rím	Íomhá	Áibhéil	

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 1.30, 2.6)

Tá an focal **céad** le feiceáil sa dán ‘Mo Chéad Bhróg’. Tá tusa **sa chéad bhliain** ar scoil. Deirimid áfach **an chéad doras**. An dtugann tú aon difríocht faoi deara idir ‘sa chéad bhliain’ agus ‘an chéad doras’?

Tá an focal **céad** eisceachtúil sa Ghaeilge. Cuirtear séimhiú isteach san aidiacht nó san ainmfhocal a leanann **céad** nuair is féidir. Mar shampla, an chéad **gheansaí**, an chéad **charr** agus mar sin de. Ní chuirtear séimhiú isteach le haidiachtaí nó le hainmfhocail a thosaíonn le **d,n,t,l,s**. Ar ndóigh ní féidir séimhiú a chur ar fhocal a thosaíonn le **d,n,t,l** nó **s** a leanann **céad**. Mar shampla, an chéad duine, an chéad teach eile, an chéad seomra ar dheis, an chéad úll, an chéad aiste agus mar sin de.

1. An chéad (lampa).

2. An chéad (mála).

3. An chéad (briosca).

4. An chéad (oráiste).

5. An chéad (gairdín).

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Chaitríona Ní Mhurchú chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d’fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gurbh í mac Mháire Mhic an tSaoi í agus gur scríobh sí cuntas dialainne ar an oíche a léigh sí an dán den chéad uair mar dhuine fásta.

An 16 Nollaig 2019

20:33

A Dhiálann dhil,

Bhí lá fada inniu agam! Chuaigh mé chuig mo léacht Bhéarla ar maidin agus ansin le haghaidh cupán caife le mo chairde ón rang. Chaith mé cúpla uair an chloig ansin sa leabharlann ag scríobh na haiste is gá dom a thabhairt isteach roimh dheireadh an téarma. Tá an oiread oibre le déanamh agam idir seo agus an Nollaig!

D'fhreastail mé ar léacht Ghaeilge um thráthnóna, mar is dual dom. Léacht ar litríocht na Gaeilge a bhí ann agus bhí mé ag tnúth go mór léi. Ba í filíocht mo mháthar ábhar na léachta agus bhí sceitimíní orm éisteacht leis an léachtóir ag caint uirthi! Nuair a thug sí amach an dán a bhí le léamh, níor aithin mé é. 'An Chéad Bhróg' an teideal a bhí ar an dán. Dán fúmsa a bhí ann! Dán faoin gcéad phéire bróg a chaith mé riamh agus mé bliain d'aois. Ba bheag nár thit mé i laige. Níor thaispeáin mo mháthair an dán riamh dom! Ní thuigim cén fáth mar tá sé gleoite, lán le mothúcháin dheasa agus le buairt faoin todhchaí. Caithfidh mé glaoch a chur uirthi anois le cúpla ceist a chur uirthi faoin dán. Cén fáth ar scríobh sí é? Cathain a scríobh sí é? An raibh sí sásta leis mar dhán? Cén fáth nár thaispeáin sí riamh dom é? Tá an oiread ceisteanna agam uirthi. Caithfidh mé imeacht anois agus iad a chur ach beidh mé ar ais oíche amárach.




Go dtí sin,

P.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32, 2.6, 3.4, 3.7)

1. Lig ort gur tusa athair an bhuachalla. Scríobh amach **an comhrá** a bhí agat leis an bhfile an oíche sin tar éis daoibh na bróga a chur ar an bpáiste.
2. Scríobh **léirmheas** ar an dán seo don iris scoile. Tabhair do chuid **tuairimí** uait.
3. Scríobh **aiste** a bhfuil an tús seo aici 'Tá an t-aos óg millte ag a dtuismitheoirí sa lá ata inniu ann.'
4. **Scríobh teachtaireacht téacs** ón máthair sa dán chuig seantuismitheoirí an bhuachalla, ag insint dóibh gur cheannaigh sí bróga nua dó agus gur chaith sé den chéad uair inniu iad.




**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**

Dán 4: Clapsholas i nGort na Móna le Caitríona Ní Chléirchín

Gníomhaíocht (TF 1.19, 1.21, 1.27, 1.30, 1.32, 3.4)

Féach ar theideal an dáin seo, ‘Clapsholas i nGort na Móna’. Is ag deireadh an lae, roimh thitim na hoíche a fheictear an clapsholas, go háirithe le linn mhíonna fada geala an earraigh agus an tsamhraidh. Spreagann an clapsholas filí go minic. Scríobhann siad faoin am mistéireach idir solas agus dorchadas, idir lá agus oíche. An féidir leat, anois, sa spás thíos, sraith d’fhocail a thagann chugat nuair a chuimhníonn tú ar chlapsholas a scríobh amach? Mar shampla; ciúin, síochánta...



1. _____
2. _____
3. _____
4. _____
5. _____

Anois, cuir do chuid focal i **gcomparáid** leis an duine in aice leat.
An raibh an tuiscint chéanna agaibh ar chlapsholas?

Caitríona Ní Chléirchín



Rugadh Caitríona Ní Chléirchín i nGort na Móna, Scairbh na gCaorach i gContae Mhuineacháin sa bhliain 1978. Is léachtóir agus criticeoir Gaeilge í atá ag obair in Institiúid Oideachais OCBÁC i mBaile Átha Cliath. Is file aitheanta í a d’fhoilsigh a céad chnuasach filíochta, ‘Crithloinnir’, sa bhliain 2010. Bhuaigh an cnuasach sin a lán duaiseanna agus d’éirigh go hiontach lena dara cnuasach, ‘An Bhrídeach Sí’, a foilsíodh sa bhliain 2014. Tagann an dán ‘Clapsholas i nGort na Móna’ ón gcnuasach ‘Crithloinnir’.



Gníomhaíocht Ranga (TF 1.14, 1.16, 1.17, 1.18, 1.19, 1.21, 1.25)

An féidir libh anois, mar rang, dul ó dhuine go duine ag cumadh scéil ó bhéal. ‘Clapsholas’ an t-ainm a bheidh ar an scéal. Faoi dheireadh an ranga, ba cheart go mbeadh scéal suimiúil inste ag an rang don mhúinteoir.



Clapsholas i nGort na Móna

CAITRÍONA NÍ CHLÉIRCHÍN

I nGort na Móna
agus solas an lae
ag éalú
is na scáileanna ag fadú
deireadh mhí na Bealtaine
Is níl inseacht ar áilleacht
an bhaile
in achan radharc ó achan fhuinneog
in achan treo

Séimhe na gcrann
glas glas glas

Solas deireadh lae
solas síodúil
glas-síodúil

Éalaíonn lon dubh óna nead
eitlíonn féileacán romham
bláthanna fiáine san fhéar fada.

Glas-sholas síodúil na gcrann
Ciúin séimh maorga

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.6, 3.7)

An féidir leat dul go www.focloir.ie leis an duine in aice leat agus na focail/nathanna thíos a fhiosrú? Mínigh i do chuid Gaeilge féin ansin iad.

Gort	
Ag éalú	
Séimhe	
Síodúil	
Féileacán	
Maorga	

Príomhphointí an dáin seo

- Is dán simplí faoin nádúr é an dán seo agus baineann sé le móimint speisialta i saol an fhile agus í ag féachaint ar radharc álainn tuaithe faoin gclapsholas.
- Lonnaíonn an file an dán in áit ar leith. Luann sí ‘Gort na Móna’, baile dúchais an fhile féin. Tá gaol an-phearsanta ag an bhfile leis an áit, mar sin. Is léir ón tús, freisin, go bhfuil sí ag iarraidh atmaisféar síochánta, ciúin, séimh a chruthú lán le híomhánna atá álainn agus deas. Agus logainm in úsáid aici tá sí ag cruthú gaol idir an léitheoir agus an áit.
- Deir sí go bhfuil ‘solas an lae/ag éalú’. Tá deireadh leis an lá ach níl an oíche tagtha fós, seo an t-am mistéireach, draíochtúil idir solas agus dorchadas. Tuigeann an file gur móimint ar leith atá roimpi.
- Is cinnte go bhfuil áilleacht an radhairc tar éis dul i bhfeidhm go mór ar an bhfile, ‘Is níl inseacht ar áilleacht/an bhaile/in achan radharc ó achan fhuinneog/in achan treo.’ Mothaíonn sí go bhfuil an radharc seo chomh hálainn sin nach bhfuil insint focal fiú air.
- Baineann an file úsáid as athrá go minic sa dán seo. Cuireann athrá béim ar na híomhánna atá á gcruthú aici. Úsáideann sí ‘achan’ trí huaire. Léiríonn sé sin go bhfuil an clapsholas le feiceáil i ngach áit. Cuireann sin gliondar an radhairc in iúl go soiléir.
- Úsáideann sí an focal ‘glas’ trí huaire freisin, rud a léiríonn go bhfuil an radharc foirfe gan smál. Tá athrá ar na focail ‘solas’ agus ‘síodúil’, rud a chuireann séimhe sna radhairc os comhair an léitheora go soiléir.
- Ag deireadh an dáin, luann an file an ‘lon dubh’ agus an ‘féileacán’ ag eitilt roimpi sna ‘bláthanna fiáine san fhéar fada’. Léiríonn an íomhá seo saoirse san áit. Níl aon duine nó aon rud teoranta.
- Tuigeann an file go bhfuil an t-ádh léi a bheith i láthair ag móimint atá ‘ciúin séimh maorga’ agus breacann sí síos mar dhán é chun cuimhneamh air.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.9, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cén saghas áite é Gort na Móna?
2. Conas a mhothaíonn an file faoin áit?
3. Ar mhaith leat cuairt a thabhairt ar Ghort na Móna? Cén fáth?
4. Cén saghas duine í an file, meas tú, tar éis duit an dán seo a léamh?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat trí íomhá ón dán a roghnú agus pictiúr a tharraingt de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 2.7)

Canúint Uladh

Cén chanúint atá le sonrú sa dán seo, an dóigh leat? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat? Tabhair samplaí de na focail atá in úsáid a léiríonn canúint an fhile.

Gníomhaíocht

(TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar cad a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Athrá	Rím	Íomhá	Áibhéil
Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 1.30, 2.6)

Tá a lán aidiachtaí maithe le feiceáil sa dán ‘Clapsholas i nGort na Móna’. An féidir leat **cúig cinn** díobh a aimsiú sa dán agus iad a bhreacadh síos i do chóipleabhar?

Tá aidiachtaí an-chabhrach chun cur síos a dhéanamh ar dhaoine. An féidir leat na haidiachtaí seo a leanas a chur in abairtí? Seo cúpla sampla duit:

Spéisiúil Is buachaill spéisiúil é Harry Potter

Draíochtúil Is múinteoir draíochtúil é Professor Dumbledore

glas	
cineálta	
séimh	
fada	
maorga	
ard	
greannmhar	
síodúil	
tríoblóideach	
dána	
dubh	
fiáin	
ciallmhar	
óg	
soineanta	
cainteach	
dian	
cliste	
glic	

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Choilm Uí Néill chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d’fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sé air féin gur scríobh sé ríomhphost a sheol sé chuig cara leis faoin gcuart a thug sé ar Ghort na Móna tar éis dó dán Chaitríona Uí Chléirchín a léamh.

Ríomhphost chuig Tomás

Do: tomás@scoil.ie

Ó: colm@scoil.ie

Ábhar: Gort na Móna

Dáta: An 25 Iúil 2019

A Thomáis, a chara,

Cén chaoi a bhfuil tú? An bhfuil tú ag baint sult as an gcúrsa Gaeltachta i gCiarraí? Tá súil agam go bhfuil neart spóirt ar bun agat ann! Cén chaoi a bhfuil Pádraig agus Fiach? An bhfuil siad ag labhairt as Gaeilge? Táim cinnte go bhfuil Pádraig ag déanamh iarrachta ach ní fheadar faoi Fhiach!

Bhuel, ní chreidfídh tú cá bhfuilim. Taim i nGort na Móna! Thaistil mé aréir le mo thuismitheoirí agus le Síofra ó Bhaile Átha Cliath. Is as Muineachán do mo mháthair, mar is eol duit, agus caithimid gach samhradh anseo ach d'impigh mé orthu dul go Gort na Móna tar éis dúinn an dán sin le Cairtriona Ní Chléirchín a léamh sa rang Gaeilge. An cuimhin leat é? Dán a bhí ann faoi bheith ag féachaint amach ar an gclapsholas agus na rudaí áille nádúrtha mórthimpeall? Caithfidh mé a rá go bhfuil an áit gleoite. Táimid ag fanacht ar fheirm bheag i lár na tuaithe agus táim i ngrá leis an áit. Tá caoirigh le feiceáil sa pháirc in aice an tí agus tá gairdín álainn glasraí os comhair mo sheomra codlata. Is breá liom féachaint amach ar an ngairdín, ar na héin agus ar na huain bheaga a bhíonn le feiceáil mórthimpeall. Táimid díreach faoi bhun na sléibhte anseo agus tá sé i gceist againn dul ag siúl amárach má fhanann an aimsir geal agus tirim. Níor mhaith liom a bheith in aon áit eile, a Thomáis, is cinnte go bhfuil an dán sin ag teacht go hiomlán leis an áit. Beidh ort teacht liom an chéad uair eile, thaitneodh ciúnas agus síocháin na háite go mór leat.

Feicfidh mé an triúr agaibh sa bhaile i gceann coicíse nuair a bheidh sibh ar ais tar éis an chúrsa. Tosóidh an traenáil iománaíochta arís, tá súil agam go bhfuil sibh ag cleachtadh agus sibh thíos ann!


Slán go fóill,

Colm.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32, 2.6, 3.4, 3.7)

1. Scríobh **scéal** a bhfuil an teideal 'Clapsholas' aige.
2. Lig ort go bhfuil **agallamh** á chur agat ar an bhfile don iris scoile. Scríobh amach an t-agallamh sin.
3. Lig ort gur éan i nGort na Móna thú. Scríobh **cuntas** faoi lá a chaith tú ag eitilt thart.
4. Scríobh **léirmheas** ar an dán seo. Ná déan dearmad do chuid tuairimí féin a léiriú.





**Bain amach na leathanaigh seo
thasc curtha i gcrích agat.**

Dán 5: An Dall sa Studio le Seán Ó Ríordáin

Seo an chéad dán de chuid Sheáin Uí Ríordáin a cuireadh i gcló sa bhliain 1944. Is dán an-cháiliúil é a chum an Riordánach nuair a bhí sé in ospidéal speisialta le heitinn. Roinn sé seomra le fear a bhí dall agus chaith sé a lán ama ag féachaint ar gheaitsí agus ar ghluaiseachtaí an fhir. Thuig sé go raibh rud éigin speisialta sa tslí ar bhog sé timpeall ag lorg rudaí. Spreag an fear dall é chun 'An Dall sa Studio' a chumadh.



Gníomhaíocht (TF 1.1, 1.2, 1.15, 1.16, 1.18, 3.3)

Cad iad na rudaí sa saol a spreagann thú? An spreagann do chuid caitheamh aimsire, spórt nó cairde thú? **Labhair leis an duine** in aice leat faoi na rudaí a spreagann thú.

Rugadh Seán Ó Ríordáin sa bhliain 1916 agus tógadh i mBaile Bhuirne i gContae Chorcaí é. Ba dhalta cumasach é agus fuair sé post le Bardas Chorcaí tar éis dó críochnú ar scoil. Bhuaile eitinn é nuair nach raibh sé ach 22 bliain d'aois agus chaith sé a lán ama san ospidéal idir na blianta 1938 agus 1951. Is san ospidéal a spreagadh é chun an dán thíos a chumadh. Bhí sé ar dhuine de mhórfhilí na Gaeilge. Tá a lán cnuasach curtha i gcló aige mar shampla *Eireaball Spideoige* agus *Línte Liombó*. Scríobh sé colún ar feadh na mblianta in *The Irish Times*. Fuair sé bás sa bhliain 1977.



Gníomhaíocht (TF 1.24, 2.8..)

An féidir leat teacht ar dhán eile de chuid Sheáin Uí Ríordáin? Cuir i **gcomparáid** é leis an dán seo agus déan cur i láthair a chur le chéile. Is féidir **an cur i láthair a dhéanamh** os comhair an ranga agus é a thaifeadadh ar an iPad (nó gaireas eile) scoile don phunann.



An Dall sa Studio

SEÁN Ó RÍORDÁIN

‘Suigh síos agus déanfaidh mé pictiúir díot,’
Adúrta leis an dall,
Tá cathaoir id aice ansin sa chúinne,
D’iompaigh sé a cheann,
Is do shín amach an lámh sin oilte ar chuardach,
Gach méar ag snámh go mall
Mar mhéaranna ceoltóra ar a uirlis,
Is bhí an uirlis ann:
Do sheinn sé ar an aer táin nótaí ciúnais,
Goltraí bog na ndall,
Na snámhaithe critheaglacha gur thuirling
Ar bhruach na habhann–
An suíochán sin a luas-sa leis, sa chúinne,
Is do shuigh sé ann.
Siúd láithreach é ag cíoradh a chuid gruaige,
Mo réice dall!

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 2.6, 3.7)

An féidir leat dul go www.focloir.ie leis an duine in aice leat agus na focail/nathanna thíos a fhiosrú? Mínigh i do chuid Gaeilge féin ansin iad.

Iompaigh	
Sín	
Oilte	
Cuardach	
Uirlis	
Goltraí	
Critheaglach	
Tuirling	
ag cíoradh	
Réice	

Príomhpointí an dáin seo

- Is dán é seo faoi bheirt atá i stiúideo ealaíne.
- Tá duine den bheirt dall agus tá an duine eile, ar péintéir é, chun é a phéinteáil.
- Deir an péintéir leis an duine dall go bhfuil ‘cathaoir id aice ansin sa chúinne’, a bhféadfadh sé suí síos uirthi.
- Casann an duine dall a cheann amhail is nach bhfuil sé dall ar chor ar bith: ‘D’iompaigh sé a cheann’. Teastaíonn uaidh go mbeadh an chuma chéanna air is atá ar gach aon duine eile. Tá cothromaíocht uaidh.
- Cuireann sé a lámh amach ansin ag cuardach na cathaoireach. Is léir don phéintéir go bhfuil an-taithí ag an duine dall ar rudaí a lorg lena lámha: ‘Is do shín amach an lámh sin oilte ar chuardach’. Is scil é atá go maith aige.
- Ansin cuireann an file méara an fhir dhaill i gcomparáid le méara an cheoltóra: ‘Mar mhéaranna ceoltóra ar a uirlis’. Léiríonn sé seo dúinn go bhfuil an-mheas ag an bhfile ar an bhfear dall. Feiceann sé go bhfuil sé lán-ábaltá a thabhairt dó féin toisc go n-aimsíonn sé an chathaoir gan aon stró. Ní ligeann sé dá mhíchumas an lámh in uachtar a fháil air.
- Tá trua ag an bhfile don duine dall chomh maith, áfach, rud a léiríonn sé nuair a ghlaonn sé ‘goltraí bog na ndall,’ ar an gcuardach.
- Nuair a shuíonn an duine dall síos ar an gcathaoir déanann sé a chuid gruaige a chíoradh: ‘Siúd láithreach é ag cíoradh a chuid gruaige,’ agus cuireann sin iontas ar an bhfile. Is léir go dteastaíonn uaidh go mbeidh cuma mhaith air don phictiúr a tharraingeoidh an péintéir de.
- Tá sé seo íorónta nuair a chuimhnímid gur fear dall é nach bhfeicfidh an pictiúr seo go deo ach amháin ina aigne b’fhéidir.
- Glaonn an file ‘mo réice dall’ ar an bhfear ar deireadh, rud a léiríonn an gearr atá aige dó. Tuigeann sé gur fear é ar nós gach aon fhear eile.
- Is cinnte gur spreag an fear dall an Ríordánach nuair a chuimhnímid go raibh a dheacrachtaí sláinte féin aige. Léirigh an fear dall dó gur féidir le duine ar bith míchumas a shárú agus sult a bhaint as an saol ina bhealach féin.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.9, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén saghas duine é an péintéir, an dóigh leat?
2. Cén saghas duine é an fear dall, meas tú?
3. An bhfuil **truea** agat don fhear dall? Cén fáth?
4. An dán **brónach nó sona** é an dán seo? Tabhair tuairimí uait.
5. Baineann an file úsáid as **comhrá** sa dán seo. An bhfuil sin éifeachtach meas tú?

Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón dán a roghnú agus **pictiúr a tharraingt** de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 2.7)

Canúint na Mumhan

Cén chanúint atá le sonrú sa dán seo, an dóigh leat? Cén chaoi a bhfuil a fhios agat? Tabhair samplaí de na focail atá in úsáid a léiríonn canúint an fhile.

Gníomhaíocht (TF 2.7)

Meaitseáil na focail i gcanúint na Mumhan leis na focail chaighdeánacha

Adúrtsa	luaigh mé
id aice	sheinn sé
do sheinn	shín sé amach
do shín amach	a dúirt mé
luas-sa	shuigh sé
do shuigh sé	in aice leat

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar cad a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Athrá	Rím	Íomhá	Áibhéil	Comhrá
Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail	

1.

2.

3.

Tá a lán briathra difriúla san Aimsir Chaite in úsáid sa dán 'An Dall sa Studio'. Ag obair leis an duine in aice leat an féidir libh **sé cinn** de na briathra thíos a chur **san Aimsir Láithreach** agus **san Aimsir Fháistineach**? Scríobh na freagraí isteach sa ghreille thíos.

An Aimsir Chaite	An Aimsir Láithreach	An Aimsir Fháistineach
dúirt mé		
d'iompaigh sé		
sheinn siad		
shuigh sé		
shín tú		
bhí mé		

Féach ar an sampla seo de phíosá oibre cruthaitheach ó phunann Chlíodhna Ní Cheallaigh chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gur iriseoir a bhí inti a chuir agallamh ar Sheán Ó Ríordáin don nuachtán Gaeilge www.tuairisc.ie.



Agallamh le Seán Ó Ríordáin

Clíodhna: Go raibh míle maith agat, a Sheáin, as bualadh liom inniu. Tá súil agam go bhfuil tú ag aireachtáil go maith ar maidin?

Seán: Dheara, táim ceart go leor. Nílím go hiontach, tá droch-chasacht arís orm ó inné. Ní fheadar an mbeidh orm filleadh ar an ospidéal, neosfaidh an aimsir.

Clíodhna: Ó, ní maith liom sin a chloisteáil. Tá súil agam go bhfuil tú in ann ag an agallamh seo?

Seán: Táim, cinnte. Mura mbeinn, ní thiocfainn, a chailín!

Clíodhna: Tá go maith. Bhuel a Sheáin, an féidir leat a insint dom cad a spreag an dán seo? Is dán thar a bheith neamhchoitianta é.

Seán: Cinnte. Spreag mo thréimhse san ospidéal in Heatherside mé chun an dán seo a chumadh. Bhí mé ag roinnt seomra le seanfhear, an dtuigeann tú, a bhí go hiomlán dall. Ní raibh sé in ann rud ar bith a fheiceáil. Bhíodh sé de nós aige a mhéara a úsáid le rudaí a chuardach agus is iomaí lá a chaith mé faoi dhraíocht aige. Thuig mé gur scil amach is amach a bhí ann. Bhíodh sé in ann teacht ar rud ar bith, am ar bith, lena lámha. Bhí sé dochreidte, dáiríre.

Clíodhna: Tagann an t-iontas sin trasna sa dán, a Sheáin. An raibh trua agat don fhear ar deireadh?

Seán: Is dócha go raibh. Cé gur fear cumasach a bhí ann a sháraigh na deacrachtaí sa saol, bhí sé dall agus ba thrua é sin. An méid sin ráite, áfach, spreag sé mé chun an lámh in uachtar a fháil ar an mbabhta sin d'éitinn a bhí orm agus d'éirigh liom imeacht as an ospidéal go gairid i ndiaidh dom bualadh leis.

Clíodhna: Tá sin go hiontach. Bhuel, a Sheáin, go raibh míle maith agat as do chuid tuairimí a roinnt liom agus tá súil agam nach fada go mbeidh tú ar do sheanléim arís.

Seán: Ba dheas bualadh leat, a Chlíodhna. Go n-éirí leat leis an alt. Slán.

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32, 2.6, 3.4, 3.7)

-

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

Dán 6: Gealt? le hÁine Ní Ghlinn

Gníomhaíocht (TF 1.19, 1.29)

Baineann an dán seo le fear a bhfuil meabhairghalar air. Is é teideal an dáin seo ná 'Gealt?' Is téarma seanfhaiseanta é 'gealt' a thagann ón bhfocal 'gealach'. Chreid daoine fada go raibh baint ag gealach lán nó leathlán le meabhairshláinte daoine. Tá frásaí ann sa Ghaeilge ar nós 'tá sé le gealaí' a chiallaíonn go bhfuil duine as a mheabhair. An gceapann tú gur téarma seanfhaiseanta é 'gealt' sa lá ata inniu ann? Cad atá á chur in iúl ag Áine Ní Ghlinn leis an gcomhartha ceiste sa teideal? Pléigh na ceisteanna sin leis an duine in aice leat.

Áine Ní Ghlinn

Is file, léachtóir, scríbhneoir agus iriseoir í Áine Ní Ghlinn. Tá a lán leabhar scríofa aici do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Téann sí timpeall scoileanna ag tabhairt ceardlanna scríbhneoireachta. Tá an t-uafás gradam buaite aici dá cuid saothar. Chaith sí tamall de bhlianta ag obair do RTÉ, TG4 agus Raidió na Gaeltachta freisin.

An bhfuil aon dánta nó úrscéalta de chuid Áine Uí Ghlinn léite agat sa bhunscoil nó ar scoil i mbliana?



Gealt?

ÁINE NÍ GHLINN

Léim gealt in airde ar bhus a sé déag inné
agus pitseámaí air – stríocaí liath is dearg orthu!
Shuigh sé síos in aice le fear a raibh babhlaer agus *briefcase* air!
Rug an créatúr greim an duine bháite ar a *briefcase*!
Trí shuíochán síos uaidh chrosáil bean a cosa!
Rug máthair greim an duine bháite ar a páiste!
D'fhéach an páiste ar an ngealt!
Rinne an ghealt meangadh mór mantach gáire!
Labhair an tiománaí le fear an *depot*!
Labhair fear an *depot* le lucht 999!
Fuair sé lucht dóiteáin ar dtús is d'fhiafraigh siadsan de
an raibh an ghealt i mbaol nó tré thine nó in airde ar chrann
–Ní raibh!
Bhris an fear dóiteáin an líne!
Ghlan an tiománaí sruth allais dá éadan!
'A Chríost,' a scread sé – de chogar ar eagla go gcloisfeadh
gealt na bpitseámaí é – 'Cuir fios ar na *bloody* Gardaí!'

Tháinig na Gardaí is ghlanadar an bóthar amuigh i Ráth Fearnáin!
Tháinig an t-arm is luíodar taobh thiar dá leoraithe,
meaisínghunnaí crochta!
Tháinig na dochtúirí lena gcuid steallairí is le veist cheangail
... Tháinig an bus!
Bhí fear an *bhriefcase* báite ina chuid allais féin!
Bhí bríste an tiománaí fliuch!
Bhí bean na gcos crosáilte fós coschrosáilte!
Bhí rúnaí a bhí le bheith in oifig mhór i Sráid Chamden
leathuair a' chloig ó shin anois i Ráth Fearnáin!
Bhí an páiste ag stánadh ar an ngealt!
Bhí an ghealt ag súgradh le cnaipí a phitseámaí
– é fós ag gáire go mantach!
...Stad an bus!
...D'ardaigh an ghealt a cheann!
D'aithin sé dochtúir! D'aithin an veist cheangail!
Is é fós ag gáire léim sé suas is rith amach an doras
Isteach i lámha an dochtúra! Isteach sa veist a bhí gan lámha!

Istigh sa bhus phléasc osna faoisimh!
Níor labhair ach an páiste –
'A Mhamaí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí
a chaitheamh ar an mbus?'

Gníomhaíocht (TF 1.28, 1.29, 1.32..)

Tá a lán focail nua sa dán seo. Bain úsáid as www.focloir.ie chun na focail seo a aimsiú. Cuir do chuid Gaeilge orthu ansin.

greim an duine bháite	greim láidir
meangadh	
mantach	
an tiománaí	
i mbaol	
sruth allais	
de chogar	
steallairí	
báite	
ag stánadh	
d'aithin sé	
osna	

Príomhpointí an Dáin

- Is dán an-ghreannmhar é seo atá scríofa go héadrom ach tá teachtaireacht láidir ann faoin tslí a gcaitheann an pobal le daoine atá difriúil nó a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu. Léiríonn an file sa dán seo go bhfuil daoine an-chlaonta sa tsochaí.
- Lá amháin léimeann fear ar an mbus atá ag dul isteach go cathair Bhaile Átha Cliath. Cuireann an fear iontas agus eagla ar na daoine eile atá ar an mbus mar níl air ach pitseámaí. Níl sé nórmálta, dar leo, dul timpeall i bpitseámaí.
- Cuireann sé eagla ar an bhfear a bhfuil post tábhachtach aige, tá 'babhlaer agus *briefcase*' ag an bhfear tábhachtach seo. Bíonn míshuaimhneas ar an mbean atá suite 'trí shuíochán síos uaidh' freisin.
- Níl fear na bpitseámaí ag déanamh aon rud mícheart ach fós féin cuireann tiománaí an bhus glaoch ar an *depot* agus ansin cuireann muintir an *depot* glaoch ar an mbriogáid dóiteáin. Léiríonn an saghas seo iompair an tslí a n-éiríonn an eachtra dáiríre laistigh de chúpla nóiméad.
- Is léir go gceapann an lucht dóiteáin nach bhfuil aon fhadhb leis an bhfear sna pitseámaí agus ní thagann siad i gcabhair ar lucht an bhus.
- Iarrann fear an bhus ar lucht an *depot* glaoch a chur ar na Gardaí agus tagann siad láithreach. Éiríonn cúrsaí i bhfad níos dáiríre ag an bpointe seo mar glanann siad na bóithre, tagann an tArm agus bíonn a 'meaisínghunnaí crochta' acu. Tá an saghas seo iompair áiféiseach, níl ann ach duine a bhfuil pitseámaí air!
- Tugann an file cuntas arís dúinn de na paisinéirí uile agus tá siad ar fad an-bhuartha ach amháin 'an ghealt' atá 'ag súgradh le cnaipí a phitseámaí' agus 'é fós ag gáire'. Is comparáid thábhachtach í seo.



- Nuair a stadann an bus ag Ráth Fearnáin aithníonn ‘an ghealt’ an dochtúir agus ‘an veist cheangail’ atá ag fanacht air. Tagann sé den bhus ar luas lasrach agus ritheann sé isteach ‘i lámha an dochtúra’. Is léir nach raibh ar aon duine a bheith buartha faoin méid a dhéanadh sé.
- Feicimid faoiseamh na ndaoine ar an mbus nuair a imíonn ‘an ghealt’. Ligeann siad ‘osna faoisimh’ astu ar nós go bhfuil dúnmharfóir nó duine an-dainséarach imithe. Ní léiríonn ‘an ghealt’ go bhfuil sé dainséarach ar chor ar bith i rith an dáin, áfach.
- Tá teachtaireacht láidir á tabhairt ag an bhfile ag deireadh an dáin seo. Cuireann páiste beag ceist ar a mháthair ‘A Mhamaí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí/ a chaitheamh ar an mbus?’ Ní fheiceann sé aon dainséar ná contúirt ag baint leis an ngealt ach a mhalairt. Fear spraíúil, greannmhar agus éadrom atá ann, dar leis an bpáiste beag.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.9, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin freagair na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén saghas duine é an ghealt, an gceapann tú?
2. Cén saghas duine é fear an bhabhlaeir agus an *briefcase*?
3. An bhfuil **trua** agat do thiománaí an bhus? Cén fáth?
4. An **duine dainséarach** é an ghealt, dar leat?
5. An dán **brónach** nó **greannmhar** é an dán seo? Tabhair tuairimí uait.
6. Baineann an file úsáid as **comhrá** sa dán seo. An bhfuil sin éifeachtach meas tú?



Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón dán a roghnú agus **pictiúr a tharraingt** de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 1.30, 1.32, 2.1, 2.2)

Baineann an file úsáid as poncaíocht chun mothúcháin na gcarachtar éagsúil sa dán a léiriú. An féidir leat teacht ar shamplaí éifeachtacha de lánstadanna (.), de chomharthaí uailbhreasa (!), d'uaschamóga ('), de chamóga (,) agus de chomharthaí ceiste (?) ?

1.

2.

3.

4.

5.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar cad a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail
Rím	Íomhá	Áibhéil	

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 2.2, 2.6)

Tá a lán **briathra** difriúla le feiceáil sa dán 'Gealt?' Tá siad san Aimsir Chaite. An dtuigeann tú gach ceann díobh? Roghnaigh **cúig** cinn díobh agus cuir in abairtí iad.

Gníomhaíocht (TF 2.2, 2.4, 2.6)

Tá a lán briathra difriúla san Aimsir Chaite in úsáid sa dán ‘Gealt?’ Ag obair leis an duine in aice leat an féidir libh deich gcinn de na briathra thíos a chur san Aimsir Láithreach agus san Aimsir Fháistineach? Scríobh na freagraí isteach sa ghreille thíos.

An Aimsir Chaite	An Aimsir Láithreach	An Aimsir Fháistineach
léim mé		
shuigh sé		
rug sí		
d’fhéach sé		
rinne sibh		
labhair sé		
fuair mé		
ghlan siad		
thángamar		

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Phádraig Uí Chionnaith chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d’fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sé air gurbh é máthair an pháiste é agus gur scríobh sí cuntas dialainne an oíche sin nuair a tháinig sí abhaile lena mac beag.

Dé hAoine, an 14 Meitheamh 2019

A Dhialann dhil,

A leithéid de lá! Ní dhéanfaidh mé dearmad air go deo na ndeor! Táim traochta ina dhiaidh, caithfidh mé a rá. Bhí mé ar an mbus le Seán ag dul isteach chun na cathrach chun éadaí nua a cheannach dó. Fásann an leaid beag sin gach seachtain! Ní féidir liom é a choinneáil in éadaí. Bhuel, ar aon chaoi, agus muid ag dul i dtreo Ráth Fearnáin céard a tharla ach gur léim fear ar an mbus agus pitseámaí air. Níor chuir sé isteach ná amach orm, caithfidh mé a rá. Ní raibh aon dochar ann, bhí sé ag gáire agus ag súgradh le cnaipí a phitseámaí ach níor chuir sé isteach ná amach ar aon duine eile. Bhuel, bhí gach duine ar an mbus ag dul as a meabhair le himní! Bhí fear an-ghalánta ina shuí trasna uaidh agus cheapfá go mbeadh taom croí aige. Bhí cailín óg ina suí cúpla suíochán uathu agus cheap mé go raibh sí chun í féin a chaitheamh amach an fhuinneog. Bhí sé amaideach dáiríre. Ansin, céard a tharla ach gur tháinig na Gardaí agus an tArm le meaisínghunnaí? Ag an bpointe sin d’éirigh mé imníoch mar ní raibh aon ghá leis an saghas sin iompair. Bhí mé buartha don fhear bocht sna pitseámaí. Nuair a stop an bus léim an fear de agus caol díreach isteach i lámha an dochtúra a bhí ag fanacht air. Céard a bhí ag an dochtúir áfach ach veist cheangail?! Chuir sin déistin orm, ní raibh gá ar bith leis. Bhí mé an-trína chéile ag an rud ar fad agus cad a tharla ansin ach gur chuir Séanín an cheist ‘A Mhamáí, cén fáth nach ligfeá domsa mo phitseámaí a chaitheamh ar an mbus?’ Bhí mé bródúil as mo mhac óg. Chonaic sé an amaideacht a bhí ar bun ar an mbus agus lena cheist shoineanta chuir sé náire ar gach duine.

Sin é ar aon chaoi. Táim ag dul a chodladh anois agus mé buartha faoin bhfear bocht sin sna pitseámaí. Tá súil agam go bhfuil sé ceart go leor.

Síle. XX

Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32, 2.6, 3.4, 3.7)

-
- A woman with long blonde hair is blowing bubbles for a young child. Two large, colorful bubbles are floating in the air. The child is smiling and looking at the bubbles. The background is a blurred outdoor setting with trees and foliage.

Bain amach na leathanaigh seo agus cuir i do phunann iad nuair a bheidh do thasc curtha i gcrích agat.

[illegible]

Dán 7: Mo Ghoogleáil le Dairena Ní Chinnéide

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.29, 1.30, 1.32)

Is áis iontach é an t-idirlíon. Baineann an chuid is mó de dhaoine úsáid as an idirlíon gach lá. Céard iad na haipeanna agus na suíomhanna idirlín a mbaineann tú úsáid astu tú féin? Scríobh liosta díobh thíos.



1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

Labhair leis an duine in aice leat anois faoi na freagraí atá agaibh. An mbaineann sibh úsáid as na rudaí céanna? Cén fáth? Cén tairbhe a bhaineann leo?

Is féidir leis an idirlíon a bheith dainséarach freisin. Is féidir le daoine an iomarca ama a chaitheamh ar aipeanna nó bualadh le daoine dainséaracha i ngan fhios dóibh. Cad iad na dainséir a bhaineann leis an idirlíon dar leat féin? Scríobh liosta de na dainséir thíos.

1. _____

2. _____

3. _____

4. _____

5. _____

Cuir do liosta i **gcomparáid** leis an duine in aice leat. Ar tháinig sibh ar na dainséir chéanna?

Dairena Ní Chinnéide

Rugadh Dairena Ní Chinnéide sa bhliain 1969 i gCorca Dhuibhne atá suite i nGaeltacht Chiarraí. Is ann atá sí go fóill. Is file an-cháiliúil í a aistríonn a cuid filíochta féin go Béarla. D'oibrigh sí mar ateangaire agus mar chraoltóir. Tá roinnt drámaí raidió scríofa aici agus is iomaí duais atá buaite aici dá cuid litríochta, ina measc an *Patrick and Katherine Kavanagh Fellowship* sa bhliain 2016. Tá naoi gcnuasach filíochta foilsithe aici.





Mo Ghoogleáil

DAIRENA NÍ CHINNÉIDE

Agus mé ag *googleáil*
Is ag íoslódáil
Ag amharc go fiosrach
Ag printeáil
Ag stóráil
Ghoogleáil mé níos mó
Is thosnaigh mé
Ag *wikipídeáil*
D'íoslódáil mo mhac
150 leathanach
Ar *Harry Potter*
Ó *wikipedia*
Sonraí rúnda
Rialacha *quidditch*
Voldemort
Leathanaigh ar nós
Rúnta diabharacha
A iomrascáileann
Lena shamhlaíocht
lonas é ina ollamh
Na sonraí ar fad
Ina cheann
Cé dúirt nárbh foinse
An t-ocras chun eolais
A alpann mo *ghoogleáil*

Ná bí ag caint ar
Youtubeáil seachas easpa
Leathan-bhanda is bíonn na
hÍomhánna briste
Os comhair mo shúile
Ag faire orm féin
Ag caitheamh uaim
Ag an *Franco-Irish*
Nó ag léamh sa *Whitehouse*
Le mo ríomhaire im bhaclainn
Ag surfáil ar chórais teilgthe
Leathan-bhanda *Vodafone*
Tá *brain overload* orm
Níl na leathanaigh ag bogadh
Tá fadhb leis an gcóras arís
Crosta caithin súil ar mo bhé
Atá suite ar chathaoir bog
Trasna an tseomra uaim
Ag gáirí
Níl cleas ar domhan a mhúchfaidh
Do chruthaitheacht
Ná bheith ag argóint le do
Laptop
Is tá's aici é
Fan go gcuirfead uaim é.

Gníomhaíocht (TF 1.27, 1.30, 1.32)

Tá a lán focail nua sa dán seo. Bain úsáid as www.focloir.ie chun na focail seo a aimsiú. Cuir do chuid Gaeilge orthu ansin.

ag íoslódáil	
ag amharc go fiosrach	
rúnta diabhracha	
lomrascáileann	
Samhlaíocht	
Ollamh	
Sonraí	
Foinse	
Alpann	
ag faire	
baclainn	
córas teilgthe	
cruthaitheacht	

Príomhphointí an dáin

- Baineann an dán seo leis an gcaidreamh atá idir an file agus an t-idirlíon.
- Sa chéad chuid den dán léiríonn an file an t-idirlíon go dearfach. Is áis den scoth atá ann a chabhraíonn léi agus a mhúsclaíonn a suim agus suim a mic i rudaí éagsúla.



- Déanann sí liosta de na háiseanna iontacha ar féidir léi úsáid a bhaint astu. Is féidir léi dul ar *Google*, rudaí a íoslódáil, a phriontáil, a stóráil agus dul ar *Wikipedia*. Tá greann sa tslí is go bhfuil sí tar éis 'áil' a chur ag deireadh gach ainm briathartha. Léiríonn seo tionchar an Bhéarla atá fite fuaite leis an idirlíon.
- Ansin, déanann sí cur síos ar a mac agus na '150 leathanach' a d'íoslódáil sé ar *Harry Potter* agus ar '[r]ialacha *quidditch*'. Músclaíonn an t-eolas nua seo ar fad a shamhlaíocht agus, ar deireadh, deir sí go bhfuil sé ina 'ollamh' leis na 'sonraí ar fad/[i]na cheann'. Arís, léiríonn an cur síos seo na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon. Is féidir an oiread eolais a fháil ar chúrsaí spéisiúla. An méid sin ráite, an fiú 150 leathanach a íoslódáil ar *Harry Potter* nó arbh fhearr don leaid óg an leabhar féin a léamh?
- Éiríonn an dán diúltach ón bpointe seo ar aghaidh. Deir an file go '[n]alpann mo *ghoogleáil*' a cuid ama. Caitheann sí an iomarca ama ag lorg rudaí nach bhfuil aon tábhacht leo. Léiríonn easpa poncaíochta an dáin gur féidir léi leanúint ar aghaidh go deo ar an idirlíon gan stad más mian léi. Déanann sí cur síos ansin ar an '*Youtubeáil*' atá ar bun aici. Caitheann sí an iomarca ama ag féachaint ar 'íomhánna briste' de bharr go bhfuil an ceangal idirlín ina teach go dona. Cuireann an droch-chomhartha idirlín isteach go mór uirthi agus tagann frustrachas uirthi. Deir sí ar deireadh go bhfuil '*brain overload*' uirthi.

- Agus í crosta leis an easpa dul chun cinn atá á dhéanamh aici leis an drochidirlíon, caitheann sí súil ar a cailín beag atá ina suí ar chathaoir sa seomra. Tá an cailín beag 'ag gáirí'. Níl sí ar 'Laptop' ná crosta toisc nach féidir léi teacht ar an idirlíon. Tá sí lán le 'cruthaitheacht' agus í ag súgradh.
- Cuireann íomhá a hiníne náire ar an bhfile. Tuigeann sí go bhfuil sí gafa leis an idirlíon agus nach bhfuil sí ag baint sult as an saol atá mórthimpeall uirthi. Caitheann sí an ríomhaire uaithi agus casann sí ar a hiníon, réidh le páirt a ghlacadh sa saol arís.

Gníomhaíocht (TF 1.8, 1.9, 1.29, 1.30, 1.32)

Tar éis duit an dán seo a léamh le do rang agus cúpla babhta leat féin freagair na ceistanna seo a leanas:

1. Cén saghas duine í an file?
2. Cad iad na buntáistí a bhaineann leis an idirlíon, dar leis an bhfile?
3. Cad iad na míbhuntáistí a bhaineann leis an idirlíon, dar léi?
4. An dóigh leat go ndearna an file an rud ceart an ríomhaire a chaitheamh uaithi?
5. An bhfuil **teachtaireacht** sa dán seo? Cad í?
6. Ar bhain tú **taitneamh** as an dán seo? Cén fáth?



Gníomhaíocht (TF 1.27)

An féidir leat **trí íomhá** ón dán a roghnú agus **pictiúr a tharraingt** de gach aon cheann díobh sna boscaí thíos. Scríobh an giota ón dán as a dtagann an íomhá.

Gníomhaíocht (TF 1.19, 1.21, 1.27, 2.3, 2.10)

Tá **tionchar an Bhéarla** le feiceáil go láidir sa dán seo. Cad iad na samplaí atá le feiceáil sa dán? Cén chaoi a léiríonn an file go bhfuil na focail seo difriúil ón nGaeilge? I do thuairim, cén fáth a ndéanann an file an oiread Béarla a chaitheamh isteach sa dán? Roinn do chuid freagraí ar an rang.

Gníomhaíocht

(TF 1.8, 1.12, 1.26, 1.29, 1.30, 1.32, 2.4, 3.4)

Ag tús na rannóige seo d'fhéachamar ar theicnící fileata agus ar cad a bhí i gceist leo. An mbaineann an file úsáid as aon cheann de na teicnící fileata seo a leanas sa dán seo? Roghnaigh trí cinn agus tabhair sampla ón dán.

Rithim	Véarsa	Meafar	Samhail	Poncaíocht
Rím	Íomhá	Áibhéil	Athrá	

1.

2.

3.

Gníomhaíocht (TF 1.9, 1.30, 2.2)

An tAinmfhocal san Uimhir Uatha agus san Uimhir Iolra

Tá a lán ainmfhocal le feiceáil sa dán ‘Mo Ghloogleáil’. An dtuigeann tú cad is ainmfhocal ann? Ag obair leis an duine in aice leat an féidir libh **cúig** ainmfhocal a aimsiú ón dán?

1.

2.

3.

4.

5.

An bhfuil na hainmfhocail sin ar fad atá scríofa síos agaibh san uimhir uatha nó san uimhir iolra? An bhfuil aon ainmfhocail eile san uimhir iolra ar eolas agaibh?

Seo thíos cúig shampla d'ainmfhocail ón dán. Tá an uimhir uatha agus an uimhir iolra den ainmfhocal tugtha.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
an leathanach	na leathanaigh
an íomhá	na híomhánna
an riail	na rialacha
an córas	na córais
an ríomhaire	na ríomhairí

An féidir leat **deich** sampla eile d'ainmfhocail san uimhir uatha agus san uimhir iolra a scríobh síos sa ghreille thíos. Bain úsáid as www.focloir.ie má bhíonn cabhair de dhíth ort.

Uimhir Uatha	Uimhir Iolra
an bord	na boird

Féach ar an sampla seo de phíosa oibre cruthaitheach ó phunann Éabha Mhic Chárthaigh chun tuairim a thabhairt duit den saghas ruda a d'fhéadfá féin a chumadh do do phunann féin! Lig sí uirthi féin gur scríobh sí aiste bunaithe ar an dán seo.

Aiste: Buntáistí agus míbhuntáistí an idirlín

Léigh mé an dán ‘Mo Ghoogleáil’ le Dairena Ní Chinnéide le mo rang Gaeilge an tseachtain seo caite agus caithfidh mé a rá go ndeachaigh se i bhfeidhm orm go mór. Baineann an dán le máthair óg atá gafa leis an idirlíon. Ar dtús, baineann sí sult as a bheith ag ‘googleáil/ioslódáil/priontáil’ agus ‘ag wikipídeáil’. Féachann sí ar a mac óg a aimsíonn os cionn 150 leathanach ar Harry Potter agus cuireann sin gliondar ar a croí. Athraíonn an dán, áfach, nuair a thuigeann sí go bhfuil ‘*brain overload*’ uirthi mar go bhfuil an iomarca ama á chaitheamh aici ar an idirlíon agus níl go leor ama á chaitheamh aici lena páistí.

Chuir an dán seo ag machnamh mé. An gcaithimid an iomarca ama ar an idirlíon? Is dóigh liom é. Caithim féin os cionn trí uair an chloig ar an idirlíon gach lá. Ar maidin, roimh dom éirí, caithim leathuair an chloig ar m’fhón ag féachaint ar theachtaireachtaí, ar *Instagram*, *Snapchat* agus *Whatsapp*. Ansin, ar scoil, caithim, b’fhéidir, uair an chloig nó mar sin idir am sosa, am lóin agus an turas bus ag féachaint ar fhíseáin ar *YouTube*. Nuair a thagaim abhaile, caithim ar a laghad uair an chloig eile ag féachaint ar *Netflix*. Nuair a labhair mé le mo chairde ar scoil dúirt siad gur chaith siad an méid céanna ama nó níos mó ar a bhfóin nó ar a gcuid ríomhairí. Cad atá mícheart linn? Tá sé iomarcach an oiread sin ama a chaitheamh ar an idirlíon, dar liom!

Ní ghlacann daoine óga páirt sa spórt, i gclubanna ná in imeachtaí scoile toisc go bhfuil siad gafa leis an idirlíon. Uaireanta, b’fhéarr liom fanacht sa leaba ag féachaint ar fhíseáin amaideacha ar *YouTube* seachas dul amach ag imirt camógaíochta le mo chairde. Bainim sult as an gcamógaíocht i gcónaí ach bím leisiciúil anois is arís agus cuirim an locht ar m’fhón! Tuigim freisin go gcuireann an fón isteach ar mo chuid obair scoile. Is gá dom a rá le mo thuismitheoirí an fón a bhaint díom ionas gur féidir liom mo chuid staidéir a dhéanamh. Ní féidir liom an fón a fhágáil in aice liom mar bíonn an cathú orm dul ar an idirlíon!

Cad is féidir a dhéanamh, mar sin, chun deireadh a chur leis an tseafóid seo? Ceapaim nár cheart go mbeadh fón póca ag daoine óga go dtí go bhfuil siad os cionn seacht mbliana déag d’aois. Ní mhothaím go bhfuilim aibí go leor chun smacht a chur orm féin maidir leis an idirlíon. B’fhéidir nach n-aontódh gach duine liom ach cad eile is féidir linn a dhéanamh chun deireadh a chur leis an tseafóid seo?



Gníomhaíochtaí cruthaitheacha don phunann (TF 1.26, 1.27, 1.29, 1.30, 1.32, 2.6, 3.4, 3.7)

1. Samhlaigh gur tusa mac an fhile. Scríobh **ríomhphost** chuig J.K. Rowling ag insint di gur thaitin leabhair *Harry Potter* leat.
2. Scríobh **litir** chuig cara leat ag moladh dó/di an dán seo a léamh.
3. Samhlaigh gur tusa an file. Scríobh **alt iriseoireachta** do nuachtán náisiúnta faoin dainséar a bhaineann leis an idirlíon.
4. ‘Tá daoine gafa leis an idirlíon anois’. Scríobh **aiste** bunaithe ar an teideal seo.

This image shows a vertical sheet of music paper with a light yellow background. On the left side, there are faint, stylized musical notes and a treble clef. The main body of the page is filled with horizontal red lines, typical of a manuscript or practice book. At the top right, there is a short sentence in Irish Gaelic written in a bold, dark red font. A white pencil is positioned diagonally at the bottom left corner of the page.

Liosta de Théacsanna Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

Liosta molta de théacsanna cuí don chéad bhliain

Lúnasa 2017



Tá an liosta litríochta seo curtha ar fáil ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta ar www.curriculumonline.ie

Ábhar samplach atá anseo atá ina threoir do mhúinteoirí maidir le téacsanna oiriúnacha.

Tá rogha de litríocht (gearrscéalta, amhráin agus dánta) sa phacáiste seo ach is faoi mhúinteoirí agus daltaí é a rogha féin a dhéanamh.

ÚRSCÉALTA T1			
TEIDEAL	ÚDAR	FOILSITHEOIR	BLIAIN
<i>Amach</i>	<i>Alan Titley</i>	<i>An Gúm</i>	2004
<i>An bhfaca éinne agaibh Roy Keane?</i>	<i>Mícheál Ó Ruairc</i>	<i>Coiscéim</i>	2003
<i>*An Fear a Chuireadh Crainn</i>	<i>Eoin Ó Néill</i>	<i>An Gúm</i>	1997
<i>*An Sclábhaí</i>	<i>Colmán Ó Raghallaigh</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	2001
<i>An tÁdh Dearg</i>	<i>Aoife Ní Ghuairim</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	2006
<i>Daideo</i>	<i>Áine Ní Ghlinn</i>	<i>Cois Life</i>	2014
<i>Dialann Sár-Rúnda Amy Ní Chonchúir</i>	<i>Siobhán Parkinson</i>	<i>Cois Life</i>	2008
<i>Fáinne Fí Fí</i>	<i>Meadhbh Ní Eadhra</i>	<i>Móinín</i>	2008
<i>Fuadach</i>	<i>Áine Ní Ghlinn</i>	<i>Cois Life</i>	2005
<i>Hiúdaí Beag</i>	<i>Eithne Ní Ghallchobhair</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	2012
<i>Hóng</i>	<i>Anna Heussaff</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	2012
<i>Jimín Mháire Thaidhg</i>	<i>An Seabhac: Curtha in eagar ag Ríona Nic Congáil</i>	<i>An tSnáthaid Mhór</i>	2016
<i>Lá leis na Lochlannaigh</i>	<i>Máire Zepf</i>	<i>Cois Life</i>	2016
<i>Maitríoisce</i>	<i>Siobhán Parkinson</i>	<i>Cois Life</i>	2011
<i>Pincí sa Ghaeltacht</i>	<i>Áine Uí Fhoghlú</i>	<i>Coiscéim</i>	2012
<i>Scoil an Chnoic</i>	<i>Jacqueline de Brún</i>	<i>An Gúm</i>	2007
<i>Séanna</i>	<i>Peadar Ua Laoghaire: Curtha in Eagar ag Caoilfhionn Nic Pháidín</i>	<i>Cois Life</i>	2016
<i>Strainséirí</i>	<i>Colmán Ó Raghallaigh</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	2008
<i>Tóraíocht Taisce</i>	<i>Mícheál Ó Ruairc</i>	<i>Cois Life</i>	2012
<i>Trumptaí Dumptaí agus an Falla Mór</i>	<i>Ré Ó Laighléis</i>	<i>Móinín</i>	2016
<i>Tubaiste ar an Titanic</i>	<i>Máire Zepf</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	2012
<i>Vaimpír san Áiléar</i>	<i>Orna Ní Choileáin</i>	<i>Cois Life</i>	2013
<i>Vortex</i>	<i>Anna Heussaff</i>	<i>Cois Life</i>	2006

***Is aistriúchán ón bhFraincis é an leabhar *An Fear a Chuireadh Crainn* agus is úrscéal grafach é *An Sclábhaí*.**

GEARRSCÉALTA T1				
TEIDEAL	ÚDAR	CNUASACH/ BAILIÚCHÁN	FOILSITHEOIR	BLIAIN
<i>Aerfort</i>	<i>Réaltán Ní Leannáin</i>	<i>Dílís</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	<i>2015</i>
<i>An Bád Beag</i>	<i>Séamus Ó Grianna</i>	<i>Cora Cinniúna 1</i>	<i>An Gúm</i>	<i>1993</i>
<i>An Buille</i>	<i>Liam Ó Flaithearta</i>	<i>Dúil</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	<i>2012</i>
<i>An Rún</i>	<i>Ré Ó Laighléis</i>	<i>Punk agus Scéalta Eile</i>	<i>Cló Mhaigh Eo</i>	<i>2004</i>
<i>An Gadaí</i>	<i>Pádraig Mac Piarais</i>	<i>Gearrscéalta an Phiarsaigh: Curtha in eagar ag Cathal Ó Háinle</i>	<i>EdCo</i>	<i>1979</i>
<i>An tÁdh</i>	<i>Pádraic Ó Conaire</i>	<i>Pádraic Ó Conaire Rogha Scéalta: Curtha in eagar ag Diarmuid de Faoite</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	<i>2008</i>
<i>Beidh a cuid féin ag an fharraige</i>	<i>Máire Áine Ní Bhaoill</i>	<i>An Ghaoth Aduaidh</i>	<i>Coiscéim</i>	<i>2005</i>
<i>Bíonn an fhírinne searbh</i>	<i>Mícheál Ó Ruairc</i>	<i>Na Lucha ag Rince</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	<i>2009</i>
<i>Cúthalach</i>	<i>Jackie Mac Donncha</i>	<i>Bróga Johnny Thomáis</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	<i>2012</i>
<i>Díol agus Ceannach</i>	<i>Máirín Ní Choinceanainn</i>	<i>Guth na Mara</i>	<i>Gathanna Gréine Teo</i>	<i>2012</i>
<i>Eachtraí Aoibhne</i>	<i>Pól Ó Muirí</i>	<i>Hormóin agus Scéalta Eile</i>	<i>Comhar</i>	<i>2006</i>
<i>Focalghníomh</i>	<i>Ré Ó Laighléis</i>	<i>Bolgchaint agus Scéalta Eile</i>	<i>Móinín</i>	<i>2004</i>
<i>Leaca an Tí Mhóir</i>	<i>Seán Mac Mathúna</i>	<i>Úlla</i>	<i>Cois Life</i>	<i>2005</i>
<i>Na Moncaithe agus na hÉisc</i>	<i>Gabriel Rosenstock</i>	<i>Óró na Circíní</i>	<i>An Gúm</i>	<i>2016</i>
<i>Púdar Draíochta</i>	<i>Bróna Ní Uallacháin</i>	<i>Seoidín</i>	<i>COGG</i>	<i>2009</i>
<i>Teitheann Mulunge suas chun na bhFlaitheas</i>	<i>Gabriel Rosenstock</i>	<i>Óró na Circíní</i>	<i>An Gúm</i>	<i>2016</i>

Filíocht T1				
TEIDEAL	FILE	CNUASACH/AR FÁIL AG	FOILSITHEOIR	BLIAIN
<i>An Bioránach</i>	<i>Gabriel Rosenstock</i>	<i>Dánta Duitse!</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht i gcomhar le Folens Teo.</i>	1988
<i>An Blascaod Mór Anois</i>	<i>Máire Áine Nic Gearailt</i>	<i>An Inis</i>	<i>Coiscéim</i>	2010
<i>An Chéad Bhróg</i>	<i>Máire Mhac an tSaoi</i>	<i>Margadh na Saoire</i>	<i>Sáirséal agus Dill</i>	1956
<i>An Dall sa Studio</i>	<i>Seán Ó Ríordáin</i>	<i>Eireaball Spideoige</i>	<i>Sáirséal agus Dill</i>	1952
<i>An Titanic</i>	<i>Dónall Ó Colchúin</i>	<i>Teampall Bhar A'Doire</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	1990
<i>Athair</i>	<i>Nuala Ní Dhomhnaill</i>	<i>Spíonáin is Róiseanna</i>	<i>Cló Iar-Chonnacht</i>	1993
<i>Athchúrsáil</i>	<i>Ailbhe Ní Ghearbhaigh</i>	<i>Péacadh</i>	<i>Coiscéim</i>	2008
<i>Christy Ring</i>	<i>Seán Ó Tuama</i>	<i>An Bás i dTír na nÓg</i>	<i>Coiscéim</i>	1988
<i>Clapsholas i nGort na Móna</i>	<i>Caitríona Ní Cléirchín</i>	<i>Crithloinnir</i>	<i>Coiscéim</i>	2010
<i>Comhthuiscint</i>	<i>Pádraig Mac Suibhne</i>	<i>An Fhilíocht Chomhaimseartha 1875-1985: Curtha in eagar ag Ciarán Ó Coigligh</i>	<i>Coiscéim</i>	1987
<i>Cúl an Tí</i>	<i>Seán Ó Ríordáin</i>	<i>Eireaball Spideoige</i>	<i>Sáirséal agus Dill</i>	1952
<i>Cuimhní Cinn</i>	<i>Máirtín Ó Direáin</i>	<i>Rogha Dánta</i>	<i>Sáirséal agus Dill</i>	1949
<i>Davis V Higgins</i>	<i>Mícheál Ó Ruairc</i>	<i>Fuil Samhraidh</i>	<i>Coiscéim</i>	1987
<i>Fear Lasta Lampaí</i>	<i>Máirtín Ó Direáin</i>	<i>Ár Ré Dhearóil</i>	<i>An Clóchomhar</i>	1962
<i>Gealt?</i>	<i>Áine Ní Ghlinn</i>	<i>An Guth Baineann</i>	<i>LeabhairCOM-HAR</i>	2013
<i>Mo Ghooglaí</i>	<i>Dairena Ní Chinnéide</i>	<i>Bleachtair na Seirce</i>	<i>Coiscéim</i>	2013
<i>Subway</i>	<i>S E Ó Cearbhaill</i>	<i>Oilithreacht i Nua-Eabhrac</i>	<i>Coiscéim</i>	1993
<i>Tar éis an Rabharta (Muighinis 2004)</i>	<i>Niamh Ní Lochlainn</i>	<i>Guth ón dTobar</i>	<i>Coiscéim</i>	2005
<i>Trí Tréithe na Féinne</i>	<i>Osborn Ó hAimhirgín</i>	<i>Maidin i mBéarra agus Dánta Eile</i>	<i>Cló na gCoinneal</i>	1918
<i>What's that in English?</i>	<i>Áine Uí Fhoghlú</i>	<i>An Liú sa Chuan</i>	<i>Coiscéim</i>	2007

Gearrscannáin T1				
TEIDEAL	STIÚRTHÓIR	SCRÍBHNEOIR	LÉIRITHEOIRÍ/ COMHLACHT LÉIRIÚCHÁIN	AR FÁIL AG:
An tÁdh (2014)	Colm Baireád	Medb Johnstone	Deirdre Ní Fhlaithearta, ROSG	tg4.ie/foghlaim
An Teanga Rúnda (2005)	Brian Durnin	Brian Durnin	Macdaragh Kelleher, Fastnet Films	tg4.ie/foghlaim
Céad Ghrá (2014)	Brian Deane	Mathew Roche	Eamonn Cleary, TW Films	www.thisisirishfilm.ie
Clare sa Spéir (2001)	Audrey O'Reilly	Audrey O'Reilly	Zanzibar Productions	tg4.ie/foghlaim
Cúilín Dualach (2004)	Nora Twomey	Jackie Mac Donncha	Ross Murray, Cartoon Saloon agus Seán Ó Cualáin, Sónta Teo.	tg4.ie/foghlaim www.thisisirishfilm.ie

DRÁMAÍOCHT T1				
TEIDEAL	ÚDAR/SCRÍBHNEOIR	CNUASACH	FOILSITHEOIR	BLIAIN
Áras na Rún	Ré Ó Laighléis	Aistear Intinne	Coiscéim	1996
Ar an mBruach	Celia de Fréine agus Fidelma Ní Ghallchobhair	Blúiríní	COGG	2015
Cumhacht na Cuimhne	Seosamh Mac Gabhann	Cumhacht na Cuimhne agus Drámaí Eile	Cló Iar-Chonnacht	2000
Eibhlín Rua	Brian Ó Baoill	Bózó agus Drámaí Eile	Cló Iar-Chonnacht	2003
Teach na Gaoithe	Pádraig Ó Siochrú	Liam na Leisce agus Teach na Gaoithe	Cló Iar-Chonnacht	1996

AMHRÁIN T1	
TEIDEAL/ÚDAR	SAMPLAÍ
Amhrán an Ghaeilgeora Mhóir - Tadhg Mac Dhonnagáin	In Imíonn an t-am / Rogha Amhrán 2004 Croch Suas é! (Cló Iar-Chonnacht, 1986) Mícheál Ó Conghaile a chnuasaigh
Amhrán na bhFiann - Peadar Ó Cearnaigh	
Amhrán na Scadán - Éamonn Ghráinne Mac Ruairí	https://www.youtube.com/watch?v=UK569ar2kxI
Anois tá mé liom féin - Cathal 'Banjo' Ó Curraoin	https://www.youtube.com/watch?v=UiOIehktFa8
An Cailín Álainn - Tomás Mac Eoin	https://www.cic.ie/music/mp3/gaelcheol-tire-phlearaca-chonamara-mp3
Ar ais go Gaoth Dobhair - Emma Ní Fhíoruisce	https://www.youtube.com/watch?v=3YSP4Hd8aZs
Bó na Leathadhairce	Ar Uair Bhig an Lae: The Small Hours le Muireann Nic Amhlaoibh 2012 http://www.muireann.ie/
Brid Óg Ní Mháille	https://www.youtube.com/watch?v=CfGJRYbdXDQ
Cill Aodáin (Anois Teach an Earraigh) – Raifteirí	https://www.youtube.com/watch?v=tTZgUL4M5mw http://www.scoilraifteiri.com/Images/AnoisTeachtanEarraigh/1%20Cill%20Aodain.mp3
Cóilín Phádraig Shéamais - Pádraig Ó hAoláin	https://www.youtube.com/watch?v=EOjSOAxN9Wg Croch Suas é! (Cló Iar-Chonnacht, 1986) Mícheál Ó Conghaile a chnuasaigh
Dochair - Sonny Ní Chathasaigh	http://nos.ie/cultur/ceol/amhran-na-haoine-26/
Dóchas Linn Naomh Pádraig-Tomás Ó Flannghaile	https://www.youtube.com/watch?v=fMCM02wzWnc
Fáinne Geal an Lae	Singing from Memory leis na Casadaigh 1998
Fún Orm – IMLÉ	Albam: IMLÉ (2016) https://www.youtube.com/watch?v=EiXQHMTLTtU
Gleanntáin Ghlas Ghaoth Dobhair-Prionsias Ó Maonaigh	https://altan.ie/
Go Beo, Go Deo na nDeor-Enda Reilly/Séamas Barra Ó Súilleabháin	http://nos.ie/cultur/ceol/amhran-na-haoine/
Labhair an Teanga Ghaeilge Liom	https://www.youtube.com/watch?v=nxdJY7eykvI
Mo Ghille Mear - Seán Clárach Mac Domhnaill	https://www.youtube.com/watch?v=JO1HCXDtGhg
Molly na gCuach Ní Chuilleanáin	Amhrán is Fiche – Fios Feasa 2005
Ná habair é, déan é - JJ Ó Dochartaigh	http://nos.ie/cultur/ceol/fisean-ceoil-na-habair-e-dean-e/
Oíche Nollag - Máire Mhac an tSaoi	https://www.youtube.com/watch?v=KONuunnAVLw
Ráth Chairn Glas na Mí - Ciarán Ó Fátharta	Ciarán Ó Fátharta: Amhráin (Cló Iar-Chonnacht, 2008) Curtha in eagar ag Síle Denvir https://www.youtube.com/watch?v=i47PgITYD74
Róisín Dubh	https://www.youtube.com/watch?v=hdskdLV4MWY Croch Suas é! (Cló Iar-Chonnacht, 1986) Mícheál Ó Conghaile a chnuasaigh
Solas - Seo Linn	https://seolinn.com/
Tá mé 'mo shuí	Magical Ring le Clannad 1983 http://www.clannad.ie/
Tá na báid (go domhain san fharraige)	Amhrán is Fiche – Fios Feasa 2005 Croch Suas é! (Cló Iar-Chonnacht, 1986) Mícheál Ó Conghaile a chnuasaigh
Tír na nÓg - Na Fíréin	https://www.cic.ie/music/mp3/gaelcheol-tire-phlearaca-chonamara-mp3

Gaeilge na Sraithe Sóisearaí

Nótaí Gaeilge d'iar-bhunscoileanna
Gaeltachta agus lán-Ghaeilge

An Chéad Bhliain Lámhleabhar an Mhúinteora

Is lámhleabhar do mhúinteoirí Gaeilge na chéad bhliana é seo. Giotaí atá feiliúnach do Ghaeilge na Sraithe Sóisearaí (An Chéad Bhliain) in iar-bhunscoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge atá sna nótaí seo; tá suíomh gréasáin www.ceacht.ie ag gabháil leis na nótaí agus an t-ábhar dírithe ar dhaltaí sna scoileanna sin.

Ina theannta sin, tá rogha anseo de litríocht na chéad bhliana a roghnaíodh ó liosta de théacsanna cuí na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta. Táimid fíorbhuíoch de na scríbhneoirí/ foilsitheoirí ar fad a chomhoibrigh linn agus a thug cead dúinn gearrscéalta, amhráin agus dánta leo a athchló mar chuid den fhoilseachán seo.